

**Tuarascáil ar straitéis úr maidir le Foras na Gaeilge i leith earnáil na
meán Gaeilge clóite agus ar líne**

Athláithriú agus athshealbhú teanga

Dr Regina Uí Chollatáin
Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh,
Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
regina.uichollatain@ucd.ie

Cúntóirí Taighde
Aoife Uí Fhaoláin MA
Dr. Ruth Lysaght

13 Iúil 2011

Clár na tuarascála

	Lch.
Cuid a hAon: Aidhm, Réasúnaíocht, Modheolaíocht,	3
<i>Aidhm</i>	4
<i>Réasúnaíocht</i>	6
<i>Modheolaíocht</i>	42
 Cuid a Dó: Taighde Gníomhach	 48
<i>Liosta teagmhálaithe</i>	50
<i>Cad atá ar fáil?</i>	51
<i>Anailís ar thaighde cineálach agus cainníochtúil</i>	104
 Cuid a Trí: Moltaí agus Straitéis	 129
<i>3.1 Moltaí ar a bhfuil á maoiniú cheana faoi na critéir a d'úsáideadh don tuarascáil</i>	131
<i>3.2 Moltaí straitéiseacha le tógáil ar a bhfuil ar fáil cheana</i>	153
<i>3.3 Suimiú agus míniú gearr ar na moltaí</i>	181
<i>3.4. Conclúid</i>	191
 Cuid a Ceathair: Buíochas, Aguisíní, Foinsí	 193
<i>Buíochas</i>	194
<i>Aguisíní</i>	197
<i>Foinsí</i>	242

Cuid a hAon

Aidhm, Réasúnaíocht, Modheolaíocht

Aidhm

Is í bunaidhm na tuarascála seo ná moltaí a chur i láthair i dtaobh straitéis úr maidir le ról Fhoras na Gaeilge i leith earnáil na meán Gaeilge clóite agus ar líne.

Tá dhá ghné ag baint le cur i bhfeidhm aidhm na tuarascála, mar atá, soiléiriú ar ról an Fhorais i gcomhthéacs na meán clóite agus ar líne, agus ráiteas misin na straitéise úire.

1.Ról Fhoras na Gaeilge i gcomhthéacs na hearnála seo

Is iad príomhghnéithe ról Fhoras na Gaeilge i gcomhthéacs na hearnála seo mar bhord stáit a bhfuil cur chun cinn na Gaeilge ar an oileán seo mar phríomhchúrám aige ná:

Misean

Forbairt agus freastal a dhéanamh ar chur chun cinn na Gaeilge san Earnáil Phobail agus san Earnáil Ghnó Phríobháideach.

Ról

Is iad príomhróil na Rannóige Pobail agus Gnó ná:

- Úsáid na Gaeilge sa phobal ar fad a chur chun cinn agus a forbairt.
- Úsáid na Gaeilge san earnáil príobháideach a forbairt.

(Tógtha ón suíomh www.gaeilge.ie)

Is iad na focail 'úsáid na Gaeilge' agus 'pobal' na focail is tábhachtaí sa ráiteas seo. Is teanga náisiúnta í an Ghaeilge ach is teanga mhionlaithe í sa sféar poiblí. Tá sé d'aidhm ag an bplean seo iniúchadh agus scrúdú a dhéanamh ar fhóram Gaeilge taobh le fóram dátheangach do phobal na Gaeilge agus do phobal na hÉireann i gcoitinne, 'ar bhonn uile-Éireann' mar atá leagtha amach ag Foras na Gaeilge. Tógfar air sin de réir a chéile thar thréimhse cúig bliana agus ar aghaidh ina dhiaidh sin ionas go dtuigfear cén luach atá ag na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne mar uirlisí cumarsáide agus uirlisí teanga. Tá an dá ghné seo, teanga agus cumarsáid, ar na luachanna is mó tábhachta i gcruthú agus i saothrú phobal teanga.

Féachfar ar na heilimintí seo a leanas i ndréachtadh treoirphlean modheolaíochta agus straitéise mar chéimeanna do chur le chéile na straitéise seo:

- **measúnú** ar earnáil na meán Gaeilge i gcomhthéacs chruthú agus chothú phobal na Gaeilge;
- **comhordú** ar na páirtithe agus ar na heilimintí ar fad a shníonn an earnáil seo le chéile chun an freastal is fearr ar phobal na Gaeilge trí na meáin chumarsáide a chinntiú;
- **forbairt leanúnach** ar a bhfuil á chur ar fáil chun na caighdeáin is airde agus is nua-aimseartha a chinntiú;
- **monatóireacht ar thograí a chuirtear i bhfeidhm le luach saothair** agus luach airgid a dheimhniú, siocair go bhfuil airgead poiblí á chaitheamh ar chothú agus ar fhorbairt na hearnála. Cuirfear an mhonatóireacht seo i bhfeidhm faoi thuiscintí ar chruthú agus ar chothú phobal na Gaeilge ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cinnteoídh na ceithre eilimint seo go ndéanfar gach iarracht an Ghaeilge a chothú sa sféar poiblí trí ardán na meán cumarsáide, chun an tairbhe is fearr a bhaint as na meáin chlóite agus ar líne mar uirlisí chun próiseas normálaithe na Gaeilge a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

2. Ráiteas misin

Is é bunús phlean na straitéise úire ná suaitheantas soiléir cumarsáide a chruthú do phobal na Gaeilge trí chomhordú agus athstruchtúrú a mholadh ar an tseirbhís atá á soláthar ag na meáin Ghaeilge do phobail uile an oileáin seo mar chuid de shocháí nua-aoiseach an aonú haois is fiche. Tríd an bpróiseas seo bheifí ag súil le guth sainiúil a sholáthar do phobal uile na Gaeilge ar oileán na hÉireann mar aon le fóram eolais, plé, cultúir agus siamsaíochta. Bheifí ag súil ansin go gcuirfí plean fadtéarmach i gcrích le freastal ar éagsúlacht chumais phobail ilghnéitheacha na Gaeilge ag na leibhéil éagsúla iriseoireachta, ó phreasráiteas a chur le chéile go heagarthóireacht nuachtán. Dhéanfaí é seo le freastal ar phobal náisiúnta agus idirnáisiúnta na Gaeilge chun an leibhéal is leithne cumarsáide agus an rochtain is fairsinge ar phobal na Gaeilge a chinntiú.

Réasúnaíocht:

Tá cur le chéile na tuarascála seo bunaithe ar thaighde teoiriciúil agus ar thaighde gníomhach. Don taighde teoiriciúil, bunaíodh réasúnaíocht na tuarascála ar dhá chritéir.

1. Straitéis úr do na meáin Ghaeilge i gcomhthéacs ról an Fhorais in athbheochan teanga;
2. Straitéis úr do na meáin Ghaeilge i gcomhthéacs taighde acadúil agus polasaí stáit, mar atá, *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*.

1. Straitéis úr do na meáin Ghaeilge i gcomhthéacs ról an Fhorais in athbheochan teanga

(Eochairfhocail: Ról Fhoras na Gaeilge, Straitéis, Feidhm na meán Gaeilge)

a. Ról agus feidhm Fhoras na Gaeilge v ról na meán Gaeilge in athbheochan agus in athneartú teanga:

Is iad na feidhmeanna atá leagtha amach ag Foras na Gaeilge de réir an tsuímh phoiblí ná:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach;
- tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá;
- taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

(Tógtha ón suíomh www.gaeilge.ie)

Is í aidhm na straitéise anseo ná plean céimnithe struchtúrtha ar leith iriseoireachta a bhunú sa tsochaí. Bheadh sé mar bhunús idé-eolaíoch na straitéise go dtacódh an taighde agus na moltaí dá réir le cur chun cinn na Gaeilge, le húsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí agus sa saol príobháideach, le tionscadail tacaíochta a neartú, agus le caidreamh poiblí a ghabháil de láimh (féach thuas).

Ní fiú áfach aidhmeanna nó straitéis a leagan amach gan tuiscint cheart ar chéimeanna in athneartú teanga ionas nach gcuirfear airgead amú i dtionscadail nach mbeidh aon rath orthu, toisc nach bhfuil céimeanna bunúsacha teanga comhlíonta sa chéad áit, sula dtosófar ar iarracht a dhéanamh pleananna agus straitéisí a chur i bhfeidhm.

Dá bharr sin is gá polasaí Fhoras na Gaeilge a chur i gcomhthéacs ról na meán in athbheochan teanga. Ag an gcomhdháil 'Save Your Language' a reachtáladh in Vancouver, 5-6 Meitheamh, 2010, pléadh taighde Joshua Fishman ar shlánú agus ar athneartú teanga. Molann Fishman ocht gcéim sa phróiseas athneartaithe a thugann le fios gur chóir fócas a dhíriú ar na céimeanna tosaigh sula dtabharfar faoi na cinn eile:

He also championed an 8 stage model for achieving language revitalization. Efforts need to be focused on earlier steps before moving forward on the rest until they have been achieved. The eight stages are as follows:

1. Acquisition of the language by adults, who in effect act as language apprentices (recommended where most of the remaining speakers of the language are elderly and socially isolated from other speakers of the language);
2. Create a socially integrated population of active speakers (or users) of the language (at this stage it is usually best to concentrate mainly on the spoken language rather than the written language);
3. In localities where there are a reasonable number of people habitually using the language, encourage the informal use of the language among people of all age groups and within families and bolster its daily use through the establishment of local neighbourhood institutions in which the language is encouraged, protected and (in certain contexts at least) used exclusively;
4. In areas where oral competence in the language has been achieved in all age groups encourage literacy in the language but in a way that does not depend upon assistance from (or goodwill of) the state education system;
5. Where the state permits it, and where numbers warrant, encourage the use of the language in compulsory state education;
6. Where the above stages have been achieved and consolidated, encourage the use of the language in the workplace (lower worksphere);
7. Where the above stages have been achieved and consolidated encourage the use of the language in local government services and mass media;
8. Where the above stages have been achieved and consolidated encourage use of the language in higher education, government etc.

This approach for language revitalization is meant to focus programs, efforts, and plans to where they are most **effective**. It avoids wasting energy, time, resources on accomplishing later stages when earlier stages have not been achieved.

(<http://saveyourlanguage.wordpress.com/about-4/language-revitalization>)

Tchítear anseo nach moltar infheistíocht acmhainní (agus airgeadais) a dhéanamh ar na hollmheáin go dtí go gcomhlíontar gach céim eile agus déanann sé seo ciall. Má chuirtear cruthú pobail de chainteoirí gníomhacha (nó úsáideoirí) ag leibhéal a dó d'athneartú teanga, tá sé doiligh na meáin a imeallú ón bpróiseas athneartaithe. Is uirlisí lárnacha in úsáid teanga iad na meáin chumarsáide, de thoisc gur cuid den sféar poiblí iad ina spreagtar agus ina gcothaítear an plé comhtháite sóisialta, a dtagraíonn Fishman dó. De thoisc go bhfuil caighdeán áirithe teanga bainte amach ag cuid mhaith de bhaill an phobail in Éirinn, bheadh sé ciallmhar anois tairbhe a bhaint as na meáin 'to encourage the informal use of the language among people of all age groups', mar a luaitear in uimhir a trí. Chuirfeadh an cur chuige seo béim ar 'úsáid' na teanga (agus athshealbhú dá réir), seachas ar chearta teanga amháin.

I gcomhthéacs taighde reatha ar thuiscintí ar ról na meán mionteanga ar líne atá déanta ag Mike Cormack, cuir i gcás, agus atá tagtha chun cinn i dtuarascálacha ar an teanga le blianta beaga anuas, tá sé doiligh glacadh leis na céimeanna seo scun scan mar threoirphlean dubh agus bán in athneartú nó i slánú teanga - go háirithe i gcás na Gaeilge. Bheadh sé doiligh céim a dó agus a trí anseo a chur i gcrích le neamhaird iomlán a dhéanamh ar na meáin chumarsáide agus iad lárnach i bpróiseas normalaithe na teanga mar uirlisí sóisialta agus eolais, fiú má fhéachtar orthu ag an leibhéal is bunúsaí teagmhála. Chomh maith leis sin léiríonn an taighde breise atá déanta ar na meáin mhionteanga go bhfuil gnéithe ar leith eisceachtúla ag baint le gach cás, ar gá iad a chur san áireamh i gcomhthéacs na gcéimeanna thuas. Tugann sé seo le fios go bhfuil an próiseas athneartaithe casta agus go bhfuil sé ag brath ar thuiscintí eile atá fréamhaithe i dtraidisiún, i gcleachtaí cumarsáide, agus i gcleachtaí pobail chomh maith.

Cuireann taighde a rinneadh san Astráil ag VELS LOTE Aboriginal Languages, i mí Dheireadh Fómhair 2009, cuir i gcás, béim ar sheilbh an phobail ar an teanga agus fiú ar chearta na bpobal mionteanga ról a imirt i gcinniúint agus i dtodhchaí na teanga. Cé nach ionann cás na hAstráile agus cás na hÉireann, is féidir luach an athshealbhaithe a thuiscint. Ba dheacair mar shampla, ról a imirt i gcinniúint teanga gan tuiscint ar thraidisiún na teanga agus an phobail ar leis í sa chéad áit. Cuirtear béim mhór ar shealbhú an teanga phobail faoi thuiscintí nach bhfeileann agus nach bhfeidhmíonn i gcás mórtheangacha an domhain, an Béarla cuir i gcás:

- the Languages belong to the communities in a way that does not apply to world languages such as English;
- it is the right of the communities to claim their Language and determine what happens to it.
(http://vels.vcaa.vic.edu.au/downloads/vels_standards/vels_aboriginal_languages.pdf 12 Deireadh Fómhair 2009).

Is i gcomhthéacs chéimeanna athbheochan agus athneartú teanga go príomha a thuigfear réasúnaíocht na straitéise atá á leagan amach anseo. Deir Joshua Fishman go bhfuil trí ghné bhunúsacha a bhaineann le slánú teanga, mar atá, 'patience, prudence, and functional specificity':

Activists championing the cause will need patience in many areas to face the challenge. Prudence is required by all involved to push through, and remain steadfast to accomplish their goals. And functional specificity is where language-learners understand that some languages have their specific function that make them useful for that culture, ethnic group, or context. Simply, the language doesn't need to be used for everything we do in our lives when another language accomplishes that better.

(<http://saveyourlanguage.wordpress.com/about-4/language-revitalization/>)

Cén fheidhm mar sin atá ag na meáin Ghaeilge in athneartú agus i slánú teanga? Faoin tuiscint agus i gcomhthéacs na réasúnaíochta seo a bunaíodh an taighde gníomhach don tuarascáil seo. Murar ghá an teanga a úsáid do gach rud i saol an phobail nuair atá sé d'acmhainn ag teanga eile (an Béarla?) an fheidhm sin a chomhlíonadh níos fearr, tá cúpla ceist le freagairt:

1. Sa chéad áit an bhfuil ról ag na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne i sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann?
2. Sa dara háit má tá ról acu, cén ról é sin?
3. Sa tríú háit, cad iad riachtanais an phobail a bhfuil na meáin Ghaeilge ag freastal air, ionas gur féidir a shoiléiriú go gcomhlíonann úsáid na Gaeilge an fheidhm sin do phobal na Gaeilge ag leibhéal níos fearr ná an Béarla?

Chun na ceisteanna seo a ríomh i gceart, rinneadh iniúchadh ar thaighde acadúil ó scoláirí aitheanta i réimsí na meán mionteanga agus na dteangacha neamhfhorleathana seo ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta; rinneadh anailís ar thuarascálacha agus ar

thaighde ar chás na Gaeilge féin; lorgaíodh tuairimíocht an phobail i slite idirghníomhacha trí shuirbhéanna agus trí fhóram plé a sholáthar do na páirtithe ar fad; lorgaíodh tuairimí ar leith ó bhaill an phobail atá ag plé go sainiúil leis na meáin ag leibhéil agus i réimsí difriúla.

Ról na meán Gaeilge i sochaí na hÉireann

Tuigtear gurb é an téama is coitianta agus is láidre i scríbhneoireacht na Gaeilge ná díláithriú cultúir (Nic Eoin). Más amhlaidh atá áfach, d'imir an scríbhneoireacht úd mar aon le struchtúir oideachasúla go príomha, ról tábhachtach in athláithriú teanga le breis agus céad caoga bliain anuas. Go bunúsach bhí an t-athláithriú cultúir seo ar na céimeanna tosaigh in athbheochan na Gaeilge (McMahon, Uí Chollatáin). Is cuid riachtanach de seo mar sin na córais oifigiúla oideachasúla agus shóisialta a cuireadh i bhfeidhm, mar aon leis an reachtaíocht a chruthaigh struchtúir oifigiúla shóisialta don athláithriú teanga. Mar sin féin de thoisc go mbíonn struchtúir shóisialta ag athrú de shíor, is céim leanúnach den athláithriú cultúir é seo agus is gá monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air i gcónaí. Ní féidir tic a chur le céim agus ansin na cinn deireanacha a shroichint - tá gach céim fite fuaite i gcur i bhfeidhm athláithriú an chultúir, go háirithe siocair gur cuid de phobal beo é.

Cinntíonn an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a ghabhann le leanúnachas mar seo áit agus stádas na teanga sa phobal. Dheimhnigh ceapachán an Choimisinéir Teanga go ndéanfar an mhonatóireacht, a réiteoidh an bealach d'fhorbairt dá réir do gach ball den phobal. Tá céim na monatóireachta luaite cheana mar cheann de phríomhghnéithe de ról Fhoras na Gaeilge i leith na straitéise seo. Mar sin tuigtear gur gné leanúnach de chur i bhfeidhm straitéise í an mhonatóireacht, ach ní féidir an chéim sin a chur i bhfeidhm go dtí go bhfuil na struchtúir eile curtha i gcrích agus ag feidhmiú ag leibhéal áirithe ar a laghad. Is é sin go díreach bunús na réasúnaíochta do leagan straitéise mar seo. Pléann Bianchi an tábhacht a bhaineann le treoirphlean ionas go n-aithnítear na bearnaí sna meáin agus gur féidir tógáil orthu dá réir. Tá sé seo níos tábhachtaí fós i soláthar seirbhíse do phobal teanga atá ag feidhmiú faoi choinníollacha chóras oifigiúil atá ar fáil go príomha i dteanga eile:

There is no print medium for breaking news. And there is no development capacity to exploit online opportunities or to help fill the gap left by English-language press in Wales which is less and less committed to news content. How to make good these deficiencies? This can only be done through identifying key development points and supporting them in ways which take into account the interests of the sector as a whole.
(Bianchi 2008: 41)

Ar an tuiscint go bhfuil cuid tábhachtach den mhonatóireacht leanúnach seo curtha i bhfeidhm anois, tá sé in am bogadh ar aghaidh ón chéad chéim in athbheochan teanga, is é sin athláithriú cultúir, go dtí an dara céim, is é sin, athshealbhú teanga. Tá an chéim seo níos casta mar, ainneoin, ar bhealach, go bhfuil na struchtúir chuí reachtaíochta agus oideachasúla i bhfeidhm anois agus á múnú le céad bliain anuas, baineann an dara céim seo le hathrú meoin agus go háirithe le haithint agus le forbairt na luachanna pobail. Aithnítear i dtaighde na hAstráile a luadh roimhe seo gur i seilbh an phobail atá an teanga sa chéad áit, agus go bhfuil an pobal úd i dteideal an teanga a éileamh agus ról a bheith aige i ndréachtadh thodhchaí na teanga.

Caithfidh an t-athshealbhú seo agus na luachanna a fhorbraítear a bheith de réir chonstráid na sochaí beo agus caithfear é a chur in oiriúint don tsochaí chomhaimseartha. Mar sin má ghlactar leis an dá chéim seo in athbheochan teanga, céim an athláithrithe agus céim an athshealbhaíthe, ní foláir na huirlisí agus na struchtúir theanga a ndearnadh forbairt orthu le céad bliain anuas a choinneáil. Tá sé de fhreagracht agus de dhualgas ar bhord stáit don Ghaeilge tógáil ar a bhfuil déanta trí chóras athbhreithnithe. Má ghlactar leis gur cuireadh cuid mhaith d'athbheochan na Gaeilge i bhfeidhm tríd an gcóras oideachais is gá níos mó ná riamh an Ghaeilge a choinneáil mar chuid lárnach den chóras sin ach ar an tuiscint go ndéanfar athbhreithniú ceart struchtúrtha air (céim na monatóireachta) ar bhonn leanúnach.

Má tá fuinneamh úr le hinfheistiú in athshealbhú teanga, is gá naisc a chothú idir na struchtúir fhoirmeálta oideachasúla agus an pobal féin, a chinntíonn ní hamháin cumas sa teanga, (atá á forbairt le 100 bliain anuas a bheag nó a mhór tríd an gcóras oideachais), ach a chinntíonn fosta úsáid na teanga, mar atá luaite i gcuspóirí Fhoras na Gaeilge. Baineann an cumas áirithe sa teanga le céim an athláithrithe ach baineann úsáid teanga go príomha le sealbhú teanga, mar is gá don úsáideoir muinín a bheith aige as úsáid na teanga sa chéad áit, agus is gá dó ansin a bheith toilteanach an teanga a chur i láthair sa sféar poiblí chun an úsáid chéanna a leathnú amach. B'fhéidir gur gá mar sin filleadh ar chéim a dó agus a trí in athneartú teanga de réir Fishman, ach ar an tuiscint go mbeidh ról ag na meáin sa phróiseas athneartaithe.

Tá an chéim seo ag brath go mór mar sin ar thoil an duine aonair (toil an chainteora) mar aon le toil phobal uile na hÉireann (seachas pobal na Gaeilge amháin). Tá an toil

seo deimhnithe i dtaighde Mhic Ghréil i 2009. Tá luach ar leith ag na meáin Ghaeilge sa phróiseas seo - agus ainneoin nár aithníodh an luach sin i gcónaí, mar chuid bhunúsach de shochaí nua-aoiseach an aonú haois is fiche is gá anois dul i ngleic leis na fóraim éagsúla cumarsáide mar aon le hábhar fiúntach a chur ar fáil:

The task of reviving the language as the main medium of communication for the majority of the population - an ideological objective which was all too frequently advanced by people with little knowledge of psychology, linguistics or education - was entrusted chiefly to the schools, and above all to the primary schools. In these circumstances, the role and the potential benefit, of Irish-language journalism was down played and even ignored.
(Horgan 2001: 36-7)

Ainneoin cur chuige Fishman, aithníonn cuid mhaith taighde acadúil fiúntas na meán i gcur i gcrích an dara céim seo mar sin is féidir go pointe áirithe ar a laghad, glacadh leis go bhfuil ról ar leith le himirt ag na meáin Ghaeilge in athshealbhú na teanga. Ag an seimineár ar na meáin Ghaeilge ar 13 Samhain 2010, d'aithin na hiriseoirí gairmiúla féin an chéim seo mar chéim eile sa phróiseas agus mar uirlis i bpleanáil teanga.

Má ghlactar lena bhfuil ráite ag Horgan anseo, is léir go bhfuil eilimint fheiceálach de normalú teanga ar iarraidh agus tá sé in am anois triail a bhaint as infheistíocht a dhéanamh san eilimint seo. Ní mór áfach an infheistíocht seo a dhéanamh mar chuid de straitéis agus de phlean a chuimsíonn agus a chlúdaíonn na gnéithe eile teanga ag an am céanna. Is cuid lárnach den tuarascáil seo leibhéal na hinfheistíochta úd a cheistiú nó a chosaint más gá. Ní fiú barraíocht béime a chur ar thábhacht na meán i bhforbairt agus i bpleanáil teanga, ach d'fhéadfaí a rá go ndeachthas an treo eile ar fad agus dáiríre go ndearnadh neamhaird de chumhacht na meán i gcruthú pobail agus a dtionchar siúd ar luachanna pobail sa chéad chéim d'athbheochan teanga.

Rinneadh é seo ar an tuiscint gur ghá tumadh iomlán a chruthú le hathbheochan teanga a chur chun cinn, ach ní féidir, go háirithe sa sféar poiblí a bhfuil na meáin ag saothrú ann, forbairtí sna meáin chumarsáide Gaeilge a mheas gan aird a thabhairt ar phobal an Bhéarla. Tá glacadh phobal agus thimpeallacht an Bhéarla déanta go héifeachtach agus go gairmiúil ag na meáin chraolta Gaeilge. Mar sin bíodh go n-

aithnítear iad go hiomlán mar mheáin Ghaeilge, fáiltíonn lucht labhartha an Bhéarla rompu mar mheáin chumarsáide. Toisc na bhforbairtí le céad bliain anuas tá leibhéal áirithe cumais sa Ghaeilge ag an chuid is mó den phobal, a chuidíonn le dea-thoil an phobail ghinearálta go pointe áirithe. Is gá na fóraim úsáide a sholáthar áfach chun an tairbhe is fearr a chinntiú do chur i bhfeidhm an chumais chéanna.

Ceann de na fóraim úsáide is coitianta a sholáthraíonn seirbhís don phobal ná fóram an nuachtáin chlóite. Siocair go bhfuil an chuid is mó de mhaoiniú Fhoras na Gaeilge (55.55%) d'earnáil na meán Gaeilge clóite agus ar líne infheistithe san fhóram seo, ní foláir a cheistiú an bhfuil gá le nuachtán i mionteanga ag an bpointe seo, agus do réimse ama na straitéise seo.

Léiríonn tuairisc *MORI IRELAND* i mí Eanáir 2006 tuairim dhiúltach i dtaobh éileamh na nuachtán Gaeilge mar uirlisí pobail:

Overall Irish language newspapers were not seen as particularly appealing or a preferred Irish language medium. As one fluent speaker said, 'I'd buy an Irish language newspaper to support the language more so than anything else'
'Respondents demonstrated interest, rather than any clear demand'
'No great demand for a daily Irish language newspaper.'

I gcás na meán don phobal ginearálta, tá a mhalairt le sonrú sa taighde reatha is déanaí a chuireann léamh nuachtán ar comhchéim le húsáid an idirlín:

Newspapers vs online

For newspapers, the internet continues to have a profound impact. Readers are turning increasingly to the internet for their news, but for many it is not a case of 'either or'. More than half of European consumers read a newspaper or magazine and also use the internet at least weekly.

In 2010 more consumers are reading a newspaper than use the internet but by 2014 this is expected to be reversed. Quality does not seem to be a factor with online news, with fewer than one in ten internet users who also read newspapers saying that news in print is "any more reliable" than what they read on the internet.

www.amas.ie (Issue 19 Winter 2010)

Mar sin tá sé tábhachtach luach na meán clóite a aithint in aon mholadh nó in aon straitéis 5 bliain. Ní gá fáil réidh le nuachtán do phobal go fóill, agus i dtréimhse phráinneach mar seo beidh luach ar leith le nuachtán fiúntach ionas nach gcailltear

luas agus dul chun cinn na teanga. Tá sé in am go leor bogadh ar aghaidh le díriú ar fhorbairtí idirlín ar bhonn comhthreomhar, agus tús áite a thabhairt dóibh de réir a chéile mar sin.

Tacaíonn iar-eagarthóir *Foinse* Séan Tadhg Ó Gairbhí, le tairbhe an nuachtáin i bpróiseas shlánú na teanga ‘má táimid dáiríre faoi shlánú na Gaeilge’.

(Bhreathnach 2009). Chomh maith leis sin mar dhuine de na hiriseoirí a bhfuil an taithí is faide aici sna meáin Ghaeilge agus bás sé nuachtán feicthe aici (ina focail féin), d'ardaigh Máiréad Ní Chinnéide an cheist seo ag Seimineár Lae na Meán Gaeilge clóite agus ar líne ar 13 Samhain 2010 mar chuid de thaighde gníomhach na tuarascála seo:

Agus ar deireadh ceist fíorthábhachtach? Más fíor go bhfuil níos mó agus níos mó daoine i dtaobh le meáin eile chun nuacht a fháil an fiú breis agus €300,000 sa bhliain a chaitheamh ar nuachtán Gaeilge nach léann morán níos mó ná sé mhíle duine? Creidim gur fiú. Ba thairfí go mór don Ghaeilge, dar liom, bunúsáid a bheith á baint as an teanga chun cur síos a dhéanamh ar chúrsaí na linne seo i nuachtán seachtainiúil, ná na céadta tuarascálacha a scríobhadh i mBéarla, agus nach léann duine ar bith, a aistriú go Gaeilge. Agus sin ráite ní fiú nuachtán Gaeilge a bheith ann ar mhaithe leis an Ghaeilge amháin. Ní mór ábhar a bheith ann a mheallann léitheoirí agus chuige sin ní mór féachaint chuige go mbeidh foireann iriseoirí aige, agus na hacmhainní ag an nuachtán iriseoirí nua a oiliúint, iriseoirí a bhraithfeadh dílseacht don nuachtán agus a dhéanfadh a ndícheall féachaint chuige go mbeadh pé scéal a mbeidís ag obair air ina ábhar cainte ag pobal na tire.

Ag caint faoi bhunú *Y Byd* sa Bhreatain Bheag, tugann Jan Morris luach an nuachtáin céim níos faide ar aghaidh ag rá go bhfuil nuachtán laethúil rithábhachtach i bhfóras teanga agus i gcothú muiníne i gcultúr: 'A daily newspaper to my mind is critical to the well-being of a language and the confidence of a culture.' (Thomas 2003).

Mar sin féin is gá i gcónaí a bheith airdeallach go dtuilleann an fóram luach agus leibhéal an chaiteachais, go háirithe nuair atá seacht bhfóram eile á saothrú as an c.45% eile de mhaoiniú Fhoras na Gaeilge d'earnáil na meán Gaeilge clóite agus ar líne.

Is fiú leibhéal na hinfheistíochta seo i dtaobh an fhórait a chruthaíonn an nuachtán don phobal, ach is gá i gcónaí a bheith oscailte d'fhórait eile agus d'fhoinsí eile maoinithe. Tá comharthaí feiceálacha réadacha ann faoi láthair, cuir i gcás, leis an bhfóram atá á sholáthar ag *Foinse* do phobal na Gaeilge. Mura bhfuil féidearthacht le fóram níos téagartha ná *Foinse* (a bhfuil spriocphobal agus bearna ar leith dá chuid féin aimsithe aige) a sholáthar le maoiniú stáit, is gá bealaí eile a aimsiú chun nuachtán do phobal na Gaeilge a sholáthar mar ardán plé agus anailíse sa sféar poiblí. Caithfear rud breise á sholáthar má tá maoiniú stáit ag an leibhéal sin i gceist agus ní foláir don 'rud breise' freastal go huile is go hiomlán ar riachtanais an phobail ar leis an t-airgead sin. In Éirinn is pobal é a bhfuil an dá theanga á saothrú ann atá ag cur an airgid seo ar fáil. Ar bhealach mar sin is gá go bhfreastalaíonn an tseirbhís seo ar leibhéil chumais an dá phobal ach ní chuige sin atá nuachtán náisiúnta Gaeilge á chur ar fáil. Más nuachtán iomlán Gaeilge atá á mholadh mar sin, ní foláir dó na heilimintí uile a luann Ní Chinnéide a chomhlíonadh ag an gcaighdeán is airde. Mura bhfuil iriseoirí ar ardchaighdeán ag saothrú an fhórait níl aon chinnteacht go gcuirfear ardán níos fearr ar fáil a chuirfidh seirbhís níos cuimsithí i bhfeidhm do phobal uile na Gaeilge, ná mar atá á chur ar fáil ag forlíonadh nuachtáin i nuachtán náisiúnta Béarla. Mar phobal, is gá i gcónaí caighdeán ard iriseoireachta a éileamh, a bhfuil anailís agus plé domhain ar na hábhair ar fad a bhaineann le bheith i do bhall den phobal úd, láidir in uirlis agus i nguth poiblí an phobail. Ní leor díreach cúrsaí cultúrtha agus ábhar éadrom Gaeilge mar ábhar, díreach de thoisc gurb é labhairt na Gaeilge féin é an suaitheantas is aitheanta den phobal céanna don phobal 'eile' a bhfuil sé ag maireachtáil ann. Má shaothraítear i gceart é, is ardán an-chumhachtach é an nuachtán le teachtaireacht dhearfach a thabhairt don phobal eile agus fiú le fáilte a chur roimh bhaill na bpobal ar fad a roinneann an sféar poiblí céanna, beag beann ar a gcúlra teangeolaíoch. Mar a thug Róisín Ní Ghairbhí le fios sa chaint ag Seimineár Lae na Meán Gaeilge clóite agus ar líne ar 13 Samhain 2010:

Dá scáinte an pobal, dá laige iad, cruthaíonn fóram údarásach tuisceanach nascanna a dhéanann aon phobal amháin de dhaoine aonair. Seo an fáth a bhfuil an oiread tábhachta le nuachtán údarásach i nGaeilge. Baineann cuid de na tuiscintí céanna leis na meáin ar líne.

Is sa chomhthéacs sin is gá leibhéal an mhaoinithe a cheistiú. Caithfidh gach fóram iriseoireachta a ghort féin a aimsiú agus seilbh a ghlacadh air de réir an mhargaidh agus nuair atá na síolta curtha ansin, is féidir tógáil ar an mbunús atá leagtha síos.

Ní i gcónaí áfach a bhíonn pobal na Gaeilge féin dílis don uirlis phoiblí atá ag feidhmiú ar a shon, ainneoin gur guth an phobail é, rud atá léirithe ag figiúirí cúrsaíochta na nuachtán a foilsíodh le blianta beaga anuas. Go minic, tarlaíonn sé seo in ainneoin dhíograis agus scileanna iriseoireachta na foirne atá i mbun an nuachtáin. Mar shampla, taobh istigh de bhliain, bhí díolachán laethúil de 1,000 thuaidh agus theas ag *Lá* (Cummings 2004: 170). In ainneoin dódh oifigí *Lá* i 1985, a scrios gach rud, trealamh san áireamh, d'éirigh leis an nuachtán an díolachán céanna a bhaint amach arís faoi 1991 (ibid: 175). Méadaíodh an figiúr seo go 2,500 cóip in aghaidh an eagráin faoi 2001 agus é ina nuachtán seachtainiúil (Horgan 2001: 177). Bhí ardú suntasach i líon na léitheoirí nuair a athsheoladh *Lá* mar nuachtán laethúil i 2003 agus faoi dheireadh na bliana bhí de réir staitisticí iniúchta ABC, bhí 4,404 cóip á ndíol ar an meán in aghaidh an lae idir 30 Meitheamh 2003 agus 28 Nollaig 2003. (Palmer 2009; McCabe 2008). D'íosládáil thart ar 30,000 duine an leagan leictreonach gach mí (McCabe 2008). Mar sin féin, tháinig laghdú mór ar na figiúirí seo faoi 2008, agus ní raibh ach 1,500 cóip á ndíol gach lá (Mc Caisín 2009), nó 3,000 cóip nuair a chuirtear síntiús san áireamh, agus ní dhearnadh íoslódáil ar an leagan leictreonach ach 8,000 uair sa mhí (Lawlor 2009). Mar sin ní hé go raibh tóir níos fearr ar an leagan leictreonach ná mar a bhí ar an leagan clóite fiú, díreach nach raibh léitheoirí dílse á cheannach ar bhonn leanúnach. Sroicheadh buaic díolacháin ag pointe amháin ach níl fianaise choincréideach a léiríonn gur lean claonadh an díolacháin dá réir ina diaidh.

I gcás *Foinse*, nuair a tháinig *Foinse* ar an saol bhí díolachán maith aige, thart ar 6,000 cóip gach seachtain, figiúr a chuaigh in airde go breis is 8,000 timpeall na bliana 2000 (Palmer 2009), agus lucht léitheoireachta thart ar 25,000 aige (Ó Muirí 2000). Thit an díolachán go 3,746 cóip in aghaidh na seachtaine faoi dheireadh 2008 (ABC 2009a) agus de réir a chéile d'éirigh sé níos deacra na léitheoirí dílse a dtagraíonn Ní Chinnéide dóibh a choinneáil. Tá an treo céanna le feiceáil sa Bhreatain Bheag chomh maith. Nuair a bhí *Y Cymro* i mbarr a réime sna 1950í, deirtear go raibh cúrsaíocht de bhreis is 20,000 ar an nuachtán (Smith 2000: 292). Ó lár na 1980í, tá staitisticí díolacháin *Y Cymro* imithe i léig ó bhreis is 6,000 cóip (Palmer 2009) go níos lú ná 3,000 in aghaidh na seachtaine (Davies 2009).

Tagann traidisiún agus díolachán na nuachtán Gaeilge mar atá léirithe anseo leis an tuiscint nach amháin go mbraitheann rath an fhórait ar chaighdeán na hiriseoireachta, ach go mbraitheann an-chuid fosta ar an tseilbh a ghlacann an pobal ar an uirlis chumarsáide sa sféar poiblí - ainneoin fheabhas na n-iriseoirí agus chaighdeán na hiriseoireachta. Fiú i gcás na nuachtán Béarla tchítear an titim siar iomlán anois ar cheannach nuachtán agus caithfear an cheist a iniúchadh an bhfuil an 'dílseacht' sin ann, nó an raibh riamh? An bhfuiltear ag súil leis an iomarca le dílseacht dá leithéid d'fhóram cumarsáide pobail amháin thar na cinn eile ar fad, go háirithe sa timpeallacht chumarsáide faoi láthair? Má deir pobal na Gaeilge gur chóir nuachtán a bheith ann le freastal ar riachtanais an phobail (mar atá curtha in iúl de réir thaighde ghníomhach na tuarascála seo) cheapfaí nach mbeadh aon deacracht ansin le díol an nuachtáin chéanna. Ach is léir nach rialaíonn agus nach sáraíonn luachanna pobail rogha an duine aonair agus iad ag ceannach táirge, fiú más táirge é a rachaidh chun tairbhe an phobail úd. Le teacht na ré cumarsáide seo mar sin an é gur imigh 'ar son na cúise' agus an amhlaidh gur ghlac 'ar mo shon féin' a áit? Is cinnte mar sin nach bhfuil an dílseacht a bhí ann feiceálach a thuilleadh agus b'fhéidir nár chóir a bheith ag súil go mbeadh.

Ceannaíonn agus úsáideann daoine uirlisí cumarsáide ar mhaithe mar a phléigh Éamonn Ó Ciosáin, le siamsaíocht, le heolas agus le hoideachas a fháil. Ach ní hé sin bun agus barr an scéil inniu. Tá muid ag maireachtáil i ré radharcach, theicneolaíoch ina bhfuil gach rud insroichte agus 'ar fáil' le bualadh cnaipe. Mar sin d'fhéadfaí a áiteamh ag an leibhéal is simplí gur dúshlán an-bhunúsach í seo, is é sin, mura bhfuil na meáin 'ar fáil' agus insroichte go héasca, níl siad 'feiceálach' do phobal a bhfuil gach rud dírithe ar an tsúil aige don aoisghrúpa faoi bhun 35, agus don aoisghrúpa 35+ tá an saol róghnóthach le dul ar thóir nuachtáin. Chomh maith leis sin níl an aoisghrúpa 40+ dultha i dtaithí go hiomlán go fóill ar na meáin leictreonacha mar chuid lárnach, éigeantach den saol. Is gá mar sin úsáid a bhaint as na fórait atá feiceálach agus insroichte do rogha an duine aonair. Go minic is é an fóram cumarsáide Béarla é an fóram is insroichte agus is feiceálaí.

Agus an fóram dátheangach seo á phlé ag Joan Busquet, stiúrthóir teanga an nuachtáin *El Periódico de Catalunya* in Barcelona, a fhoilsíonn eagráin chomhionann sa Spáinnis agus sa Chatalóinis, deir sí: 'We are a bilingual society ... We said to

ourselves, "If someone can buy bread in Spanish or Catalan, why can't they read a newspaper in either language?" Má dhéantar comparáid idir léamh nuachtán agus ceannach aráin, fuinsin bhunúsach mhaireachtála, is gá cur chuige praiticiúil a ghlacadh faoi seo má táthar chun cothromaíocht mhaoinithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach a chinnteoidh todhchaí na meán Gaeilge clóite ar bhonn gearrthéarmach, agus todhchaí na meán Gaeilge ar líne go fadtéarmach. Is cinnte go dtiocfaidh na fadhbanna céanna chun tosaigh nuair a fhaigheann an t-idirlíon greim iomlán ar na fóraim, mar a tharla le céad bliain anuas agus deacrachtaí dáileacháin ag síneadh siar go ré an chéad nuachtáin dhátheangaigh, *Fáinne an Lae agus An Claidheamh Soluis*. Agus beidh na deacrachtaí seo ann i gcónaí mar is cuid den fhorbairt nadúrtha chumarsáide é, go nglacann fóraim áirithe áit an fhóraithe eile. Léiríonn staidéar ar stair na meán i gcomhthéacs chultúr na lámhscríbhinní agus an chultúir chlóite gur cuid de phróiseas forásach na sochaí é seo.

I gcónaí áfach tagann an t-ábhar féin agus caighdeán an ábhair chun tosaigh, mar aon leis an tseirbhís atá de dhíth faoi théarmaí an tsoláthair atá á chur ar fáil. Mar sin má bhronntar 'caomhnú an chultúir nó na teanga' ar na meáin Ghaeilge mar fheidhm, fágfar na meáin i gcónaí i dtuilleamaí na riachtanas teanga seachas na riachtanas pobail. Is é sin an tuige gur gá, de réir fhocail Pháidí Ó Lionaird agus é ag oscailt an tseimineáir lae ar 13 Samhain 2010, an Ghaeilge agus na luachanna pobail a ghabhann léi a athshealbhú. Ní gá agus ní fiú, seilbh a ghlacadh ar na fóraim féin atá, agus a bheidh ag síorathrú, ach is gá na fóraim a chur in oiriúint do riachtanais an phobail, bíodh gur gá dóibh a bheith tarraingteach nó simplí nó casta nó pé cáilíocht a ghabhann leis an ábhar atá á chur i láthair le hé a dhéanamh ábhartha don phobal úd. Thar aon rud eile áfach is gá ag leibhéal praiticiúil, dromchlac, go mbeidh rochtain éasca ag an bpobal ar an meán sa chéad áit. Sa dara háit, ag leibhéal níos doimhne, is gá go réitíonn an t-ábhar agus an caighdeán dá réir, le luachanna an phobail mar phobal ann féin, bíodh gur pobal teanga, nó pobal léitheoireachta, nó pobal tíreolaíoch é. Ní féidir seilbh a ghlacadh ar, agus dílseacht a chothú do luach nach bhfuil meas ag an bpobal air ar an gcéad dul síos.

Dhíríodh ó thús a ré, agus díríonn i gcónaí tuairimíocht agus dioscúrsa na meán ar an bpobal seachas ar an duine aonair amháin. Is é sin an fáth fosta nach féidir leis na meáin maireachtáil i bhfolús agus a mhalairt, nach féidir leis an bpobal maireachtáil

gan na meáin sa tsochaí chomhaimseartha. Ní hionann sin agus a rá nach féidir leis an duine aonair maireachtáil in éagmais na meán, ach is cuid de struchtúir an phobail chomhaimseartha iad ag leibhéil dhifriúla úsáide, ag brath ansin ar riachtanais agus ar rogha an duine aonair. Tá siad feiceálach agus tá siad thart orainn agus mura bhfuil an fóram cumarsáide atá in úsáid ag pobal na Gaeilge sa lá atá inniu ann feiceálach, ní cuid lárnach den phobal é. Le rochtain an phobail ar fad ar an iliomad fóram anois tá timpeallacht na bhfóram cumarsáide athraithe ó bhun. Mar sin tá sé tábhachtach gan imeallú a dhéanamh ar phobal na Gaeilge. Luann Breandán Delap i gcás TG4, meán a bhfuil an pobal eile curtha san áireamh agus aitheanta aige sa tseirbhís atá á soláthar aige don phobal, go bhfuil luachanna na meán Gaeilge difriúil ó mheáin eile. D'fhéadfaí a rá áfach, go dtógtar pobail agus sochaithe ar fud an domhain ar luachanna difriúla agus gur gá mar sin féin na tréithe comónta a aimsiú agus a úsáid chun tairbhe na bpobal ar fad. Ceann na tréithe comónta is uilíche sa lá atá inniu ann do phobail uile an domhain ná an gréasán domhanda a chinntíonn teagmháil uilíoch ag am nó ó áit ar bith. I gcás an dá phobal teanga in Éirinn agus ar ndóigh i gcás na bpobal teanga uile atá ag feidhmiú anois sa sféar poiblí in Éirinn (mar a phléann Seosamh Ó Muirí i gcomhthéacs *Beo.ie*) is é an fóram comónta is fairsinge a bhfuil rochtain an phobail air ná an t-idirlíon, agus i gcás na meán clóite, an nuachtán Béarla. Bheadh sé fáillíoch neamhaird a dhéanamh den fhóram idirlín mar uirlis phobail nuair atáthar ag iarraidh a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr ar an airgead poiblí atá á chaitheamh. Tá seans láidir gur bealach na todhchaí é don nuachtán Gaeilge clóite. Ar ndóigh níl aon dul as ach dul i ngleic leis an ardán ilteangach seo i gcás an fhórait atá á chur ar fáil ag an idirlíon. Cheapfainn i gceann fiche bliain nó níos lú de réir thuair úsáid na nuachtán mar uirlisí cumarsáide, nach dtuigfidh an chéad ghlúin eile an réasúnaíocht taobh thiar de nuachtán iomlán Gaeilge amháin ag freastal ar phobal amháin. Cheapfaí déarfainn go rabhthas ag dul i dtreo an imeallaithe seachas ag dul i dtreo chruthú agus leathnú pobail, mar a thuigfeá ó na meáin shóisialta a chuirtear ar fáil ar an idirlíon sa lá atá inniu ann, cuir i gcás.

Mar chonclúid, tá sé de dhualgas mar sin ar an Bhord Stáit, Foras na Gaeilge, an córas oideachais agus pobal na Gaeilge araon a stiúradh ar aghaidh chuig an chéad chéim eile agus aitheantas dá réir a thabhairt don athshealbhú teanga. Ag an gcéim seo d'athbheochan teanga áfach, de réir an taighde atá pléite anseo, ní cóir go luífeadh an fhorbairt ar fad le tuiscintí oideachasúla amháin ach le tuiscintí pobail, le tuiscintí

sochtheangeolaíocha, le tuiscintí reachtaíochta, agus le tuiscintí gnó in earnáil phoiblí agus in earnáil phríobháideach na hÉireann. Leis an gcur chuige straitéiseach seo gearrfar áit chinnte do na meáin Ghaeilge i sochaí na hÉireann mar uirlisí feiceálacha a fheidhmíonn go príomha mar shuaitheantas do luachanna an phobail.

Riachtanais an phobail i gcomhthéacs fheidhm na meán Gaeilge clóite agus ar líne

Ag dul siar ar na ceisteanna bunúsacha a luadh cheana, is féidir ceithre phríomheilimint bhunúsacha a rianú a bhfuil ceangal díreach acu le feidhm na meán Gaeilge: cineál na hiriseoireachta i gcomhthéacs an ábhair agus an fhórait; an spriocphobal a bhfuil na meáin dírithe air; caighdeán na hiriseoireachta agus na n-iriseoirí féin; agus ábhar na meán i gcomhthéacs chaomhnú an chultúir Ghaelaigh agus na Gaeilge.

Ní mór anois mar sin dul i ngleic leis na heilimintí seo atá forbartha in iriseoireacht na Gaeilge le céad agus caoga bliain anuas ó aimsir an chéad cholúin. Chabhródh a leithéid i dtuarascáil mar seo mar réamhchéim chun treoir dheifínideach, straitéiseach, céimnithe a rianú ionas gur féidir tabhairt faoi mheasúnú réadúil, indéanta, ar bhonn rialta amach anseo.

(i) Cineál / rangú na hiriseoireachta agus na scríbhneoireachta i gcomhthéacs an fhórait atá in úsáid:

Is gá idirdhealú ceart rianaithe a aithint idir na cineálacha éagsúla iriseoireachta agus scríbhneoireachta sna meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne;

(ii) An spriocphobal a bhfuil an meán dírithe air:

Is gá spriocphobal a bhfuil iris/ nuachtán dírithe air a shoiléiriú ar bhonn comhthreomhar le caighdeán agus le cineálacha iriseoirí. Caithfear an difríocht idir cumas sa teanga agus úsáid na teanga a mheas i gcomhthéacs sholáthar na meán Gaeilge agus freastal na meán Gaeilge ar phobal na Gaeilge. Tá sé seo níos tábhachtaí anois ná riamh agus breis agus céad bliain de shaothrú agus d'athbheochan na teanga curtha i gcrích. Ní hionann riachtanais na bpobal éagsúil Gaeilge agus ainneoin, toisc fhorbairtí oideachais go bhfuil cumas áirithe Gaeilge ag beagnach gach saoránach Éireannach anois, is gá cur le húsáid na Gaeilge sa sféar poiblí agus i bhfórait eile

anois taobh amuigh den chóras oideachais, le tógáil ar an obair atá déanta, ionas go gcinnteofar úsáid na Gaeilge don chéad ghlúin eile. Ag cur saothar Chaitríona Uí Thorna san áireamh a thugann le fios gur baineadh úsáid as an téarma 'Gaeltacht' den chéad uair ag tús an fhichiú haois mar théarma a thagair do phobal a labhair an Ghaeilge, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar cad is 'pobal teanga' ann i gcomhthéacs úsáid na meán Gaeilge mar uirlisí teanga le freastal ar an bpobal céanna. Áitíonn Grin and Vallincourt, (1999), cuir i gcás, nár chóir i gcónaí ionannú a dhéanamh idir ceantar tíreolaíoch agus pobal teanga i gcomhthéacs líon na gcainteoirí: 'Interestingly, particular patterns of geographical distribution of speakers appear to have secondary importance, implying that minority language revitalisation is not crucially dependent on, say, concentration of speakers, and that, though desirable, this asset can, if absent be compensated by others.' (1999: 105).

Le forbairtí i labhairt na teanga le céad bliain anuas, ar bhealach tacaíonn taighde Suzanne Romaine le cur chuige Grin agus Vallincourt, a léiríonn go bhfuil an fhorbairt is mó ar labhairt na Gaeilge curtha i gcrích taobh amuigh den Ghaeltacht (gan aon mheasúnú ar chumas nó úsáid na teanga féin). Ní leor a thuilleadh mar sin glacadh leis gur féidir brath ar an turas Gaeltachta chun úsáid nó cumas sa teanga a dheimhniú. Beidh gá i gcónaí leis an turas Gaeltachta ach chomh maith leis sin tá sé in am anois do phobal na Gaeltachta teacht amach go dtí pobal 'eile' na Gaeilge, pobal Gaeilge na cathrach. Dáiríre tá athshealbhú agus todhchaí na Gaeilge ag brath air seo anois an oiread céanna agus a bhraith athbheochan na Gaeilge ar an turas Gaeltachta. Is gá an dá shuíomh a aithint i gcomhthéacs na mbuanna atá le tairiscint acu araon do shaothrú na teanga. Is gá leathnú amach ar bhallraíocht an phobail, pointe a thacaíonn le taighde an údair, Uí Mhurchú, agus Mhic Ghréil ar úsáid na teanga:

One would assume that the usage in Gaeltacht areas would surpass usage in the non-Gaeltacht speaking areas but Dublin is the area showing the greatest increase in Irish speakers since 1891. This seems to indicate that it is paramount to the successful implementation of language legislation that all language communities are given due recognition, those using Irish as their first language at present, and those who are second language speakers. In fact if Mac Gréil's findings are to be taken seriously now may be the time to focus on the non-speakers of the Irish language as the level of positive feedback is very high. Mac Gréil recommends that, 'The role and mission of voluntary Irish-language organisations should be focused on spreading the use of

the language outside their membership.' (Mac Gréil 2009: 119). Perhaps we are finally starting to think 'outside the box' as a language community and if not, it is time we did. On the one hand we see the demise of the Gaeltacht which needs to be revitalized through acknowledgement from the larger English-speaking community; on the other hand we witness the language flourishing and acknowledge, 'as a great achievement without international parallel the metamorphosis of Irish from the first language of an impoverished and geographically remote population into the modern second language of a privileged urban elite'. (Romaine 2008: 19) In some way this 'urban elite' is reflective of where the language was strongest at the beginning of the eighteenth [1700-1730] century. Looking at it in this way one could almost assert that the revival has been successful in some ways. The education has bridged the 'us and them' mentality whereby Irish language 'belonged' only to the Gaeltacht community by the understanding promoted by revivalists in their canonization of the Gaeltacht. It could be maintained that those in the non-Gaeltacht areas have repossessed the language by their allegiance to the community and the culture. A language community to be inclusive must be mindful of all members - it is in understanding this concept that the next generation of first language speakers will be fostered. With second language statistics there appears to be at least adequate grounds to claim that an Irish language public of sorts is beginning to emerge. Clearly the traditional understanding of the language community as confined to the Gaeltacht areas in Donegal, Galway, Mayo, Clare, Cork, Kerry, Waterford no longer exists as a stand-alone demographic. (Ó Giollagáin, Mac Donnacha 2008: 108-9) This is in no small way due to the total immersion model of the Gaelscoileanna and naíonraí which acknowledges, and perhaps can be said to give precedence to, the usage of the language, while at the same time acknowledging competency and accuracy in the usage. (Uí Chollatáin 2009).

(iii) *Caighdeán na hiriseoireachta agus na n-iriseoirí gairmiúla féin:*

Gan iriseoirí ardchaighdeánacha a thuigeann luach na meán cumarsáide, riachtanais chaighdeán na teanga, luach an phobail, agus stádas an iriseora mar urlabhraí an phobail úd dá réir, ní leathnófar agus ní fhorbrófar riamh ar an spriocphobal. Ar bhonn gearrthéarmach mar sin, is gá fóram aitheantais d'iriseoirí Gaeilge a chruthú agus a fhorbairt. Mar chuid de sin caithfear gréasán scríbhneoirí agus iriseoirí Gaeilge ar ardchaighdeán a chruthú agus a spreagadh trí fhorbairt na bhfóram teagmhála. Chun an sprioc seo a bhaint amach ar bhonn leanúnach agus fadtéarmach ansin ba ghá oiliúint cheart i scileanna iriseoireachta a stiúradh chun cumas anailíse agus iniúchta na hiriseoireachta a fhorbairt. Ní leor saothrú na scríbhneoireachta gan saothrú scileanna iriseoireachta. Chun iriseoireacht ar ardchaighdeán a sholáthar, taobh le hoiliúint teanga, is gá traenáil agus oideachas

a chur ar fáil ar bhriseadh an scéil, ar oideachas leathan uileghabhálach, iltréitheach le cumas anailíse agus cumas tuairimíochta a fhorbairt.

Tá pobal áirithe léitheoireachta ann anois ach tá cruthú an phobail scríbhneoireachta níos moille. Ach an léiriú é seo ar chaighdeán na scríbhneoireachta, na léitheoireachta, nó ar nósanna pobail? Deir Delap agus Mc Millen nár bhain traidisiún láidir léitheoireachta riamh le pobal dúchais na Gaeilge sa Ghaeltacht, ach má úsáidtear cur chuige tionscnach i dtaobh na teanga, a aithníonn an pobal a bhfuil an meán ag freastal air, seans go bhféadfaí úsáid a bhaint as na meáin chun nósanna léitheoireachta a shaothrú, bíodh gur léitheoireacht ar fhóram crua nó ar líne í. Ní féidir saothrú na meán a chur chun cinn i bhfolús gan saothrú na scríbhneoireachta. Is cuma más meán leictreonach nó clóite atá ann mura bhfuil fiúntas, caighdeán, agus stíl shuntasach i gcur i láthair ábhar na hiriseoireachta féin. Caithfear a choinneáil i gcuimhne gur gá an t-ábhar a sholáthar i gcónaí ar dtús, sula gcuirtear cruth air, agus le hé sin a dhéanamh tá próiseas na scríbhneoireachta féin ar na heilimintí is tábhachtaí i gcás sholáthar fhóram na hiriseoireachta don phobal.

Ainneoin theacht na ré digití ina bhfuil dúshlán na meán níos feiceálaí ná riamh, is léir go bhfuil bunphrionsabail iriseoireachta chun tosaigh i gcónaí, ag an phointe seo cibé, bíodh gur insint na fírinne nó caighdeán scríbhneoireachta atá i gceist. Léiríonn taighde acadúil go n-aithníonn iriseoirí féin an gá le cosaint na teanga mar chuid lárnach den iriseoireacht i mionteanga. Seans de bharr na bhfionnachtana nua-teicneolaíochta go bhfuil béim níos mó anois ar an bpobal domhanda ná ar an bpobal áitiúil. Mar sin féin tá luach ag an teanga i gcónaí mar bhuneilimint de phobal mionteanga, agus tá ról ar leith ag iriseoirí i gcruthú an phobail teanga sa chomhthéacs seo. Léiríonn torthaí an tsuirbhé a rinneadh sa tuarascáil seo an tábhacht a chuireann an pobal ar fhorbairt na scileanna teanga mar aon le traenáil teanga d'ábhar iriseoirí. Tacaíonn an fhianaise seo le taighde Eorpach, Zabaleta et al (2009), ar ról an iriseora sna meáin mhionteanga, a bhfuil impleachtaí suntasacha aige ar choincheap agus ar ról na hiriseoireachta sa phobal:

The results of this paper reinforce the idea that in the case of minority-language media journalists, the concept of journalism, or at least its function

for the community, might need review and definition. The standard criteria of professional journalism should be contextualized and complemented by incorporating a function dedicated to the support and / or active defence of the language as part of journalistic activity. It does not mean that good professional journalism is undermined or lessened among minority-language journalists, but, rather, enhanced by attaching it to the sociocultural needs of the community.
(Zabaleta et al, 2009: 205)

Ní foláir an taighde seo a chur san áireamh agus earnáil na hiriseoireachta á forbairt mar uirlis i saothrú an phobail teanga.

(iv) Ábhar na meán Gaeilge clóite agus ar líne i gcomhthéacs chaomhnú an chultúir:

Ní foláir an coincheap seo a shoiléiriú i gcás na meán Gaeilge mar chuid de sféar poiblí a bhfuil an teanga ag feidhmiú ann mar theanga náisiúnta agus mar theanga mhionlaithe ag an am céanna. An ionann feidhm na meán Gaeilge agus caomhnú na teanga amháin? Deir Mike Cormack gur dualgas mór é caomhnú teanga a chur ar na meáin, ach fágтар feidhm chaomhnú an chultúir go príomha faoi na tréimhseacháin ar bhonn neamhchomhfhiúchais ar bhealach, agus tá dualgaisí na dtréimhseachán á gcomhlíonadh. Ní leor cur chuige an chaomhnaithe chun forbairt a dhéanamh. A mhalairt a tharlaíonn le cur chuige mar seo i gcás na meán cumarsáide arb iad an oscailteacht agus an leathnú amach na bunphrionsabail a bhfuil siad bunaithe orthu. Mar sin d'fhéadfaí a rá go bhfuil cur chuige an chaomhnaithe ag dul i gcoinne fhorbairt na teanga mar eilimint lárnach sa sféar poiblí. An bhfuil sé in am níos mó béime a chur ar an téarmaíocht nua a fheileann do mheon an phobail a bhfuil an teanga á saothrú ann, taobh le béim a chur ar struchtúr teanga? De thoisc go bhfuil réimse seo na dtréimhseachán láidir, tá bearnaí suntasacha ina lán fóram eile iriseoireachta (nuacht, eolas, foinsí idirlín nach ndíríonn ar an bpobal idirnáisiúnta Gaeilge). Is gá dul i ngleic le coincheap an dá chultúr in Éirinn fosta ar ardán na meán Gaeilge mar chuid den sféar poiblí, gníomh a chuideoidh arís le hathshealbhú an chultúir Ghaelaigh i gcomhthéacs na teanga do phobal uile na hÉireann.

b. Príomhchéimeanna chur le chéile na straitéise

- Treoirphlean taighde a dhréachtadh agus a leanúint;
- Aird a tharraingt agus suim a mhúscailt (an pobal a chur ar an eolas ar a bhfuil ar fáil agus aird a tharraingt ar iriseoirí mar aon le hiriseoireacht na Gaeilge);
- Moltaí a dhéanamh i gcomhthéacs sholáthar na meán Gaeilge de réir thorthaí an taighde;
- Moltaí a dhéanamh chun traenáil a chur ar fáil de réir thorthaí an taighde;
- Plean struchtúrtha a dhréachtadh le leathnú ar an soláthar atá ann cheana, agus a bhí ann riamh i gcás na meán Gaeilge, a thiocfadh le riachtanais chumarsáide na meán mar aon le riachtanais theangeolaíocha phobal na Gaeilge.

c. Eilimintí lárnacha i struchtúir iriseoireachta mar chuid den straitéis:

Is iad na bunphrionsabail iriseoireachta ná eolas, oideachas agus siamsaíocht a chur ar fáil. I gcomhthéacs fheidhm na meán Gaeilge agus na ceithre eilimint a luadh roimhe seo caithfear iniúchadh a dhéanamh ar fheidhm na mbunphrionsabal iriseoireachta seo chomh maith.

Cad is brí le heolas i gcomhthéacs chruthú na straitéise seo?

- Nuacht lom laethúil;
- Eolas faoi imeachtaí na Gaeilge;
- Eolas ar leith a bhaineann le gnéithe sainsiúla an phobail seo nach mbainfeadh go príomh leis an chuid eile den phobal;
- Eolas faoi eagraíochtaí agus theagmhálaithe;
- Ardán anailíse ó phearsana móra iriseoireachta arb í an teanga seo a gcéad teanga chumarsáide;
- Gréasán agus ardán cumarsáide do bhaill an phobail.

Cad is brí le hoideachas i gcomhthéacs chruthú na straitéise seo?

- Traenáil a sholáthar do bhaill phobal na Gaeilge i gcúrsaí teanga idir labhairt, scríobh, léamh agus éisteacht na Gaeilge;
- Traenáil a sholáthar d'iriseoirí na Gaeilge agus do phobal gairmiúil na meán Gaeilge;
- Tairbhe a bhaint as fóram na meán Gaeilge clóite agus ar líne chun cur le hoideachas bunaidh a chur ar fáil ar an nGaeilge féin ag leibhéal bunscoile agus meánscoile.

Cad is brí le siamsaíocht i gcomhthéacs chruthú na straitéise seo?

- Cultúr na hÉireann a chur os comhair an phobail trí eolas a chur ar fáil ar chúrsaí agus ar imeachtaí cultúrtha;

- Tacaíocht phraiticiúil a sholáthar d'fhorbairt an chultúir Ghaelaigh agus chultúr na hÉireann (spórt, ceol, litríocht agus a lán eile);
- Ardán scríbhneoireachta a chruthú agus a fhorbairt do scríbhneoirí; fóram léitheoireachta a sholáthar do léitheoirí, ardán ceart, caighdeánach léirmheastóireachta a chruthú do léirmheastóireacht i gcomhthéacs iliomad múnlaí agus leibhéil chumais i bhfoilsitheoireacht na Gaeilge.

2. Straitéis úr na meán Gaeilge i gcomhthéacs taighde acadúil agus polasaí stáit, mar atá, *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*.

a. Comhthéacs acadúil na straitéise seo

(i) Ré nua an athshealbhaith (Céim 2 in athbheochan na Gaeilge):

Roinneann Ó hIfearnáin polasaí teanga suas i gceithre thréimhse 1922-1948, 1948-1973, 1970í go 1990í luatha, 1992-an lá atá inniu ann nó 2000 (dáta foilsithe an ailt), ag rá go gcaitheann siad scáil ar éabhlóid staid shocheacnamaíoch agus pholaitiúil na hÉireann:

It is possible to divide the Irish language policies of the State into four periods, which reflect the evolving socioeconomic and political situation in Ireland, and the evolving relationship of the English-speaking majority to the Irish language. The first stage is clearly that of 'language policy development' from the foundation of Saorstát Éireann, the Irish Free State, in 1922 until 1948, during which the foundations for all subsequent periods were laid. An important arm of this was the establishment of Radio Éireann. Economic and political stagnation followed, and during the second period of c.1948 until 1973, when Ireland joined the European Union (then known as the Common Market), this stagnation and withdrawal from policy, was reflected in the report of the Committee on Irish Language Attitudes Research in 1975. It was during this period that RTÉ was founded, and Irish television was introduced. The third period, from the 1970s to the early 1990s, is the one of 'benign neglect', in which the state neither changed nor developed policy, taking no definable position on the language issue. Instead it referred to established practice, moved to consult the public through opinion surveys, and generally supported initiatives taken by private groups. The final period, begun as Ireland embraced full European integration with the Treaty of Maastricht in 1992, is a concerted push to redefine Irish as a minority issue. The state now seeks to define Irish as a *heritage language* on the model used for ancestral immigrant languages in Europe and the US, while simultaneously moving to ensure services and support for a living linguistic minority among its citizens. These two positions are not necessarily mutually exclusive, but in this context the state has definitively abandoned any national revivalist policy. (Ó hIfearnáin 2000: 98-99)

Is léiriú é an easpa dul chun cinn seo, agus an claonadh oidhreachtúil a glacadh le freastal ar mhionlach an phobail a bhfuil seirbhísí á n-éileamh acu do 'ancestral immigrant languages', ar thréigean pholasaí náisiúnta athbheochan na teanga. Mar sin féin mura bhfuil fuinneamh úr ag teacht ó phobal na teanga féin ní dhéanfar dul chun cinn. Is féidir an chúigiú thréimhse a chur le tréimhsí Uí Ifearnáin anois, is í sin,

tréimhse chomhordaithe inar daingníodh agus inar faisceadh cearta teanga le riachtanais an phobail trí chur i bhfeidhm reachtaíochta a thacóidh le seirbhísí cuí a sholáthar do phobal na Gaeilge. An dúshlán atá ann anois ná a chinntiú go réitíonn na héilimh theanga leis na seirbhísí atá á gcur ar fáil ar bhonn reachtúil. Má táthar chun dul chun cinn a dhéanamh is gá seilbh a ghlacadh ar an teanga, ní hamháin áfach mar phobal na Gaeilge amháin, ach mar atá léirithe ag Ó hIfearnáin i gcás na dtréimhsí eile, mar phobal uile na hÉireann, ag gach leibhéal cumais. Chinntigh na céimeanna seo i rith an fhichiú haois go bhfuil cumas áirithe (bíodh gur 'Dia duit' é) ag cuid mhaith saoránach Éireannach a d'fhreastail ar an chóras oideachais sa tír seo.

Cuidíonn leagan amach na dtréimhsí seo le struchtúr fisiciúil ama a chur ar na céimeanna sochtheangeolaíocha a bhain le hathbheochan teanga. Ní fiú straitéis 'náisiúnta' a mholadh mura bhfuil an Ghaeilge in úsáid sa chéad áit sa sféar poiblí mar chuid de shaol laethúil phobal uile na hÉireann. Go pointe áirithe aithnítear dul chun cinn an chórais oideachais in athbheochan teanga agus murach na struchtúir oideachasúla a chinntigh caighdeán áirithe teanga do gach saoránach, ní éireodh le cur i bhfeidhm na struchtúr sóisialta, siamsaíochta agus oifigiúla de réir reachtaíocht teanga an fhichiú haois agus an aonú haois is fiche. Nuair a thosaigh lucht na hathbheochana ar an obair seo beagnach céad caoga bliain ó shin ní raibh na struchtúir shóisialta agus oifigiúla i bhfeidhm le tacú le húsáid na teanga. Mar sin féin d'éirigh leo an Ghaeilge a athbheochan tríd an gcóras oideachais go príomha, ach fosta trí mheon an phobail a athrú chun tacaíocht phobal na hÉireann a chinntiú sna feachtais teanga, go pointe áirithe cibé. Tá 'ré an tsealbhaith' ag teacht toisc bhronnadh na sealbhaíochta ar an teanga trí chur i gcrích na struchtúr reachtaíochta le breis agus deich mbliana anuas go háirithe. Is faoi phobal na Gaeilge atá anois, an Ghaeilge a athshealbhú ar bhonn straitéiseach:

Legislative and educational structures aid language revival and maintenance but these structures alone are not enough to change attitudes and secure language usage alongside language competence. It is essential that a community takes ownership of the language and to do that the members of the community need to use it, regardless of the level of competence. The key to this is in making the language accessible to all, by being inclusive of all sectors of that community in order that they may be aware of the cultural, communicative, and administrative value of it. Without the goodwill of the national community in which the national language is being used, albeit in a

minority or lesser-used capacity, language revival and maintenance and progression are challenging at best. (Uí Chollatáin 2009).

Tacaíonn taighde acadúil leis an gcur chuige go bhfuil dea-thoil an phobail tábhachtach i gcur i bhfeidhm an athshealbhaith seo: 'Positive attitudes are a sine qua non condition of language revitalisation ... Visibility of language contributes to this' (Grin agus Vallincourt 1999: 18).

Tá dea-thoil an ghnáthphobail i leith na Gaeilge tábhachtach mar atá léirithe ag Micheál Mac Gréil ina thaighde ar dhearcadh i leith na Gaeilge le tríocha bliain anuas. Cuireann feiceálacht na teanga sa sféar poiblí le cothú na dea-thola de réir Grin agus Vallincourt. Léiríonn taighde Mhic Ghréil go bhfuil pobal ginearálta na hÉireann fabhrach i leith na Gaeilge mar shuaitheantas féiniúlachta agus cultúrtha, patrún atá léirithe ar bhonn leanúnach anois i dtorthaí taighde le tríocha bliain anuas. I bhfianaise an taighde seo mar sin agus de réir reachtaíocht teanga na tíre seo le céad bliain anuas, tá sé de fhreagracht agus de dhualgas ar bhord stáit náisiúnta na Gaeilge, agus ar Roinn an Oideachais ag leibhéal Rialtais, an stádas agus an toil seo a aithint agus a chur chun tairbhe úsáid na Gaeilge sa tsochaí. Maíonn cuid mhaith scoláirí acadúla, mar aon le torthaí tuarascálacha, go bhfuil na meáin Ghaeilge ar na bealaí is fearr chun an úsáid seo a chinntiú:

The author, Mícheál Mac Gréil reveals that positive aspirations to see the language 'revived' or 'preserved' are held by 93.2% of the participants in his study. Taking this as a representative sample of the Irish population, only 6.7% of the population wish to see Irish 'discarded and forgotten' (Mac Gréil 2009: viii). Attitudes of the general population (not merely the Irish language community), reveal that support for 'the possibility that a return to the Irish language and culture as a basis of common Irish identity between all Irish people of different religious, political and social affiliations' is still a minority view at 30%, but opposition to this view is on the decline. The 'Social Distance' scale was devised by Emery Bogardus in 1925 to measure inter-group attitudes and prejudice. Using this research tool Mac Gréil concludes that regarding the use of Irish, the report states that 22.7% of Irish born participants use Irish regularly but: 'the standing of 'Irish speakers' is very high, and falls within the 'in-group' set of categories, i.e. those with a mean distance score of 1,500 or under on a continuum of 1 to 7. The percentage who would welcome 'Irish speakers' into their family through marriage (to kinship) was as high as 84.4%.' (Ibid. 107). More importantly, due to the continued research of Mac Gréil in this area, using this research tool in reports in 1972-3, 1988-9 and 2007-8 establishes clear points of reference in

asserting that this high level of positivity towards the Irish language among the general Irish population has been maintained over twenty years from 1988-9 to present day. The total sample in 2007-8 showed an 84.4% support for 'kinship' with Irish language speakers (the highest point on Bogardus' scale), and the national sample showed 84.1% support for same in 1988-9. As Mac Gréil says 'This is yet another example of the **stability** and **consistency** of the pattern of attitudes in the population towards matters Irish ... what has remained constant is the **high-level** of social preference.' (Ibid. 103). These findings alongside the Census figures are helpful in assessing the gap which needs to be bridged between language competence and language usage, focusing on the one hand on statistical evidence of language competence as perceived by the speakers, and on the other hand on the public perception of Irish usage in a national context. (Uí Chollatáin 2009).

Tá sé níos tábhachtaí ná riamh an Ghaeilge a choinneáil lárnach sa chóras oideachais ach é a dhéanamh faoi thuiscintí nua-aimseartha, a sholathraíonn fóraim d'fhorbairtí pobail, mar aon le forbairtí dochta oideachais mar ábhar Gaeilge agus litríochta. D'fhéadfadh iriseoireacht na Gaeilge cabhrú go mór le foghlaim na teanga ag an dara leibhéal agus í fite isteach mar chuid d'ábhar ar theanga amháin a d'fhorbródh cumas machnaimh agus anailíse na ndaltaí meánscoile trí dhíospóireachtaí ar chúrsaí reatha agus a leithéid, a bheadh á bplé sna meáin. D'fhágfadh an cur chuige teanga seo fóram eile don litríocht mar ábhar chomh maith a d'fheidhmeodh ar bhonn comhthreomhar, ag cothú nósanna léitheoireachta taobh le tuiscintí cearta litríochta. Sa dá chomhthéacs seo mar sin bheadh cumas sa teanga á chothú agus á fhorbairt sa dá ábhar, ach le béim ar ghnéithe den oideachas leathan agus ar úsáid teanga seachas ar chumas teanga amháin. Shaibhreodh cur chuige dá leithéid féidearthachtaí na teanga don chéad ghlúin eile.

Chabhródh forbairtí ar ábhar na Gaeilge sa chóras oideachais le suim na ndaltaí a spreagadh i bplé ar ghnáthchúrsaí laethúla agus oiliúint a chur orthu ar scileanna chun an plé seo a leanúint trí mheán na Gaeilge - fiú agus iad imithe ón gcóras oideachais. Scileanna bunúsacha cumarsáide iad seo a aithníonn luach na cumarsáide sa teanga mar aon le haitheantas a thabhairt do luach na litríochta. I bhfianaise an taighde ghníomhaigh a rinneadh don tuarascáil seo inar tugadh tús áite do nuacht mar ábhar a bhfuil éileamh air sna meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne, shamhlófaí go n-oibreodh an treoir seo chun tairbhe fhorbairt na teanga agus na tuairimíochta araon, a

chabhródh go mór le húsáid na teanga ar bhonn réadúil sa todhchaí toisc go gcuirfeadh a leithéid de phlé le normalú teanga.

Ar ndóigh ní rud nua ar fad é a aithint nach é an córas oideachais an príomhbhealach amháin le cumas sa teanga agus le húsáid na teanga a chinntiú. Is gá i gcónaí an Ghaeilge a choinneáil mar chroíábhar sa chóras oideachais agus murach gur baineadh na spriocanna dúshlánacha oideachais sin amach le breis agus céad bliain anuas, ní dócha go mbeadh sféar poiblí á sholáthar do phobal na Gaeilge sa lá atá inniu ann mar ní bheadh Gaeilge ag an bpobal sa chéad áit. Mar sin féin is léir go bhfuil ag éirí le forbairt na Gaeilge sa sféar poiblí anois mar tá an Ghaeilge feiceálach agus in úsáid ar chomharthaí bóthair, ar chóras iompair (fiú le comhlachtaí príobháideacha a úsáideann an Ghaeilge ar bhusanna príobháideacha agus a leithéid), sna meáin agus in iliomad fóram poiblí. Mar atá luaite ag Grin agus Vallincourt cuireann an fheiceálacht seo le cruthú na dea-thola i leith na teanga. D'fhéadfaí a áiteamh go bhfeidhmíonn na comharthaí poiblí seo ar fad mar mheáin chumarsáide de shórt éigin. Ní tharlódh sé seo gan dua na n-oideachasóirí sa chóras oideachais áfach. Ainneoin go bhfuil fadhbanna le múineadh na Gaeilge, is í an éigeantacht seo a chinntíonn leibhéal áirithe cumais sa teanga mar a pléadh i gcás thaighde Uí Mhurchú agus Mhic Ghréil cheana. Mar sin féin tá sé chomh tábhachtach céanna fosta féachaint ar na modhanna is fearr chun úsáid sin na Gaeilge a chinntiú sa phobal, tar éis do scoláirí an scoil a fhágáil. Is gá a chinntiú go gcuirfear an leibhéal cumais atá bainte amach acu chun tairbhe úsáid na Gaeilge sa sféar poiblí, a chinnteoidh go mbeidh luach eacnamaíoch leis an dua a caitheadh le foghlaim na teanga sa chóras oideachais go nuige sin. Tá luach ar leith ag na meáin Ghaeilge sa phróiseas seo i gcruthú phobal na Gaeilge, rud atá aitheanta ag Ombudsman na Meán, an tOllamh John Horgan, mar a luadh cheana.

Ainneoin an taighde acadúil a léiríonn claonta fabhracha thoil an phobail i leith na Gaeilge, de réir na staitisticí daonáirimh agus tuarascálacha ar chlaonta i leith na Gaeilge sa tsochaí Éireannach, aithnítear nach bhfuil eagraíochtaí Gaeilge ag freastal ar an aoisghrúpa 20-44. Tá buntáiste ar leith ag úsáid na meán Gaeilge chun an bhearna seo a líonadh. Faoin am go sroicheann an gnáthshaoránach na fichidí luatha, tá an-seans nach bhfuil aon struchtúr oifigiúil oideachais aige le Gaeilge a úsáid, agus ní bhíonn am ag gach duine ranganna a lorg. Tá géarghá leis na meáin Ghaeilge ag an tréimhse seo i saol an duine le héascaíocht agus rochtain ar Ghaeilge a chinntiú, agus

chun an leanúnachas idir aois scoile agus aois nuair a bhíonn níos mó ama agat ar bhonn sóisialta le caitheamh le Gaeilge, a chinntiú. Arís cuidíonn na meáin Ghaeilge le feiceálacht na Gaeilge sa tsochaí don aoisghrúpa seo, ach is gá tógáil ar na fóraim a chuirfear ar fáil le húsáid na teanga a chinntiú don aoisghrúpa seo. Ar nós na meán sóisialta eile, Facebook, Twitter, mar shampla, b'fhiú fóram nua idirghníomhach ar líne a bhunú a chuideodh le húsáid na Gaeilge labhartha mar aon le fóram cumarsáide a sholáthar:

The figure for Irish speakers in the 1996 census was 1.43 million, the 2002 census figure was 1.57 million and the latest census figures show Irish speakers at 1.66 million. However 'Irish speakers while increasing in actual numbers to 1.66 million, have declined slightly in terms of percentage' (Ó Murchú 2008: 38). On the other hand the number of Irish speakers does not reflect the usage of Irish. One interesting conclusion on analysis of the census figures on language use is the up to '50% of the age groups 20-44 who use Irish weekly or occasionally'. Ó Murchú believes that this data is significant for policy makers in devising strategies to provide outlets for using the language and in so doing, bridging the gap between language competence and usage in reducing the '40% who never put their competence in Irish to functional use'. (Ibid. 46). ... this could build on the quality and quantity of use for the aforementioned 50% of the 20-44 age-group who use Irish weekly or occasionally. (Ibid.)

Tacaíonn taighde reatha ar an gcoibhneas idir úsáid rialta teanga i gcomparáid le cumas réasúnta na teanga le teip an leanúnachais a baineadh amach faoi struchtúir an chórais oideachais sa ghné seo de chruthú phobal teanga. Toisc go gcuireann úsáid na meán le úsáid rialta na teanga ag an am céanna, ag leibhéal áirithe cibé, is féidir tairbhe a bhaint as na meáin i méadú na húsáide céanna má shaothraítear i gceart iad. De réir na fianaise i dtuarascálacha acadúla, is é ceann de na dúshláin is mó atá le sárú ag an teanga ná iompú chumas sa teanga go húsáid na teanga:

It will also be clear from the findings of the National Survey 2007-08 that for the national language policy the most disappointing result in the overall is the difference between 'reasonable' competence in (47%) and 'regular' use of (23%) Irish, i.e. for Irish-born respondents. The filling of this gap is a matter of priority.
(Mac Gréil 2009: 2)

Tá ról ar leith ag na meáin mar sin in athshealbhú an chultúir a mhéadóidh úsáid na Gaeilge sa tsochaí agus a chuirfidh le cur i bhfeidhm straitéis i leith na Gaeilge seachas pleananna ar pháipéar amháin. Aithnítear nach bhfuil i ndréachtadh polasaí

ach an chéad chéim i bpróiseas pleanála ar bith. Is gá leanúint tríd le pleananna réadúla i dtaobh chur i gcrích an phlean, le hacmhainní a chur ar fáil le cinntiú go gcuirfear an soláthar riachtanach i bhfeidhm. Is gá ansin monatóireacht a dhéanamh ar an bplean le cinntiú go bhfaightear luach saothair ar an infheistíocht ama agus airgeadais atá déanta, mar atá leagtha amach ag tús na tuarascála seo i dtaobh phríomhról an Fhorais i leith chur i bhfeidhm straitéis úr i gcás na meán Gaeilge:

In order for any language to survive it must first be used in the general public domain. Policies and language planning are only the first step in any process; decisions on how to implement the plan, the resources which will be available for it and how it will be monitored are the next steps. (Ó Coileáin 2009: 14). To elaborate on this however, even if the best laid plans are implemented and monitored, if there are not enough users and as a result, if the perceived demand for the language in the public domain is not as great as the services provided as a result of legislation, the Official Languages Act 2003 or the status of Irish as an official working language of the European Union in 2007, could well signal a 'false dawn or maybe, a last hurrah'. (Ó Riagáin 2008: 65). (Uí Chollatáin 2009).

De réir reachtaíocht na tíre seo, Bunreacht na hÉireann, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, An tAcht Oideachais 1998, An tAcht um Phleanáil agus Forbairt 2000, An tAcht Craolacháin 2001, Stádas na Gaeilge mar Theanga oibre san Aontas Eorpach 2007, bheadh sé intuigthe go mbeadh an Ghaeilge feiceálach sa sféar poiblí - ní hamháin sa chóras oideachais mar ábhar ach mar fhóram plé don phobal ar fad. Faoi láthair níl an fóram sin á sholáthar i gceart.

Is páirtíocht atá i gceist i gcur chun cinn na Gaeilge agus chuideodh na meáin le cur i bhfeidhm na páirtíochta, trí úsáid a bhaint as ardán agus as fóraim ar leith a bhfuil fáil ag an bpobal uile orthu. Is gá áfach an pháirtíocht seo a chur in iúl ag an leibhéal is bunúsaí ionas go nglacfaidh an ghlúin óg seilbh ar an teanga i ngan fhios dóibh féin agus iad ag foghlaim na Gaeilge sa bhunscoil agus sa mheánscoil. (féach na moltaí i gcuid a Trí). Bheadh ar a gcumas an Ghaeilge a úsáid agus iad ag fágáil na scoile - gan aon stró nó brú breise - díreach an teanga ar a dtoil acu agus á cur chun tairbhe na sochaí a bhfuil siad ag maireachtáil inti ar aon dul le teanga oifigiúil eile an oileáin seo, an Béarla.

b. Straitéis úr na meán Gaeilge i gcomhthéacs an pholasaí stáit, *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*

- (i) Úsáid na meán Gaeilge i gcur i gcrích spriocanna straitéis náisiúnta na Gaeilge agus i méadú úsáid na Gaeilge sa tsochaí:

Is gá a aithint sa chéad áit go dtacaíonn *Straitéis Náisiúnta 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (SNG 2010 as seo ar aghaidh) le ról an Fhorais 'mar phríomhghné den struchtúr tacaíochta don teanga sa dá chuid den oileán':

Leanfaidh Foras na Gaeilge ag seachadadh a fhreagrachtaí reachtúla maidir leis an nGaeilge. Áireofar orthu sin tabhairt faoi thionscadail thacúla agus deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí le tacú leis an teanga mar is cuí, forbairt a dhéanamh ar théarmaíocht agus ar fhoclóirí, tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge, agus le teagasc na Gaeilge ar an oileán agus úsáid na teanga sa saol poiblí agus príobháideach a spreagadh agus a éascú tríd is tríd. Agus é ag comhlíonadh a dhualgais go hiomlán, fanfaidh Foras na Gaeilge mar phríomhghné den struchtúr tacaíochta don teanga sa dá chuid den oileán. (SNG 2010: 19).

Déanann na meáin normalú ar an teanga tríd í a fhí isteach i ngnáthchaint agus i ngnáthshaol an phobail agus aithnítear gur 'gá normalú na teanga chun úsáid na Gaeilge a leathnú' (SNG 2010: 19). Aithníonn *Straitéis Náisiúnta 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* gur gá fóram na meán Gaeilge a úsáid chun: 'An líon daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais a ardú ó 83,000 go 250,000 (SNG 2010: 17). Tá 'Na Meáin agus an Teicneolaíocht' ar cheann de naoi bpríomhcheannteideal a liostáiltear faoi 'Réimsí Gnímh' sa Straitéis. Moltar fosta 'An líon daoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge agus atá in ann teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain tríd an teanga a ardú' (SNG 2010: 17). Luíonn an cur chuige seo le taighde acadúil ar ról agus ar thábhacht na meán in athbheochan teanga. An staideár is déanaí a thugann é seo le fios ná moladh Mhic Ghréil: 'to support the Irish revival of all the media of mass communication, i.e. radio, television, newspapers, magazines, web-sites, etc.'. Deir sé go bhfuil an tacaíocht seo 'a most important contribution to the desired increase in the frequency of the use of Irish in society. Features on Irish and in Irish should be part of the regular programmes and contents of the various media being listened to, viewed and read by the people in Ireland.' (Mac Gréil 2009: 123).

Éilíonn iriseoirí Gaeilge chomh maith go gcuireann úsáid na Gaeilge sna meáin chlóite le húsáid téarmaíocht nádúrtha a mbíonn blas níos dúchasaí uirthi, ná Gaeilge na leabhar. Déanann Máirín Ní Ghadhra pointe an-tábhachtach i gcomhthéacs úsáid nádúrtha na Gaeilge sna meáin chraolta, cuir i gcás. De thoisc go bhfuil cuid mhaith cainteoirí dúchais ag plé leis an bhfóram seo, is cosúil go gcuireann úsáid laethúil nádúrtha na teanga mar sin, le cothú agus le caomhnú struchtúir dhúchais na teanga ar bhonn neamhchomhfhiúsach. D'fhéadfaí a áiteamh mar sin gur fianaise dheimhnitheach é seo, go pointe áirithe cibé, ar luach seachas díluacháil na meán in athneartú teanga. Deir Ní Ghadhra gur minic, siocair gné bheo na meán cumarsáide, nach mbíonn deis ag pobal na meán clóite, craolta agus ar líne, 'to consult a committee or policy group'. Leanann sí ar aghaidh ag rá de thoradh úsáid na cainte laethúla sna meáin: 'the choice that we often need to make is between a turn of phrase which will convey our news to people or a strange new term (Ní Ghadhra 2008: 58-9).

Caithfear a bheith airdeallach áfach nach gcuirtear barraíocht béime ar luach na meán i gcruthú phobail teanga. Téann cuid de na tuiscintí seo, cuir i gcás, i gcoinne taighde acadúil áirithe a éilíonn gur mó an dochar ná sochar a dhéanann na meáin mhionteanga i gcúlú an aistrithe teanga mar a luadh cheana [reversal of language shift]. Cuireann Fishman tairbhe úsáid na meán in aistriú teanga taobh thiar d'úsáid na teanga sa bhaile, sa phobal, sa sféar oibre agus fiú sa sféar oideachais. Cáineann sé fosta luach na meán i gcoitinne i leathnú úsáid na teanga. Bíodh sin mar atá (agus ní luann sé aon taighde coincréideach a chuireann leis an téis seo i 2001), tá gá le cothromaíocht i dtaobh na ceiste seo.

Ar an gcéad dul síos, ní féidir a shéanadh gur cuid lárnach de shaol nua-aimseartha an lae inniu iad na meáin chumarsáide, agus bheadh sé fáillíoch mar sin gan iad a chur san áireamh mar uirlisí i bpleanáil teanga nó in athbhreithniú teanga. Ní fios ach an oiread go baileach (toisc easpa taighde ceart air seo), cén tairbhe a bhain leis na meáin chumarsáide Gaeilge in athbheochan na Gaeilge le beagnach céad caoga bliain anuas, ach ní dhearna siad aon dochar don teanga ach an oiread. Go deimhin, léiríonn taighde ar na meáin go nuige seo go raibh ról suntasach acu i gcruthú na nualitríochta, gné an-tábhachtach do phobal teanga agus ábhar léitheoireachta de dhíth chun úsáid na teanga a leathnú agus a fhorbairt (Nic Pháidín 1998). Tá gá le taighde ceart ar an ngné

seo de luach na meán mar uirlisí teanga a chlúdaíonn figiúirí léitheoireachta, dáileacháin, agus úsáid na meán sa chóras oideachais, sa phobal, sa sféar oibre, agus sa teaghlach. Go dtí go ndéantar taighde cuimsitheach air seo ní féidir luach seo na meán in athbheochan na Gaeilge a mheas i gceart, ag cur san áireamh i gcónaí nach ionann gach pobal teanga. Tá sé seo an-suntasach i gcás na hÉireann de thoisc, nuair a tugadh stádas oifigiúil don Ghaeilge mar theanga oibre san AE i 2007, gurbh í an t-aon tír amháin san Eoraip a raibh an cur chuige mar seo glactha aici i leith athbheochan teanga. Is é sin go n-aithnítear an Ghaeilge go bunreachtúil mar chéad teanga náisiúnta na tíre, ainneoin gur teanga mhionlaithe í, a chiallaíonn go labhraíonn níos lú ná 70% de phobal na tíre an teanga náisiúnta. Níl ach cás amháin eile de seo san Eoraip, mar atá, sa Bhruiséil atá tritheangach go hoifigiúil. Chinntigh an cur chuige seo mar shampla úsáid áirithe na Gaeilge sa sféar poiblí oibre i gcónaí ar a laghad, áit a raibh (agus a mbíonn) irisí agus nuachtlitreacha in úsáid go dátheangach ann go minic.

Glacann Mike Cormack cur chuige níos leithne agus rianaíonn sé ceithre ról thairbheacha leis na meáin mhionteanga ar líne, mar atá, ról siombalach nua-aimseartha, buntáistí eacnamaíochta, forbairt an sféir phoiblí, agus léiriú phobail:

We should not however, conclude from this that the media have no role to play whatsoever. To list just four important aspects (which have been commented on by various writers): (1) the electronic media can have an important symbolic role for language communities, a signal that the language and the community are able to cope fully with the contemporary world, rather than being simply part of an outdated heritage; (2) they can provide a real economic boost, including attractive career prospects for young people who want to work in the minority language; (3) they are important in developing a public sphere within a language community which allows a political community to develop and indeed allows the community to develop its own news agenda; (4) they are important in relation to how the community is represented both within itself and to outsiders (both aspects can have significant political and economic consequences). In addition to these points, it is worth reminding ourselves that these days the media are key conveyors of culture (however that complex word is defined) and are important producers of cultural products in their own right. Media in minority languages cannot take the place of language transmission within the family and community, but neither can they be dispensed with, at least not in the kinds of society we have now in Europe. (Cormack: 2)

Ceann de na luachanna is tábhachtaí atá luaite anseo ag Cormack ná léiriú pobail mar cuireann sé seo béim ar luach na meán mar uirlisí pobail in áit mar uirlisí cultúrtha amháin. Soláthraíonn siad seirbhís don phobal iomlán, ní hamháin do chultúr mionlaithe amháin a bhfuil sainghnéithe ar leith ag baint leis. Go bunúsach is cuma cén teanga a labhraíonn tú in Éirinn, is cuma cén ceantar a bhfuil tú i do chónaí ann (Gaeltacht nó taobh amuigh den Ghaeltacht), más saoránach Éireannach thú, is ball de phobal na hÉireann tú agus más saoránach Éireannach thú tá seans láidir go bhfuil cumas áirithe agat sa Ghaeilge. Is bunchloch fhiúntach í seo ar féidir pobal teanga a thógáil uirthi. De réir taighde Cormack mar sin is fiú é seo a aithint i straitéis ar na meáin.

Deir Cormack fosta go samhlaítear na meáin mhionteanga mar nasc idir an aimsir chaite agus an traidisiún seachas iad a shamhlú leis an am atá le teacht. Tharla mar sin ar bhealach gur eochair iad na meáin chumarsáide chun seilbh agus tuiscint a fháil ar ghnéithe traidisiúnta an chultúir Ghaelaigh a chuideodh chomh maith le hathshealbhú teanga seachas le foghlaim teanga. Mar sin féin tá sé tábhachtach gan na meáin mhionteanga a shainniú i dtuiscint an traidisiúin ionas gur féidir leo ardán a sholáthar don phobal dul i ngleic le cúrsaí laethúla comhaimseartha. Bheadh sé contúirteach na meáin mhionteanga a ionannú le scáthántacht chultúrtha amháin. Léirigh taighde gníomhach na tuarascála seo go bhfuil an t-ardán comhaimseartha sin do nuacht bheo ar na hardáin is mó éilimh i gcás na meán Gaeilge sa lá atá inniu ann, a thacaíonn le taighde Grin agus Vallincourt:

What we mean is that to the extent that minority languages almost always are associated with tradition, it is important to demonstrate that they are not trapped in it, and that they can also give access to aspects of everyday life that are usually associated with modernity. This stresses the potential of any language, as well as the dynamic aspects of culture, and television broadcasting is a key element of such a demonstration. ... Our point however is that language is a vehicle for human exchange and experience, particularly its cultural aspects, and that language can be used to express changing cultural values. Because culture is dynamic, and cultural values change, it would be misguided to assign to language, as its solo or main function, that of reflecting a culture as it manifests itself at a given point in time. (Grin agus Vallincourt 1999: 28).

Léiríonn tuiscintí Cormack mar aon le taighde Grin agus Vallincourt ar an mbéim ar léiriú pobail seachas an bhéim ar léiriú cultúir nó ar theanga amháin, an tábhacht a

ritheann leis an dara céim d'athbheochan teanga, is é sin sealbhú teanga mar phobal - seachas mar dhuine aonair. Feidhmíonn na meáin mar uirlisí pobail seachas mar uirlisí don duine aonair sa lá atá inniu an, agus ligeann siad don duine ballraíocht a ghlacadh sa phobal ionas gur féidir leo rud inteacht a thabhairt ar ais sa phobal:

The media may have a major role to play in the nurturing of 'cultural confidence' given that, 'The media these days is - perhaps rightly - partly concerned with making people feel that they belong in their culture and maybe could make a contribution.' (Aitchison 2007: 23).

I dtéarmaí praiticiúla luann *Straitéis Náisiúnta na Gaeilge 2010-2030* na pointí seo a leanas mar réimsí ar ghá forbairt a dhéanamh orthu chun feiceálacht agus úsáid na meán Gaeilge a fheabhsú:

- Dáileachán agus margaíocht i dtaobh na meán clóite:
 - Leanfar ar aghaidh ag cur táirgí traidisiúnta cosúil le nuachtáin, irisí agus leabhair ar fáil agus ag tacú leo, nuair is féidir a chruthú agus a fhíorú go bhfuil bealaí dáileacháin éifeachtacha ann agus go mbainfí díolacháin réasúnacha amach. Ní leor tacaíocht a bhaineann go príomha le táirgeadh na n-ábhar aon-mheáin seo a chur ar fáil gan tacaí dáileacháin agus margaíochta a bheith i bhfeidhm agus gan leibhéal réasúnta éilimh ón bpobal a bheith ann.
 - Rochtain éasca ag an bpobal ar ábhair chlóite i nGaeilge i siopaí nuachtán, i siopaí leabhar agus ar an idirlíon má tá todhchaí le bheith ann do litríocht agus d'iriseoireacht chlóite.
 - Tacófar le léamh agus le scríobh na Gaeilge le dlúthdhioscaí, DVDanna, closleabhair, agus meáin chlóite go gearrthéarmach agus go meántéarmach trí na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm.
- (SNG 2010: 51-2).

Chomh maith leis sin luaitear eagraíochtaí cultúrtha agus deonacha teanga agus na comhairlí contae, na gardaí, agus na fórsaí cosanta go sonrach mar struchtúir sa sféar poiblí ar chóir úsáid a bhaint astu chun úsáid na meán Gaeilge a chur chun tairbhe chruthú an phobail.

Modheolaíocht do chur le chéile na tuarascála

Bunaíodh cur le chéile na tuarascála seo ar na céimeanna seo:

1. Measúnú ar earnáil na meán Gaeilge i gcomhthéacs chruthú agus chothú phobal na Gaeilge;
2. Comhordú ar na páirtithe agus ar na heilimintí ar fad a shníonn an earnaíl seo le chéile chun an freastal is fearr ar phobal na Gaeilge trí na meáin chumarsáide a chinntiú;
3. Clár ama / Féilire na hoibre.

1. Measúnú

Bunaíodh critéir an mheasúnaithe ar na buncheisteanna taighde seo:

a. Buncheisteanna taighde

- An bhfuil ról ag na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne i sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann?
- Má tá ról acu, cén ról atá acu?
- Cad iad na critéir ar chóir úsáid a bhaint astu chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais an phobail i gcomhthéacs na meán Gaeilge?

- (i) *Cineál / rangú na hiriseoireachta agus na scríbhneoireachta i gcomhthéacs úsáid an fhórait;*
- (ii) *An spriocphobal a bhfuil an meán dírithe air;*
- (iii) *Caighdeán na hiriseoireachta agus gairmiúlacht na hearnála;*
- (iv) *Ábhar na meán Gaeilge clóite agus ar líne i gcomhthéacs chaomhnú an chultúir.*

- Cén maoiniú cothrom atá de dhíth chun tairbhe na meán Gaeilge a chinntiú i gcruthú pobail teanga agus cén tslí is fearr leis an maoiniú sin a roinnt?
- Cén straitéis ghearrthéarmach agus fhadtéarmach a mholfaí do chur i gcrích na moltaí?

b. Úsáid foinsí: Teoiricí, tuarascálacha, agus taighde acadúil ar fheidhm na hiriseoireachta agus na meán Gaeilge clóite agus ar líne. Cad is brí leis na meáin Ghaeilge clóite agus ar líne?

c. Measúnú ar cad atá ar fáil go ginearálta agus ar luach an mhaoinithe atá á chur ar fáil ag Foras na Gaeilge sa chomhthéacs sin.

d. Moltaí ar an bpleanáil atá de dhíth chun an tairbhe is fearr a úsáid as feidhm na meán Gaeilge i gcruthú phobal na Gaeilge.

Cur chuige agus modheolaíocht

- Taighde acadúil, anailís ar thuarascálacha, ar dhaonáirimh;
- Suirbhé ar an bpobal le fócas ar leith ar na hiriseoirí gairmiúla agus ar bhaill de phobal na Gaeilge a bhfuil a slí bheatha á saothrú acu trí mheán na Gaeilge;
- Agallaimh le daoine gairmiúla a bhfuil / a raibh baint acu leis na meáin Ghaeilge;
- Seimineár Lae ar riachtanais agus ar thodhchaí na meán Gaeilge;
- Taighde gníomhach ar líne ar a bhfuil ar fáil trí mheán na Gaeilge;
- Taighde gníomhach ar a bhfuil ar fáil do phobal idirnáisiúnta na Gaeilge;
- Taighde gníomhach ar a bhfuil ar fáil i dteangacha comparáideacha.

2. Comhordú

a. Cur le chéile liosta teagmhálaithe;

- Eagraíochtaí Gaeilge agus cultúrtha;
- Comhlachtaí agus rannóga stáit;
- Nuachtáin náisiúnta agus áitiúla;
- Scríbhneoirí agus iriseoirí;
- Oifigigh Ghaeilge;
- Pobal uirbeach na Gaeilge;
- Pobal na Gaeltachta;
- Aoisréimeanna éagsúla.

b. Cur le chéile an eolais ar a bhfuil ar fáil sna meáin Ghaeilge clóite agus ar líne;

- Cad atá ar fáil in Éirinn sna meáin Ghaeilge clóite agus ar líne?
- Cad ará ar fáil do phobal idirnáisiúnta na Gaeilge?
- Cad atá ar fáil i dteangacha comparáideacha?

c. Anailís ar phlé ón Seimineár Lae ar riachtanais agus ar thodhchaí na meán Gaeilge clóite agus ar líne, do phobal gairmiúil agus oideachasúil na meán Gaeilge, 13 Samhain 2010;

d. Anailís ar aiseolas ginearálta ó bhaill áirithe den phobal;

e. Cur le chéile agus anailís ar thorthaí an tsuirbhé;

f. Cur le chéile na tuarascála féin.

3. Clár ama / Féilire na hoibre

a. Lúnasa - Meán Fómhair 2010

- Measúnú teoiriciúil agus taighde;
- Cur le chéile liosta teagmhálaithe;
- Cur le chéile liosta ginearálta na meán Gaeilge clóite agus ar líne;
- Cur le chéile liosta ginearálta na n-iriseoirí Gaeilge;
- Earcaíocht bheirt chúntóirí taighde, Aoife Uí Fhaoláin agus Ruth Lysaght.

b. Deireadh Fómhair - Samhain 2010

- Ullmhúchán, reachtáil, agus bailiú an eolais ón Seimineár Lae ar Riachtanais agus ar Thodhchaí na Meán Gaeilge in Institiúid na hÉireann don Léann Daonna 13 Samhain 2010;
- Stiúradh, comhoibriú agus plé ar obair na gcúntóirí taighde.

c. Nollaig 2010- lár mhí Eanáir 2011

- Reachtáil agus anailís an tsuirbhé ar na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne;
- Comhordú, bailiú, agus cur le chéile an eolais eile atá bailithe go nuige seo;
- Comhordú agus anailís ar chainteanna agus ar eolas an tseimineáir lae;
- Agallaimh agus cainteanna le daoine a ndearnadh teagmháil leo agus a bhí toilteanach tuairimí a roinnt.

d. Eanáir - 18 Aibreán 2011

- Anailís ar shuíomh iomlán na meán Gaeilge clóite agus ar líne i bhfianaise agus i gcomhthéacs an eolais ar fad atá comhordaithe agus an taighde atá déanta;

- Dréachtadh moltaí ar shuíomh iomlán na meán Gaeilge clóite agus ar líne i bhfianaise agus i gcomhthéacs an eolais ar fad atá comhordaithe agus an taigdhe atá déanta;
- Cur le chéile agus scríobh na tuarascála;
- Cur i láthair do choiste nuachtán agus irisí Fhoras na Gaeilge móide plé ar thuairimíocht na tuarascála;
- Réiteach na straitéise agus plean cúig bliana;
- Eagarthóireacht agus foilsiú na tuarascála.

Cuid a dó

Taighde Gníomhach

Taighde gníomhach

Pléifear agus cuirfear torthaí an taighde a rinneadh ar chomhordú an eolais i láthair sa chuid seo den tuarascáil. Déanfar é seo faoi na réimsí seo a leanas:

1. Liosta teagmhálaithe;
2. Cad atá ar fáil?
3. Anailís ar thaighde cineálach agus cainníochtúil.

Nóta mínithe ar irisí / nuachtáin mhaoinithe agus cinn phríobháideacha

a. Déantar rangú de réir fhóraitm iriseoireachta seachas fóram maoinithe. Glacadh an cur chuige seo do chur i láthair an eolais i dtaobh a bhfuil ar fáil sna meáin chlóite agus ar líne ionas go dtuigfí suíomh iomlán na meán Gaeilge ó thaobh buneolais, agus i gcomhthéacs fhiúntas agus dhúshláin na bhfóram éagsúil mar aonad ann féin.

b. Tar éis chur i láthair an bhuneolais seo déantar scagadh ar an eolas eile cáilíochtúil a bailíodh trí shuirbhéanna, agallaimh, agus trí chainteanna an tseimineáir lae a réitíonn ardán le moltaí coincreideacha, straitéiseacha a dhéanamh a gheofar sa tríú cuid den tuarascáil seo, 'Moltaí agus Straitéis'.

1. Liosta teagmhálaithe

(Féach Aguisín 1)

I gcás phobal gairmiúil na meán Gaeilge dréachtadh liosta teagmhálaithe le tuairimí a fháil ar straitéis úr i leith riachtanais agus thodhchaí na meán Gaeilge clóite agus ar líne. Gheofar liosta na dteagmhálaithe seo in Aguisín a hAon. Cuireadh liosta de shonraí teagmhála le chéile ach níor cuireadh isteach sa tuarascáil seo iad murar bhain siad le heagraíocht phoiblí, nó le duine a mbeadh fáil ar na sonraí sin go poiblí aige.

2. Cad atá ar fáil?

Roinnfear an chuid seo den taighde suas i dtrí chatagóir:

2.1. Luach an chaiteachais: Cad atá ar fáil i gcomhthéacs mhaoiniú Fhoras na Gaeilge agus leagan amach na gcritéar measúnaithe ar an maoiniú úd;

2.2. Eolas agus anailís chuimsitheach ar cad atá ar fáil in earnáil na meán Gaeilge clóite agus ar líne sna fóraim seo a leanas:

- (a) nuachtáin náisiúnta Gaeilge;
- (b) Nuachtáin áitiúla / náisiúnta Béarla a bhfuil ábhar Gaeilge iontu (colún agus litreacha);
- (c) Irisí;
- (d) Fóraim eile eolais agus phobail - nuachtlitreacha agus blaganna;
- (e) Foinsí ar líne;
- (f) Freastal ar phobal idirnáisiúnta na Gaeilge.

Tá eolas gach fóram curtha i láthair i dtrí chuid:

- Sonraí;
- Fiúntas an fhórait;
- Dúshlán an fhórait;

Tá aon aiseolas breise fiúntach ón bpobal agus ó na hiriseoirí féin curtha i láthair nuair is gá mar eolas tanáisteach.

2.3. Forbhreathnú ar cad atá ar fáil in earnáil na meán mionteanga Eorpach.

2.1. Luach an chaiteachais:

- a. Cad atá á maoiniú ag Foras na Gaeilge?
- b. Leagan amach na gcritéar measúnaithe ar an mhaoiniú úd.

- a. Cad atá á maoiniú ag Foras na Gaeilge?

Ní dhéantar idirdhealú idir na meáin Ghaeilge atá maoinithe agus iad siúd atá mar chuid den earnáil phríobháideach, i gcur i láthair an eolais sa tuarascáil ach seo thíos liosta maoinithe Fhoras na Gaeilge faoi láthair:

**Tábla 2.1: Ábhar agus leibhéal an mhaoinithe*

	2009 - €	2010 - €
<i>An Sagart</i>	2,622	2,622
<i>An Timire</i>	3,326	3,326
Scéim Iris Leictreonach (<i>Beo</i>)	66,000	70,000
Scéim Iris Clóite (<i>Comhar</i>)	87,765	90,389
Scéim Nuachtán Seachtainiúil (<i>Foinse anuas go 31 Márta 2009 agus Gaelscéal ó Mhárta 2010</i>)	142,849	315,385
<i>An tUltach</i> (Iris eagrais - Comhaltas Uladh)	25,641 (£20,000)	22,472 (£20,000)
Gaelport (Nuachtlitir na Comhdhála)	15,000	15,000
<i>Feasta</i> (Iris eagrais - Conradh na Gaeilge)	45,000	48,500
	343,203	567,694
*SAOL (Nuachtiris mhíosúil phobal na Gaeilge)		

*Tá na figiúirí a d'úsáideadh don mheasúnú ar an earnáil don tuarascáil seo bunaithe ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge do na meáin chlóite agus ar líne don bhliain 2010 amháin;

**Tá SAOL (Nuachtiris mhíosúil phobal na Gaeilge) agus suíomh Fhoras na Gaeilge á maoiniú ag rannóg eile faoi bhuiséad inmheánach an tí féin.

b. Leagan amach na gcritéar measúnaithe ar an maoiniú úd:

Déanfar measúnú ar luach an chaiteachais de réir na gcritéar a leagadh amach roimhe seo sa tuarascáil seo, mar atá:

(i) Rangú nó cineál na meán Gaeilge i gcomhthéacs na bhfóram ar fad;

(Ceist: An bhfuil na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne ag freastal i gceart ar gach fóram agus réimse, le rochtain an phobail a chinntiú? Cad is gá a dhéanamh le feabhas a chur air seo?)

(ii) Spriocphobal agus dáileachán na meán Gaeilge clóite agus ar líne;

(Ceist: An bhfuil na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne ag freastal ar leibhéil éagsúla cumais sa teanga chun pobal a chothú? Cad is gá a dhéanamh le pobal a leathnú agus le hábhar cuí a chur ar fáil?)

(iii). Caighdeán agus muinín na n-iriseoirí as a ngairm, mar aon le cur i bhfeidhm na gcaighdeán gairmiúil;

(Ceist: An bhfuil na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne ar chaighdeán ard go leor iriseoireachta? Cad is gá a dhéanamh le feabhas a chur air seo?)

(iv) Ábhar na meán Gaeilge clóite agus ar líne i gcomhthéacs chaomhnú an chultúir agus na teanga;

(Ceist: An bhfuil na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne agus maoiniú Fhoras na Gaeilge ag comhlíonadh na gcuspóirí atá leagtha síos de réir ról agus fheidhm an Fhorais i gcúrsaí teanga?).

2.2. Eolas agus anailís chuimsitheach ar cad atá ar fáil in earnáil na meán Gaeilge clóite agus ar líne sna fóraim seo a leanas:

- a. nuachtáin náisiúnta Gaeilge;
- b. Nuachtáin áitiúla / náisiúnta Béarla a bhfuil ábhar Gaeilge iontu (colún agus litreacha);
- c. Irisí;
- d. Fóraim eile eolais agus phobail - nuachtlitreacha agus bloganna;
- e. Foinsí ar líne;
- f. Freastal ar phobal idirnáisiúnta na Gaeilge.

a. Nuachtáin náisiúnta Gaeilge

Gaelscéal

Sonraí:

- Nuachtán náisiúnta seachtainiúil clóite na Gaeilge a thagann amach gach maidin Aoine;
- Nuachtán náisiúnta seachtainiúil na Gaeilge ar líne a thagann amach gach Luan ar líne www.gaelsceal.ie
- Maoinithe ag Foras na Gaeilge, €1,600,000 deontas ceithre bliana ó Mhárta 2010. (Tagraíonn an €315,385 i dTábla 2.1 don tsoláthar buiséid ó Mhárta go Nollaig i 2010 amháin. Tairscint de €400,000 in aghaidh na bliana a bhí údaraithe ach bhí moill leis an chéad eagrán go dtí Márta agus níor tosaíodh ar íocaíocht an deontais go dtí sin);
- Is le comhlacht príobháideach darbh ainm Torann na dTonn teo. í *Gaelscéal*, tá an comhlacht seo ina pháirtíocht idir an *Connacht Tribune* agus Eo Teilifís, an comhlacht a dhéanann Rós na Rún;
- Tá an iris nós* ar fáil saor in aisce le *Gaelscéal* ag deireadh gach mí. Tá nós* neamhspleách go huile is go hiomlán i gcónaí ó *Gaelscéal*.

Fiúntas an fhórait:

Ábhar

- Tá cuma shnasta, tharraingteach ar an nuachtán seo ó thaobh deartha de agus tá leagan amach nuálach aige;

Caighdeán

- Duais buaite ‘Judges Special Recognition’ ag an *European Newspaper Design and Concept awards*. An dara dream riamh as Éirinn a bhain a leithéid;

Fóram

- Ciarán Dunbar, Eagarthóir *Gaelscéal*: 'Baintear úsáid as seirbhísí, acmhainní agus oifigí an *Eo Teilifís* agus *The Connacht Tribune* agus tá sé ar leas an pháipéir ar gach bealach. Is buntáiste ollmhór dúinn é seo go bhfuil muid bainteach leis an dá chomhlacht seo agus tá a gcuid luachanna gnó ar leas an fhoilseacháin. Creidim gur ábhar machnaimh é do na meáin Gaeilge go léir – b'fhéidir nach gá a bheith scartha go hiomlán'. (13.11.2010)

Dúshláin an fhóiraim (bunaithe ar aiseolas ar leith ón bpobal ar chóir aird a thabhairt air:

Ciarán Dunbar, Eagarthóir *Gaelscéal*:

Rangú nó cineál na meán Gaeilge i gcomhthéacs na bhfóram ar fad:

- Páipéar náisiúnta ach áitiúil í *Gaelscéal*;
- Ag freastal ar dhá ‘Jurisdiction’ agus dhá dhílseacht. Níl gach Gael ó dheas ag iarraidh léamh faoi chúrsaí an tuaiscirt agus tá a mhalairt fíor fosta;
- Ag iarraidh freastal ar mhionlach teanga ar fad agus ar an éagsúlacht atá mar chuid de sin. Mar shampla, tacaíonn Gaeilgeoirí le gach páirtí in Éirinn. Níl siad teoranta do dhearcadh amháin; (13.11.2010)

Spriocphobal agus dáileachán na meán Gaeilge clóite agus ar líne:

- Tá Gaeilgeoirí a thacaíonn le cearta teanga agus Gaeilgeoirí eile nach dtacaíonn leis an gcoincheap sin;
- Gaeilgeoirí atá ar son cúlú go dtí na Gaeltachtaí agus daingin a dhéanamh astu – daoine eile ar son leathnú amach san IarGhaeltacht;
- Daoine atá ag iarraidh go mbeadh an páipéar ina ‘ghnáthpháipear’, daoine eile ag iarraidh go mbeadh sé dírithe ar chúrsaí Gaeilge;
- Daoine ag iarraidh go mbeadh scéalta idirnáisiúnta a léamh i nGaeilge – daoine eile nach mbeadh;
- Dea-thoil an phobail de dhíth;
- *Deacrachtaí le nuachtán a bheith saor in aisce ar an idirlíon agus le ceannach i bhfoirm chlóite:* Tá bealach amháin eile dar ndóigh chun gach fadhb le dáileachán a sháru agus is é sin an tIdirlíon. Tá sé sa chonradh atá againn le Foras na Gaeilge go gcaithfidh muid an páipéar a bheith ar líne , saor in aisce maidin Dé Luain. Muidne, go bhfios dom, seachas nós* an t-aon fhoilseachán Gaeilge atá ar fáil ina iomláine ar líne. Sular ceapadh mise mar eagarthóir ar *Gaelscéal*, bhí mé go mór ar son a leithéide, fimíneacht ghlan a bheadh ann gan aontú leis anois. Ach cheana, cruthaíonn sé deacracht dúinn. Lig dom scéilín a arsaí daoibh, dúirt duine éigin liomsa cúpla seachtain ó shin ... “Is maith liom *Gaelscéal* go mór, léim gach seachtain é ... agus cheannaigh mé é cúpla uair freisin”. Anois, Tá páipéir ar fud an domhain ag cúlú siar taobh thiar dá chuid paywalls, gach rud ón *Wall Street Journal* go dtí *The Times* of London go dtí *The Western People*. Cha dtig leo airgead a shaothrú, nó teacht i dtír fiú agus a dtáirgí ar fáil saor in aisce. Muna féidir leis na fathaigh maireachtáil lena soláthar ar líne, cén dóigh arbh fhéidir le páipéar beag ar nós *Gaelscéal* an rud nár éirigh leo siúd a dhéanamh a dhéanamh? Cén duine beo a cheannódh rud atá ar fáil saor in aisce? Cinnte, tá an todhchaí ar líne ach má tá, caithfear an cheist a chur, conas is féidir íoc as ... ? Ní féidir linn. Sin an freagra simplí. Ach fuirigh go fóill, tá neart buntáistí ar fáil ar líne. Is féidir le Gaeil anseo in Éirinn agus thar sáile *Gaelscéal* a léamh go furast. Tá ard-léitheoireacht againn i SAM mar shampla agus ar fháth éigin sa Ghearmáin. Gan a bheith ar fáil ar líne, ní bheadh an tseirbhís ar fáil do na daoine sin. Tá mise ar son sin, tá *Gaelscéal* ar son sin, is iontach an rud é. A fhad is a thuigean daoine, agus maoinitheoirí go háirithe nach féidir

- linn airgead a shaothrú as agus go mbíonn drochthionchar aige ar dhíolachán. Tá sé iontach don Ghaeilge – ach go holc do *Gaelscéal*!;
- *Caighdeán na Gaeilge*: Déanann muidne gach iarracht a chinntiú go bhfuil an Ghaeilge chomh cruinn agus is féidir – ach le foireann beag agus breis is 100 scéal – gan na foscríbhinní a chur san áireamh fiú – tá obair mhór i gceist. (13.11.2010)

Aiseolas ón bpobal:

Caighdeán

- Cheisteofaí an polasaí eagarthóireachta. Ní léir i gcónaí go mbíonn an leathanach tosaigh tuillte ag go leor de na príomhscéalta a roghnaítear. Rómhinic a bhíonn na scéalta nuachta róthanaí nó as dáta (sampla de seo ab ea an cinneadh i Samhain 2010 scéal faoi cheapachán Mháire Killoran mar Stiúrthóir na Gaeilge a chur ar an leathanach tosaigh, ar a laghad seachtain tar éis do Nuacht TG4 an scéal sin a chraoladh);
- Mar phríomhnuachtán na Gaeilge, ba cheart go mbeadh iriseoireacht imscrúdaitheach ann ach níor foilsíodh mórán dá leithéid go dtí seo;
- Cé gur tháinig feabhas ar chaighdeán na Gaeilge le déanaí, bhí mórdheacrachtaí le ceart na Gaeilge ar dtús, tréimhse chinniúnach nuair ba chóir a bheith ag iarraidh léitheoirí a mhealladh seachas iad a chur ó dhoras le botúin ghramadaí agus litrithe;
- Cé go bhfuil an leagan amach nuálach (na rannóga éagsúla), bheifí amhrasach gurb é ceangal na gcúig gcaol é uaireanta; mar shampla, má bhíonn scéal le dealramh ann faoi chúrsaí oideachais, an gcuirfear thiar i dtreo an chúil é sa rannóg oideachais, nó ar an leathanach tosaigh?;
- Laige bhunúsach is ea nach bhfuil comhfhreagraí polaitíochta ag *Gaelscéal* agus nach bhfuil leathanach ceart léirmheastóireachta ann, mar a bhíodh ag an gcéad *Foinse* (John Walsh, Léachtóir ollscoile).

Foinse

Sonraí

- Nuachtán náisiúnta seachtainiúil mar fhorlíonadh de chuid an *Irish Independent* i mBaile Átha Cliath;
- Bliain ar an bhfód;
- www.foinse.ie

Fiúntas an fhórait

- Díolachán:
4,000 in aghaidh na seachtaine
40% den díolachán i gceantair Ghaeltachta;

- Tairbhe á baint as a bheith ag obair i gcomhpháirt le nuachtán náisiúnta an *Irish Independent* a bhfuil 550,000 léitheoir aige a chiallaíonn go bhfuil rochtain níos fearr ar an bpobal;
- Léiríonn taighde go mbíonn méadú de 100,000+ léitheoir gach seachtain ar an gCéadaoin toisc *Foinse* a bheith ann;
- Meascán d'ábhair;
- Gaeilge intuigthe agus foclóirí;
- Leagan amach tarraingteach;
- Comórtais spreagúla;
- Gléas oideachais do dhaltáí agus d'fhoghlaimeoirí (*Foinse Óg*, *Foinse sa Rang*, Cúpla focal);
- Ní fhaigheann *Foinse* aon mhaoiniú ó aon eagraíocht Ghaeilge ná ón Stát;
- Ag cur le léitheoireacht na Gaeilge;
- Ag cruthú deiseanna fostaíochta réadúla, nua-aoiseacha do bhaill de phobal na Gaeilge.

Orla Bradshaw, Iriseoir *Foinse*:

'Ní oibreoidh ailt fhada chasta dhoiléire a bhfuil togha na Gaeilge iontu ach gur beag duine atá in ann iad a léamh. Bhrúfadh ailt mar seo, daoine nach bhfuil sáreolas ar an nGaeilge acu ach a bhfuil suim acu sa teanga go dtí an imeall. Ní rachaidh an cineál sin nuachtáin i bhfeidhm ach ar líon bheag de phobal na Gaeilge, ní áirím an pobal i gcoitinne';

'Ní mór don scríbhneoireacht a bheith cruinn, soléite ach dul nádúrtha na teanga a bheith uirthi (Béarlachas a sheachaint). Ní mór don ábhar a bheith spéisiúil, faisnéiseach agus tarraingteach. Caithfear an t-ábhar a chur i láthair go snasta agus go proifisiúnta. Ba chóir go ndéanfaí plé ar raon leathan ábhar a mbeadh spéis ag an bpobal i gcoitinne iontu' (Seimineár Lae 13.11.2010).

Dúshlán an fhórait

- Ag brath ar thoil na hearnála príobháidí agus rath an nuachtáin a bhfuil baint aige leis, is é sin, *The Irish Independent*;
- Ionannú a dhéantar idir fealsúnacht an fhórait a bhfuil *Foinse* á sholáthar ann agus ábhar *Foinse* féin mar nuachtán 'neamhspleách' mar ghuth do phobal na Gaeilge. Ag filleadh ar na ceisteanna tosaigh - cad is brí le hoideachas, siamsaíocht, le heolas i bhfóram mar seo?;

- A bheith cúrámach nach bhfuil 'ar son na cúise' i gceist - suaitheantas dá chuid féin ar fad a chruthú agus díriú ar mhargadh ar leith nach ionann é agus nuachtán iomlán náisiúnta Gaeilge atá maoinithe ag bord stáit.

b. Nuachtáin áitiúla / náisiúnta Béarla a bhfuil ábhar Gaeilge iontu (colún agus litreacha)

The Irish Times

Sonraí

- *The Irish Times*: nuachtán laethúil náisiúnta (Baile Átha Cliath) a sholáthraíonn trí cholún Gaeilge in aghaidh na seachtaine.

Fiúntas an fhórait:

- Coinníonn an fóram seo an Ghaeilge feiceálach le rochtain an ghnáthphobail ar ábhar Gaeilge a chinntiú ar bhonn rialta (trí huaire in aghaidh na seachtaine do *The Irish Times*);
- Eagarthóir Gaeilge fostaithe ag *The Irish Times*;
- Aiseolas ón bpobal: 'Is é an colún seo an fhoinsé nuachta scríofa Gaeilge is tábhachtaí dá bhfuil ann. Tá níos mó léitheoirí aige ná mar atá ag na meáin Ghaeilge eile ar fad le chéile agus foilsítear ar an nuachtán is gradamúla sa tír é. Bíonn caighdeán na hiriseoireachta ard go ginearálta agus ní hannamh agallamh ann le hAire na Gaeltachta nó le pearsa thábhachtach eile i saol na Gaeilge. Mar sin féin, bíonn cuma an-institiúideach air uaireanta agus b'fhéidir go dtugtar an iomarca airde ar earnáil na Gaeilge féin. Cé gur maith an ní cuireadh a thabhairt do scríbhneoirí eile an colún a sholáthar go hócáideach, tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn an toradh as alt ar fad lena bhfuil ar siúl i saol na Gaeilge an tseachtain sin. Ní maith an mhaise do *Tuarascáil*, colún faoi chúrsaí filíochta a chur i gcló tráth dá bhfuil cor tábhachtach ag tarlú faoin Straitéis 20 Bliain nó a leithéid. Níor mhór a bheith ar an airdeall go bhfreagraíonn an colún do riachtanais nuachta na linne.' (John Walsh, Léachtóir ollscoile).
- Is fóram é a thugann poiblíocht d'imeachtaí Gaeilge;
- Blag seachtainiúil ag an eagarthóir Gaeilge ar www.irishtimes.com.

Dúshlán an fhórait

- Fóram coimeádach;
- Athrú struchtúir i gcomhthéacs an nuachtáin náisiúnta deacair a thomhais;
- Roghanna colúnaíochta v cúrsaí reatha, 'Crobhingne' mar shampla i gcomparáid le rogha níos leithne scríbhneoireachta.

The Irish News

Sonraí

- *The Irish News*: nuachtán laethúil i mBéal Feirste a sholáthraíonn leathanach iomlán Gaeilge ó Luan go hAoine gach seachtain;
- Nuachtán náisiúnach a bunaíodh sa bhliain 1891 le freastal ar phobal náisiúnach Bhéal Feirste go príomha;
- Bhíodh colún seachtainiúil ag Robert MacMillen ann sna 1990í ar bhonn saoririseora ach sa bhliain 2006 agus é fostaithe mar chuid d'fhoireann an nuachtáin, thosaigh sé ag cur dhá leathanach Gaeilge sa lá ar fáil - gan aon chabhair airgid ó fhoinsé ar bith;
- 'An tEolas' an teideal ginearálta a bhí air seo;
- Anois tá leathanach amháin á sholáthar agus 'An tEolas' mar theideal air i gcónaí;
- Ábhar Gaeilge a chlúdaíonn idir agallaimh le pearsana móra cáiliúla agus cheachtanna Ghaeilge;
- Robert MacMillen, Eagarthóir Gaeilge, *The Irish News*: 'Uair sa bhliain, cuireann *The Irish News* ceisneoir sa pháipéar agus ón aischothú, fuair muid amach go léann 9% de na daoine a d'fhreagair an ceisneoir. Léann siad 'An tEolas' beagnach i dtólamh. Ó léann 168,000 duine *The Irish News* ar bhonn laethúil, ciallaíonn sé sin go léann 15,120 dár lucht léitheoireachta 'An tEolas' '. (13.11.2010).

Fiúntas an fhórait:

- Coinníonn an fóram seo an Ghaeilge feiceálach le rochtain an ghnáthphobail ar ábhar Gaeilge a chinntiú ar bhonn laethúil ag *The Irish News*;
- Eagarthóir Gaeilge fostaithe ag *The Irish News*;
- Blag seachtainiúil ag an eagarthóir Gaeilge ag an *Irish News*;
- Claonadh idirnáisiúnta agus náisiúnta (agallaimh le Murat Kurnaz, ar Shirvin Zeinalzadeh, cuir i gcás) a thugann teachtaireacht gur féidir iliomad agus rogha d'ábhar a phlé trí mheán na Gaeilge sa sféar poiblí agus a aithníonn fiúntas an ábhair i gcónaí mar atá luaite i gcás na nuachtán eile go nuige seo;
- Ábhar éadrom siamsaíochta á chlúdach aige fosta, agallaimh le daoine ar nós, Angelina Jolie, Stephen Spielberg, Michael Caine, Meryl Streep, Matt Damon;
- Leathanach don óige, leathanach spóirt, leathanach do na healaíona, leathanach do ghnéithe popchultúir;
- Teanga shimplí inléite agus nach gá a bheith casta de thoisc gur colún atá ann, seachas nuachtán iomlán ach gur colún é atá taobh istigh de nuachtán a

fhreastalaíonn ar phobal a mbeadh bá aige leis an nGaeilge mar uirlis chultúrtha agus fhéiniúlachta;

- Feabhas an eagarthóra Gaeilge: Tá cuid den 'tsúil eile' aimsithe ag Robert Mc Millen féin:

Scéal 1: 'Nuair a bhí an scairt críochnaithe, d'oscail mé mo phost agus bhí cárta ansin ón Duchess of Abercorn, ag tabhairt buíochais dom as alt a scríobh mé ar thogra dá cuid, The Pushkin Prize. Tá an Bhandiúc ina heagraí do scéim scríbhneoireachta chruthaithigh baiste as gaol dá cuid, an scríbhneoir Rúiseach Aleksandr Pushkin.';

Scéal 2: 'Scríobhann daltaí bunscoile agus meánscoile chugam le scéalta beaga fána saoil agus cuirim i gcló iad; dúirt leascheannaire an SDLP, Patsy McGlone, liom gur bhuail sé le fear thuas sna cnoic, sna Speiríní, a raibh gach alt de mo chuid gearrtha amach as an pháipéar agus coinnithe aige; dúirt iarchéime Pobláchnach gur ghearr seisean na colúin amach le linn do bheith sa Cheis Fhada agus gur chuir sé chuig cara dá chuid i Meiriceá iad.';

Scéal 3: 'I mí Iúil na bliana seo, ar leathanach an Luain, The Bluffer's Guide to Irish, scríobh mé na frásaí a bheadh de dhíth ar bhall Gaelach den Ord Oráisteach! I modh grinn, ar ndóigh, ach an lá dár gcionn, fuair mé scairt ghutháin ó fhear a dúirt liom gur fear buí a bhí ann agus in áit tabhairt amach dom, dúirt sé go raibh ceathrar nó cúigear ina lóiste féin a raibh an-suim acu sa Ghaeilge.' (13.11.2010).

Dúshlán an fhórait:

- Rochtain ar phobal uile-oileánda na Gaeilge;

Metro Ireland

Sonraí

- Colún Gaeilge dírithe ar phobal inimirceach na hÉireann mar aon le gnáthphobal na hÉireann.

Fiúntas an fhórait seo

- Sroichtear pobal 'nua' le Gaeilge in Éirinn agus cothaítear an Ghaeilge i bhfóram ilteangach.

Dúshlán an fhórait seo:

- Deacair a mheas go fóill mar tá sé róluath.

Gnáthnuachtáin áitiúla

Sonraí

- Nuachtáin áitiúla agus réigiúnacha a sholáthraíonn sleachta ó scríbhneoirí deonacha idir iriseoirí agus scríbhneoirí a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge (tuairim is 15 nuachtáin i gceist de réir taighde a rinneadh i mí Iúil 2007. Féach Aguisín 3 ina bhfuil liosta de na nuachtáin áitiúla a raibh ábhar Gaeilge iontu i 2007 le fáil);

Fiúntas an fhórait seo

- An Ghaeilge feiceálach do ghnáthphobal na hÉireann agus ag plé le gnéithe a bhaineann le pobal na hÉireann i gcoitinne;
- Ábhar léitheoireachta á sholáthar do ghnáthphobal na hÉireann trí mheán na Gaeilge.

Dúshlán an fhórait:

- Béim ar ábhar léitheoireachta trí mheán na Gaeilge agus ar chúrsai teanga dá réir in áit ar eolas, ar nuacht, agus ar anailís cheart iriseoireachta a sholáthar a dhéanann beag is fiú d'fheidhm chumarsáide na meán Gaeilge;
- Easpa éilimh: De réir an eolais ón suirbhé ar na meáin níor lorg ach céadatán íseal ábhar Gaeilge i ngnáthnuachtáin áitiúla a léiríonn ar bhealach nach bhfuil éileamh a thuilleadh ar an ábhar 'ar son na cúise'. Má táthar chun an Ghaeilge a chur chun cinn trí na meáin áitiúla caithfear teacht ar scéim eile chuige seo;
- Gné den 'chúiseachas'.

Nuachtáin áitiúla Gaeltachta

Goitse!

Sonraí

- *Goitse!* Nuachtán míosúil réigiúnach i dTír Chonaill ag freastal ar phobal Gaeltachta;
- Tá Danny Brown agus Caomhán Ó Scolaí ina n-eagarthóirí air;
- Páipéar áitiúil agus chuaigh an chéad eagrán amach chuig na siopaí ar an Aoine, an 23ú lá de mhí Aibreáin 2010;

- 16 leathanach ildaite;
- Nuacht, cúrsaí cultúrtha agus litríochta, cúrsaí spóirt; gnéithe éagsúla de shaol Ghaeltacht Dhún na nGall;
- Spriocphobal de réir Danny Brown: 'Tá muid ag riar don cheantar a dtugtar na Trí Paróistí air. Is é sin Gaoth Dobhair, Cloch Cheannfhaola agus na Rosa, an ceantar Gaeltachta is mó sa chontae';
- Ní fhaigheann sé aon mhaoiniú ach tá tacaíocht mhór ó eagraíochtaí sa cheantar, Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair, Raidió na Gaeltachta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge;
- Iaririseoir le *Lá Nua* é Danny Brown;
- Eagrán míosúil ag súil le forbairt go heagrán in aghaidh na coicíse;
- Nuachtán canúnach: 'Chinn muid ón tús go ndéanfaimís ár ndícheall Gaeilge Dhún na nGall, canúint na háite, a úsáid sa pháipéar agus gan cloí leis an Chaighdeán Oifigiúil. ... Tá sin tábhachtach againn mar, má tá leisc ar dhaoine Gaeilge a léamh, ar a laghad tuigfidh siad an méid atá scríofa ina gcanúint féin.'

Fiúntas an fhórait

- Fóram ceart cumarsáide i dteanga an phobail á sholáthraíonn seirbhís do riachtanais an phobail Ghaeltachta go hiomlán;
- Freastal ar phobal, seachas airgead nó brabach a dhéanamh as an togra a chéadspreag iad agus atá, mar sprioc acu i gcónaí;
- Cothú na léitheoireachta: 'Dúirt daoine linn nach n-éireódh leis de thairbhe nach mbíonn duine ar bith ag léamh as Gaeilge. Tá sé cruthaithe againn nach bhfuil sin fíor. Agus má léann siad *Goitse* i dTír Chonaill, níl fáth ar bith nach léifeadh siad páipéirí eile, ach an t-ábhar a bheith fóirsteanach. Agus níl fáth ar bith ach an oiread nach mbeadh páipéar áitiúil i gConamara, i Múscraí, i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste.' (Danny Brown).

Dúshlán an fhórait

- Pobal na Gaeltachta a chur ag léamh trí mheán na Gaeilge seachas trí mheán an Bhéarla, go háirithe do ghnáthscéalta nuachta, eolais agus siamsaíochta;
- Scileanna deartha ag Caomhán Ó Scolaí: Danny Brown: 'Ba chuma caidé chomh dona leis an iriseoireacht, bheadh cuma páipéar nuachta air!'
- Soláthar ábhair;
- Deir an bheirt acu atá ina bhun go bhfuil easpa eolais acu ar chúrsaí gnó.

c. *Irisí eile (*An Timire, An Sagart. Comhar, Feasta, An tUltach*, irisí ag freastal ar an bpobal ginearálta i bhfórait eile)

*Is léargas é seo ar a bhfuil ar fáil ach ní chlúdaítear irisí ollscoile anseo mar tá an fóram sin ag freastal ar phobal institiúideach ar leith nach bhfuil an tuarascáil seo dírithe air go príomha.

(i) Urraithe ag Foras na Gaeilge

Feasta

Sonraí

- Iris mhíosúil bunaithe i 1948;
- Athbhreithniú bliantúil ar dheontas €48,500 ó Fhoras na Gaeilge;
- Iris liteartha Chonradh na Gaeilge;
- Bunábhar litríochta, plé agus siamsaíochta.

Fiúntas an fhórait

- Dírithe go huile ar phobal na Gaeilge agus fóram aitheanta le 63 bliain anuas;
- Ardán a thabhairt do litríocht agus do scríbhneoireacht na Gaeilge;
Pádraig Mac Fhearghusa, Eagarthóir *Feasta*: 'Chun go mairfidh pobal na Gaeilge is gá irisí a bheith mar ardáin acu, agus is gá go mbeidh litríocht á cumadh sa teanga chun go gcuirfí tuiscintí agus mothucháin an phobail sin in iúl. Is gá don phobal a thuiscint chomh maith gur riachtanas é go gceannófaí irisí agus go léireofaí éileamh orthu.'

Dúshlán an fhórait

- Spriocphobal cúng léitheoireachta;
- Ábhar a leathnú agus a shainmhíniú níos fearr i gcomhthéacs idé-eolaíocht na heagraíochta a chlúdaíonn cultúr nó litríocht nó pé ábhar eile;
- Tá féidearthachtaí móra le tréimhseachán mar seo ach is gá an spriocphobal a shainmhíniú.

Comhar

Sonraí

- Iris mhíosúil bunaithe i 1942;
- Maoinithe mar iris Ghaeilge ag Foras na Gaeilge trí dheontas bliantúil €90,389 tiomanta go dtí mí an Mheithimh 2011;
- Suíomh ar líne www.comhar.ie

Fiúntas an fhóiraim:

- Fóram fiúntach do scríbhneoirí úra agus do litríocht na Gaeilge;
- Cur chuige nuálach le heagraíocht chomórtha ar leith;
- Aiseolas ón bpobal: 'Tá feabhas as cuimse – ó thaobh deartha agus ábhair – tagtha ar *Comhar* ó athsheoladh an iris le bliain nó dhó anuas. Tá scoth na scríbhneoirí aici as gach cearn den domhan. Go minic is scríbhneoirí óga nua iad seo nach bhfuil ach ag tosú ar an gceird. Tá sé an-tábhachtach go mbeadh ardán ar fáil dóibh agus cuireann *Comhar* a leithéid ar fáil. Bíonn an-samhlaíocht agus an-chruthaitheacht san ábhar go minic agus tugtar go leor spáis don léirmheastóireacht. Ní thuigim cén fáth nach mbíonn eagarfhocal ann gach mí; chuirfeadh a leithéid go mór le stádas na hirise. Go deimhin, d'áiteoinn gur bunriachtanas é. D'fhéadfaí díriú ar ábhair éagsúla ó mhí go mí chomh maith; táim in amhras an oibríonn an manglam d'fhillíocht, de phrós agus de cholúnaíocht i gcónaí. D'fhéadfaí díriú ar chúrsaí reatha mí amháin agus ar litríocht chruthaitheach an chéad mhí eile. Is trua nach bhfuil fáil níos forleithne ar *Comhar* ach is maith an ní go bhfuil láithreán idirlín aici faoi dheireadh.' (John Walsh, Léachtóir ollscoile)

Dúshlán an fhóiraim:

- Dáileachán agus fáil ag pobal na Gaeilge ar an iris;
- Struchtúr an ábhair.

An tUltach

Sonraí:

- Iris mhíosúil teanga le Comhaltas Uladh;
- Maoiniú £20,000 ag Foras na Gaeilge agus athbhreithniú bliantúil;
- 'Tá *An tUltach* ag cothú phobal na Gaeilge agus scríbhneoirí ó bhí 1924 ann. Tá sí ar an iris Ghaeilge is faide ar an saol gan bhriseadh.[sic] Tugadh ardán do na scríbhneoirí móra Ultacha ann thar na blianta – Seosamh Mac Grianna, 'Máire' agus Niall Ó Dónaill ina measc. Foilsítear ábhar le scríbhneoirí ár linne féin sa lá atá inniu ann – Gréagóir Ó Dúill, Cathal Ó Searcaigh, Gearóid Mac Lochlainn agus mórán eile. Cuirtear ábhar ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus scoileanna, bíonn agallaimh ann le daoine atá i mbéal an phobail agus pléitear ceisteanna móra an lae.'

(<http://antultach.wordpress.com/2011/01/05/>)

Fiúntas an fhóiraim:

- Seirbhís fhiúntach á soláthar ar phobal ar leith agus ag éirí go maith leis an iris freastal ar chanúintí an tuaiscirt agus an iarthuaiscirt sa chomhthéacs sin agus i gcomhthéacs an eagrais, Comhaltas Uladh.

Dúshlán an fhóiraim:

- Rochtain ar phobal uile-oileánda;
- Ábharthacht do phobal uile-oileánda.

An Sagart

Sonraí:

- Tréimhseachán spioradálta Gaeilge ceathrúnach (quarterly);
- Maoiniú €2,622 ag Foras na Gaeilge agus athbhreithniú bliantúil;
- 0.46% de mhaoiniú na meán clóite agus ar líne ag Foras na Gaeilge á chaitheamh ar an iris seo;
- Tá an t-ábhar dírithe ar ghnéithe traidisiúnta agus spioradálta go príomha. Chuige sin tá an t-ábhar feiliúnach don phobal a bhfuil an iris ag freastal air.

Fiúntas an fhóiraim:

- Ainneoin gur spriocphobal cúng le figiúirí ísle dáileacháin é, tá pobal cinnte aimsithe agus á shaothrú ag an bhfóram iriseoireachta seo faoi láthair;
- Tá *An Sagart* ag díriú ar ghné thraidisiúnta an phobail mar iris spioradálta agus tá bearna á líonadh aige do phobal ar leith atá traidisiúnta ó thaobh luachanna pobail agus ó thaobh labhairt na teanga;
- Tá suíomh maith ag an teach foilsitheoireachta seo a chiallaíonn go bhfuil sé ag freastal ar phobal dúchais Gaeltachta mar aon le pobal saineúil na hirise féin, a sholáthraíonn deiseanna forbartha.

Dúshlán an fhóiraim:

- *An Sagart* a bheith níos feiceálaí ar an suíomh féin mar tá an chosúlacht ar an suíomh go bhfuil éiginnteacht ann go bhfuil sé i gcló i gcónaí;

- Leathnú amach a dhéanamh ar an tseirbhís phobail atá á soláthar ag an iris siocair go bhfuil sé de bhuntáiste aici go bhfuil sí lonnaithe i nGaeltacht Chiarraí chomh maith. B'fhiú tógáil ar na buntáistí a bhaineann lena leitheid de shuíomh.

Timire an Chroí Naofa

Sonraí

- Bunaíodh í sa bhliain 1911. Tá Alan Mac Eochagáin C.Í. ina eagarthóir ar *An Timire* faoi láthair;
- Is é aidhm *Timire an Chroí Naofa* an "ghluaiseacht Ghaeilge a nascadh le spioradáltacht Éire de réir meon dara Comhairle na Vatacáine";
- Is tréimhseachán spioradálta Gaeilge ceathrúnach é (quarterly);
- Maoiniú €3,226 Foras na Gaeilge agus athbhreithniú bliantúil.

Fiúntas an fhóiraim:

- Ainneoin gur iris í atá ar na cinn is sine ar an bhfód in Éirinn tá cur chuige spreagúil, nuálach á chur i bhfeidhm ag foireann eagarthóireachta na hirise. Tá substaint agus úire san ábhar agus tá féidearthachtaí ann tógáil air seo mar ardán chun dearcadh agus cur chuige forásach a sholáthar don chéad ghlúin eile de phobal na Gaeilge agus go háirithe don aos óg.

Dúshlán an fhóiraim:

- Pobal léitheoireachta cúng siocair go n-ionannaítear an iris le cúrsaí diagachta amháin.

SAOL

Sonraí

- Nuachtiris mhíosúil Fhoras na Gaeilge agus phobal na Gaeilge sa bhaile agus thar sáile;
- Maoiniithe faoi bhuiséad an tí;
- www.gaeilge.ie/saol

d. Fóraim eile eolais agus phobail:

*Féach ar Aguisín 2 agus 3 sa tuairisc seo, áit a bhfuil na liostaí seo a leanas curtha le chéile:

Aguisín 2: Rogha shamplach de na meáin chlóite / ar líne in Éirinn a bhfuil Gaeilge iontu (Aoife Uí Fhaoláin);

Aguisín 3: Rogha shamplach na nuachtán clóite náisiúnta agus cúigeach in Éirinn a raibh Gaeilge iontu (Gearóid Trimble 2007);

Nuachtlitreacha ar leith a thángthas orthu i rith an taighde seo

Glór Chonamara

The plight of some sixty-odd Connemara fishermen, who had allocated grants snatched from them at the last moment earlier this year will be discussed by a countrywide delegation of Údarás na Gaeltachta board members when they meet with the Minister for Marine.



The plight of the fishermen arose recently at a meeting of Bord lascaigh Mhara officials and those present agreed to send a written protest to the Department containing recommendations to the Minister.

However Seosamh Ó Cuaig, who has recently thrown his hat into the electoral ring, felt this was not enough and suggested that a delegation from Údrás, representing the fishermen, should seek to lobby The Minister, Mr. Dermot Ahern, This was agreed upon by all present.

"The men concerned had their funding allocated, and then taken away again without any notice whatsoever being given. This goes against all sense of what is right and what is wrong. "

The delegation will visit the Department of Communications, Marine and Natural Resources on June 17th.

Ó Cuaig says that there is cross-party support among the fishermen and that there will be a scheme of some sort hammered out, but that it is essential that the best possible deal is brokered on behalf of the fishermen

The cross-party delegation will be led by elected Board and Council Independent election candidate, Seosamh Ó Cuaig, who will be accompanied by outgoing Chairman of Donegal Co. Co., Daithi Alcorn, FF. and Waterford Údarás member, Fiachra Ó Céilleachair, Lab.

The controversy arose in January of this year when sixty or so inshore fishermen who had been allocated grants in order to work Connemara coast were suddenly informed that

"It was obvious that all the members at that meeting felt very strongly that these fishermen had been very hard done by", Ó Cuaig told Glór Chonamara. *"Sixty or more men in Connemara alone have had the means of making a livelihood, of providing for their families, snatched away from them by some illogical European Union ruling. It is a decision that defies rational thinking - it makes no sense whatsoever."*



The grants, to cover the cost of acquiring a sea-worthy currach, engine and equipment to assist raising lobster pots, were immediately withheld by Dept of Marine officials who argued that they had no choice in the matter. The decision led to a large number of fishermen attempting to picket a gathering of EU Social Affairs last January during which one fisherman was arrested.

"I raised the matter with the Minister while he was on a visit to Ros a'Mhíl recently, and he agreed there was a problem. 'There is a problem there, and we must look at it', he told me, and said his officials were discussing the matter. I accept there are elections in ther off, but I hope this is more than just an election promise.

Nuachtlitir Rath Cairn

[illegible]

e. Foinsí ar líne

(i) Maoinithe ag Foras na Gaeilge:

Beo.ie

Sonraí:

- Is faoi chúráim Oideas Gael a bunaíodh in 1984 agus atá lonnaithe i nGleann Cholm Cille i nDún na nGall atá *Beo.ie*;
- Seoladh *Beo.ie* i mí na Nollag 2001;
- Eagarthóirí go nuige seo: Éamonn Ó Dónaill (2001-7), Caoimhe Ní Laighin (2007-9); Seosamh Ó Muirí (2009-go nuige seo);
- Coiste stiúrtha: Liam Ó Cuinneagáin, (Stiúrthóir, Oideas Gael), Seosamh Mac Muirí, (Eagarthóir, *Beo.ie*), Siobhán Ní Churraighín, (Oideas Gael), Gearóidín Nic Congail, (Oideas Gael); Michal Boleslav Měchura, (an t-aitire eolais don tsuíomh);
- Deontas €70,000 in aghaidh na bliana d'iris leictreonach tiomanta go Nollaig 2012;
- Léitheoirí:

Staitisticí léitheoireachta:

Seosamh Ó Muirí, Eagarthóir, *Beo.ie*: 'Tá timpeall is 10,000 'sainchuaireoir' rialta ag *Beo!* Is é sin, daoine iontu féin a bhíonn á úsáid, ach ina choinne sin, b'fhéidir go mbeadh an duine céanna isteach ar an tsuíomh sa bhaile agus san obair gach ré seal, .i. dhá ríomhaire dhifriúla agus aon chuairteoir amháin, ach más ea, ní féidir a oibriú amach. In aon mhí ar leith sa Gheimhreadh, bíonn suas le 6,000 sainchuaireoir (bhí 5432 sainchuaireoir le mí anuas) agus 24,421 'Pageviews'. Ar an mheán, beidh tuairim is 3 'page visit' ag an chuairteoir. Méadaíonn na cuairteanna go 9,000 sainchuaireoir i mí Bealtaine & i mí an Mheithimh nuair a bhíonn suas le 50,000 buille leathanaigh (le scrúduithe Ollscoile, Coláistí Oiliúna, Ardteist srl.), mar go mbíonn ailt as *Beo.ie* in úsáid ar théacsanna, ar pháipéir scrúdaithe agus sna teaglanna ollscoile/coláiste.' (13.11.2010).

Pobal léitheoireachta:

Spriocphobal: An Ghaeltacht, An Iar-Ghaeltacht agus Thar Lear;
Seosamh Ó Muirí, Eagarthóir, *Beo.ie*: In Éirinn atá an chuid is mó dá léitheoirí. 'Bíonn scór go leith léitheoirí seasta isteach ar an tsuíomh as Moscó. Is léir ar léarscáil Google Analytics go bhfuil léitheoirí i dtíortha na hÁise, tuaisceart na hAfraice ar fad, agus ar fud an domhain go bunúsach, ach is léir fosta go bhfuil bearna bheag i lár Mheiriceá Theas (thart ar Pheiriú, Urugua agus Paragua) agus go bhfuil bearna mhór i lár na hAfraice. D'easpa idirlín, b'fhéidir, a bheadh míniú ar bhearna lár na hAfraice, ach is féidir gur easpa teagmhála leis an domhan lasmuigh de shaol an Bhéarla is bun le bearna na

hÁise faoin Afaganastáin, Táidsíceastáin agus i Meiriceá Theas, mar taobh amuigh d'Éirinn, is i ndomhan an Bhéarla amháin, an Bhreatain agus i SAM, atá an dara líon láidir léitheoirí le feiceáil.'

Ábhar na hirise: Cúrsaí reatha na Gaeilge agus uirlis oideachais don eagraíocht chultúrtha, Oideas Gael.

Seosamh Ó Muirí, Eagarthóir, Beo.ie: 'Tagann ailt isteach go seasta chugainn as an Astráil (Bearnaí Ó Doibhlin), An Fhrainc (PJ Mac Gabhann), as an tSeapáin (Maidhc Ó Cathail), as SAM (Brian Ó Broin srl.), as an Bhreatain (Tony Birtill srl.) agus as Meiriceá Theas (Alex Hijmans)'; I dtaca le hábhar, bíonn gné-ailt agus tráchtairacht ar chúrsaí reatha náisiúnta is idirnáisiúnta againn agus bíonn colúnaithe go rialta ag cíoradh cúrsaí polaitíochta, cúrsaí taistil, cúrsaí spóirt, teicneolaíocht, ceol, litríocht, scannáin agus léirmheasanna, teangacha, cúrsaí timpeallachta, oideachas, na meáin, greann agus eile. Ina measc siúd a thug Agallamh na Míosa do *Beo.ie*, bhí - Cathy Jordan, Kevin Myers, An tUachtarán, Louis de Paor, Clíona Ní Chíosáin, Donal Lunny, Des Bishop, Katie Taylor chomh maith le breis is céad duine eile.' (13.11.2010).

Fiúntas an fhórait:

- Cartlann Beo.ie agus Potafofocal.com;
- Seosamh Ó Muirí, Eagarthóir, Beo.ie:
An Ghluais Bhéarla: 'Thig leis an léitheoir an ghluais a chur ann, nó a chur as, nó a chur leath ann is as, ó tháinig an dearadh úr i bhfeidhm an samhraidh seo 2010. Ní bhíonn le déanamh chuige sin, ach cnaipe a bhrú in uachtar ar an chéad leathanach. Bítear i dtólamh ag iarraidh a bheith simplí, soiléir agus soléite tharla gur díriodh *Beo.ie* ar an fhoghlaimeoir ón tús. Má táthar ag iarraidh téagar nó saibhreas éigin a roinnt leis na léitheoirí ar an láimh eile, is ag oibriú in éadan na simplíochta a bheas tú chomh maith. Creidim go socraíonn dalladh gluaiseanna a chuirtear anuas trí achan alt an deacracht sin, mar chomh maith leis an fhoghlaimeoir a shásamh, caithfidh tú an t-iarfhoghlaimeoir agus an sárléitheoir a shásamh fosta, nó ní fhanfaidh siad leat. Thig leis an léitheoir cumasach fáil réitithe den ghluais ar fad má chuireann sé isteach ar a shásamh léitheoireachta.';
- *An Chartlann:* 'Braithim gurb í an Chartlann ceann de na gnéithe is tairbhí a bhaineann le hiris chomhaimseartha mar *Beo.ie*. Tá cartlann chuimsitheach d'ábhar na hirise cruinnithe in imeacht na mblianta. Faoin am seo tá 115 eagrán le breis is 2180 alt curtha ar fáil ag *Beo.ie* agus tá teacht orthu sa Chartlann. Cumadh focail le theacht leis na hathruithe teicneolaíochta i rith an ama sin (naoi mbliana).' (13.11.2010).

Dúshlán an fhórait:

- Seirbhís shásúil idirlín;
- Deacrachtaí foclóireachta (féach ar ráitis an eagarthóra);
- Cúrsaí agus litriú canúna v an caighdeán;

- Dúshlám eagarthóireachta i gcomhthéacs ghanntanas foirne agus spriocanna le baint amach;
- Ganntanas scríbhneoirí ban;
- Easpa eolais an phobail ar a bhfuil ar fáil.

www.gaelport.ie

- Nuachtlitir leictreonach ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge
- Maoiniú bliantúil de €15,000 ó Fhoras na Gaeilge agus athbhreithniú bliantúil;
- Niamh O'Sullivan, *Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge*: 'De réir na staitisticí atá againn don bhliain seo (Eanáir –Mí na Nollag 2010) rinne 2,000,000 cuairteoir ar an suíomh Gaelport.com (NB Tá líon na n-amas i bhfad níos airde ná sin)';
(Agallamh ríomhphoist, 8 Nollaig 2010).

Fiúntas an fhórait:

Niamh O'Sullivan *Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge*:

- 'Measaim go mbíonn an-suim ag daoine i rudaí nuálacha agus forbairtí a chuireann le cumas teanga. Mar sin bíonn an-tóir ar scéalta áirithe maidir le suímh idirlín nua, áiseanna ar líne nua agus táirgí nua ar nós 'Bábóg Baby', 'Scrabble' as Gaeilge. Toisc go bhfuil an suíomh dírithe ar phobal mór ní chuireann léitheoirí an oiread sin suime i gcúrsaí áitiúla ach foilsítear na scéalta sin ag an am céanna de bharr go bhfuilimid ag iarraidh freastal ar gach pobal idir beag agus mór.';
- 'Tá an margadh plódaithe go maith faoi láthair agus is dócha go mbainim an-leas as na láithreáin líonraithe shóisialta chun an t-eolas a scaipeadh faoina bhfuil ar Gaelport.com, m.sh. ar *Twitter* tá os cionn 600 leantóir againn faoi láthair agus cuireann *Twitter* agus *Facebook* go mór leis na hiarrachtaí chun an suíomh a phoibliú agus a chur i mbéal an phobail. Anuas air sin, bímid ag díriú ar SEO. (Search Engine Optimization nó optamú inneall cuardaigh).'
- 'Ba bhreá linn cur leis na seirbhísí le go mbeadh eolas níos úire agus níos éagsúla ar fáil ann ach de bharr go bhfuil acmhainní gann agus go bhfuil foireann an-bheag ag plé leis an suíomh go laethúil, beimid ag díriú ar na bealaí is fearr feabhas a chur ar na seirbhísí atá againn agus iad a fhorbairt níos mó.' (Agallamh ríomhphoist, 8 Nollaig 2010).

Dúshlán an fhórait:

Niamh O'Sullivan *Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge*:

- *Na meáin Bhéarla ar líne v Gaelport*: 'Ní dóigh liom go bhfuil an oiread sin iomaíochta idir RSS Gaelport agus RSS a bhíonn ann i mBéarla de bharr nach bhfuil seirbhís eolais ar comhchéim leis ag soláthar eolais faoi earnáil na Gaeilge as Béarla má thuigeann tú leat mé.' (Agallamh ríomhphoist, 8 Nollaig 2010).

www.gaeilge.ie

- Suíomh oifigiúil Fhoras na Gaeilge;
- Príomhshuíomh do phobal na Gaeilge le féilire imeachtaí;
- Maoiniithe faoi bhuiséad an tí.

(ii) Ábhar eile nach bhfuil maoinithe ag Foras na Gaeilge

*nos**

Sonraí



- Eagarthóir Tomaí Ó Conghaile;
- Eagrán míosúil ar líne curtha amach le *Gaelscéal*. Foilsítear forlíonadh speisialta *nos** mar chuid den nuachtán náisiúnta *Gaelscéal* ar an Aoine dheiridh de gach mí;
- Nosmag.com - Baintear usaid as Wordpress;
- Seolta ar líne i Márta 2008, agus á fhoilsiú i gcló gach mí ó Eanáir 2009.

Fiúntas an fhóiraim:

- Graifíc agus dearadh maith tarraingteach – fadhbanna le híoslódáil scaití;
- Tomaí Ó Conghaile, Eagarthóir *nos**: 'Tugann *nos** léargas leithleach ar shuímeanna coitianta an lae inniu, ó cheol go scannán, teicneolaíocht go taisteal, stíl agus eile. Curtha le chéile ag foireann bheoga, tá dearadh agus ábhar comhaimseartha na hirise ag mealladh pobal fuinniúil léitheoirí atá ag fás i gcónaí, in Éirinn agus thar lear.' (13.11.2010).



scéalta is déanaí



scéalta eile



stíl - 07.10.2010
Féile na bhFéasóg



blog nós* - 24.09.2010
Éabhlóid ar an Réabhlóid



beatha - 24.09.2010
Comhairle do leasa!



teic - 24.09.2010
Roinn do ghrianghraif Ghaelacha!

[scéalta níos sine »](#)

CEANGAIL LINN!



IS MÓ ÉILIMH TRÁCHTAIRIA CLIBEANNA

- Breithlâ nós* & Eagrán 8**
05.03.2009
- Siombail nua don Ghaeilge?**
06.11.2010
- Nollaig Shona!**
25.12.2009
- dylan gaelach agus eile - IMRAM**
19.09.2009

FÍSEÁN IS DÉANAÍ

Eve na Gaeilge - Bell X1



Eve na Gaeilge - Bell X1

Nuacht 24

- Iris idirlín nuachta ar líne le huasdhátú laethúil;
- Maoinithe ag an gCoiste Craoltóireachta;
- Nasc le Ráidió Fáilte;
- Is é Eoghan Ó Néill an t-eagarthóir;
- Lonnaithe i mBéal Feirste.

Insideireland.ie

- www.insideireland.ie
- Suíomh dhátheangach laethúil;
- Dírithe ar phobal gnó.

Ealaín na Gaeltachta

- www.udaras.ie
- e-zine míosúil dírithe ar ealaíontóirí i bpobal na Gaeilge.

info@athbui.com/ <http://www.athbui.com/>

- Nuachtlitir Bhaile Átha Buí le Gaeilge.

f. Freastal ar phobal idirnáisiúnta na Gaeilge (nach bhfuil maoinithe ag Foras na Gaeilge)

www.glornangael.ie


Sonraí

- Suíomh na heagraíochta náisiúnta Gaeilge 'Glór na nGael' a dhíríonn ar chruthú phobal teanga ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Gaelchultúr.com (eagrán míosúil)

Sonraí

- Oideachas agus litríocht;
- Suíomh dátheangach;
- Nuachtlitir 'Gaelchultúr';
- Clubleabhar.com.



An Fhuinneog Ghaelach

Sonraí

- Cumann Gaelach na hAstráile - Melbourne;
- Léirmheas, imeachtaí, oideas bia, litreacha, eolas faoi ranganna;
- 16 leathanach;
- Seolta tríd an r-phost.

Anam Beo

Sonraí

- Pobal na Gaeilge sa Bhruiséil

Gaeltacht Minnesota

Sonraí

- 'Our print newsletter *An Gaeilgeoir* provides in-depth discussions, fun ways to apply your Irish, and insights into learning the language that are hard to find elsewhere. The GaelMinn Gazette is aimed more at keeping you in touch with the language, giving you some quick ideas to keep you at it, with a nice monthly nudge.'

<http://www.gaelminn.org/gaeilgeoir.htm#long>

An Gaeilgeoir	GaelMinn Gazette
Eight-page paper newsletter, printed and physically mailed to you	Short text-only e-mail, delivered to your e-mail address
Requires a paid subscription (\$12/yr)	Free
Longer, in depth articles on techniques, grammar points, or other items of interest to an Irish learner. Articles often run 1,500 - 2,000 words in this newsletter.	Very brief tips, along with news of regional events. Articles rarely run more than a few short paragraphs in this newsletter.
A couple of puzzles or amusements in every issue	Occasional amusements, but generally not enough room for these
Appropriate for every level of learner	Appropriate for every level of learner

2.3. Forbhreathnú ar cad atá ar fáil in earnáil na meán mionteanga Eorpach.

Ábhar comparáideach (na meáin i dteangacha comparáideacha eile)

a. Sainmhíniú ar mhionteanga

Rangú EBLUL (European Bureau for Lesser Used Languages): Tá cúig cinn de réimsí a chlúdaíonn teanga réigiúnda nó mionteanga. Tá na trí cinn tosaigh tábhachtach don taighde seo:

1. national languages of small nation states less frequently-used (e.g. Irish);
 2. languages of communities residing in a single nation-state (e.g. Welsh, Breton, Galician);
 3. languages of communities residing in two or more nation-states (e.g. Catalan, Basque).
- (EBLUL, 1999, luaite in Zabaleta et al, 2009: 194).

Staitisticí labhartha

Is gaire cás na Breataine Bige do chás na hÉireann ná aon cheann de na tíortha eile atá pléite sa tuarascáil seo. Tá an dá thír gar dá chéile ó thaobh tíreolaíochta agus iad araon faoi thionchar agus faoi anáil an Bhéarla ar bhonn stairiúil (Ó Dochartaigh 2000: 9; Davies 2000: 79-80). Tá líon na gcainteoirí sa dá theanga, agus méid an spriocphobail léitheoireachta dá bharr, an-chosúil lena chéile ag 538,283 cainteoir laethúil Gaeilge in Éirinn (CSO: 2007) agus 582,400 cainteoir Breatnaise sa Bhreatain Bheag (EuroLang: 2001). Tagann ardú san fhigiúr nuair a áirítear líon na ndaoine a bhfuil labhairt na Gaeilge/Breatnaise ar a dtoil acu. I gcás teanga ar bith, áfach, bíonn líon na gcainteoirí níos mó ná líon na leitheoirí nó scríbhneoirí, agus tá an bhearna seo níos feicealaí i gcás teanga mhionlach (Cormack 1998: 44).

b. Fóraim dhátheangacha

Roinneann an t-iriseoir Meiriceánach Seth Lewis (2006) na suímh dhátheangacha Spáinneacha i dtrí chatagóir:

Production bilingualism: "The news is produced by one staff and then disseminated in two languages, usually with the help of computer software that nearly seamlessly translates one Romance language to another. Barcelona's *El Periódico de Catalunya* epitomizes this approach. It publishes identical editions in Spanish and Catalan, with the latter making up more than 40 percent of its press run. "We are a bilingual society," said Joan Busquet, the paper's languages director. "We said to ourselves, 'If

someone can buy bread in Spanish or Catalan, why can't they read a newspaper in either language?"

Content bilingualism: 'In this, the most common form of bilingual journalism in Spain, the newspaper produces a single edition in Spanish, but with a sprinkling of the local language. Take the case of *Gara*, which mixes Spanish and Basque as it signals the rebirth of a newspaper once shut down by the Spanish government because of its ties to the Basque terrorist group ETA. Like other bilingual papers, *Gara* takes an activist approach to pushing the minority language: "Sometimes we'll publish in Spanish to reach more people, or we'll publish in Basque to uphold our obligation to support Basque," *Gara* editor Josu Juaristi said. Meanwhile, among the less politically motivated, *Metro Catalunya*, *20 Minutos*, and *Qué!*, three free dailies with a growing share of the commuter market in Barcelona, often present locally produced stories in Catalan right alongside Spanish copy from their Madrid bureaus and wire services.'

Tailored bilingualism: 'Other papers try targeted editions — perhaps a four-page weekly section — as a nod to its minority language. At the other extreme is bilingualism with an attitude. *Galicia Hoxe*, unlike its all-Spanish parent, *El Correo Gallego*, unabashedly presents the news through a Galician lens — rewriting wire copy and giving language and culture concerns top billing in coverage. "If we see a report that the youth in Vigo are speaking less Galician, for us that's a front-page story," *Hoxe* deputy editor Xavier Cae said. "For *El Correo Gallego*, it will be a little note inside.'" (Lewis 2006).

c. Taighde ar staid na meán mionteanga san Eoraip

Bhí cruinniú mór ar thaighde cumarsáide i dtíortha na Catalóine i mí na Nollag 2010 (Meeting on Communication Research in the Catalan Countries) mar sin is léir gur ábhar imní é seo do chuid mhaith tíortha san Eoraip fosta. Is í an tuairisc is cuimsithí agus is nua-aimseartha ar chórais mhaoinithe san Eoraip ná torthaí an tseimineáir 'Press Subsidies in Europe: development, pluralism and transparency', a tionóladh in Barcelona i 2006 (Bianchi 2008: 6):

There is a wide diversity of daily newspapers in minority languages in Europe. Thirty-one of these, representing ten languages, belong to the European Association of Daily Newspapers in Minority and Regional Languages (MIDAS), which was formed in 2001. Profiles of these titles, including circulation and other data, are to be found on the MIDAS website at <http://www.midas-press.org/index> (Bianchi 2008: 28).

Foinsí tábhachtacha eolais

- Tuairiscí, monograif agus páipéir acadúla mar aon le fóram bliantúil foilsithe, is é sin, *Mercator Media Forum*, foilsithe ag an 'Mercator Centre' in Ollscoil

Aberystwyth. Is é Mercator an t-ionad taighde is mó chun tosaigh san Eoraip in earnáil na meán mionteanga;

- Foilseacháin agus suíomh idirlín MIDAS, (European Association of Daily Newspapers in Minority and Regional Languages), a bunaíodh in 2001 ionas go bhféadfadh eagarthóirí a gcuid tuairimí a chur le chéile agus comhoibriú a bhunú i gcúrsaí clódóireachta, margaíochta agus malartú eolais.

d. Maoiniú

Leag Picard (1999) amach cúiseanna áirithe a úsáideann stáit ar leith, chun an tacaíocht a thugann siad don phreas a chosaint. Ar na cinn ba choitianta bhí:

- to promote linguistic or ethnic diversity;
- to stimulate political discourse and awareness;
- to resist newspaper mortality, because media pluralism is socially desirable;
- to support commercially non-viable channels of communication;
- to assist industrial development or transition to new technologies in the business world.

(Bianchi 2008: 32).

Maidir le nuachtáin i mionteanga deir Bojan Brezigar (2003), Uachtarán Bhiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana: ‘There are more than 40 daily newspapers in minority languages in Europe and ... only few of them, less than five, could survive without any financial aid.’ (Bianchi 2008: 33).

An Bhreatain Bheag

Sa Bhreatain Bheag is é *Comhairle Leabhar na Breataine Bige* an t-aon fhoinse maoiniú oifigiúil atá ann do nuachtáin agus d’irisí náisiúnta a fhoilsítear i mBreatnais. Tá feidhm na Comhairle cosúil le feidhm *Foras na Gaeilge* in Éirinn, ó thaobh deontas. Bhí *Comhairle Ealaíon na Breataine Bige* mar fhoinse eile maoinithe d’fhoilseacháin sna blianta atá thart, ach athraíodh é seo i 2002 ar mhaithe leis an gcóras a shimpliú. (Bianchi, 2008). Thug an Chomhairle Ealaíon tacaíocht airgeadais do *Y Faner* ar feadh roinnt blianta go dtí gur tháinig deireadh leis i 1992. Ar na mallaibh, tugadh tús áite don Bhreatnais i gcúrsaí craolacháin thar chúrsaí clóite.

Chomh maith leis sin, thug an dá eagrais seo aird ar fhoilseacháin a bhain le cultúr, le litríocht agus le hábhar fóillíochta, agus ní le ‘nuacht’.

An Chomhairle Leabhar

Aithníonn an Chomhairle riachtanais ó thaobh na bhfoilseachán do pháistí agus d'fhoghlaimeoirí, trí iarratais a lorg ó ghrúpaí éagsúla le freastal a dhéanamh orthu siúd. Ba nós leo béim a chur ar fhoilsiú leabhar, ach i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar thréimhseacháin, aithníodh bearnaí móra ó thaobh spóirt agus ó thaobh chúrsaí reatha de.

Chuir an Chomhairle Leabhar tús le maoiniú a thabhairt do *Y Cymro* i 1995/6 le deontais £10,000. Tugtar deontas anois don nuachtán le soláthraithe a íoc agus mar chabhair ar íocaíocht phoist na n-eagarthóirí. D'iarr an Chomhairle ar an nuachtán cuid den airgead a úsáid le feabhas a chur ar thuairisciú ‘nuacht’. Feiceann an Chomhairle Leabhar ar *Y Cymro* mar chuid thábhachtach de shaol cultúrtha na teanga.

Tugtar £75,000 in aghaidh na bliana do *Golwg*, le húsáid ar ábhair chultúrtha agus ealaíne. Taitníonn an socrú seo leis an dá dhream, mar tugann sé saoirse agus neamhspleáchas don iris ó thaobh tuairisciú chúrsaí reatha. Bhí maoiniú á fháil ag *Golwg* ón gComhairle Ealaíon go dtí 2003, nuair a cuireadh faoi choimirce na Comhairle Leabhar é (Owen, 2009). Tharla laghdú i méid an deontais a bhí ar fáil di ó £111,000 go £67,892, i 1997, ach bhí *Golwg* in ann déileáil leis an gcaillteanas trí úsáid a bhaint as a chuid foinsí féin (Bianchi, 2008). Is léiriú maith é seo ar rath na hirise.

Faigheann *Barn* an deontas is mó ón gComhairle (£80,000 in aghaidh na bliana) bunaithe ar an gcaighdeán ard atá ar ilchnuasach ábhar na hirise.

Mar aon le deontas taca ioncaim ón gComhairle Leabhar agus ón gComhairle Ealaíon, tá roinnt eagrais eile a thug maoiniú aon uaire nó gearrthéarmach d'fhoilseacháin Bhreatnaise. Ar na heagrais úd tá Tionóil na Breataine Bige, (a thug deontais do bhunú agus d'fhorbairt ghnó agus traenála); An Chomhairle Ealaíon (a thug deontais ar leith ar mhaithe le cúrsaí margaíochta a fhorbairt); Na húdaráis áitiúla (Bianchi, 2008).

I ndiaidh fhoilsiú na tuarascála a rinne Tony Bianchi i 2007 ar an earnáil chlóite mhionteangach sa Bhreatain Bheag, d'fhógair Tionóil na Breataine Bige go mbeadh £200,000 sa bhreis á chur ar fáil don earnáil, gach bliain ar feadh trí bliana (Thomas, 2008). Ciallaíonn sé sin go mbeidh £373,000 le caitheamh gach bliain go dtí 2011 ar fhoilseacháin nuacht agus chúrsaí reatha trí mheán na Breatnaise (ibid). Bhí sé i gceist go mbeadh cuid den airgead seo ag dul le haghaidh bunú nuachtán laethúil as Breatnais, *Y Byd (The World)*, ach nuair a beartaíodh gan an nuachtán a sheoladh, fuair *Golwg* cuid den airgead le suíomh idirlín a fhorbairt (BBC 2008). Is fógra maith é seo do thodhchaí na hearnála agus an gealltanais atá ag an Rialtas i dtaobh na teanga agus na hearnála, agus iad a thabhairt isteach san aonú haois is fiche.

Tá córas na ndéontas casta go leor. Bhí *Y Cymro* in ann maireachtáil mar nuachtán gan a bheith ag fáil deontais go dtí na 1990í, agus thuill *Golwg* go leor sa tslí nár chuir laghdú i méid an deontais a bhí ar fáil aici isteach go mór ar an iris. (Bianchi 2008). Is gá mar sin, foghlaim ó fhoilseacháin, mar *Golwg*, a bhfuil rath bainte amach acu, agus béim níos mó a chur ar spriocphobal a aithint agus freastal ceart a dhéanamh air, mar bhunús láidir d'fhoilseacháin rathúla, pé teanga atá i gceist.

An Spáinn / Tír na Bascaise

In 2006 thug rialtas na Bascaise €4.75 milliún do na meáin Bhascaise, a chlúdaigh €1.99 milliún d'irisí agus €1.85 milliún do nuachtáin, a bhí de réir Plean Ginearálta chur chun cinn Theanga na Bascaise. Cuidíonn an plean le cleachtaí cearta gnó agus le comhoibriú idir na daoine a fhaigheann é a chinntíonn an úsáid is tairbhí de na hacmhainní a chuirtear ar fáil. (Bianchi 2008: 33).

e. Gairm na hiriseoireachta

- Aithníonn breis agus 80% d'iriseoirí Briotáinise, agus Gaeilge nach amháin go bhfuil ról an iriseora á chomhlíonadh acu ach go bhfuil ról acu fosta i gcur chun cinn na mionteanga agus i ngníomhaíochtaí dá réir. Mothaíonn '64-75% of Scottish, Frisian, Sámi and Galician respondents' mar seo fosta. (Zabaleta et al, 2009: 200);
- Tuigeann na hiriseoirí tábhacht fhorbairt na téarmaíochta mar aon le scileanna iriseoireachta. (Zabaleta et al, 2008: 200-2);

- Dar le tromlach na n-iriseoirí Éireannacha (agus Bascaigh agus Corsaicigh), agus glactar leis, go mbíonn fadhbanna cruinnis agus cruthaitheachta ag iriseoirí a bhfuil an mhionteanga mar T2 acu. (Zabaleta et al, 2009: 204-5, 208-9);
- Braitheann iriseoirí na Breataine Bige go háirithe go bhfuil gá le traenáil níos fearr i gcúrsaí stíle agus i dtéarmaíocht nua. (Zabaleta et al, 2009: 208);
- Aithnítear trí fheidhm iriseoireachta: 'interpretative/ investigative, disseminator and adversarial' (Zabaleta et al, 2009: 191).

f. Dáileachán

Tugann na samplaí Eorpacha le fios gur gá traidisiún láidir síntiúis a bheith ann chun dul chun cinn a dhéanamh. (Bianchi 2008: 19).

g. Cad atá ar fáil i dteangacha mionlaithe eile san Eoraip?

(i) An Bhreatain Bheag: Stair agus Sonraí

- *Baner ac Amserau Cymru/Y Faner (The Banner and Times of Wales/The Baner)* (1859-1992)

Ba nuachtán é *Baner ac Amserau Cymru* a shíolraigh ó dhá nuachtán ar leith: *Yr Amserau (The Times)* agus *Y Baner Cymru (The Banner of Wales)*. Ba é William Rees a bhunaigh *Yr Amserau* i Learpholl in 1843, agus ba é an chéad nuachtán as Breatnais a raibh rath ceart aige. (ap Dyrig et al., 2006). Pléadh idir chursaí polaitiúla agus creidimh ann, agus dúradh gur mhúscail *Yr Amserau* an chomhfhios pholaitiúil sa Bhreatain Bheag. (Davies, 1959). Ba é bunaitheoir agus úinéir an nuachtáin seachtainiúil *Baner Cymru* (1857-1859) é Thomas Gee, a cheannaigh *Yr Amserau* in 1859 agus a rinne nuachtán amháin díobh, *Baner ac Amserau Cymru*. (Humphreys, 1959). Cuireadh amach an *Baner* dhá uair in aghaidh na seachtaine as Iúil 1865 ar aghaidh, ar feadh roinnt mhaith blianta (*Baner ac Amserau Cymru*, 1865). Foilsíodh an nuachtán go dtí 1972 nuair a tháinig athrú ar an ainm, *Y Faner*, agus ar fhoirm an nuachtáin. Foilsíodh *Y Faner* go míosúil mar thréimhseachán ar chúrsaí reatha go dtí 1992, nuair a foilsíodh an t-eagrán deireanach (Gale Cengage Learning). Bhí cuspóirí níos uaisle ag *Baner Cymru* ná mar a bhí ag mórán foilseachán eile ag an am. Ba í an aidhm a bhí ag Thomas Gee, nuair a bhunaigh sé an nuachtán ar an gcéad dul síos, ná nuachtán seachtainiúil as Breatnais a chur i gcló. Nuachtán ab ea *Baner* a raibh mian

aige dearcadh níos leithne ar chúrsaí reatha agus ar chúrsaí polaitiúla a sholáthar do chainteoirí Breatnaise (Gale Cengage Learning). Deirtear gurbh é *Baner ac Amserau Cymru* an nuachtán ba thábhachtaí i mBreatnais i rith na tréimhse inar foilsíodh é. (Iorwerth, 2009a; Bangor University).

➤ *Y Cymro (The Welshman)* (1914-1931; 1932-inniu)

Is é *Y Cymro* an t-aon nuachtán seachtainiúil náisiúnta as Breatnais, atá fós i gcló. Bhí rath níos mó air, agus mhair sé níos faide, ná nuachtán ar bith eile den teideal céanna. Cuireadh an chéad eagrán de *Y Cymro* (mar atá anois) amach i 1932 nuair a ghlac Rowland Thomas seilbh ar an nuachtán (James, 1997). Bhí an nuachtán i gcló roimhe seo in *Dolgellau* ó 1914-1931. D'oibrigh Evan Evans air mar eagarthóir, mar fhoilsitheoir agus mar phrintéir óna bhunú i mí Iúil 1914. (Llewelyn Davies, 1959). Rinne Thomas forbairt mhór air i 1932, áfach, ó nuachtán a raibh claonadh cráifeach air (Smith, 2000: 280) go nuachtán náisiúnta don Bhreatain Bheag. (James, 1997). Is é an fotheideal atá air ná leagan Breatnaise den mhana *The National Newspaper of Wales*, rud a léiríonn go bhfuil sé ag iarraidh freastal ar an tír ar fad agus ní ar an bpobal sa Tuaisceart amháin - ceantar ina bhfuil an dáileachán is mó ann. (ap Dyfrig *et al.*, 2006).

Cheannaigh an *Tindle News Group* an nuachtán ó *North Wales Newspapers* i 2004 (*British Newspapers Online*, 2009). Tá cuma thablóideach ar an nuachtán 28 leathanach agus tá idir ghné ailt, spórt agus cheol i measc na n-ábhar atá le feiceáil ann mar aon le nuacht. (Bianchi, 2008). Ionas gur féidir leis an nuachtán áit a choinneáil sa mhargadh atá aige agus soláthar a dhéanamh ar nósanna léitheoireachta, is cosúil go bhfuil sé ag dul i dtreo na *papurau bro*. Dar leis an eagarthóir, beidh béim níos mó curtha ar nuacht áitiúil agus ailt éadroma in ionad ar nuacht nó ar chúrsaí reatha (ibid). Chuir eagarthóir an nuachtáin athruithe móra i bhfeidhm sna 1950í le tabhairt faoi athruithe cultúrtha agus nósanna an phobail, rud a chinntigh gur tháinig *Y Cymro* slán ón tréimhse, rud nár tharla do roinnt teideal eile. (Smith, 2000: 292).

➤ *Barn (Opinion)* (1962-inniu)

Is iris mhíosúil í *Barn* a bhfuil béim ar leith curtha ar nuacht agus ar chúrsaí reatha inti, agus a bhfuil an-mheas uirthi. (Bianchi, 2008). Chuir an comhlacht clódóireachta *Llyfrau'r Dryw* an iris i gcló ó 1962 go dtí 1986, nuair a bunaíodh an comhlacht

teoranta *Barn Cyf.*, ar mhaithe le cur i gcló *Barn* (Rhys, 2009). Pléitear cúrsaí reatha agus ábhar nuachta thar breis is 50% de na 56 leathanach atá in *Barn*. Deirtear gurb é an t-aon fhoilseachán amháin as Breatnais a dhéanann iniúchadh dáiríre, cuimsitheach ar chúrsaí reatha. (Bianchi, 2008). Cothaíonn an comhlacht suíomh idirlín agus cuirtear ailt ar leith ón eagrán is déanaí ar fáil ann. Cuirtear an t-eagrán iomlán ar fáil sa chartlann, i bhfoirm pdf, trí mhí i ndiaidh a fhoilsithe. (ap Dyfrig *et al.*, 2006). Is í an aidhm atá aige ná freagra ciallmhar, neamhspleách a sholáthar ar chúrsaí reatha sa Bhreatain Bheag agus sa domhan mór, gan a bheith buartha faoi dhúshlán a chuir faoin mBunaíocht nó faoi léiriú tuairim (ibid). Is é *Barn* an t-aon fhoilseachán míósúil ar chúrsaí reatha agus cultúrtha as Breatnais. (Bianchi, 2008). Díríonn sé ar phobal a bhfuil iniúchadh agus tuairimíocht ar chúrsaí polaitiúla, agus ar chúrsaí reatha thar raon leathan claonta polaitíochta, ag teastáil uaidh (ibid). Dar le suirbhé déanta ag *Ipsos MORI* i 2007, léann 17% de bhaill Thionól na Breataine Bige *Barn* go minic, i gcomparáid le 20% a léann *The Economist* (*Ipsos MORI*, 2008). Bhí saol corraitheach ag *Barn* maidir le díolachán thar na blianta. Bhí tús maith aige le 2,000 cóip á ndíol go míósúil i rith na 1970í, ach bhí titim thubaisteach go 700 cóip sna 1980í sular tháinig méadú arís go díolachán de 1,300 i 1996. I 2007 bhí thart ar 880 cóip á ndíol ag *Barn* gach mí. (Bianchi, 2008).

➤ *Golwg* (View) (1988-inniu)

Is iris sheachtainiúil í *Golwg* a bhfuil gealltanais ar leith aici, i dtaobh chúrsaí reatha agus ábhair cultúrtha a chur i láthair, trí chur chuige beomhar. (Bianchi, 2008). Cuireann an comhlacht *Golwg Cyf.* atá lonnaithe i *Lampeter*, Deisceart na Breataine Bige, an iris 32 leathanach amach, chomh maith le dhá thréimhseachán eile. Tá tuairiscí, ailt nuachta agus cúrsaí reatha le feiceáil thar aon trian (ar a laghad) den iris, ar foilsíodh an chéad eagrán de i 1988 (ibid). Tá iarrachtaí á ndéanamh aige ar bhonn leanúnach, feabhas agus forbairt a chur ar thuairisciú nuachta agus ar chúrsaí reatha, agus ar acmhainní le hé seo a éascú (ibid). Seoladh suíomh idirlín le deontas trí bliana bronnta ar *Golwg* (BBC, 2009). Cuireann *Golwg* dhá fhorlíonadh don aos óg leis an iris, *Wcw*, greannán do leanaí óga, agus an iris *V* do pháistí níos sine agus do dhéagóirí. (ap Dyfrig *et al.*, 2006). Chuir Dylan Iorwerth tús leis an iris mar cheap sé go raibh gá le hiris nuachta a raibh cuma úr, phroifisiúnta agus nua-aimseartha uirthi (BBC Online). Is dócha go bhfuil an cuspóir seo bainte amach aige mar díoltar níos mó cóipeanna den iris *Golwg* ná aon iris eile i mBreatnais (*2evolv*, 2008). Trí fhreastal

ar leith a dhéanamh ar dhaoine óga le forlíonadh, níl ar an iris íobairt a dhéanamh ar ábhar an fhoilseacháin agus is féidir léi freastal ceart a dhéanamh ar dhá dhream éagsúla. Tuigeann *Golwg* an tábhacht a bhaineann le teicneolaíocht agus nósanna nua cultúrtha, mar a thuig *Lá*, agus tá suíomh idirlín aici, atá urraithe ag Tionól na Breataine Bige (BBC, 2009).

Is é an díolachán is airde a bhí ag *Golwg* riamh ná 4,500. Cé go bhfuil titim i ndíolachán go thart ar 3,000 in aghaidh na seachtaine (lucht léitheoireachta timpeall is 10,000), níl mórán athraithe tagtha san fhigiúr seo thar roinnt bliain anuas (ibid). De ghnáth thar na blianta tá ag éirí léi áit a choinneáil sa mhargadh, nuair atá foilseacháin eile ag cailliúint go mór. Is fógra maith é seo don earnáil chlóite mhionteanga.





y ganolfan cynllunio iaith
welsh centre for language planning

Hafan | Newyddion | Chwaraeon | Celfyddydau | Lle Pawb | Y Maes | Calendr | Bwyd

Cymru | Prydain | Rhyngwladol



Mwy o eira ar y ffordd i Gymru

RHYNGWLADOL

Dynladdiad yn nhref Disney



Dyn wedi ei ladd dros
benwythnos y diolchgarwch

CYMRU

Uno gwasanaethau cyngorau Gwynedd a Môn



Dod a'r ddau gyngor at ei
gilydd yn arbed arian,
meddai'r Llywodreath

Lleidr 'wedi clymu postfeistr' yn ystod lladrad

Canslo ailbriso trethi cyngor tai Cymru

Tair blynedd - a chynnydd o 50% - i Ieuan Air

Dyn ifanc yn marw ar ôl gwrthdrawiad gyda lori sgip

PRYDAIN

Galw 999 oherwydd bod rhywun wedi dwyn dyn
eira



Wedi defnyddio punnoedd
ar gyfer y llygaid

anfonwch
luniau

anfonwch
newyddion

anfonwch
ddigwyddiad



S4/C

**The Caernarfon and Denbeigh Herald* (nuachtán le Breatnais ar fhóram dátheangach)

*Bunaithe ar gallamh rphoist le Paul Scott

Spruicphobal

'Our main target audience is the 45-65+ age group and we find more women read our newspapers than men. Ours remains a pretty traditional audience; working class or lower middle class and living in a semi-rural to rural area with the main towns being Caernarfon, Pwllheli and Porthmadog. When we did publish *Yr Herald* as a newspaper in its own right it struggled to survive, perhaps because of the amount of English language competition it had. We certainly couldn't put it down to the lack of a potential audience as around 70% the *Caernarfon and Denbeigh Herald* readers are first-language Welsh-speakers. Its presence in the *Daily Post* has proven popular and is now a valued part of that newspaper.'

Webpage Screenshot

The screenshot shows the homepage of the Yr Herald Cymraeg website. At the top, there's a header with the Yr Herald logo, navigation links (icNorthWales, Daily Post, Motors, Homes, Jobs Wales, Dating, Yr Herald), and a search bar. Below the header, there's a section for 'Gwefannau Eraill' (Other Websites) with links to various Welsh language resources. The main content area features a central article titled 'Croeso i wfan Yr Herald Cymraeg' (Welcome to the Yr Herald Cymraeg website), which discusses the website's launch and its focus on Welsh language content. To the right of the main article, there's a sidebar with a 'Rise of the Nation's Sweetheart' advertisement. The bottom of the page includes a footer with the website's URL and a copyright notice.



Líon léitheoirí

'The Caernarfon and Denbeigh Herald sells an average of around 13,000 copies per week readers while its website had 14,500 visitors in November 2010, generating 44,000 page impressions (hits).'

Maoiniú

Is le Trinity Mirror plc. é an nuachtán.

'We did seek Welsh Books Council grant funding to run a Welsh language news website but were unsuccessful. We did though launch a smaller version of what we might have been able to do at www.dailypostcymraeg.co.uk and would like to expand that service in the future should funding opportunities arise. At present it fails to attract a significant audience.'

Ábhar

'Without doubt, good local news is most popular with our readers. They want it to be specific to them and where they live and as a result we publish two editions, one covering Arfon (Caernarfon and surrounding villages) and one covering South Gwynedd (Porthmadog and Pwllheli). Local history is popular as is entertainment and cultural news. We have community news pages which are a listings service for

grassroots community activity including church times, local society meetings, eisteddfodau etc. When ever we conduct readership surveys these community news pages come out as one of the most read parts of the paper. Most of our Welsh language content appears in this part of the paper, though we do also produce *Yr Herald*, which has gone from being a newspaper in its own right to being a supplement in the *Daily Post* newspaper on a Wednesday. This focuses on culture, politics, opinion, the outdoors and nature. We are always looking to improve our newspapers but at present we find the balance between English and Welsh content is proving popular to our readers. We would like to think we have found where Welsh language content works for our newspapers and our readers and as a result it sits comfortably alongside the English content. Of course, the English language content far outweighs the Welsh but we are able to do what we wish to do with our Welsh content and don't feel the need to squeeze it out with more English.'

Pleanáil ar aghaidh

'If we can we will expand and improve our Welsh content online as we believe there is a potential web audience to tap into, though we have struggled to get through to it yet. However, resources are not available to do this at present so we will continue to do what we can online to ensure we do not neglect our Welsh-speaking audience.'

(ii) An Chatalóin: Stair agus Sonraí

Na fóraim

Tá margadh níos leithne agus maoiniú níos fearr ar fáil do nuachtáin Chatalóinise ná mar atá ar fáil do nuachtáin Ghaeilge agus Bhreatnaise:

Catalan newspapers have available to them a market greater than that for Danish or Norwegian or the languages of the Baltic states. Some also receive large grants from private sources, as well as grants and substantial advertising from the autonomous government. Catalan enjoys a critical mass and a degree of legal, institutional and social development far in advance of Welsh. (Bianchi 2008: 28).

Chomh maith leis sin bronnann rialtas na Catalóine deontais dhíreacha, shubstaintiúla ar nuachtáin agus ar thréimhseacháin. Sa bhliain 2006 tugadh deontas i gcabhair de €4.465 milliún do nuachtáin agus do thréimhseacháin Chatalóinise agus as an tsuim sin tugadh €2.103 don phreas laethúil (Bianchi 2008: 33), ‘the objective being to correct the market, therefore strengthening the economic and territorial fabric of the press in Catalan.’ (Marcé 2006).

Webpage Screenshot





Caighdeán agus gairmiúlacht na hiriseoireachta

Tá tacaíocht ar leith ar fáil trí eagraíochtaí sa Chatalóin a oibríonn le hiriseoirí agus le bailiú agus le roinnt nuachta, chomh maith le díospóireacht a chothú faoi chaighdeán iriseoireachta.

- APPEC - <http://www.appec.cat/>

Is eagraíocht neamhbhrabúis í 'The Association of Periodical Publications in Catalan' (APPEC) a thugann foilsitheoirí irisí sa Chatalóin le chéile agus a chuidíonn le dáileadh agus le margaíocht nuachtán sa cheantar. Bunaíodh APPEC d'fhoilseacháin i gCatalóinis i 1983, chun cuidiú le traenáil, le bainistíocht agus le fógraíocht;

- L'Associacio Catalana de la Premsa Gratuïta (ACPG)

Bunaíodh an eagraíocht i 1997 d'fhoilseacháin saor in aisce;


Prensa Comarcal
"Som la premsa de casa"

Publicitat a Prensa Comarcal
Truca al **934 421 434**

Inici | Informació general | Publicacions associades | Serveis ACPC | Ofertes de treball | Associar-se | Participació | Banc de continguts | Publicitat | Aula

Zona Privada
Usuari:
Contrasenya:
Registra't | Enviar
[Has oblidat la teva contrasenya?](#)

Cercar publicació
Cerca per nom:

Cerca per:
Periodicitat: -- Totes --
Comarca: -- Totes --
Cercar

Segueix-nos a:
facebook
YouTube


Notícies


La Prensa Comarcal i Local tanquen l'any amb 966.000 lectors, 34.000 més que en l'onada anterior

01/12/2010 -
La Prensa Comarcal i local està d'enhorabona. Durant tot l'any 2010 ha anat experimentant un progressiu augment de lectors, fins arribar a tancar l'any amb 966.000 lectors conjuntament. D'aquests 966.000, 327.000 pertanyen a la premsa diària associada, 500.000 a les capçaleres bisetmanals i setmanals, 16.000 són de revistes quinzenals, i la resta fins arribar als 243.000 ho són de les capçaleres de periodicitat mensual, bimestral i trimestral.

veure més



La col·laboració entre universitat i empresa, la implantació de la multiplataforma i la polivalència professional, eixos principals del debat

29/11/2010 -
La II Plataforma Interuniversitària de la Prensa Comarcal i Local ha estat impulsada per l'Associació Catalana de la Prensa Comarcal i organitzada conjuntament amb la Xarxa Vives d'Universitats. Han estat dos dies de treball, divendres i dissabte, a la Universitat de Vic i s'hi han aplegat un centenar de persones dels àmbits editorial i acadèmic. Les jornades s'han dividit en tres blocs per estudiar la "Convergència digital", "La crisi del sector" i les "Tendències i necessitats". En acabar, Pere Font, membre del comitè acadèmic ha llegit les conclusions.

veure més



Prensa Comarcal aposta més per les xarxes socials

29/11/2010 - Prensa Comarcal no ha volgut quedar-se enrere estancada i estén les seves referències a les xarxes socials. L'ACPC, que és una entitat adaptada als nous temps, aposta per l'assoliment dels objectius tradicionals que la premsa comarcal i local han promogut des dels seus inicis, i que ara conviuen amb la nova era multimèdia, ja sigui des de la seva pàgina web, el seu canal de Youtube o els seus perfils a Twitter i Facebook.

veure més


Prensa Comarcal Digital
L'hemeroteca virtual de l'Associació Catalana de la Prensa Comarcal i Local


Prensa Comarcal Síndic


Prensa Comarcal Fòrum
El forum de la Fundació Catalana de la Prensa Comarcal i Local


[MY]NEWS
Consulta la Prensa Comarcal a través de MyNews

Recerca

Llibre Blanc 2010 de la Prensa Comarcal
Autor de la música: Roger Mas

FCPC
Fundació Catalana de la Prensa Comarcal i Local

Publicitat

➤ www.media.cat.

Suíomh idirlín é seo le feidhm an 'watch dog' mar a thagraítear dó, do 'journalists, scholars and communication sector, the general public interested in having critics of the mass media'. Is iad na haidhmeanna atá aige ná traenáil agus forbairt iriseoirí, díospóireacht faoin teanga a chur chun cinn, dioscúrsa na meán faoi fhadhbanna sóisialta a choinneáil sa sféar poiblí, mar aon le súil chriticiúil a choinneáil ar na meáin.

(media.cat@grupbarnils.cat)

➤ ACN

Bunaíodh é i 1999 agus bhí sé ar na chéad ghníomhaireachtaí Eorpacha ar-line.

Bunaíodh í ar nuacht aitiúil agus réigiúnda – ansin leathnaíodh é go scéalta náisiúnta i 2008.

Webpage Screenshot

Webpage Screenshot

ACN

Agència Catalana de Notícies

AL MINUT PREVISIONS Text Fotografia Àudio Vídeo

ACTUALITAT

Hereu encén els llums de Nadal de Barcelona dient que simbolitzen que 'no hi ha crisi que aturi la ciutat'

19.34 h | [S'ha afegit una galeria d'àudios](#)

19.21 h | [S'ha afegit un text](#)

Laporta inicia la seva tasca al Parlament reunint-se amb Mas i sense fer declaracions

19.26 h | [S'ha afegit un text](#)

19.26 h | [S'ha afegit una galeria de fotografies](#)

Una pèrdua de subministrament elèctric provoca un incompliment de la vigilància contra incendis a Ascó II

19.23 h | [S'ha afegit un text](#)

Veure'ls tots

Nissan no adjudica a la planta de Barcelona la construcció de la nova 'pick up' a partir del 2014

L'operació, que suposava la producció de 60.000 vehicles l'any, sí que s'ha autoritzat en canvi per a les plantes de Tailàndia, Mèxic i Sud-Àfrica

Puigcercós adverteix que ERC parteix d'un 'no d'entrada' per a la investidura de Mas

Comissió Europea

La UE a Catalunya i les Illes Balears

SEGUEIX-NOS

<http://www.acn.cat/acn/home.html>

(iii) Tír na Bascaise: Stair agus Sonraí

➤ *Berrià*

Is é *Berrià* an t-aon nuachtán laethúil sa Bhascais agus ní raibh traidisiún de phreas laethúil sa Bhascais. Seachas bileog shaor a foilsíodh ar feadh tréimhse ghearr i 1937, ní raibh aon teideal laethúil ann go 1990 nuair a tháinig *Egunkaria* ar an bhfód tar éis cuid mhaith gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid agus síntiús. Faoi 1994 bhí díolachán laethúil de c.11,000 bainte amach aige. (de Ugalde, 1995). Bhíodh caidreamh soghlaithe ag preas na Bascaise le rialtais na Bascaise agus le stát na Spáinne araon i gcónaí. Cé gur mhaoinigh rialtas na Bascaise teilifís Bhascaise, d'éiligh sé ar feadh na mblianta nach raibh aon bhunús inmharthana do nuachtán laethúil. Níor tugadh maoiniú do *Egunkaria* agus nuair a dúnadh é i 2003, reachtáladh feachtas tiomsaithe airgid agus i gceann ceithre mí fuarthas €4.6 milliún agus bunaíodh a chomharba, *Berrià*, sa bhliain chéanna. Tá 24,000 scair ag *Berrià* agus níl aon scairshealbhóirí móra. Is ionann an díolachán laethúil agus beagnach 4% de líon léitheoirí na nuachtán i dtír na Bascaise. Tuairimítear áfach go léann timpeall 26% de dhaoine thar 16 bliain d'aois an nuachtán. (Aran et al 2004). Do chuid mhaith léitheoirí Bascaise, tá ag éirí le '*Berrià* to progress from being a complementary press to become their chief source of news about what is happening in their country and in the world.' (Aran et al 2004: 27). (Bianchi 2008: 29).

- Tá thart ar 100 irisí speisialta i mBascais agus tá an-tóir ar an bpreas áitiúil chomh maith le timpeall 70 foilseachán. (Arana et al 2006: 27-8). Níor sháraigh úsáid Euskara i nuachtáin Spáinnise níos mó ná 20% riamh;

- Is nuachtán laethúil saor in aisce é *Hitza*

'In 2003, free daily *Hitza* ("Word"), was launched in the Basque country, in the north of Spain. The paper, published in the Basque language, started in that year with three editions, two in the province of Gipuzkoa: [Tolosaldeko eta Leitzako Hitza](#) (Tolosa) and [Oarsoaldeko Hitza](#) (Renteria); and [Lea Artibai eta Mutrikuko](#) in Markina (province of Bizkaia). In 2004 editions for [Goierriko Hitza](#) (Beasain) and [Uribe Kostako Hitza](#) (Zarautz), both in Gipuzkoa were added.

A year after that the last two editions, [Busturialdeko Hitza](#) in Bermeo (Bizkaia – left) and [Irutxuluko Hitza](#) (Donostia / San Sebastián) in Gipuzkoa, were launched.

(<http://www.newspaperinnovation.com/index.php/2010/01/19/hitza-basque-free-daily/>)

Webpage Screenshot

Berriketan Saloa hasi Guneen egileak ▾

Ostirala, 2010-12-03

Bilatu & sakatu enter

hitza info

Albisteak | Zu zara berria |

AISIA KIROLA KULTURA GIZARTEA POLITIKA

Hitzak eta proiektu berria

- **Produktu berria** Gaur egungo errealitate egokitu nahian, heldu da 2003. urteaz geroztik abian dugun proiektuari aldaketak egiteko unea. Alde batetik, batu egin ditugu, HITZAK dauden eskualdeetan, papereko egunkari lokalak (HITZAK) eta egunkari nazionala (**BERRIA**), eta, beste alde batetik, herrialdeetako HITZAK sortu ditugu herrialde bakoitzerako (Araba, Bizkaia, Gipuzkoa, Iparralde eta Nafarroa). Herrialdeetako HITZAK ostiralero argitaratuko dira, HITZA guztiekin batera joango dira, eta, HITZA jasotzen ez den tokietan, **BERRIA**rekin batera. Eskaintza berri hau ardatz hartuta, harpidetza kanpaina zabal bat hasi dugu. Produktu berria jendaurrean aurkeztu, ezagutarazi eta harpidedun berriak egiteko deia zabaldu nahi dugu. Izan ere, harpideduna da paperezko zein sareko eskaintzaren sostengu nagusia.
- Interneteko aldaketak
 - [Berriketan.info](#) Berriketan.info komunitate ireki bat da, informazioan oinarritutako sare soziala. Komunitate honetan parte hartzen dute **BERRIA**a>ko eta Hitzetako kazetariak, baina, horretaz gain, irekia dago gainontzeko kazetari eta edozein erabiltzaile euskaldun. Helburua da euskarazko informazioaren topagune eta eztabaidagune izatea. Nahi duenak aukera dauka bere soslai Twitter eta Facebook-eko soslaiekin automatikoki lotzeko, eta **BERRIA** info-n ere txertatuko da horko informazioa.
 - **BERRIA** info Sareko beste aldaketetako bat, **berria** info webgunean emandako. Ftenahekin edizinarri lehenetsia emanez gaur

<http://hitza.info/>

BIDEOAK

Iriren Lagunak kluba jaio da 6:16

Hitza eta BERRIAren kometaik airean 2:10

ZUREA DA HITZA

BERRIKETAN.INFO [RSS]

Azkoitiko Hitza-(e)k beste sarrera bat idatzi du Euskarazko Produktuen Katalogoa banatuko dute herrian gunean duela batzutan - ikusi

Euskarazko Produktuen Katalogoaren edizio berria banatuko dute hilabete honetan zehar Azkoitiko ikasteleketan. Guztira, euskarazko liburu, disko edota Dvd bideoz osatutako 1.400 ale banatuko dituzte Euskal Herriko zenbait udalen eta mankomunitateko Euskara Zerbitzuaren ekimenez. Ekimena gurasoentzako eta kanpokoak erabiltzeko adarrentzako

Webpage Screenshot

berria.info

Ostirala, 2010eko abenduak 3 - 11:34

Hasiera Euskal Herria Ekonomia Mundua Kirola Kultura Parte Hartu BerriaTB Berezikiak Kanalak Blogak

Albiste guztiak Haral Zerbitzuak Agiriak Zuzenekoak Bilatzailea

Bilatu...

ERREPIDEAK

Donostiako lehen sahisbidea, goizean. Gorka Rubio / Argazki Press.

Hotzak, txingorak eta izotzak hainbat arazo eragin dituzte Euskal Herri osoan

A-63 autobidean, Baiona eta Biniatarte artean, elurra kentzen ari dira errepideetik. A-8 autobidea ere itxi egin dute Bilbotik Donostiara norabidean, makinek lana egin dezaten. Donostiatik Bilborako norabidean Aritzeta inouruan izotza daio

EUSKAL HERRIA

Etorkizunaz hausnartzen

Gaindegia Euskal Herriaren erronka ekonomiko eta sozialak zeintzuk izan behar luketen bildu ditu liburu batean, ardura postuetan eskarmentua eta ibilbide publiko nabarmena duten hainbat pertsonen ahotan. "Euskal Herriak: Erronka sozio-ekonomikoak" argitaratu berri dute.

ISRAEL

Haifara gerturatzeko ari da atzo 40 pertsona hil zituen sutea

DENNY MEYER (AEB-ETAKO ARMADAKO SARJENTU OHIAI)

berriketan sare soziala

A-8a ibita Donostiara noranzkoan, A-63an arazo handiak Baiona inguruan, bi ordu eta erdi Goierriko Donostiara bidea egiteko... Horixe gaur goizeko panorama, eta zu nola zabilta? Ezaiguzu Berriketan.info-n edo webgunea@berria.info helbidean.

Idurre Eskisabel-(e)k eguneraketa bat bidali du: duela 28 minutu - ikusi

Wikileaks Suitzara mugitu dute <http://wikileaks.ch> domeinu binatarrekin <https://twitter.com/wikileaks/statuses/1062162306>

Unai Gorrotxategi-(e)k Wikileaks EH gaian eguneraketa sarrera bat idatzi du: duela 35 minutu - ikusi

Gero eta argiago daukat gure artean daukanun ezagutza konparatzeke nai

(iv) Briotáinis: Stair agus Sonraí

- Bhíodh traidisiún láidir de nuachtlitreacha paróiste agus leabhráin reiligiúnda i dtús an naoú haois déag agus an fhichiú haois;
- Is iad an dá chonstaic is mó atá acu ná nach bhfuil go leor ama nó airgid acu le fograíocht cheart a dhéanamh, agus go bhfuil sé doiligh dul in iomaíocht le hirisí sa Fhraincis de bharr líon a gcóipeanna. (Le Bras 2010).



(v) Na meáin ar líne i dteangacha mionlaithe na hEorpa

An Bhreatain Bheag

➤ *BBC Cymru'r Byd*

Foilsítear 15 scéal ar a laghad gach lá ar, *BBC Cymru'r Byd* agus déantar uasdhátú rialta orthu. Is minic a dhéantar uasdhátú orthu cúpla uair in aghaidh an lae. Baintear úsáid as na *papurau bro* don chuid is mó agus dheimhnigh suirbhé 'that the most popular stories are about Wales and in particular about language, community and politics'. (Bianchi 2008: 38-9).

➤ Suímh shuimiúla eile ag irisí:

Barn: http://www.cylchgrawnbarn.com/index.php?option=com_content&view=frontpage&Itemid=1

Golwg 360 <http://www.golwg360.com/Hafan/default.aspx>

Y Faner Newydd <http://www.fanernewydd.net/>

Tá liosta níos iomláine le meascán d'irisí Béarla agus Breatnaise le fáil ag

<http://www.yfasnachlyfrau.org.uk/directorydetails.html?id=10096&diablo.lang=eng>
www.dailypost.co.uk

www.northwalesweeklynews.co.uk

www.caernarfonherald.co.uk

www.theonlinemail.co.uk

www.denbighshirevisitor.com

www.northwales.co.uk

www.dailypostcymraeg.co.uk

Bascais

- Tá an tríú caibidil iomlán de 'The Standardisation of Basque Language Law' dírithe ar úsáid na Bascaise sna meáin shóisialta. Dearbhaíonn Alt 22 go bhfuil sé de cheart ag gach saoránach eolas a fháil ó na meáin shóisialta sa Bhascais chomh maith le Spáinnis, agus go bhfuil sé de dhualgas ar an rialtas “appropriate measures to increase the presence of Basque in social media” a ghlacadh. Fuair Euskaldunon Egunkaria agus Argia (iris) maoiniú do láithreach idirlín. (Salaverría 2005: 244);

- Is irisí áitiúla iad na foilseacháin a bhfuil an láithreacht is mó acu ar an idirlíon. Tá na leaganacha clóite agus idirlín difriúil óna chéile mar déantar uasdhátú níos rialta ar na cinn ar líne. (Salaverría 2005: 245);
- Tá timpeall 500 blog in Euskara. (Arana et al 2006: 31).

Briotáinis

- Tá 230 suíomh idirlín i mBriotáinis agus tá timpeall 20 nó 30 scríbhneoirí do *Wikipedia* ag obair go dian do *Wikipedia*. (Broudic 2010). Tá blog an Bhriotánaigh Fanch Broudic (taighdeoir, iriseoir, craoltóir agus blagadóir) féin dátheangach, ach ní hionann ábhar an dá leagan.

Cuid 2

Taighde Gníomhach (ar lean)

3. Anailís ar thaighde cineálach agus cainníochtúil

- a. Seimineár Lae - eolas ginearálta;
- b. Suirbhé (Cuid a haon agus Cuid a dó);
- c. Eolas ón bpobal - agallaimh, ailt i nuachtáin agus i bhfórait ar leith cumarsáide.

a. Seimineár Lae - eolas ginearálta

(i) Bunús agus réasúnaíocht an tseimineáir lae:

Reachtáladh Seimineár Lae ar na meáin mar mheán taighde do chur le chéile na straitéise seo in Institiúid na hÉireann don Léann Daonna, COBÁC ar 13 Samhain 2010.

Is é an modh oibre a glacadh chuige seo ná gur tugadh cuireadh d'iriseoirí gairmiúla agus do sholáthraithe oideachais a bheith ar phainéal chun caint a thabhairt, agus ansin cuireadh an pobal ar an eolas faoin ócáid le freastal uirthi. Bhí an oiread sin rath suntasach, tairbheach ar an seimineár seo mar fhóram plé agus taighde, rud a d'aithin taighdeoirí, iriseoirí gairmiúla, mic léinn agus baill den phobal a d'fhreastail ar an seimineár, gur moladh ceann bliantúil a reachtáil. Nótáladh é seo do mholtaí na tuarascála seo.

(ii) Aidhmeanna:

Ag leibhéal praiticiúil ba í an chéad aidhm a bhain leis an seimineár seo ná eolas a bhailiú ar cad atá á dhéanamh san earnáil seo faoi láthair agus cad a bhí ar siúl inti le blianta anuas, ionas go bhféadfaí comhordú a dhéanamh ar an eolas sin.

An dara haidhm a bhain leis ná an pobal a chur ar an eolas faoina bhfuil ar bun in iriseoireacht na Gaeilge – na rannpháirtithe ar fad agus pobal na Gaeilge. Dá bharr sin tá cuid mhaith de thorthaí na hoibre a rinneadh leis an dá aidhm seo a chomhlíonadh, fite fuaite tríd an tuarascáil seo.

An tríú haidhm agus príomhaidhm an tseimineáir lae ná fóram plé, anailíse agus smaointeachais a sholáthar do phobal gairmiúil na meán Gaeilge, do sholáthraithe oideachasúla agus do mhic léinn, mar aon le fóram plé a sholáthar d'éinne eile ar spéis leo na meáin Ghaeilge ar chúiseanna áirithe.

Ceann de na torthaí ba shuntasáí as seo ná an t-aiseolas ó iriseoirí na Gaeilge féin, ag rá nach raibh a leithéid d'fhóram comónta acu riamh lena dtuairimí a nochtadh, agus gur mhór acu an t-aitheantas mar dhearbhu ar a gcuid oibre, a léirigh luach an phobail a raibh siad ag freastal air, ar an obair chéanna (gan a bheith ag obair i bhfolús). Tá sé

an-deacair a leithéid de luach a mheas go háirithe le líon íseal léitheoirí is cuma cén sórt ábhair atá á chur ar fáil, mar sin is fiú féachaint ar a leithéid d'fhóram amach anseo dá leithéid. Ní hamháin go gcuideodh sé seo le caighdeáin ábhair, iriseoireachta, agus le caighdeáin fhórait, mar chuid de chóras féinmheasúnaithe in earnáil na meán Gaeilge, ach chabhródh an fóram seo le cruthú agus le forbairt na luachanna pobail. Ní mór mar sin i gcónaí gan neamhaird a dhéanamh riamh de chumhacht agus de scileanna bhaill an phobail féin i gcruthú na hearnála seo agus i gcruthú an phobail teanga dá réir. Tá fórait mar seo aitheanta sa Chatalóinis fosta, mar a pléadh cheana.

Tá torthaí an tseimineáir fite fuaite sa tuarascáil ach tháinig príomhphointí spéisiúla aníos ó chainteanna an tseimineáir lae féin agus ón bplé a rinneadh. Gheofar na príomhphointí a cuireadh ar fáil i scríbhinn, thíos faoi seo, agus cuirtear na príomhphointí seo i láthair faoi ainm an chainteora féin ar dtús.

(iii) Príomhphointí na gcainteoirí:

Seosamh Ó Muirí (Beo.ie)

➤ Seirbhís idirlín:

'Is den riachtanas é nach mbeadh an chuid is mó den tír gan ghréasán idirlín ceart a chuimseodh seachadadh grianghraf agus scannán gan deacracht, agus nach loicfeadh freastalaí ar phobal ná ar chomhlachtaí as siocair síobadh gaoithe nó as splanc tintrí. Is cosúil go bhfuil daoine go leor ag athrú anonn is anall ó fhreastalaí go chéile ag iarraidh teacht ar sheirbhís cheart idirlín.'

➤ Pobal idirnáisiúnta agus rochtain an phobail ar Ghaeilge:

'Bíonn 1,500 duine fásta ag freastal ar chúrsaí Gaeilge gach bliain, 50% díobh sin as Éirinn agus an 50% eile as tíortha thar lear. Tharla oiread sin daoine as tíortha thar sáile gur measadh go dtiocfadh le hiris idirlín cuidiú leo nuair a phillfeadh siad abhaile agus cuid mhór acu ag foghlaim na teanga ar a gconlán féin. Seoladh *Beo.ie* mí na Nollag 2001.'

➤ Staitisticí léitheoireachta - fuinneog ar leith:

'Bhí léitheoirí i 91 tír ar domhan an t-am seo anuraidh. Bhí 211 léitheoirí ar an tsuíomh maidin inniu ag 00.30, [13 Samhain 2010] tharla, is dóigh, go mbeidh an chuid is mó acu saor óna gcuid oibre inniu, Dé Sathairn. Saoirse an tSathairn a choinnigh 349 léitheoir as an leaba ag 00.55 ar maidin Dé Sathairn 21 Lúnasa 2010. Tá curtha go mór againn leis an líon léitheoirí ó anuraidh. In Éirinn atá an chuid is mó dár gcuid léitheoirí.'

➤ *Beo.ie* mar uirlis oideachais

'Méadaíonn na cuairteanna go 9,000 sainchuariteoir i mí Bealtaine agus i mí an Mheithimh nuair a bhíonn suas le 50,000 buille leathanaigh (le scrúduithe Ollscoile, Coláistí Oiliúna, Ardteist srl.), mar go mbíonn ailt as *Beo!* in úsáid ar théacsanna, ar pháipéir scrúdaithe agus sna teanglanna ollscoile/coláiste.'

➤ Pobal inimirceach in Éirinn

'Cuimhnimis go bhfuil bordáil ar 200 teanga eile á labhairt in Éirinn faoi láthair. Is mithid dúinn aghaidh a thabhairt ar an easpa teagmhála idir sinn agus muintir na dteangacha eile, óir is cosúil go bhfuilimid, mar mhuintir na Gaeilge, teoranta de bheagán taobh istigh de shaol teagmhála an Bhéarla.'

➤ Dúshlán fhoclóireachta, litrithe, agus chomhréire:

'Déanaim iarracht foirmeacha traslitrithe a sheachaint agus déanaim iarracht focail agus nathanna áirithe a chur ar shúil na ndaoine. Cionn is gur meancóg iontach coitianta é ar fud na meán trí chéile, "on the interline" a rá i nGaeilge (ach nár cheart a scríobh ar eagla go nglacfaí leis) in ionad "ar an idirlíon", shíl mé in eagrán amháin go leagfainn béim ar an fhocal "líon" agus scríobh mé isteach in áit amháin "ar an líon"

(seach "ar líne") le haghaidh "on the (inter)net". Chuir mé "on the net" mar ghluais leis ach ar an drochuair, bhí an focal "líon daoine" in áit eile san alt, rud a chiallaigh go raibh scaidhpeáil le déanamh agam chuig Siobhán in Oideas Gael nuair a foilsíodh an t-alt leis an ghluais áirithe sin a tharraingt as arís.

Beidh "geilleagar" (seach eacnamaíocht), ach beidh "eacnamaí" agam ar an té a oibríonn sa réimse sin. Beidh "bonneagar" (infrastruchtúr), "dúnghaois" (policy) agus "fágaim" (= mar shampla) le feiceáil ar *Beo.ie*, bíodh nach bhfuil "fágaim" go coitianta i gcaint na ndaoine taobh amuigh de Mhaigh Eo. Bíonn "cuirim i gcás", agus 'cuir i gcás', mar mhalairt ar "mar shampla", in ailt a bhaineann leis an taobh ó thuaidh go háirithe fosta.

Bíonn orainn theacht aníos le focal úrnua ó am go chéile. "Crampons" a bhí i gceist in alt de chuid Tony Birtill in am amháin. Ach cuardach a dhéanamh in *Google Image* tchífidh sibh a bhfuil i gceist le "crampon", fearas sléibhteoireachta. "Crobh oighir" a cheapas dó agus murar ghoill sé ar éinne go dtí seo, glacfar leis le himeacht ama. Caithfidh mé an suíomh a bhunaigh Michal Boleslav Měchura a mholadh i dtaca le rochtain ar chartlann *Beo.ie*. As a spéis féin agus as a scil féin gan cianóg rua i gceist a chruthaigh sé Potafochal.com mar a bhfuil teacht go furasta ar shaibhreas na Cartlainne in *Beo.ie*. Nuair a dhéanfar gúgláil ar "crobh oighir" nó a leithéid, tiocfaidh sé aníos le Potafochal.com ina bhfuil teilgin éagsúla le feiceáil.

Tá an focal "iris" sa chaint fós mar "igín", nó "strapa". Cheanglaítí glac leathanach lámhscríbhinne, nó beart leabhar le hiris lena n-iompar in am amháin. Dhá mhír, "air" agus "stá-" (= tá, stand an Bhéarla) atá san fhocal "iris" agus chiallaíodh sé "seasamh air" nó "creideamh".

➤ Teanga mhionlaigh nó mhionlaithe?

'Ceann de mo mhíreanna creidimh faoin am seo is ea, má fheicim 'teanga mhionlaigh' ag tagairt don Ghaeilge in alt, athróidh mé go 'teanga mhionlaithe' é agus cuirfidh mé gluais leis mar "minoritized language" mar is mór atá idir an dá leagan sa dá theanga. Ní haon ribín réidh feasta í an teanga seo ach is teanga nua-aimseartha anois í, bíodh go raibh cúig milliún cainteoirí dúchais aici cúig ghlúin ó shin agus bíodh go bhfuil "the oldest vernacular literature north of the Alps" ar a cúl. (Chadwick 1970; de Fréine 1965). Tá teacht ar roinnt mhaith den saibhreas sin ar an idirlíon (ISOS agus CELT). Ná bímis faoi scáil uasal stair na teanga amháin. Tá deiseanna aici anois nach raibh riamh cheana.'

➤ Ganntanas foirne agus acmhainní i gcomhthéacs chruinneas eagarthóireachta:

'Bíonn tuairim is 18,000 - 20,000 focal isteach chuig *Beo.ie* in achar coicíse ar an ríomhphost amach in eireaball na míosa, rófhada amach sa mhí in amanna. Faoin am a mbeidh naisc go leor, grianghraif agus gluaiseanna curtha leo, beidh an chormheancóg le feiceáil i do dhiaidh. Tuirse is easpa ama is bun leis ach caithfear an méid seo a leanas a rá faoi na scríbhneoirí. I ndiaidh blianta fada de bheith ag ceartú aistí sna forais tríú leibhéal, chuir cruinneas Gaeilge scríbhneoirí na hirise iontas agus gliondar orm. Chonaic mé alt isteach chugainn ó scríbhneoir amháin nach n-athróinn oiread is stad nó síneadh fada amháin ann. Braithim go bhféadfaí a mhaíomh gur caighdeán ceathrú leibhéal atá i mórchuid na n-alt a bhíonn ag triall orm. D'aimsigh na scríbhneoirí bealach chun teacht ar fhíorchruinneas. I gcás amháin, ba ar an ríomhaire é, ach cibé bealach é, is deas é a fheiceáil. Tá roinnt de lucht

méarchláir *Beo.ie* i ndiaidh breis is céad alt a scríobh don iris, Robert McMillen an *Irish News* atá i láthair anseo ina measc.'

➤ Gné dhaonna na scríbhneoireachta i gcruthú phobal léitheoireachta:

'Braithim go mbíonn ábhar amháin sa bhreis ar an eolas in ailt *Beo.ie* agus ní dúirt éinne le lucht a scríofa é a chur ann. Déanann siad as a stuaim féin é. Bíonn daonnacht, nó mothú daonnachta le brath sna hailt. Braithim go mbíonn sonraí agus go mbíonn eolas in alt, agus ní hionann an dá ghné sin, ach go gcaithfidh an luach eile úd, an daonnacht, a bheith ag snámh áit éigin isteach trí alt irise chomh maith.'

➤ Rochtain an phobail:

'Ársóidh mé daoibh roinnt eachtraí, nó "privatizations" mar a deir lucht na socheolaíochta. Bhí mé le dream Gaeilgeoirí tráthnóna inné agus chuir príomhoide Gaelscoile ceist orm faoin nuachtán, *Gaelscéal*, a bhí caite agam ar an bhord. "Cé a fhoilsíonn an nuachtán sin?" a d'fhiafraigh sé díom. Ní raibh an nuachtán feicthe aige cheana. Mhínigh mé do dhream eile Gaeilgeoirí coicís ó shin go raibh mé ar tí imeacht agus tiomáint ó dheas chuig an Oireachtas i gCill Airne. Beirt a bhí ag éisteacht liom, bean acu a bhí ag éileamh go gairid roimhe sin nár labhraíodh Gaeilge léi i dteach lóistín in Inis Meáin. Chuireadar ceist orm. "Céard é an tOireachtas?" Bhí orm a mhíniú dóibh.

Mar bhuille scoir leis na heachtraí beaga seo, bhí múinteoir Gaeilge ag caint liom inné. Tá cainteoir eile Gaeilge sa teach chomh maith léi féin. Thosaigh sí ag cur di go láidir faoi chúrsaí geilleagair nó faoina leithéid eile. "Níor léigh tú *Beo.ie*. Tá alt faoi sin san eagrán reatha" a dúirt mé léi. Níor léigh ar ndóigh.

Comharthaíonn na scéalta beaga sin nach bhfuil cainteoirí Gaeilge na tíre linn oiread agus a shílimid go bhfuil. Is mar chaitheamh aimsire ag cuid mhaith acu í agus is maith an rud go bhfuil, ach ní miste a thuiscint nach ionann cainteoir Gaeilge agus an 'Gaeilgeoir' agus is beag an baol go léifidh siad alt Gaeilge san *Irish Times* nó in *Beo.ie*. Is 'Béarlóirí' iad formhór cainteoirí Gaeilge na tíre. Tá a n-ainm is a sloinne i mBéarla, tá obair an lae acu i mBéarla agus bíonn saol a dteaghlaigh sa teanga chéanna sin. Is beag a n-aird ar *Gaelscéal*, TG4, Raidió na Gaeltachta, *Beo.ie* agus ar Oireachtas na Gaeilge. Níl a fhios ag cuid acu a leithéidí a bheith ar an saol.

Ar an láimh eile, chuir mé suntas sa mhéid daoine nár thagair don Ghaeilge riamh roimhe liom, ach go mba an-ábhar cainte acu liom, duine i ndiaidh a chéile, nuair a thosaigh *Foinse* ag teacht amach faoi chlúdach an *Independent*. Tá iúl agus aird ag formhór mhuintir na hÉireann ar an Hectorachas, ar an Des Bishopachas, ar aon ní Gaeilge a thiocfas chucu trí shaol an Bhéarla. Caithfimid a bheith tuisceanach ó thaobh na síctheangeolaíochta agus eolas faoi iriseoireacht Ghaeilge a dhíriú ar an iliomad réimsí cainteoirí/léitheoirí, leathchainteoirí, lagchainteoirí, neaschainteoirí. Measaim go gcaithfimid eolas faoi na deiseanna Gaeilge, irisí agus eile, a scaipeadh go forleathan i measc phobail an Bhéarla. Tá gné eile sa scéal, an t-aicmeachas nár thagair mé dó anseo go fóill, ach imríonn an ghné chéanna an-tionchar ar íomhá na Gaeilge sa Ghaeltacht agus san iar-Ghaeltacht araon. Oibríonn sé droim ar ais sa dá áit thar a chéile, ar bhealach, measaim, ach caithfear aird a thabhairt ar an ghné sin amach anseo.'

Robert Mc Millen (Irish News)

- 'An tsúil eile' nó clonadh eile de dhíth chun pobal léitheoireachta a mhealladh:

'Ar íorónaí an tsaoil é, is iad Gaeilgeoirí líofa na daoine is lú a bhfuil suim acu i nuachtáin Ghaeilge.

B'fhéidir nár chóir iontas a bheith orainn go bhfuil Gaeil ar nós cuma liom mar ní raibh traidisiúin láidir léitheoireachta i nGaeilge riamh i measc na nGael.

Tá muid i ngrá le daoine - léitheoirí - nach bhfuil grá acu dúinn. Imríonn muid gach uile cleas le iad mhealladh, ach i bhfírinne, is cuma leo. Tá a gcroí i dtairge eile atá níos óige, níos saibhre, níos áisiúla agus níos gnéasúla - an t-idirlíon, an nuacht 24 uair sa lá, gutháin chliste, etc., agus labhraíonn an tairge meallacach sin, sa chuid is mó, Béarla.'

- Todhchaí na meán agus dúshlán ar an scála domhanda:

'Tá na meáin traidisiúnta clóite faoi bhrú. I 2009, don chéad uair riamh, caitheadh níos mó ar fhógraíocht ar-líne ná mar a caitheadh ar fhógraíocht sna meáin chlóite agus tá a fhios againn gur arán an bheatha é fógraíocht do na meáin chlóite.

Comhartha sóirt eile - thit ioncam na nuachtán i SAM 29% idir 2008 agus 2009 agus tá na scéal amhlaidh i gcuid mhór tíortha eile.

Seo an timpeallacht eacnamaíochta ina mbeidh nuachtáin clóite ag feidhmiú i 2011.'

- Gnó laethúil a dhéanamh trí Ghaeilge chun a húsáid a chinntiú mar sin tá na meáin fite fuaite i bhforbairt na Gaeilge sna heagraíochtaí pobail agus a leithéid fosta:

'Bhí mé ag léacht a thug an teangeolaí Iosraelach, an Dr Shlomo Izre'el, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich i 2005 inar dhúirt sé nach n-éireodh go deo le hathbheochan na Gaeilge mar a d'éirigh leis an Eabhrais mar níl an Ghaeilge riachtanach le gnó coitianta laethúil a dhéanamh.

Ar an drochuair, measaim gur sin mar atá cás na meán clóite Gaeilge, dá fheabhas iad - níl gá dosheanta leo i saol achan lá an ghnáthGhaeilgeora.

Ainneoin na cainte uilig ar an "súil eile" agus an dearcadh sainiúil Gaelach, agus tuigeanann muid uilig an idé-eolaíocht a mhaíonn gur cheart agus gur chóir nuachtán náisiúnta Gaeilge a bheith ann - agus aontaím leis an dearcadh sin - is éigean bheith réadúil faoi. Ceist daonlathais agus prionsabal saoirse cainte chomh maith le ceist phleanáil teanga atá ann.

Ach, sin ráite, cá bhfuil na léitheoirí nó, níos tábhachtaí fós, lucht ceannaithe nuachtán Gaeilge?'

Danny Brown (Goitse)

- Spriocphobal léitheoireachta a aithint i gcás *Lá Nua*:

'Fuair mé amach go raibh leisce ar dhaoine sa ghaeltacht rud ar bith a léamh i nGaeilge.'

➤ Moladh do nuachtán laethúil:

'Leis an páipéar a dhéanamh tarraingteach do phobal na Gaeilge, mhol mise gur chóir ceithre nó cúig leathanach gach Luan a thabhairt do scéalta nuachta agus imeachtaí sóisialta agus cultúrtha as Gaeltacht Dhún na nGall.

Gach Máirt, bheadh an cineál céanna ag teacht as Conamara.

Gach Céadaoin as Cúige Mumhan.

Gach Déardaoin as Baile Átha Cliath agus Cúige Laighean.

Agus gach Aoine as na Sé Chontae.

Bhí mé den bharúil go mbeadh díolachán níos airde sna ceantracha sin ar a laghad lá amháin sa tseachtain agus go mbeadh gréasán iriseoirí páirt-aimseartha ar fud na tíre le déileáil leis na scéalta móra náisiúnta.

Creidim go fóill go dtiocfadh linn páipéar fiúntach laethúil a chur amach faoin *format* sin.'

➤ Dáileachán:

'Tá foireann dáileacháin anois againn a fhágann na páipéir sna siopaí, sna scoileanna agus ag na dochtúirí; áit ar bith sna trí paróistí a bhfuil rachairt air.'

➤ Na meáin Ghaeilge mar mheán chun cothú na léitheoireachta a fhorbairt:

'Dúirt daoine linn nach n-éireodh leis de thairbhe nach mbíonn duine ar bith ag léamh as Gaeilge. Tá sé cruthaithe againn nach bhfuil sin fíor. Agus má léann siad *Goitse* i dTír Chonaill, níl fáth ar bith nach léifeadh siad páipéirí eile, ach an t-ábhar a bheith fóirsteanach. Agus níl fáth ar bith ach an oiread nach mbeadh páipéar áitiúil i gConamara, i Múscraí, i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste.'

Siún Ní Dhuinn (Metro Ireland)

➤ Ról an iriseora:

'Gur chóir d'iriseoirí Gaeilge a n-áit a ghlacadh mar phearsana lárnacha i saol na hÉireann - daoine a bhfuil ról tábhachtach acu sa tsochaí - ní hamháin mar dhaoine a bhíonn ag scríobh ar son na cúise - go bhfuil ról maighdeogach acu sa saol úd, 'Pearse's journalistic writings attest to a witness account of a vibrant, changing society one in which he has a crucial and central role to play'.

Pádraig Mac Fhearghusa (Feasta)

➤ Scileanna teicneolaíochta agus oiliúint:

'Más mian linn a bheith ann mar phobal nua-aoiseach liteartha, a bhfuil lán-aitheantas ag ár dteanga mar urlabhra, is gá dúinn cóhort d'eagarthóirí agus d'iriseoirí / scríbhneoirí a oiliúint go leanúnach. Bheadh níos mó ama le caitheamh ar ríomh scéil dá mbeadh an t-ábhar a thagann isteach 'foirfe' - mar sin is lú an obair atá le déanamh ag eagarthóirí má tá an obair eile déanta cheana. Ba chóir mar sin go mbeadh gach duine oile i gcúrsaí eagarthóireachta.'

Más mian linn iriseoirí, foilsitheoirí a bheith again, is fearr taithí a bheith acu ar Apple Mac, agus theidís i dtaithí ar *Quark Xpress* in ainneoin é a bheith costasach. B'fheidir nach bhfuil deich faoin gcéad de mhargadh na ríomhairí ag Apple Mac, ach is leis na Macs 90 faoin gcéad d'earnáil na clódóireachta. Ní déarfainn go bhfuil nuachtán ná iris sa tír nach bhfuil á chur i gcló in *Quark Xpress*. Agus is gá dúinne, lucht na Gaeilge, a bheith in ann ár gcuid a chur ar fáil fótaréidh le haghaidh clódóirí nach bhfuil ar a gcumas Gaeilge a cheartú, ná fiú ceann teideal a bhriseadh san áit chuí.'

- Moladh / ráiteas do réasúnaíocht i gcomhthéacs riachtanais agus thuiscintí ar phobal na Gaeilge agus ról na n-irisí:

'Chun go mairfeadh pobal na Gaeilge ba ghá irisí a bheith mar ardáin acu, agus ba ghá go mbeadh litríocht á cumadh sa teanga chun go gcuirfí tuiscintí agus mothucháin an phobail sin in iúl. Is gá don phobal a thuiscint chomh maith gur riachtanas é go gceannófaí irisí agus go leireofaí éileamh orthu.'

- Cothú na scríbhneoireachta:

'Agus ar deireadh is gá go gcabhrófaí le scríbhneoirí óga iad fein a chothú mar scríbhneoirí: is gá iad a chur in aithne dá chéile. Is gá 'ceardlanna caidrimh' a chur ar siúl, mar ar féidir leo an scríbhneoirecht a phlé. Tá go leor ábhar as Béarla ar chothú na scríbhneoireachta - tagann ainmneacha mar Dorothea Brande (*Becoming a Writer*, Macmillan), agus Myra Schneider/ John Killick (*Writing for Self Discovery*. Element), nó Julia Cameron (*The Artist's Way*. Pan Books), chun cuimhne.'

Páidí Ó Lionaird (TG4)

- 'Tá bunús na hiriseoireachta fréamhaithe san fhocal clóite cibé';
- 'Is gá an Ghaeilge a aisghabháil';
- Tá fáillí déanta sna ranna stáit'.

Máiréad Ní Chinnéide (Saoririseoir)

- *Foinse* agus stair na nuachtán Gaeilge:

'Nuair a tháinig *Foinse* ar an saol i 1998 bhíothas in ann ailt agus pictiúir ó gach cearn den tír agus fiú den domhan, a fháil ar líne. Is doigh liom gurb é *Foinse*, faoi eagarthóireacht Bhreandán Delap agus Shean Taidhg Uí Ghairbhí an nuachtán Gaeilge is fearr dá bhfaca mise, agus ní ag caitheamh anuas ar an dá nuachtán atá ann anois, *Gaelscéal* agus *Foinse* san *Independent* atá mé, mar thóg se roinnt blianta ar an sean*Fhoinse* an staid sin a bhaint amach. Cé go raibh sé ag brath ar iriseoirí ón taobh amuigh chun colúin agus tuairiscí a scríobh d'éirigh leis an fhoireann san oifig ar an Cheathrú Rua a gcló féin a chur ar an nuachtán agus bhí daoine óga ag teacht isteach a bhí ag foghlaim na ceirde uathu. Agus tá sé sin thar a bheith tábhachtach in aon nuachtán go mbeadh foireann ann ag malartú tuairimí agus eolais lena chéile agus daoine óga ag foghlaim uathu. Obair foirne a bhí sa leathanach fonóideach *Ar Son na Cúise* a thaitin go mór leis na léitheoirí agus a léirigh go raibh pobal na Gaeilge in ann

gáire a dhéanamh faoi féin. Is dóigh liom gur thug *Foinse* gairmiúlacht isteach in iriseoireacht na Gaeilge nach raibh ann roimhe. Nuair a tharraing Foras na Gaeilge siar an deontas do *Foinse* breis agus bliain ó shin cailleadh an t-eolas agus an taithí a bhí ag an fhoireann sin agus b' amhlaidh an scéal ag *Lá Nua*. Tá súil agam nach dtarlóidh an rud céanna do *Gaelscéal* agus go gcuirfear acmhainní agus áiseanna ar fáil dó chun foireann chumasach a chur le céile agus chun iriseoirí óga a oiliúint, agus thar rud ar bith eile léitheoirí a mhealladh, mar dá fheabhas é an sean*Foinse* níor éirigh leis, go bhfios dom, níos mó na seacht míle cóip a dhíol.'

➤ Luach an chaiteachais ar nuachtán Gaeilge:

'Agus ar deireadh ceist fíorthábhachtach? Más fíor go bhfuil níos mó agus níos mó daoine i dtaobh le meáin eile chun nuacht a fháil an fiú breis agus €300,000 sa bhliain a chaitheamh ar nuachtán Gaeilge nach léann morán níos mó ná sé mhíle duine? Creidim gur fiú. Ba thairfí go mór don Ghaeilge, dar liom, bunúsáid a bheith á baint as an teanga chun cur síos a dhéanamh ar chúrsaí na linne seo i nuachtán seachtainiúil, ná na céadta tuarascálacha a scríobhadh i mBéarla, agus nach léann duine ar bith, a aistriú go Gaeilge. Agus sin ráite ní fiú nuachtán Gaeilge a bheith ann ar mhaithe leis an Ghaeilge amháin. Ní mór ábhar a bheith ann a mheallann léitheoirí agus chuige sin ní mór féachaint chuige go mbeidh foireann iriseoirí aige, agus na hacmhainní ag an nuachtán iriseoirí nua a oiliúint, iriseoirí a bhraithfeadh dílseacht don nuachtán agus a dhéanfadh a dhícheall féachaint chuige go mbeadh pé scéal a mbeidís ag obair air ina ábhar cainte ag pobal na tire. ... Is fiú an t-airgead a chaitheamh ar nuachtán agus is gá tógáil air agus dílseacht a chothú.'

Fionntán de Brún (Léachtóir ollsoile, Ollscoil Uladh)

➤ Feidhm an nuachtáin fhisiciúil mar shuaitheantas:

'Mar shampla, an tábhachtaí feidhm shiombalach an nuachtáin Ghaeilge, mar chomhartha ar bhail na Gaeilge féin nó an t-eolas agus na tuairimí a thugann an nuachtán sin dúinn?'

➤ Tréithe an iriseora:

'Go stairiúil, ba tháirge ilfheidhmeach é an nuachtán, léigh muid é agus scríobh muid ar ais chuige, d'ith muid sceallóga as, las muid tine leis agus ar feadh i bhfad ní raibh i dteach an asail ach é. ... Is ag laghdú atá feidhm fhisiciúil an nuachtáin le fada ach go fiú agus an scáileán ag fáil treise ar an pháipéar, beidh níos mó ná toise amháin leis an iriseoireacht. Leoga, de réir cuma, beidh an iriseoireacht níos iltoisí ilfheidhmí amach anseo mar gheall ar nuálú na teicneolaíochta. Caithfidh an t-ábhar iriseora, mar sin, a bheith ilfheidhmeach iltoiseach ildánach ionas go mbeidh sé in ann ag a cheird.'

Ité Ní Chionnaith (Léachtóir, Institiúid Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath)

'Na gnéithe is tábhachtaí i dtraenáil an iriseora:

- Cumas sa teanga;
- Cumas san iriseoireacht;
- Oideachas leathan.'

Ciarán Dunbar (Eagarthóir Gaelscéal)

- Gan deighilt a dhéanamh idir cumas teanga agus cumas iriseoireachta (gan daoine a fhostú mar iriseoirí toisc go bhfuil Gaeilge mhaith acu ach toisc go bhfuil cumas iriseoireachta iontu);
- ‘Infheictheacht’ na Gaeilge sa timpeallacht áitiúil a chinntiú agus a chur chun cinn le cuidiú le forbairt – daoine ar an eolas faoi scéimeanna poiblí – tábhachtach fosta i gcás na meán;
- Nuachtáin agus a leithéid ar díol sna siopaí áitiúla;
- Síntiúis do na meáin ar líne;
- Léirmheastóireacht ar chúrsaí ealaíne domhanda ach trí mheán na Gaeilge;
- Na meáin Ghaeilge ‘vital in sustaining the future of Irish in our country’;
- Níos mó fógraíochta – daoine a chur ar an eolas;
- Pobal idirnáisiúnta a shroichint;
- Irisí ró-ilghnéitheach – treoir de dhíth;
- ‘Facebook’ na Gaeilge;
- Ábhar níos leithne in *Gaelscéal*;
- Tugann na meáin Ghaeilge chlóite stádas don teanga;
- Freastal difriúil agus cur chuige difriúil ar aoisréimeanna éagsúla;
- ‘Alumni’ –cúrsaí ollscoileanna ar fad an domhain mar chuid den ghréasán chumarsáide.

2. Suirbhé (Cuid a haon agus Cuid a dó)

a. Cúlra agus treoir do thorthaí an tsuirbhé:

- Reachtladh an suirbhé seo i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2010. Díríodh ar aoisghrúpa ar leith os cionn 20 bliain d'aois idir mhic léinn ollscoile, phobal gairmiúil na meán Gaeilge, daoine atá ag obair in institiúidí stáit agus an gnáthphobal.
- Roinneadh an suirbhé in dhá chuid:
Cuid a haon a dhírigh ar cheistanna faoi ábhar, faoi fhórait agus faoi mholtaí infheistíochta i gcomhthéacs chumas teanga agus aoisréim an rannpháirtí.
Cuid a dó a dhírigh isteach ar bhailiú eolais agus ar mholtaí ginearálta. Bhí cúig cheist le freagairt i ngach roinn.
- Sa chéad roinn iarradh ar rannpháirtithe a roghanna a léiriú ar scála idir 1-5 (1 an leibhéal is ísle agus 5 an leibhéal is airde). Seasann an 0 do líon na ndaoine nár líon an rannóg sin isteach mar sin ní féidir na figiúirí sa cholún sin a chur san áireamh do thorthaí na dtuairimí a cuireadh in iúl. Sa dara cuid iarradh ar rannpháirtithe a dtuairimí agus a moltaí féin a chur in iúl.
- Scaipeadh an chéad dréacht den suirbhé ar rannpháirtithe an tseimineáir lae ar na meáin ar dtús le moltaí a lorg uathu le cinntiú go bhfreastalódh an suirbhé ar riachtanais phobal na Gaeilge i gcás na meán Gaeilge a mheas i gceart. Scaipeadh an leagan leasaithe ansin ar an bpobal go ginearálta. Fuarthas díreach 100 freagra ar ais.

Bheadh i bhfad níos mó ama agus acmhainní de dhíth chun anailís chuimsitheach a dhéanamh ar ábhar agus ar aiseolas iomlán an tsuirbhé seo agus tabharfar faoi sin tar éis na tuarascála seo mar aon le suirbhé eile a reachtáil ar phobal óg faoi 20 bliain d'aois.

- Mar sin don tuarascáil seo díródh ar thrí ábhar amháin:
 - a. Ábhar sna meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne a bhfuil éileamh air;

- b. Na fóraim is mó a úsáidtear agus a fheileann do riachtanais an léitheora;
- c. Moltaí infheistíochta do meáin Ghaeilge clóite agus ar líne.

Tar éis scagadh a dhéanamh ar na moltaí a bailíodh ó shuirbhéanna an tseimineáir lae, réitíodh an dara leagan den suirbhé le scaipeadh ar an bpobal. Feicfear liosta de na daoine ar cuireadh an suirbhé chucu in Aguisín 1. Mholfainn go mór leathnú amach air seo mar ghné thaighde agus suirbhé a reachtáil le cuidiú ó Institiúid Geary in UCD nó le Mercator media. Is gá fosta suirbhé a chur ar mhic léinn faoi 20 bliain d'aois sna hollscoileanna agus go háirithe sna meánscoileanna, rud a chabhródh go mór, ní hamháin leis an earnáil seo, ach le measúnú ar riachtanais an churaclaim nua i gcomhthéacs moltaí nua atá ag teacht chun tosaigh faoi láthair. Is gá i gcónaí fosta é seo a chur chuig múinteoirí ach má tá pobal á chruthú againn, mar a phléigh mé i bhfóram acadúil eile roimhe seo: 'a language to be successful must be mindful of all its members'. Seans go bhfuil neamhaird á déanamh de bhaill thábhachtacha an phobail úd mura n-aithnítear luach an aiseolais seo ó ghlúin óg na tíre seo.

- Torthaí ginearálta atá á soláthar anseo mar sin mar threoir, ar an tuiscint gur gá tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an ábhar a bailíodh. Mar sin féin is díol suntais iad na torthaí atá tagtha chun tosaigh i bhfianaise an chuid eile den taighde a rinneadh don tuarascáil seo.

b. Cuid a hAon den tsuirbhé - eolas cainníochtúil

(i) Ábhar a bhfuil éileamh air

Ba iad na hábhair a luadh le cur ar scála 1 -5 ná :

Nuacht an lae, cúrsaí reatha, nuacht na seachtaine, cúrsaí litríochta, eolas faoi imeachtaí Gaeilge, Cúrsaí cultúrtha, cúrsaí siamsaíochta, comhfhreagras, agus cúrsaí idirnáisiúnta.

Scála	Nuacht an lae	Cúrsaí Reatha	Nuacht na Seachtaine	Cúrsaí litríochta	Eolas faoi imeachtaí Gaeilge	Cúrsaí Cultúrtha	Cúrsaí Siamsaíochta	Cúrsaí idirnáisiúnta	Comhfhreagras
0	0	13	15	11	16	16	19	22	21
1	16	8	16	16	7	7	12	12	18
2	4	9	8	16	13	7	13	16	16
3	8	17	10	20	16	25	22	13	21
4	14	19	18	21	18	25	22	15	14
5	47	34	34	17	31	21	13	23	11

Anailís ar thorthaí an tsuirbhé ar ábhar a bhfuil éileamh air sna meáin Ghaeilge clóite agus ar líne:

An t-ábhar is mó a bhfuil éileamh air ná nuacht laethúil (47% a thug scála a cúig leis an ghné seo);

Nuacht sheachtainiúil agus cúrsaí reatha an dá ghné is mó a bhfuil éileamh air tar éis nuacht an lae (34% a thug scála a cúig don dá ghné seo);

Thug 31% scála a cúig d'imeachtaí Gaeilge;

Thug 23% scála a cúig do chúrsaí idirnáisiúnta;

Thug 21% scála a cúig do chúrsaí cultúrtha.

Is gá mar sin a aithint go n-aithnítear feidhm na meán Gaeilge clóite agus ar líne mar mheáin atá ag freastal ar phobal na Gaeilge amháin mar ní bheadh ar chumas éinne gan Ghaeilge an nuacht ar líne a léamh. Tuigtear as seo go bhfuil pobal na Gaeilge ag lorg foinsí nuachta ar leith dá gcuid féin a thugann an nuacht dó ina

theanga féin. Níl aon suaitheantas cultúrtha ag baint leis na meáin chlóite nó ar líne sa chomhthéacs seo - is léir go samhlaítear na meáin Ghaeilge seo mar mheáin eolais.

(ii) Fóraim is mó a úsáidtear agus a fheileann do riachtanais an léitheora

Ba iad na fóraim a luadh le cur ar scála 1 -5 ná:

Na meáin shóisialta, irisí ar líne, nuachtán ar líne, nuachtán clóite, colún i nuachtán áitiúil, colún i nuachtán náisiúnta, iris chlóite, iris chultúrtha, iris ar chúrsaí laethúla, Nuachtlitir i nGaeilge, Blaganna, Nuachtáin nó irisí náisiúnta nó áitiúla a gcaithfear íoc astu, meáin náisiúnta clóite saor in aisce, meáin phobail chlóite saor in aisce.

Fóraim	0	1	2	3	4	5
Meáin shóisialta	12	36	9	13	10	21
Irisí ar líne	9	17	18	18	19	19
Nuachtán ar líne	13	21	20	15	17	16
Nuachtán clóite	10	16	8	20	22	26
Colún i nuachtán áitiúil	19	37	17	8	8	13
Colún i nuachtán náisiúnta	14	14	12	18	18	26
Iris chlóite	8	21	15	23	16	19
Iris chultúrtha	18	20	24	14	10	16
Iris ar chúrsa reatha	21	23	18	20	10	10
Nuachtlitir Ghaeilge	17	22	14	18	16	15
Blaganna	17	41	17	9	11	7
Nuachtáin nó irisí náisiúnta/aitiúla a gcaithfear íoc astu	39	26	6	14	9	8
Meáin náisiúnta clóite saor in aisce	39	26	7	12	7	11
Meáin phobail chlóite saor in aisce	18	26	12	21	11	14

Anailís ar thorthaí an tsuirbhé ar na fóraim is mó a úsáidtear agus a fheileann do riachtanais an léitheora:

An dá fhóram is mó a úsáidtear agus a fheileann do riachtanais an léitheora ná an nuachtán clóite (26%) agus an colún i nuachtán náisiúnta (26%);

Tagann na meáin shóisialta sa dara háit le 21% a chuir isteach ar scála 5 iad agus na hirísí ar líne ansin le 19% ar scála 5.

Chomh maith leis sin is iad na blaganna na fóraim is lú a fheileann do riachtanais an léitheora agus is lú a úsáidtear, le 7% á gcur ar scála a cúig agus beagnach 75% ar scála idir 0-2. Níl ré na mblaganna tagtha in inmhe go fóill don phobal seo, mar sin is gá a bheith ar an airdeall gan bogadh ar aghaidh róthapaidh. Chomh maith leis sin léiríonn sé seo tábhacht an ábhair seachas an fhórait mar fhoinsé nuachta mar de ghnáth ní bhaineann blaganna le nuacht. An-seans áfach go mbaineann sé seo le glúin áirithe agus shamhlófaí go bhfeicfí athrú air seo i gceann cúig bliana fiú agus daoine óga ag dul i dtaithí ar úsáid na meán ar líne. A luaithe agus a théitear i ngleic le coincheap an bhlagasféir, shamhlófaí go dtiocfaidh athrú suntasach ar an suíomh seo taobh istigh de thréimhse ghearr. Macasamhail *Facebook*, *Bebo* agus a leithéid, a luaithe agus a áirítear é mar nós, nó mar threocht sóisialta, glacfar leis láithreach sa sféar poiblí. Dá bharr sin d'fhéadfaí glacadh leis an toradh seo mar thoradh a bhainfidh le tréimhse na tuarascála seo amháin.

Nuacht ar líne: 33% (aon trian den phobal) a chuir é seo ar scála 4 nó 5.

Nuachtlitreacha: 22% a chuir a leithéid d'fhórait ar scála íseal ag a haon.

Mar sin féin ag féachaint ar na figiúirí seo tá an oiread céanna daoine ann a dteastaíonn uathu iris ar líne agus nach dteastaíonn uathu iris ar líne - tá cothromaíocht do gach grád den scála i gcás na n-irisí ar líne. Tá sé tábhachtach anseo agus anailís á déanamh ar na fórait, go bhfuil nuachtán clóite chun tosaigh agus go raibh nuacht laethúil chun tosaigh mar ábhar i gceist a haon, a aithint, ach nach bhfeileann fóram na hirise ar chúrsaí reatha do riachtanais an léitheora. Is léir mar sin go bhfuil áit ann i gcónaí don nuachtán clóite - go fóill cibé. Ní foláir é seo a chur san áireamh i gcomhthéacs phleanáil 5 bliain agus tagann na torthaí seo go mór le tuiscintí ar na meáin chlóite agus ar líne i bhfoinsí comhaimseartha sna meáin Bhéarla. Tacaíonn an fhianaise seo le cáilíocht na hiriseoireachta seachas díreach iriseoireacht a bheith ar fáil.

Mar sin féin ainneoin gur coincheap réasúnta nua iad na meáin shóisialta tá an chosúlacht ann anseo go bhfeileann siad don léitheoir. Leagann sé seo béim ar éascaíocht chumarsáide seachas ar scríbhneoireacht. Má ghlactar le figiúirí na

mblaganna ina mbeadh ar an léitheoir a bheith idirghníomhach fosta, ach ag scríobh agus ag roinnt tuairimí seachas díreach cumarsáid.

Tá cáilíocht agus caighdeán na hiriseoireachta chun tosaigh seachas éagsúlacht ábhair nó fóram de réir an eolais seo.

(iii) Moltaí infheistíochta

Ba iad na réimsí a luadh le cur ar scála 1 -5 do mholtaí infheistíochta ná:

Dáileachán na meán clóite, seirbhísí ar líne, meáin áitiúla saor in aisce, meáin chlóite áitiúla ar ghá íoc astu, nuachtán náisiúnta clóite, nuachtán náisiúnta ar líne, seirbhísí clóite ginearálta, lárionad cumarsáide, traenáil chumarsáide institiúide, traenáil chumarsáide phobail, scileanna scríbhneoireachta in institiúidí, Scileanna scríbhneoireachta sa phobal, Scileanna teanga in institiúidí, scileanna teanga sa phobal, naisc a chothú idir institiúidí agus eagraíochtaí stáit, feachtas poiblíochta, traenáil d'oifigigh Ghaeilge d'eagraíochtaí cultúrtha agus pobail.

	0	1	2	3	4	5
Dáileadh na meán clóite (irisí agus nuachtáin)	11	7	11	17	15	39
Seirbhísí ar líne	12	7	5	10	19	47
Seirbhísí clóite áitiúla saor in aisce (nuachtlitreacha / nuachtáin / irisí)	15	15	10	22	15	23
Seirbhísí clóite áitiúla le ceannach (nuachtlitreacha / nuachtáin/ irisí)	41	10	16	16	8	9
Nuachtán náisiúnta clóite Gaeilge	33	5	3	16	10	33
Nuachtán náisiúnta Gaeilge ar líne	29	4	4	10	18	35
Seirbhísí clóite náisiúnta (nuachtlitreacha, nuachtáin atá saor in aisce/ le ceannach, irisí)	37	5	9	21	13	14
Gréasán cumarsáide lárnach le sonraí teagmhála a chruthú do phobal na Gaeilge agus é roinnte suas de réir riachtanais an phobail: léitheoirí, scríbhneoirí, ábhar ar fáil trí Ghaeilge, cuir i gcás	14	4	10	12	16	44
Oiliúint ar chúrsaí cumarsáide sna scoileanna nó sna hinstitiúidí tríú leibhéal	10	7	9	10	24	40
Oiliúint ar chúrsaí cumarsáide sa phobal	15	9	12	17	19	28
Oiliúint ar scileanna scríbhneoireachta sna scoileanna nó sna hinstitiúidí tríú leibhéal	9	9	8	20	13	41
Oiliúint ar scileanna scríbhneoireachta sa phobal	13	6	6	30	21	24
Oiliúint ar chúrsaí teanga sna scoileanna nó sna hinstitiúidí tríú leibhéal	11	5	3	12	17	52
Oiliúint ar chúrsaí teanga sa phobal	15	4	2	24	15	40
Naisc a neartú idir pobal gairmiúil na meán Gaeilge, na hinstitiúidí oideachais agus na heagraíochtaí stáit	32	6	4	13	14	31
Feachtas poiblíochta chun pobal na hÉireann a chur ar an eolas ar a bhfuil ar fáil sna meáin Ghaeilge	30	4	9	5	17	35
Traenáil a sholáthar d'eagraíochtaí stáit, cultúrtha,	32	6	4	9	15	34

deonacha agus a leithéid ar úsáid na Gaeilge i bhfóraim éagsúla na meán Gaeilge clóite agus ar líne (CLG, Comhairlí Contae, cuir i gcás)						
Eile						

Go ginearálta luadh traenáil ar scileanna iniúchta, ar scileanna teicneolaíochta agus ar scileanna iriseoireachta mar réimsí eile ar fiú infheistíocht a dhéanamh orthu. Moladh straitéis cheart agus cur i bhfeidhm chóras creidiúnaithe d'iriseoirí Gaeilge agus moladh feachtas in ionaid oibre le hoibrithe a spreagadh chun Gaeilge a úsáid san áit oibre.

Anailís ar thorthaí an tsuirbhé ar mholtaí infheistíochta

Is léir ó na figiúirí seo go raibh na rannpháirtithe deimhnitheach faoi na moltaí a bhí le déanamh sa chéad áit - é sin nó níor líonadh aon rud isteach sa rannóg. I gcuid mhaith de na rannóga tá líon na ndaoine a mhol é go hard ag scála a cúig, ar comhchéim le líon na ndaoine nár líon aon rud isteach. Is é an réimse is lú a moladh i dtaobh infheistíochta ná 'Seirbhísí clóite áitiúla le ceannach (nuachtlitreacha / nuachtáin/ irisí)'. Níor líon ach 59 isteach an rannóg seo a chiallaigh go raibh 41 nár líon isteach é. Chuir naonúr an réimse seo ar scála a cúig d'infheistíocht.

Ceann de an staitisticí is spéisiúla anseo ná líon na ndaoine a chuir 'Oiliúint ar **chúrsaí teanga** sna scoileanna nó sna hinstitiúidí tríú leibhéal' chun tosaigh ar fad ag scála 5 le scór 52%, rud a léiríonn tábhacht na teanga beag beann ar an ghné den teanga atá i gceist i gcónaí. An bhfuil an teanga chun tosaigh i gcónaí mar sin do phobal mionteanga?

Is iad na réimsí eile is mó a mholtar go tréan (scála 5) infheistíocht a dhéanamh iontu ná, seirbhísí ar líne (47% ar scála 5); gréasán cumarsáide lárnach le sonraí teagmhála a chruthú do phobal na Gaeilge agus é roinnte suas de réir riachtanais an phobail: léitheoirí, scríbhneoirí, ábhar ar fáil trí Ghaeilge, cuir i gcás (44% ar scála 5); oiliúint ar **scileanna scríbhneoireachta** sna scoileanna nó sna hinstitiúidí tríú leibhéal (41% ar scála 5); oiliúint ar **chúrsaí teanga** sa phobal (40% ar scála

5); oiliúint ar chúrsaí **cumarsáide** sna scoileanna nó sna hinstiúidí tríú leibhéal (40% ar scála 5); dáileadh na meán clóite (39% ag scála 5).

Is fiú torthaí na réimsí eile sa chatagóir seo a liostáil, mar taobh le torthaí anailíse an taighde acadúil agus an taighde eile ghníomhaigh a rinneadh don tuarascáil seo, nótáladh na moltaí seo do chur le chéile na straitéise. Na moltaí eile a raibh rannpháirtithe an tsuirbhé go mór ar a son ná:

- Feachtas poiblíochta chun pobal na hÉireann a chur ar an eolas ar a bhfuil ar fáil sna meáin Ghaeilge (35% ar scála 5);
- Nuachtán náisiúnta Gaeilge ar líne (35% ar scála 5);
- Traenáil a sholáthar d'eagraíochtaí stáit, cultúrtha, deonacha agus a leithéid ar úsáid na Gaeilge i bhfóraim éagsúla na meán Gaeilge clóite agus ar líne (CLG, comhairlí contae, cuir i gcás) (34% ar scála 5);
- Nuachtán náisiúnta clóite Gaeilge (33% ar scála 5).

Ní hiad na hoideachasóirí a líon isteach na suirbhéanna seo go príomha mar sin tá an bhéim ar oiliúint i scileanna teanga sna hinstiúidí (52% ar scála 5) agus sa phobal spéisiúil (40% ar scála 5). Chomh maith leis sin is díol suntais í an bhéim ar oiliúint i scileanna scríbhneoireachta in instiúidí oideachais (41% ag scála 5), taobh le hoiliúint i scileanna cumarsáide in instiúidí oideachais (40% ar scála 5). Is féidir a léamh as seo mar sin, go n-ionannaítear scileanna teanga le scileanna iriseoireachta go príomha. Chomh maith leis sin áfach, is léiriú é seo ar easpa muiníne an phobail as caighdeán a scríbhneoireachta féin. Ní féidir glacadh leis seo mar léiriú ar chaighdeán teanga amháin mar sin, ach mar léiriú ar mhuinín an phobail as an gcaighdeán teanga.

c. Cuid a Dó den suirbhé - eolas cineálach - tuairimíocht na rannpháirtithe:

(i) Maoiniú

- Cáineadh mór ar chinneadh an Fhorais re *Foinse*;
- Deacracht mhór ag rannpháirtithe le hiriseoireacht ‘lách’ de thoisc an spleáchais ar mhaoiniú stáit;
- Gearradh siar ar gach ceann agus feabhas ar chaighdeán;
- Na fóraim ar fad a chur le chéile agus na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne a cheangal le chéile in aon aonad amháin.

(ii) Irisí clóite

- Moladh gan aon mhaoiniú suntasach a dhéanamh.

(iii) Irisí ar líne

- *Beo.ie* go seachtainiúil
- Ardmholadh don ghné idirghníomhach agus fhoghlama / thaighde ag *Beo.ie*, Potafochal (Foghlaimoirí agus pobal Gaeilge);
- Forbairt bhreise agus athnuachan in aghaidh na huaire ar Gaelport.com;
- Suíomh nuachta a chruthú;
- Suíomh ar leith ‘Irishpressreleases.ie’ nó mar chuid de shuíomh nuachta nó mar sin?;
- 'Online and regular update' (ó pheirspictíocht an chainteora Bhéarla - Iriseoir Béarla).

(iv) Nuachtáin

- Caighdeán an ábhair ró-íseal;
- Easpa Gaeilgeoirí ag ceannach na nuachtán –gá le feachtas;
- Nuachtán dátheangach a thriail;
- Dátheangachas sna nuachtáin áitiúla – go háirithe b’fhéidir i gcontaethe a bhfuil gaeltachtaí iontu – colún sa nuachtán áitiúil – deontas?

(v) Cruthú na bhfóram cumarsáide

- Nuachtán laethúil ar líne ar shuíomh lín lárnach;
- 'Suíomh nuachta lárnach a fhorbairt idir RTÉ / TG4 / RTÉ RnaG agus na meáin scríofa, ar a mbeadh ar fáil ar ailt, ar fhíseáin agus ar phodchraoltaí in aon áit lárnach';
- 'Club ar líne a bhunú, táille bhunaithe, a bheadh mar shuíomh Nuachta agus fosta mar ghréasán idirghníomhach, teagmhálacha.';
- 'Seirbhís nuachta ar líne agus suíomh d'fhoghlaimeoirí Gaeilge ar líne';
- 'Nasc idir *Nuacht 24* agus TG4 a fhorbairt';
- 'Suíomh a chruthú do mhic léinn bunscoile agus meánscoile a bheadh "cúl";
- 'Nuachtán laethúil ar líne';
- 'Instead of the public going to the Gaeltacht bring the Gaeltacht to the non-Gaeltacht public – more interaction needed between both publics';
- "'Nuacht chontae" seachas nuacht na Gaeltachta agus na gCúigí' (an moladh seo ó chainteoir dúchais).

(vi) Suíomh idirnáisiúnta

- Ambasadóirí Éireannacha a úsáid i dtíortha eile;
- 'Gréasán náisiúnta comhfhreagróirí i dtíortha éagsúla thar lear. (Leas a bhaint as gréasán a d'fhéadfadh lucht Fulbright a chur le chéile nó mic léinn ar Erasmus' [nó Fondúireacht Cheanada nó Astráil nó pé eile];
- Cruthaigh "'Main International Website" with forums'

(vii) Cothú na gairmiúlachta

- 'Scéim a bhunú sna scoileanna agus sna meánscoileanna macasamhail "Scríobh Leabhar" ach i gcomhthéacs na hiriseoireachta. Scéim mar sin chun "cultúr na léitheoireachta a chothú". Tá léamh na nuachtán in Éirinn an-ard i gcónaí agus b'fhiú tógáil air sin';
- Suíomh do Chumann Iriseoirí Gaeilge – cad atá ann / ar fáil; comhordú ar an eolas i gcomhthéacs na hearnála féin; plé, forbairtí, nuacht;
- 'Cén difríocht atá idir na meáin Ghaeilge agus na meáin Bhéarla?'

3. Eolas ón bpobal agus ó fhoinsí sa sféar poiblí- agallaimh, ailt i nuachtáin agus i bhfórais ar leith cumarsáide (sampla roghnach ábhartha don tuarascáil seo)

a. Iriseoir Béarla

(i) Shane Hegarty (*Irish Times* 5.2.2011 Weekend Review)

- 'Online very important';
- 'Sales gone';
- '2027 before newspapers become insignificant in Ireland';
- 'Sentimentality will keep nobody afloat';

b. Iar-iriseoirí / Scríbhneoirí Gaeilge

(i) Gabriel Rosenstock:

Dhírigh an t-aiseolas seo ar na naisc a d'fhéadfaí a chothú leis an bpobal idirnáisiúnta agus le fórais scríbhneoireachta agus léitheoireachta i dteangacha eile idir scríbhneoireacht dhioscúrsach agus chruthaitheach.

- Caithfear an cheist a chur: Cad chuige nach gcuireann lucht na meán Béarla suim sna meáin Ghaeilge?
 - Luann sé liosta suíomh agus fórais litríochta agus scríbhneoireachta ar fiú ceangal a dhéanamh leo i gcomhthéacs fhóram na meán Gaeilge a leathnú amach:
 - Magazine roundup;
 - Signandsight.com;
 - Localcampus www.localcampus.com/regions/europe/ireland/html;
 - Transcript;
 - Words without borders ; Eurozine, chun eolas a bhailiú (Féach aguisín ag deireadh na tuarascála):
 - 'Ba cheart Aonach Gaelach a bheith ar bhonn bliantúil againn i gceann éigin de phríomhchathracha na hEorpa agus léargas a thabhairt dóibh ar shaibhreas an chultúir Ghaelaigh, na leabhair, na meáin, na háiseana, an ceol, acmhainní agus seirbhísí Gaeilge etc. Ba chóir go mbeadh níos mó ar siúl ag na hambasáidí chun saothúilacht na Gaeilge a cheiliúradh thar lear.'
- (Gabriel Rosenstock 27.10.2010)

- 'Feictear domsa go bhfuil an baol mór ann go nglacfaidh meáin na Gaeilge le cultúr an 'dumbing down' agus an gháifeachais in áit a bheith ina lóchrann aigne agus spioradálta dúinn go léir. Tá sé tosaithe cheana féin." Caillfimid léitheoirí má bhímid ródháiríre" an mana, an ea? Caillfidh sibh léitheoirí mura mbíonn sibh sách dáiríre an freagra air sin' (Gabriel Rosenstock 27.10.2010)

(ii) Liam Ó Muirthile

- Portal leictreonach Gaeilge a bhunú le hacmhainní institiúideacha agus oideachasúla mar aon le tacaíochtaí teicniúla;
- 'Níl deireadh leis an téacs, níl ann ach go bhfuil cuma eile air agus tá teipthe orainn an chuma sin - an claochló sin a aithint'.

(Liam Ó Muirthile, Agallamh ríomhphoist ar cheisteanna a bhaineann leis na meáin Ghaeilge clóite agus ar líne 3.11.2010).

Cuid a Trí

Straitéis agus Moltaí

Straitéis agus Moltaí

Leagfar an chuid seo den tuarascáil amach i dtrí chuid:

3.1 Moltaí ar a bhfuil á maoiniú cheana, faoi na critéir a d'úsáideadh don tuarascáil

Tá measúnú déanta ar gach fóram de réir na gcatagóirí seo a leanas:

1. Pobal agus Dáileachán;
2. Rangú agus fóraim;
3. Iriseoirí agus gairmiúlacht;
4. Ábhar agus caomhnú cultúir;
5. Luach an chaiteachais;
6. Moladh.

3.2 Moltaí straitéiseacha le tógáil ar a bhfuil ar fáil cheana

Réitíodh na moltaí seo de réir na gcatagóirí in 3.1 ach cuireadh i láthair iad faoi theidil a fheileann do thorthaí taighde agus do mholtaí na tuarascála

1. Fóraim;
2. Pobail agus Dáileachán;
3. Gairmiúlacht agus Caighdeán;
4. Ábhar;
5. Maoiniú.

3.3 Suimiú agus míniú gearr ar na moltaí

1. Tábla 3.3 Plean straitéise de réir ama agus tosaíochta:
2. Suimiú ar an eolas in Tábla 3.3 (ag brath ar na socruithe maoinithe).
3. a.Riosca; b.Moltaí fiontraíochta.

3.4. Conclúid

3.1 Moltaí ar a bhfuil á maoiniú cheana, faoi na critéir a d'úsáideadh don tuarascáil

Cad atá á mhaoiniú cheana agus ón eolas atá bailithe anseo i gcomhthéacs na gcritéar, an bhfuil siad ag freastal ar chuspóirí an Fhorais i leith na teanga?

**Tábla 2.1: Ábhar agus leibhéal an mhaoinithe*

	2009 - €	2010 - €
<i>An Sagart</i>	2,622	2,622
<i>An Timire</i>	3,326	3,326
Scéim Iris Leictreonach (<i>Beo</i>)	66,000	70,000
Scéim Iris Clóite (<i>Comhar</i>)	87,765	90,389
Scéim Nuachtán Seachtainiúil (<i>Foinse anuas go 31 Márta 2009 agus Gaelscéal ó Mhárta 2010</i>)	142,849	315,385
<i>An tUltach</i> (Iris eagrais - Comhaltas Uladh)	25,641 (£20,000)	22,472 (£20,000)
Gaelport (Nuachtlitir na Comhdhála)	15,000	15,000
<i>Feasta</i> (Iris eagrais - Conradh na Gaeilge)	<u>45,000</u>	<u>48,500</u>
	<u>343,203</u>	<u>567, 694</u>

****SAOL** (Nuachtlitir mhíosúil Phobal / Fhoras na Gaeilge)

** Tá na figiúirí a d'úsáideadh don mheasúnú ar an earnáil don tuarascáil seo bunaithe ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge do na meáin chlóite agus ar líne don bhliain 2010 amháin;

**Tá SAOL (Nuachtiris mhíosúil Fhoras / Phobal na Gaeilge) agus suíomh Fhoras na Gaeilge á maoiniú ag rannóg eile faoi bhuiséad inmheánach an tí féin.

Tábla 3.1 Scála agus ráta coibhnis an mhaoinithe

	An Sagart	An Timire	Gaelport	An tUltach	Feasta	Beo.ie	Comhar (Iris chlóite)	Gaelscéal (nuachtán clóite)
€	2,622	3,326	15,000	22,472	48,500	70,000	90,389	315,385
%	0.46%	0.56%	2.64%	3.95%	8.55%	12.33%	15.92%	55.55%

Critéir agus catagóirí an mheasúnaithe

Tá ocht bhfóram á maoiniú ag Foras na Gaeilge agus tá siad leagtha amach de réir leibhéal an mhaoinithe. Tosaítear leis an leibhéal is ísle maoinithe agus tá an fóram is mó maoinithe ag an deireadh.

Déantar gach fóram iriseoireachta a mheas de réir na gcritéir seo a leanas (a d'úsáideadh i rith na tuarascála)

1. Pobal agus Dáileachán
2. Rangú agus fóraim
3. Iriseoirí agus gairmiúlacht
4. Ábhar agus caomhnú cultúir
5. Luach an chaiteachais
6. Moladh

(a) *An Sagart*

- Pobal agus Dáileachán

Is cosúil go bhfuil an teach foilsitheoireachta seo agus an iris dá réir ag freastal go príomha ar an bpobal traidisiúnta Gaeilge, a dtagraíonn Cormack dó i gcás na meán mionteanga. Ainneoin gur gá a bheith ar an airdeall nach mbíonn an iriseoireacht i mionteanga sáinnithe sa traidisiún baineann an maoiniú seo le ceantar gaeltachta ar leith, An Daingean, chomh maith, agus is fiú an tseirbhís atá á soláthar ag an bhfóram seo do phobal Gaeltachta agus do phobal na hÉireann i gcoitinne le foilseacháin ilghnéitheacha. Tá *An Sagart* ag díriú ar ghné thraidisiúnta an phobail mar iris spioradálta agus tá bearna á líonadh aige do phobal ar leith atá traidisiúnta ó thaobh luachanna pobail agus ó thaobh labhairt na teanga. Tá suíomh maith ag an dteach foilsitheoireachta seo, agus d'fhéadfaí tógáil ar an eolas a sholáthraítear ar an suíomh faoi raon na bhfoilseachán atá á gcur i gcló. Ba chóir go mbeadh an iris *An Sagart* níos feiceálaí ar an suíomh féin mar tá an chosúlacht ar an suíomh go bhfuil éiginnteacht ann go bhfuil sé i gcló i gcónaí. Ainneoin gur spriocphobal cúng le figiúirí ísle dáileacháin é, tá pobal cinnte aimsithe agus á shaothrú ag an bhfóram iriseoireachta seo faoi láthair.

- Rangú agus fóraim

Tá éiginnteacht le rangú *An Sagart* mar ainneoin gur bunaíodh an iris i 1957 ní hionann cruth an fhórait anois agus mar a bhí. D'fhéadfadh a leithéid d'éiginnteacht dochar a dhéanamh do chaighdeán na hiriseoireachta féin agus is gá é sin a shoiléiriú i gcomhthéacs comhaimseartha.

- Iriseoirí agus gairmiúlacht

Níl aon fhianaise ann go bhfuil an fóram seo ag cur le forbairt scileanna iriseoireachta agus le hoiliúint iriseoirí. D'fhéadfaí tógáil ar an ghné seo le hathbheithniú a dhéanamh ar threoir na hirise, go háirithe sa phobal a bhfuil sí lonnaithe ann, mar d'fhéadfadh a leithéid an-fhorbairt a dhéanamh ar chúrsaí teanga chun cruinneas scríofa a chur chun cinn a mbeadh blas deimhnitheach na Mumhan uirthi.

- Ábhar agus caomhnú cultúir

Tá ábhar na foilsitheoireachta seo dírithe ar ghnéithe traidisiúnta agus spioradálta go príomha. Chuige sin tá an t-ábhar feiliúnach don phobal a bhfuil sé ag freastal air. Bheadh contúirt ann áfach gan aon fhorbairt shuntasach ar an fhoilsitheoireacht seo go gcloífi le gnéithe traidisiúnta amháin, atá intuigthe, ach ní foláir critéir iriseoireachta a choinneáil chun tosaigh chomh maith. B'fhiú mar sin féachaint ar fhéidearthachtaí nua a ríomh ar bhonn leanúnach, go háirithe nuair atá an iris bhunaidh bunaithe anois le breis agus caoga bliain.

- Luach an chaiteachais

Tá 0.46% de mhaoiniú na meán clóite agus ar líne á chaitheamh ar an iris seo agus is fiú an táirge agus an freastal a dhéanann sé ar an bpobal an méid sin de mhaoiniú. Chuige sin réitíonn idé-eolaíocht mar aon le fóram an eolais seo le spriocanna Fhoras na Gaeilge chun pobal teanga a chruthú. Is sampla í an fhoilsitheoireacht seo den ionannú a dhéantar idir na meáin mhionteanga agus gnéithe traidisiúnta ach coinníonn an iris seo gné thraidisiúnta de chultúr na hÉireann i lámha an phobail ar spéis leo a leithéid. Ag an bpointe seo agus ag féachaint ar aghaidh ar bhonn gearrthéarmach, is fiú an fhoilsitheoireacht seo a choinneáil ar an bhfód go ceann cúig bliana.

- Moladh

Is léir go bhfuil obair fhiúntach ar siúl a dhearbhaíonn an caiteachas seo agus is fiú go mór tacaíocht a thabhairt don obair atá ar bun sa teach foilsitheoireachta seo atá ag freastal ar phobal tábhachtach Gaeltachta.

(b) *Timire an Chroí Naofa*

- Pobal agus Dáileachán

Tá *Timire an Chroí Naofa* ag freastal ar phobal ar leith traidisiúnta na Gaeilge agus tá a gort féin á cruthú aici i gcónaí. Tréimhseachán Gaeilge é a bunaíodh sa bhliain 1911. Is iris Íósánach í a bhfuil aidhm aici an "ghluaiseacht Gaeilge a nascadh le spioradáltacht Éire de réir meon dara Comhairle na Vatacáine." Cinntíonn an córas síntiúis go bhfuil sí ag saothrú ar son bhaill ar leith de phobal na Gaeilge, agus go bhfuil an dáileachán cothrom.

- Rangú agus fóraim

Is iris spioradálta Íósánach í agus de réir an eolais ar an suíomh is í an iris Ghaeilge is sine in Éirinn í. Tá fóram cinnte clóite ag an iris seo agus tá an fóram sin á shaothrú ar bhonn leanúnach le céad bliain anuas anois.

- Iriseoirí agus gairmiúlacht

Tá fóram sainiúil á sholáthar ag an iris seo agus is teist é ar chaighdeán gairmiúil na hirise go bhfuil sí ar an bhfód i gcónaí. Tá an léamh traidisiúnta á nascadh le cur chuige forásach spreagúil.

- Ábhar agus caomhnú cultúir

Tá ábhar ar leith diagachta ann ach tá sé ag freastal ar an bpobal ar leis í. Foilsítear í ceithre huair in aghaidh na bliana agus pléitear cúrsaí spioradálta, cultúrtha, agus sóisialta inti. Tá an léamh anailíseach a dhéantar san iris seo inmholta d'fhóram nach bhfaigheann mórán aitheantais in earnáil na meán clóite Gaeilge, agus tá bearna léitheoireachta aimsithe go cruthaitheach agus go cliste ag lucht a bainistíochta.

- Luach an chaiteachais

Is fiú 0.56% de mhaoiniú na meán clóite agus ar líne a chaitheamh ar an iris seo, agus is fiú an táirge agus an freastal a dhéanann sé ar an bpobal an méid sin de mhaoiniú. Ag an bpointe seo agus ag féachaint ar aghaidh ar bhonn gearrthéarmach, is fiú an iris seo a mhaoiniú.

- Moladh

B'fhiú ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh an chéid (céad bliain ó bunaíodh an iris). Níl a lán irisí ar an bhfód le céad bliain anuas in Éirinn i mBéarla nó i nGaeilge agus is teist é sin ar chaighdeán na hirise don phobal a bhfuil sé ag freastal air.

Dearbhaíonn a leithéid fosta stádas na meán Gaeilge. Tá tuairimíocht na hirise seo fiúntach do phobal an aonú haois is fiche ainneoin go samhlaítear í le luachanna traidisiúnta iriseoireachta. Is gá tabhairt faoi phoiblíocht agus faoi fhógraíocht níos fearr mar tá féidearthachtaí coincréideacha d'iris mar seo sa phobal a bhfuil sé ag freastal air agus tá ábhar na hirise tráthuile don chuid is mó. B'fhiú, cuir i gcás, féachaint ar fhóram na hirise seo mar ardán scríbhneoireachta agus díospóireachta don aos óg, go háirithe sa timpeallacht ina bhfuil an tír faoi láthair, taobh leis an mbéim thraidisiúnta. Tá an chontúirt ann go bhfágfar an iris mar atá, ar mhaithe le leanúnachas agus tá bearna ann i bhfóram na meán Gaeilge clóite agus ar líne d'iris shainiúil mar seo, mar tá fearann ar leith á threabhadh aici. Mura dtabharfar faoina leithéid áfach, beidh an fearann seo á shaothrú ar bhonn gearrthéarmach agus ba thrua a leithéid mar tá féidearthachtaí tionscantacha le ríomh.

(c) *Gaelport*

- Pobal agus Dáileachán

Tá *Gaelport* ar na fóraim is bisiúla a bhfuil seirbhís á soláthar aige ar phobal na Gaeilge de réir taighde na tuarascála seo. Fóram é seo nach bhfuil teorainn leis na féidearthachtaí a d'fhéadfaí a chur i gcrích leis, toisc gur bealach na todhchaí é an fóram seo. An ghné is luachmhaire de seo áfach ná nach bhfuil an tseirbhís seo á soláthar i bhfolús, bunaithe ar an bprionsabal amháin gur gá coinneáil suas le fionnachtana nua teicneolaíochta. Bunaíodh an fóram seo sa chéad áit le freastal ar phobal na Gaeilge mar sin bhí straitéis réadúil agus treoirphlean cinnte á leanúint aige ón am a bunaíodh é mar uirlis phobail agus chumarsáide, seachas díreach mar bhealach úr le cruth nua a chur ar eolas. Chuige sin réitíonn idé-eolaíocht, mar aon le fóram an eolais seo le spriocanna Fhoras na Gaeilge chun pobal teanga a chruthú. Tá buntáiste ar leith ann ar ndóigh toisc nach dtagann gné an dáileacháin san áireamh anseo mar tá an suíomh ar fáil go héasca a chinntíonn rochtain an phobail air.

- Rangú agus fóraim

Thar aon fhóram eile cinntíonn an fóram seo rochtain an phobail ar an eolas is úire a fhreastalaíonn ar riachtanais phobal na Gaeilge.

- Iriseoirí agus gairmiúlacht

Tá féidearthachtaí láidre anseo ar féidir tógáil orthu le seirbhís níos fearr a chur ar fáil do phobal na Gaeilge a chinnteodh forbairtí iriseoireachta ag an am céanna ach is gá tuilleadh acmhainní a chur ar fáil le hé seo a chur ar aghaidh.

- Ábhar agus caomhnú cultúir

Réitíonn ábhar an tsuímh seo leis an chiall is leithne de sheirbhís phobail a sholáthar a chuideodh go mór le cruthú pobail. Déantar uasdhátú ar an ábhar go rialta agus cuirtear an t-eolas is nua-aimseartha, agus an freastal is fairsinge ar fáil don phobal. Níl sé d'aidhm ag an suíomh seo an cultúr a chaomhnú ach trí chaighdeán ábhar agus chur i láthair an tsuímh féin, a chinntíonn úsáid an tsuímh, líontar an bhearna sin d'úsáid na teanga. Is féidir le daoine ar bheagán nó ar

mhórán cumais an suíomh a láimhseáil gan mórán stró. Cuirtear na daoine ar mhaith leo tógáil ar a gcuid eolais ar an teanga ar an eolas faoi fhoinsí agus faoi imeachtaí a chuideoidh leo, agus dóibh siúd a úsáideann an suíomh seo mar eolaire nó mar phointe cumarsáide, tugtar deis dóibh an teanga a úsáid i bhfóram nua-aimseartha, éasca, fáiltiúil, a bhfuil caighdeán ard leis. Sa tslí sin ar bhonn neamhchomhfhiosach caomhnaítear an cultúr fad is go bhfuil an suíomh beo seo in úsáid, ach i gcomhthéacs a bhfuil ráite ag Cormack nár chóir go mbeadh caomhnú teanga de dhualgas ar na meáin, úsáidtear an fóram seo agus an t-ábhar atá air le seirbhís a sholáthar do phobal go príomha, agus tríd an úsáid sin caomhnaítear an teanga.

- Luach an chaiteachais

Tá 2.64% de mhaoiniú na meán clóite agus ar líne á chaitheamh air seo, mar sin d'fhóram chomh forásach a bhfuil rochtain aige ar an chuid is fairsinge de phobal na Gaeilge ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, níl aon cheist faoi luach an chaiteachais. Tá an-obair á déanamh ag Gaelport.com leis an mbuiséad seo.

- Moladh

Molaim go mór tuilleadh infheistíochta a dhéanamh ar an áis seo ar bhonn céimnitheach thar thréimhse cúig bliana le spriocanna réadúla cumarsáide agus pobail a bhaint amach in aghaidh na bliana, le fóram a chruthú a chinnteoidh *úsáid* na teanga seachas béim a chur ar *chumas* teanga amháin. Gheofar na moltaí nua seo sa dara cuid den rannóg seo sa tuarascáil.

(d) *An tUltach*

- Pobal agus Dáileachán

Tá an iris liteartha seo ag freastal ar phobal i gCúige Uladh go príomha agus de thoisc go dtéann bunú na hirise i bhfad siar go 1924 tá sí ar na hirisí is faide ar an bhfód. Is iris eagrais í fosta a bhfuil spriocanna deimhnitheacha leagtha amach aici i dtaobh an spriocphobail agus tá freastal maith á sholáthar dá bharr seo. Tá fadhb dáileacháin leis an iris seo de thoisc go bhfuil sí dírithe ar chúige Uladh amháin, mar ar éigean a gheofaí cóip de seo in aon áit eile. Mar sin féin tá ag éirí léi mar atá, agus níl an suíomh seo éagosúil le *Golwyg* na Breataine Bige i dtaobh aimsiú an spriocphobail, iris eile a bhfuil rath uirthi i dtaobh an chatagóra seo. Ar bhealach, toisc go bhfuil an iris ag freastal ar phobal ar leith atá ceangailte go príomha le heagraíocht Ultach Ghaeilge, ba chuidiú mór é dá dtabharfaí faoi chúrsaí dáileacháin. Shamhlófaí, i bhfianaise an dul chun cinn atá á dhéanamh ag *Goitse* agus canúint an phobail féin in úsáid acu d'ábhar na hirise, a spreagann cainteoirí chun léitheoireachta, go bhféadfadh *An tUltach* a chur chun tairbhe úsáid agus léitheoireacht na teanga. Spreagfaí leathadh na canúna trí ábhar leitheoireachta ábhartha a sholáthar do chainteoirí a bhfuil canúint Uladh á cleachtadh acu. Ar leibhéal eile, ní gá treoir an spriocphobail a athrú mar is léir go bhfuil ag éirí leis an gcur chuige seo agus pobal ar leith aitheanta mar léitheoirí na hirise, ach b'fhéidir go bhféadfaí an spriocphobal a leathnú amach le córas dáileacháin. Chomh maith leis sin tá blag na hirise an-éifeachtach le samplaí d'ailt ar leith ón irisleabhar. B'fhiú d'irisí eile an nós seo a úsáid fosta.

- Rangú agus fóraim

Tá an fóram seo éifeachtach agus tarraingteach. Tá claonadh Ultach ar dhearadh agus ar ábhar na hirise féin agus cloítear leis an gcur chuige seo a thugann tús áite do phobal ar leith. De thoisc fadsaoil na hirise fosta feileann an cruth ina bhfuil sí faoi láthair don phobal úd ach tugann an blag ardán eile agus stádas eile dá réir don iris. Tá saibhreas agus luach ar leith leis an iris seo sa dóigh go bhfuil gné an chanúnachais ag baint léi. Gné eisceachtúil de na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne í seo nach bhfuil á saothrú ag an leibhéal céanna i bhfórais eile iriseoireachta atá maoinithe ag Foras na Gaeilge.

- Iriseoirí agus gairmiúlacht

Tá caighdeán ard gairmiúlachta le feiceáil ar an iris seo agus is léir go bhfuil polasaí agus straitéis ar leith eagarthóireachta agus bainistíochta á leanúint ag an bhfoireann atá ina bhun.

- Ábhar agus caomhnú cultúir

Éiríonn leis an iris seo ábhar fiúntach, spreagúil, spéisiúil a sholáthar don spriocphobal a bhfuil sí ag freastal air ach tá an spriocphobal aitheanta in ábhar na hirise. Tá gné chaomhnú an chultúir Ultaigh le braistint go láidir ar ábhar agus ar dheardh na hirise ach cuireann sé seo leis an iris seo seachas a mhalairt, mar is léir go bhfuiltear ag cloí le polasaí ar leith eagarthóireachta.

- Luach an chaiteachais

Tá maoiniú eile á chur ar fáil don iris seo ó Chomhairle na nEalaíon i dTuaisceart Éireann agus tá 3.95% de mhaoiniú na meán clóite agus ar líne d'Fhoras na Gaeilge á chaitheamh air seo. Is fiú an táirge atá á sholáthar do phobal na Gaeilge an caiteachas seo.

- Moladh

De thoisc an tsaibhris chanúna a luadh cheana a chinntíonn freastal iomlán ar phobal amháin Gaeilge b'fhiú tabhairt faoi dháileachán na hirise seo a fheabhsú le go mbeadh rochtain níos fearr ag pobal uile-oileánda na Gaeilge uirthi. Ainneoin an tsoláthair fhiúntaigh ar phobal Ultach, b'fhiú tabhairt faoi dháileachán na hirise ionas go gcinnteofaí nach ndéanfar imeallú ar a leithéid de phobal teanga. Mar shampla spreagfadh a leithéid d'iris mic léinn ollscoile agus iad ag roghnú canúintí nó mic léinn ag roghnú turais ghaeltachta. Tá traidisiún láidir in institiúidí tríú leibhéal in oirthear na tíre canúintí sa deisceart agus in iarthar na hÉireann a roghnú mar thoradh ar aineolas ar a bhfuil ar fáil agus ar siúl i gcúrsaí Gaeilge ó thuaidh go príomha. Shamhlófaí mar mheán cumarsáide go mbeadh féidearthachtaí níos leithne le hirise mar seo i scaipeadh an eolais i dtaobh an cheantair agus an phobail a bhfuil sé ag freastal air. Ba mhór an cuidiú a leithéid mar sin i gcothú phobal teanga in áit a bhfuil teorannú áirithe tíreolaíoch i gceist chomh maith.

(e) *Feasta*

- Pobal agus Dáileachán

Tá an iris seo dírithe ar phobal ginearálta na Gaeilge agus tá dáileachán réasúnta aici. Ní léir cén spriocphobal go baileach a bhfuil an iris seo dírithe air agus is gá tabhairt faoi athmhachnamh a dhéanamh ar threo na hirise seo i gcomhthéacs riachtanais chomhaimseartha na meán Gaeilge clóite agus ar líne san aonú haois is fiche. Tá suíomh na hirise eolgaiseach ach bheadh sé inmholta athnuachan a dhéanamh air le léitheoirí ilghnéitheacha a mhealladh isteach. Tá sé seo an-suntasach d'iris mar seo, go háirithe nuair nach léir go baileach cén spriocphobal atá i gceist ó ábhar na hirise ainneoin gur iris eagrais í. Tá pobal léitheoireachta seanbhunaithe dílis don iris seo siocair na gceangal seanbhunaithe le Conradh na Gaeilge, ach ní foláir díriú ar an bpobal uile a bhfuil baint aige le Conradh na Gaeilge (ní díreach an pobal traidisiúnta amháin) chun todhchaí na hirise a chinntiú. Má tá *Feasta* ag freastal ar phobal ginearálta na Gaeilge is gá an t-ábhar a dhéanamh níos ábharthaí do ghnó an phobail sin sa lá atá inniu ann. Is gá fuinneamh úr a infheistiú ann.

- Rangú agus fóraim

Iris chlóite ghinearálta í seo ach ní fhéadfaí a bheith cinnte go bhfeilfidh an fóram seo i gcónaí don phobal a mbeidh sí ag díriú air mura dtugtar faoi chúrsaí dáileacháin ar bhonn práinneach. Mar sin féin tá dílseacht áirithe don iris seo i gcónaí, go príomha siocair go seasann an iris mar uirlis Chonradh na Gaeilge. Is ábhar inní é mar sin nach luaitear an iris ar shuíomh Chonradh na Gaeilge (agus an tuarascáil seo á réiteach), agus nach bhfuil nasc ar an suíomh a threoraíonn an léitheoir go suíomh *Feasta*. Tá an chosúlacht air, ainneoin gur suaitheantas Chonradh na Gaeilge é *Feasta* mar uirlis phoiblí na heagraíochta nach bhfuil ionadaíocht á déanamh ar ghuth na heagraíochta úd. Ní mór é seo a réiteach.

- Iriseoirí agus gairmiúlacht

Tá caighdeán dhearadh agus cló na hirise an-mhaith agus is léir go bhfuil an-obair á déanamh ag an eagarthóir. Is gá a cheistiú ansin ar chóir tuilleadh acmhainní a infheistiú in iris mar seo le breis tacaíochta a chur ar fáil chun tógáil ar an bpolasaí

eagarthóireachta agus le ilghnéitheacht an ábhair san iris a thógáil ar aghaidh agus isteach i réimse úr.

- Ábhar agus caomhnú cultúir

Ainneoin go samhlaítear caomhnú an chultúir ar na príomhfheidhmeanna d'iris a chuireann prionsabail na heagraíochta athbheochana is mó agus is tábhachtaí sa tír, chun tosaigh, tá gné an chultúir shainiúil doiléir. Má táthar ag iarraidh cloí le sprioc seanbhunaithe chaomhnú an chultúir mar chuid de idé-eolaíocht na heagraíochta a bhfuil *Feasta* bainteach léi, is gá glacadh go hiomlán leis an treo sin agus cur chuige nua-aimseartha a aimsiú chuige, taobh lena bhfuil á dhéanamh cheana. Má táthar ag iarraidh freastal ar phobal níos ginearálta Gaeilge áfach, ní mór athmhachnamh a dhéanamh ar ábhar na hirise.

- Luach an chaiteachais

Tá 8.55% de mhaoiniú Fhoras na Gaeilge ar na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne á chaitheamh ar *Feasta* agus is fiú an caiteachas sin ach athbhreithniú a dhéanamh ar threochtaí na hirise, i gcomhthéacs riachtanais an phobail don aonú haois is fiche, atá tagtha chun solais i dtorthaí an taighde seo.

- Moladh

Mar iris ar cheann de phríomheagraíochtaí deonacha na Gaeilge ar an oileán seo, tá áit ar leith aici mar shuaitheantas pobail. Ba chóir mar sin go mbeadh rochtain phobal fairsing ag an iris seo agus go mbeadh sé sin feiceálach san iris féin. Is eiseamláir í an iris seo den cheist a d'ardaigh Fionntán de Brún faoi shuaitheantas nuachtáin: 'Mar shampla, an tábhachtaí feidhm shiombalach an nuachtáin Ghaeilge, mar chomhartha ar bhail na Gaeilge féin nó an t-eolas agus na tuairimí a thugann an nuachtán sin dúinn? Tá sé seo tábhachtach go háirithe i gcás irise atá mar ghuth do cheann de na heagraíochtaí Gaeilge is sine in Éirinn a thug faoi athbheochan na Gaeilge ar bhonn straitéiseach, díograiseach. Tá an t-eagras ar na cinn is feiceálaí i gcónaí 'mar chomhartha ar bhail na Gaeilge féin' agus ba chóir go mbeadh scáthántacht air sin san uirlis phoiblí atá in úsáid aici mar ghuth an phobail. Shamhlófaí go bhféadfaí níos mó de ghuth na heagraíochta féin, i dtaobh

na dtorthaí atá á mbaint amach aici in iliomad fóram scríbhneoireachta agus poiblí, a phoibliú san iris.

Luaigh Máiréad Ní Chinnéide fosta an gá le dílseacht a chothú agus tá dílseacht áirithe cothaithe i gcás na hirise seo agus í ar an bhfód ó 1948. Tá claonadh socair sláintiúil le feiceáil ach is gá anois an spriocphobal a shoiléiriú arís, agus is gá ansin ábhar, dearadh, agus cur chuige idé-eolaíoch na hirise a athchóiriú dá réir. Ba chúis imní é do thodhchaí na hirise i gcomhthéacs éilimh idirlín agus phobal léitheoireachta mura dtabharfaí faoin athchóiriú seo a luaithe agus ab fhéidir, bíodh gur ghá acmhainní breise a sholáthar di ar bhonn gearrthéarmach. B'fhéidir go bhfuil tuillleadh acmhainní de dhíth le hé seo a chur i gcrích ar bhonn gearrthéarmach. De thoisc go bhfuil an tír seo i dtréimhse a bhfuil cuid mhaith bunchloch á gceiliúradh aici, a d'fheidhmigh mar chéimeanna ceannródaíocha i gcruith an stáit, agus a raibh ról lárnach ag Conradh na Gaeilge agus ag baill na heagraíochta iontu, b'fhiú go mór a leithéid a dhéanamh feiceálach san iris, go háirithe idir seo agus comóradh 1916 sa bhliain 2016.

Chomh maith leis sin seans de thoisc go bhfuil dua á chaitheamh le dearadh gur gá infheistíocht a dhéanamh anois ar an ábhar féin, ar gá a bheith ar an airdeall faoi de réir thuairimíocht de Brún.

(f) *Beo.ie*

- Pobal agus Dáileachán

Aithnítear an iris idirlín *Beo.ie* mar fhoinse do phobal idirnáisiúnta na Gaeilge go príomha ach is in Éirinn atá an chuid is mó dá léitheoirí. Léiríonn sé seo gur chóir freastal ar riachtanais an phobail idirnáisiúnta Gaeilge i bhfóram mar seo, ach gur gá fosta a bheith réadúil faoi rochtain an phobail agus faoi mhealladh an phobail idirnáisiúnta. Bíonn sé tábhachtach i gcónaí an pobal dílis a choinneáil san áireamh. Níl aon deacracht leis an bhfóram seo i gcomhthéacs rochtain phobail nó dáileachán agus an suíomh ar fáil saor in aisce ar an ngréasán domhanda. B'fhéidir áfach gur fiú smaoineamh ar chóras síntiúis don todhchaí.

- Rangú agus fóraim

Fóram ar leith é seo a fhreastalaíonn ag an gcaighdeán is airde ar riachtanais phobal na Gaeilge in Éirinn agus thar lear. Toisc ilghnéitheacht agus chaighdeán an fhórait féin i ngach catagóir is féidir a áiteamh gur bratlong mhaoiniú Fhoras na Gaeilge í ar bhealach. Is eiseamláir suntasach í mar léiriú ar threo inmhianaithe na meán Gaeilge ar líne. Tá na huirlisí teanga ar fad fite fuaite san fhóram féin. Le forbairtí nua ar ghluais an Bhéarla agus Potafocal.com, mar fho-thionscnaimh ag an iris, cuir i gcás, tá seirbhísí teanga comhthreomhar agus ar comhchéim le seirbhís an phobail a bhfuil sé ag freastal air. An ghné is suntasaí faoi *Beo.ie* a chinntíonn cáilíocht na hirise ná go bhféadfaí a leithéid a shamhlú in aon teanga ar bith toisc chaighdeán na n-ábhar, na teanga, na ngléasanna teanga, agus na heagarthóireachta féin. Iris idirtheangúil í mar sin a d'fheidhmeodh taobh istigh de chultúr na meán ar líne i dteangacha eile. Ag leibhéal áitiúil áfach, ceann de na gnéithe is fiúntaí a bhaineann leis an bhfóram seo ná an soláthar atá á dhéanamh aige ar bhonn praiticiúil don phobal Gaeltachta a bhfuil sé lonnaithe ann, is é sin, ceantar Gleann Cholm Cille in iar-thuaisceart Dhún na nGall.

- Iriseoirí agus gairmiúlacht

Tá caighdeán an-ard eagarthóireachta i bhfeidhm ó cuireadh *Beo.ie* ar bun ag an tús agus tá sí mar sin i gcónaí. Ní leasc leis an fhoireann triail a bhaint as gléasanna nua teanga agus cumarsáide ach an oiread a shaibhríonn an táirge atá á

thairiscint agus a chinntíonn an leibhéal is airde fiontraíochta agus iriseoireachta i bhfóram nua-aimseartha.

- Ábhar agus caomhnú cultúir

Is í príomhaidhm na hirise seo ná fóram cumarsáide a sholáthar a bhfuil béim ar leith ar chaomhnú an chultúir agus ar fhoghlaím na teanga ann. Oibríonn sé seo i gcás *Beo.ie* agus tá caighdeán maith ábhar á sholáthar in aghaidh na míosa. Mar sin féin, go háirithe agus an fóram idirnáisiúnta á chur san áireamh is gá i gcónaí a bheith ag faire amach d'ábhar spéisiúil, spreagúil, tionscantach a bhfuil téagar leis seachas díreach ábhar a chur ar fáil don fhoghlaimeoir Gaeilge amháin, dúshlán atá á láimhseáil go héifeachtach ag *Beo.ie* faoi láthair.

- Luach an chaiteachais

Tá 12.33% de mhaoiniú Fhoras na Gaeilge ar na meáin Ghaeilge clóite agus ar líne á chaitheamh ar *Beo.ie*. Is fiú an infheistíocht seo.

- Moladh

Tá forbairtí suntasacha curtha i gcrích ag *Beo.ie* thar na blianta, an Ghluais Bhéarla, an Chartlann, Potafochal.com, cuir i gcás, ach b'fhiú gné idirghníomhach a fhorbairt agus tosaíocht a thabhairt don ghné seo den iris sa todhchaí. Chinnteodh a leithéid úsáid na teanga seachas an bhéim ar chumas teanga amháin. Mar ilmheán a sholathraíonn uirlis oideachais teanga chomh maith tá treo agus spriocphobal deimhnitheach aimsithe ag *Beo.ie*. De thoisc a fheabhas agus a nuálaí agus atá an tseirbhís atá á soláthar faoi láthair, b'fhearr coinneáil leis an bpolasaí na forbairtí atá curtha i gcrích a thabhairt chun foirfeachta go ceann trí bliana, taobh le gné idirghníomhach a fhorbairt ansin, in áit aon mhórathrú a chur i bhfeidhm ar bhonn gearrthéarmach.

(g) *Comhar*

- Pobal agus Dáileachán

Ó rinneadh athchóiriú ar *Comhar* le cúpla bliain anuas tá sé dírithe ar spriocphobal ar leith atá ag dul i dtreo chlaonadh na litríochta agus na scríbhneoireachta, an claonadh bunaidh as ar eascair *Comhar* ar dtús. Tá fócas ar leith ar scríbhneoireacht úr, bíodh gur ábhar liteartha nó ábhar dioscúrsach reatha é. Tá iarrachtaí suntasacha déanta chun líon na léitheoirí a mhéadú agus is gá naisc níos dlúithe a chothú le hinstitiúidí tríú leibhéal, go háirithe le scríbhneoirí úra a spreagadh le fóram a sholáthar dóibh siúd ar mhaith leo scríbhneoireacht chruthaitheach agus eile a fhorbairt. (Féach na moltaí sa dara cuid den rannóg seo). Ba chóir go gcuideoidh an suíomh nua le méadú an dáileacháin chlóite agus le rochtain an phobail. Is maith an smaoineamh é fosta an síntiús ar líne. Tá seaneagráin ar an suíomh mar ábhar samplach agus b'fhiú fosta claonadh *An tUltach* a ghlacadh agus ailt ar leith a chur ar an suíomh mar chartlann chun léitheoirí a mhealladh isteach. Tá féidearthachtaí leis an iris seo siocair na scríbhneoirí agus na léitheoirí atá á mealladh aici agus is fiú tógáil air sin trí athbhreithniú machnamhach, straitéiseach, ar bhonn leanúnach.

- Rangú agus fóraim

Feileann an fóram nua atá aimsithe anois ag *Comhar* idir iris chlóite agus shuíomh lín do riachtanais an phobail a bhfuil sí ag díriú air, agus ba chóir go bhfeicfí rath air seo sna blianta beaga atá amach romhainn. Níl an cur chuige seo éagosúil le cur chuige *Golwg* na Breataine Bige agus tá ag éirí go maith leis an iris sin.

- Iriseoirí agus gairmiúlacht

Cuireadh caighdeán ard iriseoireachta i bhfeidhm ar chruth nua na hirise seo ó bunaíodh é as an nua arís. Is gá i gcónaí agus foirne nua á gceapadh, a bheith ar an airdeall faoi bhotúin bhunúsacha teanga sa leagan clóite agus ar an suíomh, go háirithe nuair atá an dóchas ann ní hamháin go meallfaidh an iris seo léitheoirí úra ach go meallfar scríbhneoirí úra chomh maith. Tá fuinneamh úr le braistint ar a bhfuil á chur i gcrích, ach is gá i gcónaí súil ghéar a choinneáil ar chaighdeáin iriseoireachta, teanga, agus scríbhneoireachta, go háirithe nuair atá réasúnaíocht

nua taobh thiar den chur chuige nua. Mura gcloítear leis na caighdeáin chuí seo caillfear muinín agus meas an phobail léitheoireachta, agus an splanc úr dá réir.

- Ábhar agus caomhnú cultúir

Tá ábhar na hirise nuálach agus spreagúil. Is gá áfach i gcónaí a bheith airdeallach ar an spriocphobal a bhfuil an iris dírithe air le cinntiú go bhfuil an t-ábhar de réir a chéile. Bheadh sé tábhachtach gan dul i gcathú scríbhneoireacht úr a chur i gcló ar mhaithe le fóram a thabhairt don scríbhneoireacht amháin. Is gá i gcónaí ábhar téagartha, fiúntach a sholáthar atá ar ardchaighdeán iriseoireachta nó cruthaitheachta - ag brath ar an seánra scríbhneoireachta atá á chleachtadh. Tá ag éirí go maith le *Comhar* tabhairt faoin dúshlán seo faoi láthair.

- Luach an chaiteachais

Tá 15.92% de chaiteachas Fhoras na Gaeilge ar na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne á chaitheamh ar *Comhar*. Dá bharr seo faigheann *Comhar* an leibhéal is airde maoinithe de na hirísí clóite agus ar líne ar fad. De thoisc ghné na fiontraíochta sa togra nua seo de *Comhar*, is gá monatóireacht rialta, straitéiseach, struchtúrtha a dhéanamh ar an gcaiteachas seo le cinntiú go bhfuil an treo ceart á leanúint i gcónaí agus go bhfuil ag éirí leis. Tá cás eisceachtúil le cruthú ag *Comhar* ar bhealach agus claochló iomlán á dhéanamh ar sheanmhúnlaí a lig don iris sleamhnú siar roimhe seo. Ganntanas acmhainní agus foirne is mó ba chúis leis seo ach anois le maoiniú ceart agus foireann cheart ceaptha tá deis ag an bhfoireann nua a chruthú go bhfuil bearna ann d'iris mar seo. Bheifí dóchasach go dtabharfaí faoi na dúshláin seo le fuinneamh agus le fíis.

- Moladh

Is gá athbhreithniú struchtúrtha, measúnaithe bliantúil a dhéanamh ar dhul chun cinn na hirise, mar aon le próiseas monatóireachta straitéiseach a chur i bhfeidhm. Réitíonn cuid de na gnéithe a bhaineann leis an gcur chuige ar líne go pointe áirithe le moladh Ríona Nic Congáil ar iris liteartha ar líne. B'fhiú i gceann tamaill dul i gcomhairle léi chun an moladh sin a phlé i gceart le féidearthachtaí a ríomh

chun an dá choincheap a nascadh le chéile. Is gá a bheith ar an airdeall áfach go gcoinnítear an splanc agus an oscailteacht mheoin atá ann faoi láthair.

(h) *Gaelscéal*

- Pobal agus Dáileachán

Gan figiúirí cearta dáileacháin tá an pobal a bhfuil *Gaelscéal* dírithe air deacair a thomhais. De réir taighde na tuarascála seo áfach tá an bhearna is tábhachtaí i gcás na meán Gaeilge clóite agus ar líne á líonadh ag an nuachtán clóite Gaeilge agus sa chás seo is é *Gaelscéal* an nuachtán sin. Ag an phointe seo áfach is gá béim a chur ar chothú an phobail léitheoireachta in áit béim a chur ar iliomad fóram a sholáthar do chur i láthair an nuachtáin agus tá sé deacair na staitisticí a mheas ó bhuillí ar shuíomh. Mar sin féin tá suíomh den scoth á sholáthar ag *Gaelscéal* agus tá sé seo ar na gnéithe is bisiúla a bhaineann leis an bhfóram seo. Ní chinntíonn nuachtán ar líne níos mó úsáideoirí teanga ná mar a chinntíonn nuachtán clóite mar sin is gá an cheist a chur an fiú é? Caithfear tabhairt faoi léitheoirí a mhealladh ar bhonn straitéiseach agus an tslí ab fhearr le hé seo a dhéanamh ná a chinntiú go bhfuil an t-ábhar is airde caighdeáin iriseoireachta agus pobail á chur ar fáil. Is é an t-ábhar seachas an fóram féin an chuid is tábhachtaí i gcás an nuachtáin náisiúnta Gaeilge, mar a pléadh i gcás cheist Fhionntáin de Brúin agus *Feasta* cheana, agus mar a pléadh i gcuid a hAon den tuarascáil seo. De thoisc chomh maith go bhfuil nós cheannach nuachtán in Éirinn ag an leibhéal is airde san Eoraip i gcónaí, agus gur léiríodh i dtaighde na tuarascála seo nach samhlaítear bás na nuachtán go 2027, is fiú an uirlis seo a chur chun tairbhe an phobail a bhfuil sé ag freastal air. Pobal uile-oileánda na Gaeilge a mbeidh an nuachtán ag feidhmiú ar a shon mar fhóram náisiúnta d'iriseoireacht na Gaeilge - go ceann tréimhse chomhairleach na tuarascála seo cibé, is é sin, 2016. Caithfear a bheith ar an airdeall mar sin nach ionann scríbhneoireacht agus iriseoireacht, agus go deimhin nach ionann dearadh tarraingteach agus iriseoireacht ach oiread, dá fheabhas é, arís mar a pléadh sa chéad chuid den tuarascáil faoi riachtanas nuachtáin do phobal teanga. B'fhiú ag an phointe seo an fócas a dhíriú ar rochtain an phobail agus infheistíocht dá réir a dhéanamh ar dháileadh an nuachtáin a chinnteodh ansin go mbeadh éileamh ar ábhar téagartha, anailíse le bunús daingean nuachta in aghaidh na seachtaine. Is dúshlán mór é i gcónaí dul i ngleic le dáileachán na meán clóite agus bíonn tóir ar an leagan leictreonach, mar atá léirithe i gcás *Foinse* agus *Lá Nua*, i bhfianaise staitisticiúil, a bhfuil *Gaelscéal* ina chomharba orthu araon.

Is léir ó aiseolas an phobail agus ón bplé ag an seimineár lae gur mian le pobal na Gaeilge ardchaighdeán plé agus anailíse a fháil ar chúrsaí reatha agus polaitíochta, rud nach féidir a chur ar fáil gan láithreach i dTeach Laighean. Bhí pobal na Gaeilge dulta i dtaithí ar a leithéid le leithéidí Chathal Mhic Choille agus Phóilín agus Áine Ní Chiaráin in *Foinse* roimhe seo. Braitear anois go bhfuil an guth sainiúil sin imithe. Chuige sin ní foláir do *Gaelscéal* tabhairt faoi seo láithreach.

- Rangú agus fóraim

Leag eagarthóir *Gaelscéal* a mhéar ar an ngné is dúshlánaí i gcás sholáthar an dá fhóram do nuachtán mionteanga amháin. Is é sin, cé a cheannódh nuachtán clóite agus é saor in aisce ar líne? Cruthaíonn sé seo suíomh níos íogaire fós áfach mar, siocair go bhfuil infheistíocht ama agus acmhainní i soláthar nuachtán ar líne, ní foláir go bhfuil fáillí á déanamh i bhféidearthachtaí inláimhsithe dáileacháin a ríomh i gceart.

I bhfianaise an eolais a bailíodh don tuarascáil seo ó na meáin mhionteanga eile agus ó thaighde acadúil, is léir go bhfuil an fóram dhátheangach / Béarla as a dtagann *Gaelscéal* tábhachtach sa chás seo, má táthar chun bogadh ar aghaidh ó spleáchas iomlán an mhaoinithe stáit. Chomh maith leis sin mar a léiríodh sa chéad chuid den taighde seo fosta is gá a bheith réadúil faoin timpeallacht teanga. Is timpeallacht í seo a bhfuil an Béarla mar chuid di agus a raibh an Béarla mar chuid di leis na céadta bliain. Léiríonn an taighde seo go bhfuil ag éirí le fóraim áirithe dhátheangacha sna meáin, go háirithe sa Bhreatnais. Is dócha, áfach go bhfuil sé róluath go fóill an suíomh seo a mheas ina iomláine ach tá plé áirithe déanta agam ar an idé-eolaíocht seo i dtaobh thodhchaí na bhfóram éagsúil sa chéad chuid den tuarascáil. B'fhiú aird a thabhairt air sin i dtaobh úsáid an fhórait.

- Iriseoirí agus gairmiúlacht

Mar nuachtán a bhaineann le comhlacht nuachtáin seanbhunaithe *The Connacht Tribune* tá tacaíocht ar leith ar fáil d'fhoireann *Gaelscéal* atá an-chuiditheach ar láimh amháin ach ar láimh eile a bhfuil srianta áirithe ag dul leis. Is gá a choinneáil i gcuimhne go bhfuil feidhm agus freagracht ar leith ar nuachtán Gaeilge atá maoinithe ag airgead poiblí, pobal teanga a chothú. Is gá mar sin ní

hamháin tacaíocht ghairmiúil a chur ar fáil, ach tuiscint á léiriú ar obair an nuachtáin ionas go dtuigfear luach na hoibre sin, agus go gcuirfear ar comhchéim í le foilsiú an nuachtáin Bhéarla i gcomhthéacs seirbhís a sholáthar don phobal. Is léir go bhfuil ag éirí le *Gaelscéal* caighdeán a chruthú agus gradam idirnáisiúnta amháin bainte amach ag an nuachtán cheana féin. Mar sin féin ainneoin gur léir go bhfuil an *Connacht Tribune* ag tacú le *Gaelscéal* níor mhór an tairbhe is fiúntaí a bhaint as an suíomh gnó seo, a rachadh chun leas an dá nuachtán.

- Ábhar agus caomhnú cultúir

Tá moladh ag dul d'éagsúlacht an ábhair atá á sholáthar in *Gaelscéal* agus tá dearadh tarraingteach aige. De réir an taighde seo sa phobal, luadh go raibh easpa anailíse ag leibhéal domhain; easpa léirmheastóireachta, agus easpa comhfhreagróirí ar chúrsaí reatha agus polaitíochta ar na dúshláin ba mhó atá le sárú ag *Gaelscéal* anois chun caighdeán an ábhair a ardú.

- Luach an chaiteachais

Tá 55.55% de mhaoiniú Fhoras na Gaeilge ar na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne á chaitheamh ar *Gaelscéal*. Is céadatán an-ard go deo é seo den mhaoiniú ar fad nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil seacht gcinn eile d'fhóirí á soláthar ar luach níos lú airgid ná mar atá á soláthar ag fóram amháin anseo. I gcomhthéacs luachanna na meán mionteanga a chuir Mike Cormack chun cinn, a luadh ag tús na tuarascála seo, an fiú an tseirbhís atá á soláthar ag nuachtán clóite an infheistíocht seo? Arís tá luach an nuachtáin do phobal teanga pléite sa chéad chuid den tuarascáil seo agus ag an phointe seo cibé, is fiú an caiteachas é. Comhlíonann *Gaelscéal* na critéir a luann Cormack a dheimhníonn luach *Gaelscéal* go pointe áirithe. Ní féidir glacadh le caiteachas ag an leibhéal sin áfach ar phrionsabail atá leagtha amach ag scoláirí acadúla amháin. Mar sin ní foláir tuairimíocht an phobail agus go háirithe na n-iriseoirí gairmiúla a lorg. Go bunúsach de réir thaighde gníomhach na tuarascála seo dhearbhaigh pobal na Gaeilge féin go bhfuil nuachtán clóite pobail ar na gnéithe is tábhachtaí agus is luachmhaire i gcomhthéacs riachtanais an phobail. Mar sin féin léiríonn líon agus aoisréim na bhfreagraí nach féidir glacadh go hiomlán leis seo mar bhealach na

todhchaí. Dá bharr sin taobh leis an taighde acadúil mar sin, is fiú leanúint le maoiniú ag leibhéal áirithe cibé. Mar sin féin tá bás na nuachtán clóite tuartha agus is gá a bheith cruthaitheach ag an am céanna in áit a bheith ag fanacht le bás mall, pianmhar, clamhsánach.

- Moladh

Mholfainn go mór tuairimí gach aoisréim de phobal na Gaeilge agus na hÉireann a fháil ar cheist seo nuachtán an phobail mar tá an caiteachas an-ard i gcomparáid leis an luach a fhaightear ar an gcaiteachas iomlán eile. Tá sé seo amhlaidh, ní hamháin ó thaobh na ngnéithe teangeolaíocha de ach ó thaobh na luachanna pobail, na tairbhe eacnamaíochta, agus chothú na scileanna iriseoireachta. Dá bharr sin mholfainn don nuachtán *Gaelscéal*, suirbhé a chur amach ar léitheoirí dhá uair in aghaidh na bliana le go mbaileofaí moltaí úsáideacha agus eolas tairbheach ar spriocphobail an nuachtáin (nós a chleachtann *The Irish News*, *Béal Feirste*, agus *Caernarfon and Denbeigh Herald* na Breataine Bige). Is gá na cleachtaí seo a fhí isteach mar chuid lárnach den phróiseas athbhreithnithe d'aon fhóram cumarsáide sa todhchaí.

In áit *Gaelscéal* ar líne a bheith go hiomlán ar aon dul le *Gaelscéal* clóite, mholfainn eagrán eile de nuachtán *Gaelscéal* ar líne a chur amach do phobal idirnáisiúnta na Gaeilge le claonadh iomlán difriúil agus le béim ar chúrsaí cultúrtha b'fhéidir, taobh le nuacht agus a leithéid. Dhá tháirge dhifriúla a bheadh ann ach le gnéithe comónta eatarthu agus an fhoireann chéanna ag obair ar an dá cheann le sainscileanna teicneolaíochta agus iriseoireachta á roinnt, ar an tuiscint go mbeadh sé seo indéanta de réir acmhainní daonna agus airgeadais *Gaelscéal*.

Ní mór fosta do *Gaelscéal* tabhairt faoi láithreach i dTeach Laighean a shocrú ar bhonn práinneach.

3.2 Moltaí straitéiseacha le tógáil ar a bhfuil ar fáil cheana:

Réitíodh na moltaí seo de réir na gcatagóirí in 3.1 ach cuireadh i láthair iad faoi theidil a fheileann do thorthaí taighde agus do mholtaí na tuarascála

- a.. Fóraim;
- b. Pobail agus Dáileachán;
- c. Gairmiúlacht agus Caighdeán;
- 4. Ábhar;
- e. Maoiniú;

3.2 Moltaí straitéiseacha le tógáil ar a bhfuil ar fáil cheana:

Ag tús na tuarascála seo luadh trí chroí/ eochaircheist agus rinneadh iarracht dul i ngleic leo tríd an taighde seo.

1. Sa chéad áit an bhfuil ról ag na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne i sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann?
2. Sa dara háit má tá ról acu cén ról é sin?
3. Sa tríú háit, cad iad riachtanais an phobail a bhfuil na meáin Ghaeilge ag freastal air ionas gur féidir a shoiléiriú go gcomhlíonann úsáid na Gaeilge an fheidhm sin do phobal na Gaeilge ag leibhéal níos fearr ná an Béarla?

1. Sa chéad áit an bhfuil ról ag na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne i sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann?
2. Sa dara háit má tá ról acu cén ról é sin?

Tacaíonn taighde teoiriciúil agus gníomhach na tuarascála seo leis an tuiscint go bhfuil ról i gcónaí ag na meáin Ghaeilge i sochaí na hÉireann. Fosta murab ionann agus cásanna i mionteangacha eile tacaíonn na struchtúir reachtaíochta atá curtha i bhfeidhm le céad bliain anuas, agus go háirithe le breis agus deich mbliana anuas, gur gá na meáin a shaothrú i gceart don chéad ghlúin eile ionas nach bhfágfar an staid a luaigh Horgan mar oidhreacht don chéad ghlúin eile. Tá ré na meán cumarsáide faoi lánseoil bíodh gur i mBéarla nó i nGaeilge atá an t-ábhar féin á sholáthar. Bheadh fáillí thubaisteach á déanamh ag pobal na Gaeilge anois, ní hamháin gan seilbh a ghlacadh ar an teanga féin, ach fosta gan seilbh a ghlacadh ar an ardán seo, mar chuid de shaothrú sféar poiblí na Gaeilge, a n-aithnítear féidearthachtaí suntasacha leis i gcruthú an phobail teanga. Ar bhealach tá cruthú an phobail chun tosaigh sa ré nua teanga seo, ach ní féidir an dá eilimint in athbheochan agus in athneartú teanga a roinnt i gcéimeanna nó a dheighilt óna chéile go homlán. Tá teanga an phobail spleách ar phobal na teanga i gcónaí agus tá a mhalairt fíor fosta. Tá struchtúir na teanga i bhfeidhm anois agus is obair leanúnach chomhthreomhar í seo ar chóir monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh uirthi. Tá ról ar leith ag na meáin i saothrú pobail a bhfuil muinín aige as féin os comhair an domhain, mar is sa sféar domhanda a bheidh na meáin, agus an teanga dá réir, á saothrú féin i gceann tuairim is cúig

bliana déag ar a mhéad, mar a pléadh sa chéad chuid den tuarascáil seo. Ba chóir go bhfeidhmeodh na meáin mar sin mar shuaitheantas dearfach, bisiúil don teanga a chinnteoidh fóram smaointeachais agus anailíse don chéad ghlúin eile, agus a chinnteoidh fóraim d'úsáid na teanga ag na leibhéil is idirghníomhaí do phobail uile na Gaeilge, bíodh go bhfuil siad i nGaeltacht Chiarraí nó san India. Mura dtéitear i ngleic leis seo anois, tá neamhaird á déanamh de na huirlisí teanga atá mar chuid lárnach, feiceálach, de shochaí an aonú haois is fiche.

Bíodh gur duine mór meán thú nó a mhalairt tá siad ann. Gan aitheantas a thabhairt do na huirlisí seo in athneartú teanga sa ré seo, bheadh sé cosúil le teach a thógáil gan aon fhoinsé fhuinnimh a chur isteach ann. D'fhéadfaí maireachtáil sa teach gan stró ach bheifí sa dorchadas - ach tá an rogha sin ag an duine aonair i gcónaí. I gcomhthéacs pobail, áfach, tá na struchtúir againn anois mar phobal - tá an teach tógtha - ach is gá anois an teach a chur in oiriúint don saol agus don tsochaí a bhfuil muid ag maireachtáil iontu. Mar a luaigh Grin agus Vallincourt mar aon le Mike Cormack, is nós le pobail na meáin mhionteanga a ionannú le agus a shainniú sa traidisiún. Má táthar dáiríre áfach faoi chomhthéacs agus faoi ról na meán, ní hamháin in athbheochan teanga anois, ach in athshealbhú agus in athneartú teanga, is gá tógáil ar an traidisiún sin mar tá struchtúir an traidisiúin curtha i bhfeidhm go héifeachtach, agus tá ballaí an tí mar aon le struchtúir eile buana socraithe agus bunús maith curtha leo. Ní fhanann cúrsaí fuinnimh i dteach nó i bhfoirgneamh (ach úsáidim an íomhá de theach mar íomhá phobail) mar an gcéanna riamh ach tá gá leo i gcónaí agus tá gá le hathnuachan a dhéanamh orthu mar is iad siúd na huirlisí a úsáidtear chun beocht agus fuinneamh a instealladh sa teach. Pointe tábhachtach eile ná gur minic nach n-oibríonn córais eile an tí gan iad de ghnáth. Mar a dúirt Liam Ó Muirthile i gcás an téacs - tá an téacs ann ach tá an cruth athraithe. Tá tuairimí Gabriel Rosenstock an-úsáideach air seo fosta, a thugann le fios gur gá i gcónaí dul i ngleic le fóraim nua a thugann ardán do phobal na Gaeilge iad féin a chur in iúl, ní hamháin mar phobal náisiúnta ach mar phobal idirnáisiúnta. Mar sin féin tá rogha an duine aonair i gcónaí ar fáil do na daoine nach mian leo an bealach nuálach seo a leanúint.

3. Sa tríú háit, cad iad riachtanais an phobail a bhfuil na meáin Ghaeilge ag freastal air?

Pléadh agus rinneadh iniúchadh ar riachtanais an phobail faoi chúig choincheap ar leith:

- a. Fóraim;
- b. Pobail;
- c. Caighdeán agus traenáil / oiliúint;
- d. Ábhar;
- e. Maoiniú.

Leagfar amach na moltaí straitéiseacha seo de réir thorthaí an taighde a rinneadh don tuarascáil seo i gcomhthéacs na gcoincheapanna seo. Déanfar é seo ar an tuiscint i gcónaí nach bhfeidhmíonn agus nár fheidhmigh na meáin chumarsáide mar uirlisí pobail i bhfolús riamh, agus go bhfuil gá le struchtúir chomhoibrithe agus le pleanáil straitéiseach le pairtnéirí eile sa chéim seo den phróiseas i normalú teanga. Tá dhá phointe Fishman a luadh ag tús na tuarascála seo tábhachtach i gcomhthéacs an taighde agus baineann an dá ghné seo go príomha le feidhm teanga:

- Ní gá teanga a úsáid do gach rud sa saol má chomhlíonann teanga eile an fheidhm sin ag leibhéal níos fearr;
- Gur chóir beagnach gach céim eile in athneartú teanga a chur i bhfeidhm sula ndírítear aird ar úsáid na teanga sna hollmheáin agus san ionad oibre.

Is gá a aithint nach ionann feidhm na n-ollmheán agus feidhm na meán a fhreastalaíonn ar phobal teanga. Ag déanamh anailíse ar an dá choincheap seo mar sin, bíodh gur ghráin le duine na meáin chumarsáide nó go bhféiltítear rompu, is gá luach na meán a thuigbheáil, agus an tábhacht a bhaineann leo a aithint i gceart mar uirlisí pobail, cumarsáide, oideachais, agus teanga.

Ní fiú straitéis a mholadh (mar a luadh cheana i gcomhthéacs dhréachtadh polasaithe) gan toil an phobail, gan seilbh a ghlacadh ar luach na teanga féin sa phobal céanna, agus gan luach eacnamaíoch na teanga a chur i gcomhthéacs oibríocht na sochaí. Chun íomhá an tí a úsáid ní fiú na fionnachtana fuinnimh is fearr sa teach gan éinne ag baint úsáide agus tairbhe cheart astu, mar aon le daoine i dtithe eile a chur ar an eolas faoin mbuntáiste a bhaineann leis na fionnachtana fuinnimh úra seo. Tá luach eacnamaíoch an chultúir pléite cheana i gcomhthéacs thaighde Helen Uí Mhurchú

agus is gné thábhachtach den chéad chéim eile in athshealbhú teanga é an luach seo. Cuireann sé comhthéacs praiticiúil, réadúil ar a bhfuil ar siúl, seachas cur chuige idé-eolaíoch ré na hathbheochana, a raibh fiúntas leis fosta sa ré 'ama' sin ach, do ré ama comhaimseartha an lae inniu, a choinneoidh an pobal idé-eolaíoch agus síite, sáinnithe i dtuiscintí an traidisiúin amháin. I gcomhthéacs praiticiúil bheifí ag súil go mbeadh an pobal gníomhach agus i suíomh inar féidir tairbhe fhiúntach luachmhar a bhaint as an traidisiún céanna chun freastal ar riachtanais an phobail chomhaimseartha. Le seilbh a ghlacadh ar an traidisiún is gá é a dhéanamh réadúil agus ábhartha don phobal ar leis é.

a. Fóraim

Ní haon rud nua a aithint go bhfuil athrú ag teacht ar na fóraim ar fad. Mar sin féin, tá gá leis na fóraim i gcónaí. Níl ann ach athrú crutha mar a luadh cheana.

Is iad na príomhfóraim atá ar fáil agus atá á maoiniú ag Foras na Gaeilge ná

- Nuachtán clóite Gaeilge atá ar fáil ar líne chomh maith;
- Trí thréimhseachán ag díriú ar phobail éagsúla (pobal ginearálta na Gaeilge a bhfuil ceangal aige le príomheagraíocht dheonach na Gaeilge sa tír seo, Conradh na Gaeilge; pobal i gceantar a bhfuil ceangal aige le canúint agus le pobal leithleach, i dtuaisceart na hÉireann agus a bhfuil ceangal aige le heagras teanga Comhaltas Uladh; pobal ginearálta léitheoireachta agus scríbhneoireachta);
- Iris idirlín a fhreastalaíonn ar phobal ginearálta na Gaeilge le fócas ar leith ar an bpobal idirnáisiúnta;
- Suíomh lín do phobal ginearálta na Gaeilge;
- Dhá iris cheathrúnacha spioradálta;
- Nuachtlitir Fhoras / Phobal na Gaeilge*.

Ag an bpointe seo agus pleanáil 5 bliain i gceist do straitéis úr, bheadh sé inmholta cloí leis an straitéis mhaoinithe, mar tá cuid mhaith athruithe curtha i bhfeidhm le trí bliana anuas. Is gá áfach na pointí a luadh sa chéad chuid den rannóg seo, a thabhairt san áireamh don phleanáil bhliantúil i gcás gach fóram sa ré dhigiteach seo, mar beidh an bhéim agus an treoir ag athrú, ní hamháin ó bhliain go bliain ach ó mhí go mí. Ar na mallaibh rinne an tAire Oideachais, Ruairí Quinn comparáid idir réabhlóid theicneolaíochta an lae inniu agus clóphreas Gutenberg, comparáid atá aitheanta go minic cheana, ach atá suntasach i gcomhthéacs cheist an mhaoinithe do bhord stáit a chuireann maoiniú ar fáil do na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne.

*Tagann maoiniú na nuachtirise seo faoi bhuiséad an tí.

De réir thaighde na tuarascála seo shamhlófaí athrú treorach in ord tábhachta de réir scála mar seo a leanas sa chúig bliana atá romhainn. Tchífean anseo go mbeidh eilimintí ar leith lárnach agus leanúnach i gcónaí in athneartú phobail teanga.

Tábla 3.2 Treochtaí na bhfóram clóite agus idirlín

	2011	2016	2021	2026-7
Nuachtán náisiúnta clóite Gaeilge	Riachtanach	Úsáideach agus i bhfóram dhátheangach	Úsáideach mar ábhar tacúil don leagan ar líne	2027Críoch le nuachtáin chlóite tuartha ag Shane Hegarty <i>Irish Times</i> 5.2.2011 Riachtanach
Nuachtán náisiúnta Gaeilge ar líne	Úsáideach mar ábhar tacúil don leagan clóite	Riachtanach	Riachtanach	Riachtanach
Irisí clóite	Riachtanach	Riachtanach	Úsáideach mar ábhar tacúil don leagan ar líne	Úsáideach
Irisí ar líne	Úsáideach mar ábhar tacúil don leagan clóite	Riachtanach (i bhfoirm áirithe)	Riachtanach	Riachtanach
Suíomh nuachta	Úsáideach	Riachtanach	Riachtanach	Riachtanach
Nuachtlitreacha (ar líne nó i gcló)	Úsáideach	Úsáideach	Úsáideach	Úsáideach
Iriseoireacht chlóite phobail do mhuintir na Gaeltachta (nuachtlitreacha, nuachtáin phobail)	Riachtanach	Riachtanach	Úsáideach	Úsáideach
Iriseoireacht phobail ar líne do mhuintir na Gaeltachta (nuachtlitreacha, nuachtáin phobail)	Úsáideach	Riachtanach	Riachtanach	Riachtanach

Tá an claonadh ag dul i dtreo na bhfóram ar líne ach tá sé an-tábhachtach gan an léim sin a ghlacadh gan pleanáil cheart straitéiseach a fhágann fóram ceart ar fáil do phobal na Gaeilge sa chúig bliana atá romhainn ar dtús, tréimhse ina mbeidh an dá fhóram in úsáid ar bhonn comhthreomhar cothrom sula n-athraítear ar fad. Tacaíonn taighde gairmiúil McKinsey agus Amas leis an tuiscint seo. Is gá mar sin nuachtán Gaeilge a choinneáil ag an leibhéal is airde. Mura bhforbraítear na gnéithe eile ag leibhéal ard áfach, agus mura gcothaítear sféar poiblí a bhfuil páirtithe ag obair le chéile ann, déanfar an fháillí chéanna a rinneadh i bpolasaithe teanga ar na meáin chumarsáide agus a rinneadh ó bhunú an stáit. Ní raibh aon neart air sin go nuige seo mar ní dhearnadh taighde ceart acadúil substaintiúil ar na meáin mhionteanga (agus fiú ar stair agus ar chritic na meán i gcoitinne), go dtí le fíordhéanaí i gcomhthéacs taighde acadúil. De bharr na bearna taighde seo thar aon rud eile, bhí easpa tuiseana ar chumhacht dhearfach agus dhiúltach na meán cumarsáide, mar aon le heaspa tuiseana ar a luach mar uirlisí pobail agus teanga. Uaireanta ar ndóigh is minic nach bhfeictear an rud is feiceálaí, agus dá bharr sin nach dtugtar aird cheart air - bíodh gur aird í a thuilleann droch nó dea-cháil. Tá sárobair déanta sa chóras oideachais agus tá éirithe léi go pointe áirithe. Ach má tá athneartú agus athshealbhú teanga le cur i bhfeidhm, ní mhairfidh an teanga gan tacaíocht na n-uirlisí agus na struchtúr eile (reachtaíocht) teanga. Macasamhail na meán Gaeilge ní mhairfidh an córas oideachais i bhfolús ach oiread.

Mar sin i gcás mhaoiniú na bhfóram de réir thaighde na tuarascála seo, is cóir infheistíocht a dhéanamh anois ar na fóraim atá á maoiniú cheana, ach le córas monatóireachta agus athbhreithnithe docht i rith na tréimhse. Is gá go háirithe aird a thabhairt ar fhorbairt na n-irisí le cinntiú go bhfuiltear ag freastal ar an bpobal a bhfuil siad dírithe air. Níl mórán rath ar léitheoireacht irisí / tréimhseachán i mBéarla ach an oiread, mar sin tá sé tábhachtach aird a thabhairt i gcónaí ar an spriocphobal, agus is féidir tógáil air sin dá réir. Molaim tabhairt faoi thograí nua fosta mar atá leagtha amach anseo:

- (i) Nuachtlíne náisiúnta neamhspleách i bhfoirm suíomh lín a chur ar fáil a ndéanfar uasdhatú air ar bhonn rialta i rith an lae más féidir. Chiallódh sé seo go mbeadh réimse úr le cruthú i dtaobh an mhaoinithe. D'fhéadfaí féachaint ar ACN na Catalóine mar shampla de seo, agus b'fhiú dul i gcomhairle leis na meáin

chraolta agus le Nuacht 24 chun féidearthachtaí comhoibrithe ar a leithéid de thogra a iniúchadh;

(Sprioc: 2 bliain)

(ii) Tógáil ar shuíomh Gaelport.com mar shuíomh eolais le dhá ghné bhreise

- rannóg ar leith do phreasráitis;
- gné idirghníomhach a sholáthraíonn fóram plé agus idirghníomhaíochta do phobail uile na Gaeilge;

(Sprioc: 3 bliain)

(iii) Togra a bhunú le féidearthachtaí a ríomh le nuachtáin náisiúnta agus áitiúla faoi ábhar dátheangach reatha agus ábhartha a sholáthar sa nuachtán (ar aon dul le *The Caernarfon and Denbeigh Herald* sa Bhreatain Bheag). Mholfaí a leithéid a dhéanamh le nuachtán a bhfuil / a raibh traidisiún láidir Gaeilge aige. Ainneoin go dtuairtar go mbeidh úsáid na nuachtán ag dul i laghad, chinnteodh a leithéid ardán pobail don Ghaeilge sa todhchaí, ag brath ar an bhfóram a úsáideann an nuachtán ag an bpointe sin.

D'fhéadfaí a leithéid a chomhordú trí fhóram plé a sholáthar d'iriseoirí Gaeilge atá ag plé leis na meáin ar bhonn gairmiúil i gcónaí. D'fhéadfaí é seo a chur ar bun mar cheann de na tograí a dtabharfadh an cumann nua iriseoirí faoi, (a phléitear i gcuid c) a dhéanfadh an obair dá leithéid indéanta agus réadúil, agus a chuideodh le roinnt chothrom ualach na hoibre. Le hionadaithe i gceantair ar fud na tíre chun an teagmháil a dhéanamh, mar aon le hionad lárnach comhordaithe, bhaileofaí an t-eolas cuí. D'fhéadfaí tabhairt faoin obair ar bhonn píolótach go ceann bliana ansin ar an tuiscint go ndéanfaí athbhreithniú uirthi ina dhiaidh sin.

(Sprioc: 4 bliain);

(iv) Iris litríochta/ liteartha ar líne a bhunú nó a fhí isteach le ceann de na hirísí clóite atá ar bun cheana, *Comhar* nó *Feasta*, cuir i gcás, toisc go bhfuil spriocphobal níos ginearálta acu.

(Sprioc: 2 bliain)

(v) Fóram nua iriseoireachta do dhaltaí scoile a fhorbairt trí scéim scríbhneoireachta macasamhail 'Scríobh Leabhar'. B'fhiú suirbhé a chur amach chuig na scoileanna le cur ar dhaltaí agus ar mhúinteoirí, le fáil amach cad a d'oibreodh i gcás fóram nua a sholáthar, ach ar an tuiscint go gcuirfí a leithéid ar bun trí bhealaí féinfhoghlama ina mbeadh an dalta gníomhach ina chuid foghlama féin. Bhunófaí an fóram nua ar scéim scríbhneoireachta agus ba iad na daltaí féin

a bheadh gníomhach ina dtraenáil féin, a mbeadh na gnéithe sonracha thíos faoi seo á gcomhlíonadh acu i gcomhthéacs thraenáil iriseoireachta sna meáin

Ghaeilge:

- Cleachtadh scríbhneoireachta - píosa a sholáthar in aghaidh na míosa bunaithe ar rogha de réimsí (polaitíocht, cúrsaí siamsaíochta, dea-scéalta na míosa; drochscéalta na míosa, píosa tuairimíochta, gné-ailt ar leith, taisteal; bia; gnéithe ar leith a bhaineann le saol an duine óig ar scoil, cuir i gcás);
- Cleachtadh 'iriseoireachta' i rith na míosa ar 'bhriseadh scéil / nuachta' mar bheadh ar na daltaí 'scéal na míosa' 'sacu féin á iniúchadh agus á réiteach dóibh féin;
- Roghnófaí na hábhair ar bhonn róta ionas go mbeadh réimse úr le saothrú ag gach mac léinn gach mí. Má dhéanann dalta 'polaitíocht' do Mhéan Fómhair d'fhéadfaí 'saol an mhic léinn' a roghnú do mhí Dheireadh Fómhair, cuir i gcás. D'oibreofaí an clár seo amach ag tús na bliana;
- Scileanna scríbhneoireachta a bhaineann le cleachtaí iriseoireachta go príomha a fhorbairt sa tslí go mbeadh orthu an sliocht a theorainniú go 600-800 focal (nó níos lú);
- Scileanna pearsanta mar bheadh ar 'eagarthóir' na hirise na sleachta a roghnú agus bheadh ar an dalta dul i ngleic le diúltiú nó glacadh (ach ar an tuiscint go bhfaigheadh gach dalta alt amháin i gcló ar a laghad i rith na bliana iomláine);
- Scileanna foirne agus comhoibrithe mar cheapfaí foireann eagarthóireachta dhifriúil gach mí le ról ar leith ag gach ball den fhoireann (eagarthóir, fo-eagarthóir, dearthóir, cóipeagarthóir, oifigeach caidrimh phoiblí, comhfhreagróir ar na gnéithe éagsúla, cuir i gcás);
- traenáil i gcúrsaí eagarthóireachta mar bheadh orthu an eagarthóireacht a dhéanamh iad féin;
- traenáil i gcúrsaí teicneolaíochta agus foilsitheoireachta mar bheadh ar na daltaí dul i ngleic le pacáistí ríomhaireachta don fhoilsitheoireacht (Chuideodh an traenáil seo go mór le moltaí Phádraig Mhic Fhearghusa ar thraenáil i gcúrsaí teicneolaíochta a réiteodh an bealach do ghlúin nua iriseoirí);

- cumas anailíse a fhorbairt mar taobh amuigh de chur le chéile an phíosá féin, d'fhéadfaí ranganna a bhunú ar thoipicí na míosa don chaint agus mar fhóram plé;
- cumas labhartha sa Ghaeilge a chur chun cinn de bharr an fhórait phlé sa seomra ranga;
- cruinneas sa teanga toisc go mbeadh ar na daltaí ar fad 800 focal nó níos lú a scríobh agus d'fhágfaí fúthu féin é a bheith chomh cruinn agus ab fhéidir agus é a chur isteach mar leagfaí síos critéir do chruinneas. I rith na míosa fosta d'fhéadfaí gramadach a mhúineadh ar dhá bhealach, bealach struchtúrtha téamúil, agus bealach a threorófaí de réir riachtanais na ndaltaí agus iad i mbun pinn. Chinnteodh an cur chuige seo fosta go mbeadh na daltaí á n-oiliúint féin in úsáid foclóirí agus in úsáid uirlísí téarmaíochta / foclóireachta ar líne (focal.ie; logainm.ie, cuir i gcás);
- Aon ghné atá luaite anseo d'fhéadfaí clár oibre a bhunú air seo sa seomra ranga ionas go mbeadh gach rud á gclúdach go foirmiúil fosta mar aon le féinfhoghlaim an dalta;
- D'fhéadfaí marcanna a bhronnadh air seo a bheadh ag dul i dtreo na scrúduithe. Mar shampla, d'fhéadfadh gach dalta 'portfolio iriseoireachta' a réiteach mar ábhar measúnaithe ar an obair a dhéanfaí.

(Sprioc: 5 bliain)

b. Pobail agus dáileachán

Is pobal amháin é pobal na Gaeilge ach tá pobail le riachtanais éagsúla taobh istigh den phobal. An ghné is suntasaí atá le forbairt i gcás na meán Gaeilge clóite agus ar líne i gcomhthéacs chruthú pobail, ná úsáid na teanga. Tá féidearthachtaí gan teorainn leis an ngné seo ar líne, ach an t-eolas a chomhordú i gceart.

Is iad seo na pobail a bhfuil na meáin Ghaeilge atá á maoiniú ag Foras na Gaeilge ag déanamh freastail orthu ná:

- Pobal uirbeach na Gaeilge;
- Pobal na Gaeltachta;
- Pobal na Gaeilge a bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga aige;
- Pobal ginearálta na Gaeilge a bhfuil an Ghaeilge mar dhara teanga aige;
- Grúpaí sainiúla spioradálta;
- Pobal idirnáisiúnta na Gaeilge;
- Pobal na hÉireann nach cainteoirí Gaeilge iad ach a bhfuil eolas ar chúrsaí Gaeilge uathu.

De réir thaighde na tuarascála seo ar sheirbhís na meán Gaeilge, ní chlúdaíonn an freastal seo pobal scoile na Gaeilge agus níl aitheantas go leor tugtha do phobal na Gaeltachta sa mhaoiniú atá á chur ar fáil ach oiread. Ciallaíonn sé sin go bhfuil beag is fiú iomlán á dhéanamh ar an bpobal is mó a bhfuil uirlisí cumarsáide uathu mar uirlisí pobail, agus an Ghaeilge mar phríomhtheanga laethúil acu. Má leantar le polasaí mar seo tá contúirt ann go méadófar ar an deighilt idir pobal na Gaeltachta a bhfuil an Ghaeilge mar theanga dhúchais acu, agus pobal uirbeach na Gaeilge a bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga agus mar dhara teanga acu. Ba chóir go bhfeidhmeodh na meáin chumarsáide mar uirlis agus mar fhoinsé aontaithe, chomhoibrithe, spreagtha ach ní léiríonn an maoiniú é seo, sa chomhthéacs seo go nuige seo.

Mar réamhchéim chun seirbhís a sholáthar ar phobal, is gá an pobal a chur ar an eolas agus sa chás seo is gá an córas dáileacháin a chomhordú i gceart le hacmhainní cuí. Bhí an córas dáileacháin ar na cúiseanna imní ba mhó a tháinig chun tosaigh sa taighde gníomhach a cuireadh i gcrích don straitéis seo. Dá bharr sin tá sé práinneach aird a thabhairt air seo láithreach, mar ní féidir freastal ar phobal trí na meáin chlóite

mura bhfuil éascaíocht rochtana curtha i bhfeidhm dó. Mar sin féin is gá i gcónaí a bheith réadúil faoi líon léitheoirí d'fhórim iriseoireachta agus scríbhneoireachta i dtean mhionlaithe. Ba shampla maith de seo é *Cuisle* i 1998-99 a dhíol 'thart ar mhíle cóip ar an meán in aghaidh an eagráin sa chéad bhliain agus ... isteach is amach le sé chéad síntiúsóirí' acu. Ag féachaint siar anois tá an ceart ag Uinsionn Mac Dubhghaill a deir gur 'éacht a bhí ansin d'iris bheag Ghaeilge sa chéad bhliain di ar an saol, ach níor thuig muide é sin ag an am. Cheap muid go raibh na huimhreacha sin an-íseal. Ní raibh.' (Seimineár Lae, 13.11.2010). Mura bhfuil na meáin feiceálach sa chéad áit ar bhonn an-phraiticiúil, ní féidir a bheith ag súil go mbeidh aon rath orthu. Mar sin fiú más gá gearradh siar ar chúrsaí ar líne go ceann píosa is gá tabhairt faoi seo. Tá Éire ar an tír is airde leibhéil ceannachta nuachtán i measc thíortha na hEorpa, agus is gá fosta amharc ar na deiseanna a chuireann sé seo ar fáil d'úsáid na Gaeilge sna foilseacháin reatha. Go ceann deireadh na tréimhse comhairleachta seo cibé, tá seans láidir go mbeidh éileamh ar an bhfóram clóite i gcónaí agus gurb é an fóram is mó a bhfuil éileamh air faoi láthair do phobal na Gaeilge nach daltaí scoile nó mic léinn ollscoile iad. Mura saothraítear an fóram sin de bharr iarrachtaí le bogadh ar aghaidh, agus a bheith céim chun tosaigh ar fhorbairtí eile ar líne, cruthófar bearna sa tseirbhís seachas leanúnachas, agus caillfear an deis le tógáil ar phobal léitheoireachta. Is cuma cén fóram atá ann mura bhfuil léitheoirí agus scríbhneoirí le hé a shaothrú.

Molaim

(i) Comhairle cheart a lorg i dtaobh chúrsaí margaíochta agus dáileacháin. Is gá an córas dáileacháin a chomhordú mar chabhródh a leithéid go mór le díol na n-irisí agus na nuachtán. Ní leor duine amháin ag obair ar son iris amháin nó nuachtán amháin. Ba chóir duine amháin a earcú le cúram iomlán mhargaíochta agus fhógraíochta na meán Gaeilge clóite agus ar líne ar fad a phoibliú mar aonad amháin seachas mar fhórim éagsúla aonair. I gceann cúpla bliain ní bheidh aon ghá le comhordú mar seo mar déanfar an mhargaíocht ar fad ar aon fhóram amháin - an t-idirlíon. Mar sin féin, tá sé antábhachtach nach gcaillfear an deis le tógáil ar phobal léitheoireachta agus scríbhneoireachta idir an dá linn, díreach de thoisc nach bhfuil an pobal ar an eolas faoi cad atá ar fáil agus mar thoradh air sin, nach bhfuil éileamh ann a

chinnteodh dáileachán éifeachtach, cuimsitheach. Le hé seo a dhéanamh chuideodh

- Feachtas poiblíochta a reachtáil ar cad atá ar fáil sna meáin chlóite agus ar líne trí mheán na Gaeilge;

(Sprioc: 1 Bliain le cur i gcrích ach leanúnach) .

- Eagrú taispeántais ar na meáin Ghaeilge '*Ó Bolg an tSolair go Gaelscéal - Deireadh Ré?*' (bunaithe go scaoilte ar theideal an tseimineáir). Chuirfí taispeántas ar siúl ar a raibh ann thar na blianta i gcás mheáin chlóite na Gaeilge agus thabharfaí deis don phobal agus do mhic léinn triail a bhaint as na suímh idirlín atá ar fáil. Bheadh sé seo an-úsáideach go háirithe dá mbeifí ag iarraidh úsáid idirghníomhach a spreagadh i gcás na meán ar líne. D'fhéadfaí leathnú amach ansin ar a leithéid trí thaispeántas a chur ar siúl ar na meáin chlóite agus ar líne i mionteangacha eile chomh maith

(Sprioc: 2 bliain (náisiúnta) / 5 bliain(idirnáisiúnta))

- Seimineár nó taispeántas a eagrú i gcomhpháirt le hinstitiúidí oideachais atá ag plé leis na meáin Bhéarla chomh maith, agus lá oscailte a dhéanamh le rannóg ar leith don Ghaeilge. Dhíreodh a leithéid de 'Lá oscailte' ar fhéidearthachtaí na meán san aonú haois is fiche idir mheáin chlóite agus ar líne. Seans go mbeadh spéis ag 'The National Media Awards' nó 'The Newspaper and Periodical History Forum of Ireland' [NPHFI], nó an Leabharlann Náisiúnta nó Leabharlann na bPiarsach [Gilbert] ina leithéid cuir i gcás, i gcomhpháirt le comhlachtaí nuachtán/ irisí.

(Sprioc: 3 Bliain)

(ii) Gréasán cumarsáide a bhunú d'éinne atá ag plé le hearnáil na hiriseoireachta agus le Gaeilge trí chéile, ach cead a fháil ó dhaoine a sonraí teagmhála a chur ar an mol (mol, cumann iriseoirí /iriseoireacht na Gaeilge, bunachar teagmhálaithe de réir ábhar, iriseoirí, fóraim iriseoireachta). D'fhéadfaí é seo a fhí isteach mar chuid den fhorbairt ar *Gaelport.com* agus féachaint ar ACN na Catalóine le treoracha a fháil dá leithéid;

(Sprioc: 2 Bliain don obair thosaigh agus uasdhátú leanúnach ansin);

(iii) Ba chóir fosta idirdhealú a dhéanamh idir pobail Ghaeltachta arb í an Ghaeilge a chéad teanga í, agus pobail uirbeacha agus tuaithe. Is gá infheistíocht a dhéanamh ar leithéidí *Goitse* nó a mhacasamhail i bhfoirm nuachtlitreacha do

gach ceantar Gaeltachta. B'fhiú é seo a ríomh i gcomhpháirt le hÚdarás na Gaeltachta ar dtús;

(Sprioc: 3 Bliain)

(iv) Is gá infheistíocht a dhéanamh ar nuachtlitreacha crua agus ar líne do chomhairlí Contae, d'eagraíochtaí cultúrtha (CLG, CCÉ agus a leithéid);

(Sprioc: 3 bliain)

(v) Pobal idirnáisiúnta. B'fhiú gréasán cumarsáide de liosta teagmhálaithe de phobal na Gaeilge thar lear a bhunú. Chabhródh ambasáidí leis seo agus d'fheadfaí tairbhe a bhaint as na scéimeanna tríú leibhéal Fulbright, Fondúireacht Ceanada - Éireann, agus a leithéid le gréasán a chur le chéile. Ba obair fhiúntach í seo a d'fhéadfadh na mic léinn ollscoile / comhaltaí a fhaigheann comhaltachtaí / scoláireachtaí do theagasc na Gaeilge in institiúidí thar sáile, a dhéanamh. D'fhéadfaí é a fhí isteach mar chuid de choinníollacha na comhaltachta ach teagmháil a dhéanamh leis na heagraíochtaí seo le hé a chur i gcrích. Seans fosta go mbeidís sásta maoiniú áirithe a chur ar fáil do chothú an tsuímh fosta mar chuid de Gaelport.com b'fhéidir?

(Sprioc: 4 bliain)

c. Gairmiúlacht agus caighdeán

Clúdaíonn gairmiúlacht agus caighdeán gach aoisréim agus gach fóram iriseoireachta chun an freastal is fearr, is airde caighdeáin, agus is fairsinge a sholáthar do phobail éagsúla na Gaeilge. Ceann de na gnéithe is suntasaí a tháinig chun tosaigh i dtaighde gníomhach na tuarascála seo, ná an easpa aitheantais atá á thabhairt do shaothar na n-iriseoirí Gaeilge. Ag an seimineár lae ar 13 Samhain 2010 luaigh cuid mhaith iriseoirí gairmiúla nár cuireadh a leithéid d'fhóram ar fáil roimhe agus gur mhór acu an deis chun teacht le chéile chun tuairimí a ríomh. Is minic a bhraitheann iriseoirí nach bhfuil ag saothrú i ngort phríomhtheanga na tíre, go bhfuil siad ag obair i bhfolús agus ina n-aonair. Is mór an ní mar sin tacaíocht agus comhghuallaíocht a aithint a bhronnann luach breise ar an obair atá á déanamh.

Níl aon oiliúint fhoirmiúil nó traenáil á cur ar fáil ag Foras na Gaeilge faoi láthair i gcás na meán Gaeilge chun na caighdeáin is fearr a chinntiú agus chun oiliúint agus traenáil a sholáthar. Go pointe áirithe d'fhéadfaí a áiteamh go gclúdaíonn gach rud a dhéanann Foras na Gaeilge an traenáil teanga atá de dhíth, ach is teanga ar leith atá in úsáid do na fóraim éagsúla iriseoireachta agus is gá é sin a aithint i gceart agus tógáil air.

De réir thaighde na tuarascála seo, ba chuidiú é an traenáil agus an oiliúint a bheadh riachtanach, chun caighdeáin chuí iriseoireachta mar aon le gairmiúlacht an fhórait a chinntiú, mar atá aitheanta i gcás na Breataine Bige chomh maith: 'Only through extending the pool of professional journalistic expertise in Welsh can the sector's future be secured.' (Bianchi 2008: 26).

Mar sin tá sé ciallmhar tabhairt faoi leathnú amach a dhéanamh ar shaincileanna iriseoireachta ach é a dhéanamh i mbealach struchtúrtha. Tá dhá chéim ag baint leis na moltaí seo.

Céim 1: Oideachas agus Oiliúint

- (i) Scéim scríbhneoireachta agus léitheoireachta na meán Gaeilge a bhunú chun fóram na meán a oscailt don aos óg faoi bhun 18 bliain d'aois, mar aon le hiad a

spreagadh chun léitheoireachta agus chun scríbhneoireachta. D'fhéadfaí tús a chur leis seo le daltaí óga a spreagadh chun greannáin agus irisí a cheannach, ach ba ghá na irisí seo a fháil ar líne chomh luath agus ab fhéidir.



Tá ról ag sainfhoilseacháin faoi leith ina leithéid ar nós nuachtáin amaitéarachta scoile, dá bhféadfaí scéim thacaíochta a fhorbairt bunaithe ar an múnla scéime comhpháirtíochta 'Scríobh Leabhar'. Tá scéim sa Fhrainc a chuireann nuachtán/iris ar fáil don aos óg a chinntíonn go bhfuil siad ag léamh nuachta. *Mon Quotidien* - <http://www.monjquotidien.com/> agus <http://www.intermagazines.com/magazine-jeunesse/abonnement-mon-quotidien?gclid=CPq7rMy9-aUCFc0e4Qodwswsupw>. Chabhródh an suíomh eile seo dá leithéid i gcomhthéacs thraenáil do dhaltaí agus don phobal: <http://www.wimp.com/byhand/>.

D'fhéadfaí féachaint ar a leithéid de scéim don Ghaeilge agus b'fhéidir é a dhéanamh i gcomhpháirt le nuachtán áirithe ar líne, ionas go gcinnteofaí rochtain na ndaoine óga air. D'fhéadfaí é a fhí isteach i gcuraclam na Gaeilge mar chuid de chleachtadh teanga chomh maith. Is ar bhonn síntiúis a chuirtear na nuachtáin seo ar fáil. Bheadh sé seo ag teacht le coincheap *Newsround* BBC, cuir i gcás. D'fhéadfaí tógáil ansin ar an gcur chuige seo ag leibhéal meánscoile.

Chomh maith leis sin dá saothrófaí meon agus cumas anailíse, taobh le tuairimíocht san aos óg tríd an bplé a dhéanfaí ar ábhar na nuachtán taobh leis an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht féin, bheifí ag cur go mór le cumas

intleachtúil na ndaltaí a fhorbairt. Is fadhb réadúil í seo atá tagtha chun solais go mór sa lá atá inniu ann agus gur gá tabhairt faoi, má táthar chun infheistíocht ghnó a mhealladh. Luann Picard an spreagadh gnó mar thoradh ar mhaoiniú na meán mionteanga, mar a pléadh cheana sa tuarascáil (lch. 81). Tá luach an ghnó mar chuid den mhaoiniú seo luaite i gcás na meán agus i gcás ról na rannóige 'Pobal agus Gnó' in Foras na Gaeilge. Is léir go bhfeictear ceangal díreach idir forbairt an ghnó agus forbairt an chumais anailíse, mar a phléigh James Downey ar na mallabhair:

At the other end of the scale, we think we have engendered a generation that has mastered the arts of both technology and entrepreneurship. Not so, according to the multinational companies on which we rely so much and which we must emulate. They complain that our young people, including university graduates, have not been taught to think. They have gone through what amounts to 'rote learning'. The examination system has little interest in criticism and analysis. ... If university graduates, with all their intelligence and all their advantages, lack the capacity for rigorous (and unorthodox) thought, the chances of those at lower levels must be poor indeed. 'Our very survival depends on an education revolution', *Irish Independent*, 8.4.2011)

Réiteodh sé seo an bealach chomh maith don oideachas leathan atá molta i gcás thraenáil iriseoirí a bheadh mar dhara céim sa phróiseas seo mar atá pléite faoi 'Fórait' sa chuid seo den tuarascáil seo.

(Sprioc: 3 bliain ach mar chuid den scéim eile mar réamhchéim thosaigh chun na mic léinn a chur i dtaithí ar léamh nuachta sa chéad áit. Sprioc deiridh: 5 bliain)

(ii) Naisc le hiriseoirí gairmiúla a chothú le hinstiúidí oideachais tríú leibhéal (agus le meánscoileanna ar leibhéal níos solúbtha). Mholfainn go mór scéim ar nós 'Iriseoir Cónaitheach' a bhunú, ach é a bhunú ar leibhéal náisiúnta ionas go mbeadh fáil ag gach ollscoil ar an iriseoir. Tréimhse de dhá bhliain a bheadh ann agus d'fhéadfadh an t-iriseoir an tréimhse a chaitheann sé le gach ollscoil a réiteach i gcomhpháirt le comhordaitheoir na scéime ag brath ar na coláistí a léiríonn spéis ina leithéid. Tá tábhacht ar leith leis seo i gcomhthéacs na n-iriseoirí ardchaighdeánacha a bhfuil an gort iriseoireachta treabhtha acu le neart blianta, agus a bhfuil saineolas dá réir le roinnt acu le hoiliúint a chur ar ábhar iriseoirí don chéad ghlúin eile. Bheadh sé tábhachtach gan an ghlúin seo d'iriseoirí a chailliúint

tar éis na hoibre a rinneadh le céad bliain anuas, agus go háirithe sa dara leath den fhichiú haois agus ag tús na haoise seo. Thógfadh sé seo ar an obair a dhéanfaí sna scoileanna agus bheifí ag súil ar bhonn fadtéarmach, i gceann deich mbliana nó mar sin, go bhfeicfí torthaí fiúntacha dá réir. Aithnítear go bhfuil dúshlán mhóra roimh na meáin anois i ngach teanga, ach má chaitear dua le pleanáil straitéiseach feicfear na torthaí agus 'for those who get it right, the rewards could be significant'. (*The Mc Kinsey Quarterly*, Aibreán 2010). (Sprioc: 3 bliain) .

Céim 2: Traenáil agus oiliúint iriseoirí gairmiúla do ghairm bheatha

Chuideodh oiliúint iriseoirí sa phobal ag gach leibhéal iriseoireachta le cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla.

(i) Córas creidiúnaithe bunaithe ar ranganna oíche teanga agus iriseoireachta a bhunú. D'fhéadfaí an córas creidiúnaithe seo a bhunú ar aon dul le 'Séala na nAistritheoirí', le cuidiú fosta ó institiúidí oideachais agus iriseoirí gairmiúla. Seachas cumas teanga, ceann de na fadhbanna is mó a bhaineann le láithreachta agus le feiceálacht na Gaeilge sa sféar poiblí ná nach dtuigeann an pobal ginearálta luach eacnamaíoch úsáid na Gaeilge. Chuige sin d'fhéadfaí cúrsa a chur ar fáil a cheanglófaí 'Séala Iriseoirí' le hinstiúidí oideachais, a thabharfadh creidiúintí don phobal ar son fhreastal an chúrsa chomh maith. D'fhéadfaí an modúl 5/10 creidiúint (100 / 220 uair an chloig) a reachtáil thar dheireadh seachtainí nó i ranganna oíche ach an t-ábhar a bheith bunaithe ar Riarachán na hÉireann agus ag leibhéal na hEorpa, mar aon le scileanna iriseoireachta.

Chlúdódh na modúil / an cúrsa (a mbeadh teastas á bhronnadh ar na rannpháirtithe i ndiaidh dóibh é a chríochnú, b'fhéidir*), scéimeanna deontais, córais éagsúla ag leibhéal náisiúnta go leibhéal idirnáisiúnta, cúrsaí gnó, mar aon le téarmaíocht nua-aimseartha a bheadh riachtanach sa sféar poiblí, agus scileanna iriseoireachta agus scríbhneoireachta. Tá neart scéimeanna a cuireadh i bhfeidhm le blianta anuas nach bhfuil an gnáthphobal ar an eolas fúthu agus dóibh siúd atá ar an eolas, go bhfuil faitíos orthu iad a thriail fiú toisc easpa muiníne acu as a leibhéal cumais sa teanga. Ar bhonn píolótach mar thúsphointe, dá bhforbrófaí a leithéid do na

hoifigigh Ghaeilge sna Comhairlí Contae agus sa státseirbhís, cuir i gcás, leathnófaí ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge agus dhéanfaí an Ghaeilge níos feiceálaí sa phobal. Don chuid áirithe postanna a cruthaíodh do chur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla, ceapadh an duine a raibh cumas Gaeilge aige san ionad oibre, agus glacadh leis nár ghá aon treoir a thabhairt nó aon traenáil a chur ar fáil. Fágann sé sin nach bhfuil aon chur chuige struchtúrtha, comhordaithe i bhfeidhm go fóill agus nach bhfuil aon tuiscint ar ghnó mar is státseirbhísigh iad cuid mhaith de na daoine atá sna poist seo atá ag obair san earnáil phoiblí seachas an earnáil phríobháideach. Ainneoin go mbeadh an bhéim ar riarachán agus ar ghnó anseo le cur i bhfeidhm na straitéise a chur chun cinn, is trí fhóram na hiriseoireachta poiblí is mó a shaothrófaí an Ghaeilge ansin mar thoradh ar an eolas a chuirfí ar fáil. D'fhéadfaí nasc a chothú idir measúnú an chúrsa agus cur le chéile na 'nuachtlitreacha' a luadh in 'Fóraim'. B'fhiú fosta fiosrúcháin a dhéanamh ar dheontais ón Aontas Eorpach dá leithéid de scéim agus scéimeanna gnó a chur chun cinn.

(Sprioc: 5 bliain)

(*D'fhéadfaí tógáil air sin ansin dá mba mhian leis na rannpháirtithe tabhairt faoi dhioplóma ná faoi chéim a dhéanamh san iriseoireacht nó ábhar gaolmhar)

(ii) Scileanna praiticiúla iriseoireachta: Traenáil ar uirlisí teicneolaíochta; Ceadúnas a fháil do phacáistí éagsúla traenála.

(Sprioc: 1 bliain)

(iii) Fóram ceart aitheanta d'iriseoirí i mionteanga a bhunú ag leibhéal náisiúnta.

B'fhiú go mór cumann nó coiste iriseoireachta náisiúnta a chur le chéile do na hiriseoirí Gaeilge ach fóram a sholáthar a d'fháilteodh roimh bhaill ó réimsí éagsúla a bhfuil baint acu leis an iriseoireacht chomh maith. B'fhiú a leithéid de smaointeachas a fhorbairt i gcomhthéacs riachtanais phobal uile na hÉireann, ní hamháin riachtanais phobal na Gaeilge. Is gá an Ghaeilge sa sféar poiblí a oscailt amach don phobal arís in áit í a chúngú. D'fhéadfaí féachaint ar na suímh seo a bhfuil a leithéid de smaoinemh i mbealach eile á chur i bhfeidhm acu sa Chatalóin. www.media.cat; www.appec.cat.

(Sprioc: 1 bliain)

- Chabhródh teacht le chéile bliantúil ar feadh leathlae do phobal na meán Gaeilge chun scagadh a dhéanamh ar pholasaithe agus ar dhúshlám dá gcuid féin sna fóraim éagsúla a bhfuil siad ag obair iontu. D'fhéadfaí, cuir i gcás, tabhairt faoi mhórábhar amháin gach bliain mar aon le mionábhair eile. D'fhéadfaí tabhairt faoi cheist an dáileacháin don chéad bhliain, cuir i gcás, agus plean cúig bliana a réiteach ansin le cinntiú go bhfuil monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach á ndéanamh san earnáil trí chéile. D'fhéadfaí aoichainteoir / saineolaí a thabhairt isteach ó thír eile nó ó na meáin Bhéarla anseo in Éirinn - fiú agus an chaint á tabhairt i mBéarla aige. Níor mhór áfach go ndéanfaí é seo a reachtáil agus a chomhordú ag an leibhéal is airde gairmiúlachta le caighdeáin a chinntiú.

(Sprioc: 1 bliain ach é a bheith déanta mar chuid de mholadh (iii))

(iv) D'fhéadfaí tógáil ar an bhfóram náisiúnta le bunú fhóram idirnáisiúnta. Ar ball bheifí ag súil ansin le grúpa idirnáisiúnta a bhunú do na meáin chlóite agus ar líne i mionteangacha an domhain. D'fhéadfaí tús a chur lena leithéid trí sheimineár a reachtáil ar aon dul le seimineár náisiúnta na meán Gaeilge clóite agus ar líne a reachtáladh ar 13 Samhain 2010 i gCOBÁC, le tacaíocht ó institiúidí oideachais tríú leibhéal. Bheadh sé seo ar aon dul ar bhealach le coistí idirnáisiúnta téarmaíochta agus chabhródh an pheirspictíocht dhomhanda go mór le hearnáil na meán Gaeilge trí chéile ó thaobh aitheantais phoiblí, agus ó thaobh stádais sa phobal. Chothódh an t-ardán agus an t-aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta fóram comhoibrithe ag an leibhéal is airde, a chabhródh go mór le bealaí nuálacha a aimsiú do thodhchaí na meán Gaeilge clóite agus ar líne - agus fiú do thodhchaí na meán Gaeilge craolta. D'fhéadfaí múnla MIDAS nó WITBN a iniúchadh dá leithéid ach go gclúdódh an fóram seo gach fóram de na meáin chumarsáide le béim fosta ar shaothar iriseoirí agus ar naisc a chothú le fóraim éagsúla scríbhneoireachta macasamhail moltaí Gabriel Rosenstock.

(Sprioc: 5 Bliain)

d. Ábhar

Tá na hábhair seo á maoiniú ag Foras na Gaeilge trí na meáin chlóite agus ar líne:

- cúrsaí cultúrtha;
- cúrsaí litríochta;
- cúrsaí reatha;
- cúrsaí oideachais;
- cúrsaí diagachta;
- cúrsaí sóisialta.

(i) Nuachtán áitiúil / nuachtlitreacha na nGaeltachtaí: Tá bearna shuntasach ann i gcás ábhar na ngaeltachtaí agus is gá tabhairt faoi seo ar bhonn práinneach. Moltar go háirithe cur chuige *Goitse* i dtaobh an ábhair de, mar d'aon ghnó rinneadh cinneadh cloí le Gaeilge an phobail a bhfuil an nuachtán dírithe air seachas dul i dtreo an chaighdeáin oifigiúil. Tá an cur chuige atá glactha ag Danny Brown agus Caomhán Ó Scolaí inmholta agus iad ag plé go díreach le hábhar atá réadúil agus spéisiúil don phobal féin. Ligeann an cur chuige seo don phobal seilbh a ghlacadh ar an meán cumarsáide atá ag soláthar na seirbhíse. De réir thaighde na tuarascála seo cuireadh in iúl nach bhfuil agus nach raibh riamh traidisiún láidir léitheoireachta ann trí mheán na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta. Go deimhin, léiríonn fianaise ó thaighde gníomhach na tuarascála go bhfuil sé mar an gcéanna i dtaobh na gcainteoirí dúchais sa Bhreatain Bheag i dtaobh ábhar léitheoireachta sa Bhreatainis. (Féach nótaí ó chaint Danny Brown agus ó chaint Robert McMillen ag an seimineár lae ar na meáin 13 Samhain 2010; ráitis ó Bhreandán Delap sa tuarascáil seo; agallamh ríomhphoist le Paul Scott *The Caernarfon and Denbeigh Herald*). Ar bhealach bréagnaíonn *Goitse* an fhianaise seo de réir an eolais atá bailithe ag an bhfoireann eagarthóireachta, agus tá ag éirí go seoigh leis mar thogra pobail. Léiríonn sé seo thar aon rud eile an gá agus an tábhacht a bhaineann le hábhar a oireann don phobal a chur ar fáil. Má tá an t-ábhar spéisiúil léifear é, pé fóram a gcuirtear i láthair os comhair an phobail é. Aithnítear dúshlán breise don chainteoir dúchais sa chomhthéacs seo agus é ag aistriú ó chaint go léitheoireacht mura bhfuil an cleachtadh sin i bhfeidhm aige. Tugann sé seo ar ais muid go coincheap Fishman a luadh ag tús na tuarascála, is é sin, nach fiú ábhar a chur ar fáil nó gníomhartha a dhéanamh sa mhionteanga a dhéantar níos fearr i dteanga eile. Ainneoin gur rud nadúrtha é don chainteoir dúchais an mhionteanga a

úsáid do ghnáthchumarsáid labhartha tá meon eile de dhíth don léitheoireacht laethúil siocair go bhfuil sé níos nadúrtha a leithéid a dhéanamh sa teanga a bhfuil an timpeallacht ag feidhmiú tríd i gcoitinne, agus sa teanga a bhfuil príomhnuacht an lae ar fáil inti i bhfóram clóite agus ar líne. Tá an dúshlán atá le sárú ag an gcainteoir dúchais fréamhaithe i seantuisceantí ar chumas labhartha agus ar chumas litearthachta ar bhealach, ach is é an dúshlán is mó ná nach bhfuil an príomhábhar laethúil ar fáil sa teanga dhúchais agus nach raibh riamh dáiríre, seachas corr-iarracht iriseoireachta. Fiú dá mbeadh an t-ábhar ar fáil sa teanga dhúchais tá an pobal dulta i dtaithe ar a leithéid d'ábhar a fháil trí Bhéarla mar sin bheadh próiseas foghlama á chur i gcrích acu i léamh an ábhair seachas an t-ábhar a léamh ar son fhiúntas an ábhair féin. Seans fosta go bhféachfadh an cainteoir dúchais ar a leithéid mar chéim ar cúl i bpróiseas teanga, agus úsáid an Bhéarla á chur chun cinn mar chleachtadh forásach pobail anois ar feadh i bhfad de thois na mbuntáistí eacnamaíochta a ghabhann leis seo. Tá sé seo go hiomlán intuigthe: 'To switch language for the purposes of reading the daily news: that is, to switch from being a Welsh *speaker* to being a committed *reader* of Welsh, in what is an unfamiliar domain to most Welsh-speakers'. (Bianchi 2008: 22)

*Tá an moladh seo déanta faoi 'Pobail' sa chuid seo den tuarascáil.

(*Sprioc: 3 bliain Féach 'Pobail' sa rannóg seo)

(ii) Dátheangachas: Tá an fóram dátheangach in úsáid cheana agus tá buanna agus laigí an fhórait seo pléite go mion sa chéad chuid den tuarascáil seo, go háirithe i gcomhthéacs a bhfuil á chur ar fáil sa Chatalóin, agus sa Bhreatain Bheag in *The Caernarfon and Denbeigh Herald*. Tá cosúlachtaí móra idir staid na Breataine Bige sa chomhthéacs seo agus *Foinse* in *The Irish Independent*. Deir Orla Bradshaw, iriseoir le *Foinse* agus Paul Scott ó *The Caernarfon and Denbeigh Herald*, go bhfuil an-tóir ar a leithéid d'fhóram. Má tá leibhéal an mhaoinithe do nuachtán iomlán Gaeilge ag dul i méid i gcónaí níorbh fholáir fórait mar seo a fhiosrú i gceart.

(iii) Tá ábhar na meán clóite agus ar líne clúdaithe sa rannóg ar na fórait, ach is gá ceist a ardú faoi mhaoiniú iris dhiagachta ó thaobh chothromaíocht chreidimh de go háirithe nuair a bhaineann an dá iris le creideamh ar leith. Níl aon deacracht leis seo fad is go bhfuil an oscailteacht ann i gcónaí go gcuirtear fáilte roimh iarratais mhaoinithe ó phobail na gcreideamh uile atá á gcleachtadh ar an oileán seo.

e. Maoiniú

Pléadh luach an airgid i gcás a bhfuil á maoiniú ag Foras na Gaeilge faoi láthair sa chéad rannóg den chuid seo den tuarascáil. Is faoi Bhord Fhoras na Gaeilge atá, na cinntí a ghlacadh i dtaobh a leithéid ar bhonn leanúnach ach bheifí ag súil go ndéanfaí measúnú ar mhaoiniú na dtograí seanbhunaithe i gcomhthéacs na moltaí nua chomh maith.

Go nuige seo tá luach an mhaoinithe le sonrú go soiléir in earnáil na meán Gaeilge clóite agus ar líne, agus tá dea-obair ar bun mar aon le cleachtais ghairmiúla á gcur i gcrích ag na rannpháirtithe a bhfuil deontas á fháil acu.

Chun luach an airgid a chinntiú amach anseo is gá ról agus feidhm na meán Gaeilge i ngach fóram a aithint mar uirlisí teanga, pobail agus cumarsáide, agus go dtugtar maoiniú dá réir dóibh.

Tosaíodh an chuid seo den tuarascáil le ceist ar ról na meán a fhreagairt faoi thuiscintí thaighde acadúil Fishman, Grin agus Vallincourt, agus Cormack, ina measc. I bhfianaise an taighde seo, is é an ról is tábhachtaí a shamhlaítear leis na meáin chumarsáide ná a ról mar uirlisí pobail. Mar chuid de straitéis úr ar na meáin Ghaeilge tá an ról seo chun tosaigh i gcur le chéile polasaí agus straitéis teanga. Braitheann éifeachtúlacht aon straitéise áfach ar an nasc idir an polasaí agus luachanna, idé-eolaíocht, agus cuspóirí an phobail féin: 'The efficiency of a policy can only be judged in relation with society's objectives.' (Grin and Vallincourt, 1999: 4).

Is féidir a shamhlú anois go bhfuil ré na hathbheochana ag leanúint ar aghaidh i gcónaí agus neart oibre le déanamh i réimsí uile na teanga, idir céim an athláithrithe agus céim an athshealbhaithe. Is gá an t-aitheantas cuí a bhronnadh ar na meáin chumarsáide sa dara céim den phróiseas, is é sin, an t-athshealbhú teanga. Tá na meáin agus an iriseoireacht bunaithe i bprionsabal ar sheirbhís a sholáthar don phobal agus scéal an phobail a chur i láthair. Dá bharr sin tá sé in am socrú a dhéanamh gur fearr fanacht sa dorchadas sa teach atá tógtha cheana, nó dul i ngleic leis an bhfuinneamh úr a thabharfaidh beocht isteach agus a lasfaidh solas úr ar na féidearthachtaí i gcruthú phobal teanga. An gníomh agus an socrú is contúirtí a d'fhéadfaí a dhéanamh ná gan aon socrú nó gníomh a dhéanamh agus leanúint ar

aghaidh gan struchtúr nó treoir cheart. Is gá mar sin próiseas measúnaithe a chur i bhfeidhm a luaithe agus is féidir chun na gnéithe seo a leanas a mheas:

(i) Is gá an maoiniú atá á chur ar fáil a mheas i gcomhthéacs na bhféidearthachtaí nua, ar an tuiscint i gcónaí go bhfuil obair mhaith fhiúntach ar bun cheana agus gur féidir na huirlisí clóite agus ar líne a úsáid chun tairbhe na moltaí nua, sa tslí go mbeifí ag tógáil ar na hacmhainní atá ann faoi láthair.

(Sprioc: leanúnach)

(ii) Is gá breathnú ar mhodhanna monatóireachta agus athbhreithnithe atá á n-úsáid ag fóraim eile nach bhfuil maoinithe ag an stát le córas monatóireachta a bhunú a mbeadh bunús agus réasúnaíocht aitheanta leis. Ceann de na córais a bheadh inmholta dá leithéid de mheasúnú, ná an suirbhé bliantúil ar léitheoirí a luaigh Robert McMillen i gcás *The Irish News*, cuir i gcás, agus an ceann a úsáideann *The Caernarfon and Denbeigh Herald*. B'fhiú é seo a dhéanamh éigeantach agus a fhí isteach mar chuid den bhuiséad maoinithe, go háirithe i gcás nuachtán agus irisí atá ag freastal ar phobal nach príomhphobal na tíre i gcónaí é. D'fhéadfaí an córas a úsáidtear sa Chatalóin a chur i bhfeidhm fosta ar scála níos lú, a choinníonn súil chriticiúil ar na meáin. (www.media.cat; media.cat@grupbarnils.cat). Is cuid den fhorbairt leanúnach agus den mheasúnú leanúnach é seo le feabhas a chur ar an tseirbhís atá á soláthar agus le tógáil uirthi ar bhonn struchtúrtha, straitéiseach. Ba mhór an cuidiú é a leithéid de chóras, ní hamháin i gcás chaighdeán na hiriseoireachta ach i gcomhthéacs tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil d'iriseoirí atá ag foghlaim na ceirde ón taobh ghnó fosta. Tá dúshlán an ghnó le sárú ag cuid mhaith foilseachán Gaeilge de réir an aiseolais a fuarthas ón taighde seo (aiseolas pobail, suirbhéanna mar aon le hUinsíonn Mac Dubhghaill (*Cuisle*) agus Danny Brown (*Goitse*), cuir i gcás). Ní cóir go mbeifí ag súil leis na leibhéil chéanna scileanna gnó i ngort nach soláthraíonn taithí fhairsing go leor le dul i ngleic lena leithéid ag an phointe seo cibé. Mar sin féin tá neart gnó ar siúl ag an leibhéal is airde ar domhan i bpobal na Gaeilge, agus b'fhiú an tairbhe a bhaint as saineolas na gcomhlachtaí a bhfuil ag éirí go maith leo. Tá an moladh seo déanta faoin moladh do chóras creidiúnaithe d'iriseoirí fosta agus cur i bhfeidhm chúrsa dá leithéid. Shamhlófaí go mbeadh cúrsaí gnó ar na hábhair a phléifí fosta.

(Sprioc: 1 Bliain)

(iii) Ní foláir féachaint ar chóras chun síntiús ar líne a bhunú mar eilimint éigeantach do gach iris. Arís tacaíonn a bhfuil á chur ar fáil i dtíortha eile leis an mholadh seo. De réir taighde Bianchi, tugann cásanna Eorpacha le fios gur gá traidisiún láidir síntiúis a bheith ann chun dul chun cinn a dhéanamh (Bianchi, 2008: 19).

(iv) Is gá chomh maith dul i ngleic le agus aitheantas a thabhairt do luach na seirbhísí ar líne. Mar sin féin, mar a taispeánadh sa tábla a cuireadh isteach ag tús na rannóige seo níl práinn leis seo ar bhonn gearrthéarmach ach is gá pleanáil ar aghaidh. Tá luach an idirlín i gcur chun cinn i mionteangacha aitheanta go maith roimhe seo:

It is worth noting how the arrival of the internet has benefitted journalism in minority languages (Salaverría, 2005: 231) [The use of Catalan in the small population of Alguer was decreasing until the arrival of the internet which curbed the downward trend somewhat. Digital media, unlike other forms of media, require a small initial investment for a potentially far reaching result.]

Mar sin féin, mar a luadh roimhe seo, agus mar a pléadh i gcás léamh nuachtán ar an idirlíon, ainneoin go bhfuil baill den phobal faoi bhun 35 ag gluaiseacht i dtreo an idirlín i gcónaí, ní hionann sin agus a rá go n-íocfaí as an ábhar nó fiú go léifí an t-ábhar ina iomláine. Is é seo an tuige gur gá a bheith airdeallach faoi threochtaí idirlín ag an phointe seo chomh maith, agus gan airgead a chur amú ag forbairt fóram nach n-úsáidfear. Ní shamhlófar cuir i gcás, go spreagfar go leor ioncaim as foinsí idirlín sa todhchaí chun luach ioncaim an fhóraitm chlóite a ghlacadh. Mar sin fad is go bhfuil luach ar an nuachtán clóite mar uirlis chumarsáide agus phobail (agus beidh luach air seo go ceann blianta eile de réir taighde ar na meáin), is fiú na dúshláin a bhaineann leis sin a réiteach ar dtús, sula dtabharfar faoi infheistíocht shuntasach ar a leithéid de sheirbhís eolais a sholáthar ar líne. Mar a taispeánadh sa tábla ag tús na rannóige seo, ní mhairfidh an suíomh seo ar bhonn fadtéarmach in aon chor, ach sa tréimhse ghearrthéarmach is fiú aitheantas a thabhairt dó, go háirithe i gcomhthéacs luach an chaiteachais air. Tacaíonn taighde

nua-aimseartha ar fhóram na nuachtán agus an idirlín i gcomhthéacs
príomhtheanga leis an tuiscint seo:

The need for immediacy is reflected in younger news consumers' choice of media: they overwhelmingly prefer to get their news from television and the internet ... we found that while there is modest potential to increase online revenues, they will be insufficient to compensate for the decline of print. Indeed even in a hypothetical scenario where online-only versions of existing newspapers and magazines cost 75 percent less than the print versions, only 14 percent of news consumers said they would pay for online content.

(*Mc Kinsey Quarterly* April 2010)

(Sprioc: 2 Bliain)

Is gá mar sin iniúchadh a dhéanamh ar fhoinsí eile maoinithe, an síntiús ar líne, cuir i gcás atá á thriail cheana ag *Comhar*, do na hirisí agus do na foinsí idirlín. I gcás an nuachtáin náisiúnta Ghaeilge, is gá féidearthachtaí an fhórait dháttheangaigh as a dtiocfadh an nuachtán Gaeilge a ríomh, agus páirtíocht dá réir a shocrú le nuachtáin Bhéarla na hÉireann, ar an tuiscint i gcónaí go dtuigfí gur ardán comhionann a bheadh á sholáthar ag an bhfoilseachán Gaeilge.

Críoch

Aithnítear dúshlán fadtéarmach na nuachtán ach má thugtar faoi fhorbairt scileanna nua margaíochta agus iriseoireachta ar bhonn straitéiseach, stuama, ba chóir go bhfeicfí torthaí dearfacha, is cuma pé fóram a bheadh á shaothrú. Is fiú é seo a choinneáil san áireamh agus an pobal ar thairseach ré nua na meán cumarsáide:

To survive in the digital age, newspapers will need to develop deeper skills - for example, in managing advertiser relationships and gaining customer insights - and they must walk a fine line to retain editorial independence and quality to capture these opportunities. But for those who get it right, the rewards could be significant.

(Mc Kinsey Quarterly April 2010).

3.3 Suimiú agus míniú gearr ar na moltaí

1. Tábla 3.3 Plean straitéise de réir ama agus tosaíochta;
2. Suimiú ar an eolas in Tábla 3.2 (ag brath ar na socruithe maoinithe);
3. a.Riosca; b.Moltaí fiontraíochta.

1. Tábla 3.3 Plean straitéise de réir ama agus tosaíochta

	2011	2012	2013	2014	2016	Tosaíocht	Tréimhse
1. Nuachtlíne náisiúnta		✓	✓			Ard	2 bliain
2. Córas monatóireachta agus féinbhreithnithe		✓	✓			Ard	2 bliain
3. Cumann náisiúnta iriseoireachta		✓	✓			Ard	2 bliain
4. Sintiús ar líne	✓					Ard	1 bliain
5. Gaelpport a fhorbairt (leanúnach)		✓	✓	✓		Ard	3 bliain
6. Margaíocht agus Dáileachán		✓	✓			Ard	2 bliain
7. Scéim léitheoireacht na meán do pháistí scoile		✓	✓	✓		Ard	5 bliain
8. Feachtas poiblíochta (1)		✓	✓	✓		Ard	3 bliain
9. Gréasán / mol cumarsáide		✓	✓	✓		Ard	3 bliain
10. Nuachtáin áitiúla do phobail ghaeltachta		✓	✓	✓		Ard	5 bliain
11. Pobal idirnáisiúnta - gréasan cumarsáide		✓	✓	✓		Ard	3 bliain
12. Togra dhátheangach i nuachtáin / suímh na tíre				✓	✓	Meán	2 bliain
13. Scéim scríbhneoireachta sna scoileanna		✓	✓	✓	✓	Meán	4 bliain
14. Iriseoir Cónaitheach/ naisc le hinstitiúidí tríú leibhéal			✓	✓	✓	Meán	3 bliain
15. Oiliúint teicneolaíochta		✓	✓	✓		Meán	3 bliain
16. Nuachtlitreacha do chomhairlí contae agus d'eagraíochtaí cultúrtha				✓	✓	Meán	5 bliain
17. Feachtas poiblíochta agus eolais (2)				✓	✓	Meán	2 bliain
18. Iniúchadh ar fhéidearthachtaí d'fhóraim dhátheangacha					✓	Íseal	1 bliain
19. Cumann idirnáisiúnta d'iriseoireacht					✓	Íseal	2 bliain

mhionlaithe			
20. Seimineár do Lá Oscailte do na Meán ar fad	√	Íseal	2 bliain
21. Iris litríochta ar líne	√	Íseal	2 bliain
22. Córas creidiúnaithe	√	Íseal	3 bliain

2. Suimiú ar an eolas in Tábla 3.3 (ag brath ar na socruithe maoinithe).

Tá 22 moladh leagtha amach in Tábla 3.3 anseo agus iad roinnte de réir na gcatagóirí a d'úsáideadh don tuarascáil seo. Gheofar anailís ar na torthaí faoi seo.

(i) Líon na moltaí de réir tosaíochta in Tábla 3.3

Ard: 11

Meán: 6

Íseal: 5

(ii) Réimsí na moltaí de réir tosaíochta sna cúig chatagóirí

- a. Fóraim: 5 togra (2 ard; 2 meán; 1 íseal)
- b. *Pobal agus Dáileachán: 7 togra (5 ard; 1 meán; 1 íseal)
- c. *Ábhar: 3 togra (2 ard; 1 íseal)
- d. Gairmiúlacht agus Caighdeán: 6 togra (2 ard; 2 meán; 2 íseal)
- e. Maoiniú: 3 togra (1 ard; 1 íseal; 1 leanúnach)

****Iomlán: 24**

Nóta mínithe ar na líon na moltaí in 3.2 agus leagan Tábla 3.3

*Tá 22 togra luaite ar an tábla ach tá níos mó moltaí déanta in 3.2. Tarlaíonn sé seo ar dhá chúis. An chéad cheann ná go dtagann an togra faoi sheirbhís na Gaeltachta faoi dhá chatagóir, 'Pobal agus Dáileachán' agus faoi 'Ábhar', i liosta na moltaí. Mar sin cé nach bhfuil sé luaite ach uair amháin ar an tábla seo, tá sé pléite faoi dhó sna moltaí;

**I liosta na moltaí gheofar moladh le hiniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí an idirlín. Is moladh ginearálta é seo a ba chóir a bheith ar an airdeall faoi i gcónaí

agus ar bhonn leanúnach, mar sin níor cuireadh isteach é in Tábla 3.3 ach tá sé luaite mar mholadh in 3.2.

(iii) Gnéithe ar leith a tháinig chun tosaigh san anailís dheireanach.

- Tá liosta na moltaí a bhfuil tosaíocht ard tugtha dóibh dírithe go príomha ar riachtanais phobail;
- Go ginearálta, tá na moltaí a bhfuil tosaíocht mheánach tugtha dóibh ag tógáil ar ghné de thogra a raibh tosaíocht ard leis ar dtús;
- Tá na moltaí a bhfuil tosaíocht íseal tugtha dóibh bunaithe go príomha ar threochtaí de réir na bhfóram cumarsáide nó ar thograí nach bhféadfaí a chur i bhfeidhm go héifeachtach gan cuid den obair a bheith déanta sna réimsí eile ar dtús.

(iv) Na moltaí seo i gcomhthéacs chuspóirí na rannóige Pobail agus Gnó, Foras na Gaeilge:

Tchítear anseo go bhfuil an bhéim agus an phráinn is mó leagtha ar na tograí pobail. Réitíonn sé seo go hiomlán le príomhróil na Rannóige Pobail agus Gnó in Foras na Gaeilge, an rannóg a d'údaraigh an tuarascáil seo, is é sin, 'úsáid na Gaeilge sa phobal ar fad a chur chun cinn agus a fhorbairt'. Tá sé seo spéisiúil mar, do chur le chéile na dtorthaí taighde seo níor díródh ar chúrsaí pobail d'aon ghnó. Réitíodh na torthaí díreach de réir an taighde chainníochtúil agus chineálaigh mar aon le fianaise acadúil agus tuarascálacha, mar a leagadh amach agus mar a pléadh i rith na tuarascála seo. De thoisc mar sin féin gur eascair na tuiscintí pobail as torthaí an taighde, is féidir glacadh leis gur dearbhú agus gur teist iad arís mar sin, ar a thábhachtaí agus atá luachanna pobail in athneartú teanga agus gur léir go dtuigtear do bhaill an phobail go bhfuil ról ag na meáin ann.

Is é an dara haidhm atá luaite leis an rannóg ná 'úsáid na Gaeilge san earnáil phríobháideach a fhorbairt' agus bheifí ag súil, go háirithe sna moltaí a bhfuil tosaíocht mheánach tugtha dóibh go mbeadh féidearthachtaí fiontraíochta ann do bhaill den phobal a mbeadh spéis acu i gcúrsaí cumarsáide, i gcúrsaí teicneolaíochta, agus i gcúrsaí oideachais.

Ceann de na moltaí is tábhachtaí anseo braithim ná bunú an chórais chreidiúnaithe ach cuireadh tosaíocht íseal leis díreach toisc gurbh éigean fréamhacha cearta iriseoireachta sa phobal ón aos óg aníos a chur síos, mar aon le gréasán cumarsáide ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt a réiteodh an bealach dá leithéid. Mar sin féin bheadh an moladh seo ar na cinn ba chuidithí don earnáil seo trí chéile a chinnteodh caighdeáin chearta teanga agus stádas ceart gairmiúil iriseoireachta.

Seachas 'séala an iriseora' féin ba í an ghné thanáisteach ba thábhachtaí de seo ná go soláthródh a leithéid de 'Shéala' bunaithe ar chúrsa struchtúrtha, deis shármhaith do chomhlachtaí príobháideacha iad féin a chur ar an eolas ar na féidearthachtaí deontais a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge chomh maith. Tharlódh fosta go gcuirfeadh pobal na hearnála príobháidí daoine eile ar an eolas faoi splanc gnó a mhúscailt in earnáil na meán clóite agus ar líne. Nuair a chuirfí luach eacnamaíoch ar an nGaeilge sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí dearcadh 'an bhéil bhoicht' ar phobal na Gaeilge a chur ina cheart, mar d'fheicfeadh an pobal Béarla na féidearthachtaí a bhaineann le luach teanga i gcomhthéacs sóisialta agus eacnamaíochta. Cé go mbeadh bunús oideachasúil leis ag an tús, bheifí ag súil go bhfeidhmeodh a leithéid de chóras mar fhoinsé spreagtha do bhaill an phobail, le bheith tionscantach faoi úsáid na Gaeilge a chur i gcomhthéacs eacnamaíochta. Is gá áfach an Ghaeilge a dhéanamh tarraingteach sa chéad áit agus úsáid na Gaeilge a chur chun tosaigh mar sprioc lárnach de chothú pobail. Chomh maith leis sin bheadh tuiscintí comhoibrithe chun tosaigh ina leithéid de scéim tar éis an chúrsa, ach thabharfadh cúrsa agus córas creidiúnaithe 'Séala' stádas don ghairm, agus don earnáil, mar aon le fóram deifínídeach a sholáthar do dhaoine le teacht le chéile chun plé ceart a dhéanamh agus tuairimí a roinnt. Ní tharlaíonn aon fhorbairt gan tuairimí maithe sa chéad áit.

3. a.Riosca; b.Moltaí fiontraíochta.

a. Riosca

(i) Nuachtán clóite v na fóraim eile:

Ar bhonn fadtréimhseach, is cúis imní é leibhéal an mhaoinithe atá á bhronnadh ar tháirge amháin de na meáin chlóite agus ar líne, is é sin, nuachtán clóite. Ainneoin go léiríonn fianaise ó shuirbhé agus ó aiseolas an phobail gurb é príomhriachtanas an phobail é, chaithfí a bheith airdeallach go bhfuil seans láidir ann go bhfuil sé bunaithe ar nósanna traidisiúnta léitheoireachta seachas ar an bhfóram féin.

Tá na figiúirí sa tuarascáil seo bunaithe ar fhigiúirí a tugadh don bhliain 2010. Tá maoiniú €1.6m thar cheithre bliana ag dul don nuachtán clóite, is é sin €400,000 in aghaidh na bliana (níor thosaigh an deontas sa bhliain 2010 go dtí mí an Mhárta mar sin laghdaíodh an tsuim a tugadh do nuachtán don chéad bhliain). Tuigtear an caiteachas a bhíonn riachtanach le gnó nuachtáin, ach caithfear luach an chaiteachais sin a chur i gcomhthéacs luach an fhórait mar uirlis phobail go príomha, agus chomh maith leis sin, mar uirlis theanga agus chumarsáide. Mar a moladh roimhe seo bheadh sé riachtanach don nuachtán measúnú dá chuid féin a dhéanamh ar an luach seo - agus ní hiad na figiúirí cúrsaíochta is fearr i gcónaí chun a leithéid a mheas. Má tá sé d'acmhainn ag fóraim eile atá ar leibhéal íseal maoinithe, dul i bhfeidhm ar an bpobal mar aon le seirbhís teanga ar ardchaighdeán a sholáthar ag an am céanna, ba ghá ar bhonn fadtréimhseach féachaint ar mhodhanna eile éifeachtúla chun feidhm an nuachtáin sa phobal a chomhlíonadh nó ar a laghad fóram an nuachtáin a athrú. Níl aon amhras nach bhfuil fóraim iomlána Gaeilge de dhíth i gcónaí. Is gá áfach, féachaint ar na fóraim ar fad atá ar fáil le measúnú a dhéanamh ar cé acu a d'oibreodh ab fhearr mar fhóram iomlán Gaeilge caighdeánach, iad siúd a dhéanfadh an freastal ab fhearr an chanúintí na Gaeilge, agus iad siúd a d'oibreodh níos fearr mar fhóram dátheangach.

(ii) Nuachtiris an tí:

Ó thaobh maoinithe de ba é sprioc na tuarascála seo é measúnú a dhéanamh ar na meáin atá á maoiniú ag Rannóg Gnó agus Pobail Fhoras na Gaeilge. Liostáladh na fóraim ar fad in Tábla 2.1. Tabharfar faoi deara go bhfuil nuachtlitir SAOL luaite

ann ach go mínítear go dtagann sí ó mhaoiniú an tí. Luaitear é seo mar nach bhfuil an nuachtlitir á maoiniú faoin rannóg seo agus dá bharr sin níor cuireadh san áireamh é don tuarascáil seo. De thoisic áfach gur meán de chuid an Fhorais é a sholáthraíonn seirbhís do phobal na Gaeilge, bheadh sé fáillíoch gan é a lua. Bhíodh maoiniú an-ard á thabhairt don fhóram seo a raibh gá leis le soláthar ceart a dhéanamh ar an táirge a bhí á sholáthar. Is uirlis í cinnte a mbeadh rath níos fearr uirthi ar líne, beart atá socraithe anois. De réir luach an chaiteachais, go háirithe ag díriú ar ábhar na nuachtlitreach, atá éadrom agus dírithe ar shiamsaíocht agus eolas, seachas ar ábhar anailíse a d'éileodh cumas maith sa teanga, cheisteofaí fiúntas an chaiteachais seo mura mbeadh sé ar líne. Rachadh sé seo chun leas na teanga agus an phobail araon mar seans go saoródh athbhreithniú dá leithéid airgead le tabhairt faoi thograí eile tionscantacha sna meáin chumarsáide. Ní foláir go mbeadh an nuachtiris ann ach is gá leibhéal an chaiteachais i gcomhthéacs rochtain an phobail agus chur chun cinn na teanga a chur san áireamh. Tá sé seo déanta anois.

b. Fiontraíocht

D'aon ghnó sa tuarascáil seo rinneadh iarracht cloí le riachtanais phobal na Gaeilge i dtaobh na meán clóite agus ar líne i gcomhthéacs na bhfóram atá ann agus na bhféidearthachtaí forbartha dá réir.

Tá moladh amháin ar fiú aird ar leith a thabhairt air nach bhfuil ach luaite i gcorp na tuarascála. Is togra é a d'fhéadfaí a fhorbairt i gcomhpháirt leis na meáin chraolta in Éirinn agus i mionteangacha eile. Molaim go mór suíomh nuachtlíne a fhorbairt (mar atá sna moltaí) ach b'fhiú, a luaithe agus ab fhéidir forbairt a dhéanamh ar a leithéid le teangacha mionlaithe eile chomh maith. Tá an-obair á cur i gcrích ag MIDAS mar uirlis chomhaontaithe ach ba mhór an ní é fóram beo nuachta a sholáthar i rogha mhaith teangacha.

Is í an réasúnaíocht taobh thiar de seo ná go gcruthófaí suíomh combhionann 'idirnáisiúnta' na méan mionteanga ina mbeadh nuacht ar fáil ann sa Ghaeilge, agus sna mionteangacha eile. Nuair a rachfaí ar an suíomh, d'fhéadfaí rogha teanga a úsáid agus bheadh gné chomónta le réimse nuachta amháin agus gnéithe sainiúla leis an réimse eile a bheadh spéisiúil do phobal na tíre féin amháin. Chuideodh a leithéid le foghlaim agus go háirithe le húsáid na Gaeilge agus

thabharfaí deis do dhaoine dul i ngleic le húsáid teangacha eile fosta agus iad ag baint tairbhe as na suímh eile i gcomhthéacs na nuachta a sholáthrófaí. Bheadh an Ghaeilge ag cuidiú ansin le pobal ilteangach a chruthú ina mbeadh gach duine ábalta tabhairt faoi theangacha eile chomh maith leis an nGaeilge. Tá an ghné idirtheangúil seo an-fhórasach i bhfoghlaim teangacha agus cuirtear go mór le héascaíocht fhoghlaime dá barr a chuideodh le foghlaim na Gaeilge chomh maith agus a bhronnfadh stádas ar an nGaeilge mar theanga cheannróaíoch sa togra seo.

Luadh sna moltaí gurbh fhiú dul i dteagmháil leis na meáin chraolta agus le Nuacht 24 dá leithéid. De thoisc go bhfuil WITBN ar an bhfód anois chomh maith bheifí dóchasach go bhféadfaí suíomh fiúntach a chur ar fáil ar chostas íseal. Bheadh costais shuntasach le huasdhátú an tsuímh agus le hiriseoirí a earcú chuige sin agus a chur ag obair leis na meáin chraolta dá leithéid, ach ba é an dúshlán ba mhó a bheadh le sárú na fóram comhoibrithe idir pobail na dteangacha a bhunú. Mar a luadh cheana sna moltaí áfach nuair a bheadh cumann na n-iriseoirí Éireannacha ar bun d'osclófaí a leithéid féidearthachtaí chun seimineáir idirnáisiúnta a chur ar siúl a thabharfadh baill ó thíortha eile le chéile. D'fhéadfaí a leithéid a iniúchadh ansin.

Óna bhfuil ar fáil, tá saibhreas an-mhaith ar shuímh idirlín na dteangacha mionlaithe san Eoraip agus tá cur chuige an-spéisiúil ag cuid acu. Dá bharr sin níl an bhéim ar an teanga ar bhonn chomhfhiosach ach meallann an t-ábhar an léitheoir. B'fhiú go mór tógáil air sin agus na meáin Ghaeilge a bhogadh ó na seanchairn isteach go ré úr fhuinniúil a mbeadh uirlisí in úsáid inti a fheileann don chéad ghlúin eile, nach mbeidh an oiread céanna táithí acu ar léamh nuachtán. Is gá fóraim eile a chruthú a mbeidh substaint ag dul leo agus coincheap 'ar son na cúise' a dhíbirt ar fad anois. Chuige sin is gá glacadh leis na meáin mar fhóraim a bhfuil bunús leo a bhfuil pobail ar fud an domhain ag dul i ngleic leo, agus ag foghlaim fúthu ar bhonn leanúnach i gcónaí.

Is é mo thuairim go mbeadh sé seo an-úsáideach in iompú na bhfigiúirí d'úsáid na Gaeilge san aoisghrúpa 20-44. Tá sé níos tábhachtaí ná riamh anois agus ré nua cumarsáide ag teacht (agus ann cheana fiú ag leibhéal áirithe), go bhfáiltítear roimh agus go mbítear oscailte do na féidearthachtaí i dteangacha eile agus go

mbíonn pobail na dteangacha eile oscailte d'earnáil iriseoireacht na hÉireann. Chothódh a leithéid de mheon spéis agus fiosracht sa Ghaeilge agus i dteangacha eile a spreagfadh daoine óga go háirithe, mar thuigfí nach bhfuiltear ag obair i bhfolús. I ré mar a luadh cheana, a bhfuil gach rud dírithe ar an tsúil inti, an toise sa bhreis a bhainfeadh lena leithéid de shuíomh ná nach mbeadh aon neart ar an duine ach féachaint ar a bhfuil á chur i gcrích agus nuair a d'fheicfí é (murab ionann agus é a chloisteáil amháin) dhéanfaidh na híomhánna cás gach teanga níos réadúla ná mar a dhéanfaidh aon uirlis chumarsáide eile de thoisc chlaonta agus threochtaí léitheoireachta an phobail do chúrsaí nuachta faoi láthair. Ó thaobh athshealbhú teanga, chuirfí baill phobal na Gaeilge ar an eolas láithreach gur baill de phobal na Gaeilge iad agus gur leo an Ghaeilge dá bharr. Chomh maith leis sin d'aithneofaí gur baill de phobal na dteangacha mionlaithe iad chomh maith. Leathnaíonn sé seo amach scóip agus fiúntas na Gaeilge mar theanga láithreach fosta, mar cuirfear í i gcomhthéacs domhanda seachas i gcomhthéacs cúng ar iarthar na hEorpa í.

Togra réasúnta mór ó thaobh infheistíochta a bheadh ina leithéid ach i gcomhthéacs an chaiteachais faoi láthair braithim go bhfuil seans ann go bhféadfaí luach airgid níos fearr a fháil ar an gcaiteachas go háirithe ó thaobh rochtain an phobail agus úsáid na teanga seachas cumas sa teanga amháin. Creidim go ndéanfaidh an leathnú amach seo maitheas d'íomhá na Gaeilge, agus do na daoine nach bhfuil mórán Gaeilge acu, d'fheicfí láithreach na buntáistí le Gaeilge a bheith ag duine agus é ag foghlaim conas dul i ngleic le teangacha eile ag an am céanna. Deirtear go bhfuil an nuacht ar na bealaí is fearr le teanga a fhoghlaim mar sin is gá a bheith cruthaitheach chomh maith le rud breise a sholáthar. Mar phobal teanga ansin bheifí ag féachaint amach ar an domhan le fáilte, ag oscailt doirse an tí a luadh roimhe seachas ag féachaint isteach orainn féin ag dúnadh doirse agus ag coinneáil pobail eile amuigh. Cumarsáid agus cruthú pobail sa chiall is leithne de sin a bheadh i gceist leis seo. Bheadh sé tábhachtach d'íomhá phoiblí na hÉireann san Eoraip faoi láthair, go háirithe agus stádas na Gaeilge mar theanga oibre san Aontas Eorpach, go mbeadh pobal na Gaeilge ceannródaíoch agus chun tosaigh i gcruthú fhóiraim dá leithéid, a thugann le fios gur tír í seo atá oscailte don domhan amuigh, agus go bhfuil bealaí éifeachtacha tríd an teanga féin mar

shuaitheantas tíre, lena leithéid de theachtaireacht a scaipeadh. Ba ghá áfach a chinntiú go ndéanfaí uasdhátú an-rialta ar an suíomh mar áis nuachta sa chéad áit.

3.4 Conclúid:

Ní foláir i gcónaí na gnéithe traidisiúnta a chur san áireamh taobh leis na forbairtí nua-aimseartha, dá spreagúla agus dá cheannródaithí iad.

I gcás na Gaeilge mar theanga náisiúnta in Éirinn, níor mhiste a choinneáil i gcuimhne i gcónaí go luaitear luach na meán go sonrach mar uirlisí tábhachtacha do normalú teanga i ndréachtadh straitéis teanga agus i dtaighde scoláirí aitheanta teanga. Níl scoláirí acadúla náisiúnta agus idirnáisiúnta ar aon intinn faoi luach na meán in aistriú teanga ach is réimse taighde an-nuálach é an réimse taighde seo. Mar thúsphointe áfach, i gcás na hÉireann go háirithe mar a pléadh sa tuarascáil, aithníonn scoláirí Béarla ar na meáin ghinearálta tairbhe na meán sa chomhthéacs seo in athneartú teanga.

I gcás na dtreochtaí nua i bhfórait chumarsáide, is gá a bheith ar an eolas faoi bhuntáistí an idirlín, dá nuálaí é mar fhoinsé agus mar uirlis phobail. Luaim cás Alguer sa Chatalóin go sonrach mar chás eiseamláireach anseo.

An ghné agus an fhíric bhunúsach a bhaineann leis seo ná gur chuid lárnach den sféar poiblí é cleachtadh na hiriseoireachta ó ré na scríobhaithe go dtí an lá atá inniu ann. Dá bharr sin, fiú mura saothraítear na meáin chlóite agus ar líne (nó meáin i bhfóram ar bith) chun athshealbhú na teanga a chur i bhfeidhm, fanfaidh siad ann mar chuid den sféar poiblí, mar a bhíodh, mar atá, agus mar a bheidh, mar is cuid bhunúsach de chleachtaí daonna agus de thraidisiún na Gaeilge í cleachtadh na hiriseoireachta.

Mura bhfuil aon rud eile ag an duine daonna tá 'scéal' a bheatha féin ag gach duine. Sa chomhthéacs seo is é ról na meán in athshealbhú teanga do phobal na Gaeilge, an fheidhm is tábhachtaí atá le forbairt ar bhonn straitéiseach. Tacaíonn taighde acadúil ar na meáin mhionteanga idirnáisiúnta agus náisiúnta leis seo, mar aon le torthaí an taighde ghníomhaigh don tuarascáil seo. Bunaíodh an taighde gníomhach seo ar thuairimíocht phobal gairmiúil na meán agus ar na páirtithe sóisialta agus oideachasúla. Is é croílár agus bunús an phobail iad na luachanna a bhfuil an pobal sin tógtha leo. Cuireann Breandán Delap in iúl anseo nach ionann luachanna na meán Gaeilge agus luachanna na meán eile:

The received wisdom runs that the Irish-language media's values are not just different to other publications and channels, but diametrically opposed. It is not so much of a question of reading, watching or listening to the Irish-language media, therefore, as finding yourself in a different mental and cultural space.

Ach tá luachanna difriúla ag gach pobal agus mar a pléadh roimhe seo, is gá díriú ar ghnéithe comóna sna pobail chomh maith, má táthar chun comhoibriú fiúntach idir páirtithe uile na sochaí agus an sféir phoiblí a chur chun cinn. Is gá mar sin saintréithe an phobail a bhfuil na meáin ag freastal air a aithint agus a shaothrú, ach de bharr na bhfionnachtana nua idirlín, cuir i gcás, tá an spás céanna á roinnt ag pobail uile an domhain anois. An dúshlán atá ann faoi láthair mar sin ná an slogadh iomlán a sheachaint fad is go bhfuil an fóras ar siúl. Ní foláir féiniúlacht shainiúil na meán Gaeilge a chosaint mar uirlisí pobail fad is go bhfuil an pobal ag dul i ngleic le fóram ceart aitheanta cumarsáide a sholáthar ag an am céanna.

Cuid a ceathair

4.1 Buíochas

4.2 Aguisíní

4.3 Liosta foinsí

4.1 Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le rannpháirtithe na hoibre seo a roinn a gcuid saineolais agus a gcuid ama go fial fláithiúil. Bhí an taighde seo ag brath go mór ar a lán comhoibrithe agus ar dhea-thoil. Gan cuidiú na rannpháirtithe atá luaite anseo ní fhéadfaí taighde mar seo i gcrích:

Luaim go speisialta an bheirt chúntóirí taighde Aoife Uí Fhaoláin agus Ruth Lysaght a sholáthair taighde ar ardchaighdeán i gcónaí agus a d'oibrigh faoi spriocanna dochta gan cheist le toil mhór, agus ag an leibhéal is airde gairmiúlachta i gcónaí.

Gabhaim buíochas fosta le Ceann, agus le Foireann Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta, COBÁC, go háirithe Anna Germaine, Riarthóir na Scoile agus Kathleen Clune, Riarthóir na Nua-Ghaeilge; le Foireann Institiúid na hÉireann don Léann Daonna UCD, go háirithe le Valerie Norton Bainisteoir na hInstitiúide, mar aon leis na mic léinn a chuidigh linn don Seimineár Lae; le rannpháirtithe uile an tsuirbhé; leis an bpobal a d'fhreastail ar an seimineár lae '*Ó Bolg an tSolair go Gaelscéal*'. Riachtanais agus todhchaí na meán Gaeilge clóite agus ar líne' in Institiúid na hÉireann don Léann Daonna ar 13 Samhain 2010; leis na cainteoirí ar fad a thug cainteanna mar aon le léargas ar earnaíl na meán Gaeilge ar gach uile fóram ag an seimineár lae. Níor luadh ainm gach cainteoir go sonrach sa tuarascáil seo ach is de thoradh a dtuairimí agus an phlé a lean na cainteanna atá cuid áirithe den tuarascáil seo á cur i láthair anois. Chuir díograis, dea-thoil, agus cur chuige fuinniúil na rannpháirtithe ar fad idir chainteoirí agus phobal éisteachta go mór leis an taighde agus leis an spreagadh a tugadh dúinn mar thaighdeoirí. Ba í Aoife Uí Fhaoláin go príomha a ghlac cúram an eagrúcháin don seimineár lae agus tá moladh ar leith tuillte aici as a fheabhas agus a d'éirigh leis an ócáid ar fad.

Is fiú gach cainteoir a lua go sonrach anseo (in ord aibítire):

Orla Bradshaw (*Foinse*)
Danny Brown (*Goitse*)
Fionntán de Brún (Ollscoil Uladh)
Ciarán Dunbar (*Gaelscéal*)
Uinsionn Mac Dubhghaill (OÉG)
Pádraig Mac Fhearghusa (*Feasta*)
Seosamh Mac Muirí (*Beo.ie*)

Robert McMillen (*Irish News*)
Ríona Nic Congáil (Scríbhneoirí Úra, Coláiste Phádraig, Droim Conrach)
Mairéad Nic Giolla Mhichíl (Fiontar, OCBÁC)
Máiréad Ní Chinnéide (Saoriseoir)
Íte Ní Chionnaith (ITBÁC)
Máire Ní Neachtain (Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach)
Siún Ní Dhuinn (*Metro Éireann*, COBÁC)
Róisín Ní Ghairbhí (Coláiste Phádraig, Droim Conrach)
Tomaí Ó Conghaile (*Nós*/Nuacht24*)
Páidí Ó Lionáird (TG4, RnaG, Iriseoireacht chlóite)

Gabhaim buíochas fosta le baill an phobail a d'fhreagair na hacainí eolais agus a chuidigh leis an togra seo i mbealaí éagsúla:

Luaim Gabriel Rosenstock, Liam Ó Muirthile, Liam Mac Amhlaigh, agus John Walsh go háirithe a chaith dua sa bhreis le hábhar a chur ar fáil dom nuair a ba ghá leis.

Ní fhéadfaí gach duine a lua ach luaim na daoine seo a leanas go speisialta (in ord aibítire):

Joe Breen
Ray Burke
Neil Buttimer
Breandán Delap
Dewi Evans
Liam Mac Amhlaigh
Johnny Glennon
Oisín Mac Eoin
Liam Mac Mathúna
Séadna Mac Seoin
Patricia Moloney
Máiréad Nic Giolla Mhichíl
Emer Ní Cheidigh
Seán Ó Cearnaigh
Éamonn Ó Ciosáin
Pól Ó Gallchóir
Ríonach uí Ógáin
Micheál Ó Meachair
Pól Ó Muirí
Liam Ó Muirthile
Ciarán Ó Prionntaigh
Niamh O'Sullivan
Gabriel Rosenstock
Paul Scott
Alan Titley
John Walsh

Luaim fosta an tacaíocht fhiúntach a fuarthas ó na meáin chraolta, TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus luaim Rónán Mac Aodha Bhuí agus Cearbhall Ó Siocháin go speisialta anseo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Foras na Gaeilge, a thug an deis dom an taighde seo a dhéanamh agus go háirithe le hÉamonn Ó hÁrgáin agus le Gearóid Trimble a roinn a gcuid eolais liom gan cheist nuair a bhí sonraí agus comhairle eolais á lorg agam.

Le críochnú ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le mic léinn bunchéime agus iarchéime COBÁC as a dtuairimí a roinnt liom, agus as an spreagadh leanúnach a thugann siad dom do thaighde mar seo. Is í an ghlúin seo a threoróidh todhchaí na meán Gaeilge clóite agus ar líne.

4.2 Aguisíní

1. Aguisín 1: Liosta rannpháirtithe, teagmhálaithe, agus na daoine ar iarradh orthu páirt a ghlacadh sa taighde seo i mbealaí difriúla;
2. Aguisín 2: Rogha shamplach de na meáin chlóite / ar líne in Éirinn a bhfuil Gaeilge iontu (Aoife Uí Fhaoláin);
3. Aguisín 3: Rogha shamplach na nuachtán clóite náisiúnta agus cúigeach in Éirinn a raibh Gaeilge iontu (Gearóid Trimble 2007);
4. Aguisín 4: Clár an tSeimineáir Lae

Ó Bolg an tSolair go Gaelscéal – Breis agus 200 bliain d'iriseoireacht chlóite
na Gaeilge

Seimineár Lae: Todhchaí na meán Gaeilge clóite agus ar líne

Dé Sathairn, 13 Samhain 2010

Institiúid na hÉireann don Léann Daonna (HII), UCD

5. Aguisín 5: Suirbhé a cuireadh amach (Leagan Gaeilge agus Béarla);
6. Aguisín 6: Sampla den suíomh scríbhneoireachta *Words Without Borders*.

Aguisín 1: Liosta rannpháirtithe, teagmhálaithe, agus na daoine ar iarradh orthu páirt a ghlacadh sa taighde seo i mbealaí difriúla:

Cainteoirí ag an Seimineár Lae 13.11.2010 (in ord na gcainteanna)

Páidí Ó Lionáird, TG4, RnaG, Iriseoireacht chlóite
Ciarán Dunbar, *Gaelscéal*
Robert McMillen, *Irish News*
Máiréad Ní Chinnéide, Saoririseoir
Siún Ní Dhuinn, *Metro Éireann*
Orla Bradshaw, *Foinse*
Seosamh Mac Muirí, *Beo*
Pádraig Mac Fhearghusa, *Feasta*
Danny Brown, *Goitse*
Ríona Nic Congáil, Scríbhneoirí Úra, Coláiste Phádraig, Droim Conrach
Tomaí Ó Conghaile, *nós*/ Nuacht24*
Íte Ní Chionnaith, ITBÁC
Róisín Ní Ghairbhí, Coláiste Phádraig, Droim Conrach
Uinsíonn Mac Dubhghaill, OÉG
Fionntán de Brún, Ollscoil Uladh
Mairéad Nic Giolla Mhichíl, Fiontar, OCBÁC
Máire Ní Neachtain, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach.

Daoine/Eagraíochtaí/Institiúidí eile a fuair cuireadh chuig an Seimineár Lae

Liam Mac Mathúna, COBÁC
Caoimhín Mac Giolla Léith, COBÁC
Mic léinn na Nua-Ghaeilge, COBÁC
Mic léinn agus Foireann Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéalaoideas Éireann agus na Teangeolaíochta, COBÁC
Iar-mhic léinn MASCG, MANG, PHD, MLITT, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéalaoideas Éireann agus na Teangeolaíochta, COBÁC
Eoin Ó Murchú *Cogar, College Tribune*, An Cumann Liteartha, COBÁC
Clár Ní Bhuachalla, Oifigeach Gaeilge COBÁC
An Cumann Gaelach, COBÁC
An Cumann Drámaíochta, COBÁC
TradSoc, COBÁC
Mic léinn in institiúidí tríú leibhéal
Aisling Ní Donnchadha, OÉMN
Tadhg Ó Dúshláine, OÉMN
Éamon Ó Cíosáin, OÉMN
Eoin Mac Cárthaigh, Coláiste na Tríonóide
Siobhán Ní Laoire, ITBÁC
Roinn na Gaeilge, ITBÁC
Tadhg Ó hIfearnáin, OL
John Ennis, ITPL
Deirdre Ní Chonghaile, CICE
Máire Nic an Bhaird, E-Leathanach, Coláiste Oideachais Froebel
Marie Whelton, Coláiste Mhuire Marino

Mícheál Ó Mainnín, Ollscoil na Banríona
 Dónall Ó Baoill, Ollscoil na Banríona
 Greg Toner, Ollscoil Uladh
 Neil Comer, Ollscoil Uladh
 Gabrielle Nig Uidhir, Coláiste Mhuire, Béal Feirste
 Neil Buttimer, OÉC
 Alan Titley, OÉC
 Nollaig Mac Congáil, OÉG
 Lillis Ó Laoire, OÉG
 Dr. John Walsh, OÉG
 Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉG
 Máirín Nic Eoin, Coláiste Phádraig, Droim Conrach
 Máire Ní Dhaltúin, Coláiste Phádraig, Droim Conrach
 Gearóid Ó Cléircín, Fiontar, OCBÁC
 Caoilfhionn Nic Pháidín, Fiontar, OCBÁC
 Colum Kenny, OCBÁC
 Anna Davitt, Comhar na Múinteoirí Gaeilge
 PJ Mac Gabhann, Saoririseoir
 Eoghan Ó Néill, *Nuacht 24*
 Emer Ní Chéidigh, *Foinse*
 Seán Tadhg Ó Gáirbhí, sean *Foinse*
 Ciarán Ó Pronntaigh, *Faoi Chaibidil*
 Dónall Mac Giolla Chóill, *Lá Nua*
 Meadhbh Ní Eadhra, *Gaelscéal*
 Trevor Ó Clochartaigh, *Gaelscéal*
 Caomhán Ó Scolaí, *Goitse*
 Cathal Mac Coille, RTÉ
 Cathal Goan, RTÉ
 Dónall Ó Braonáin, Raidió na Gaeltachta
 Dara Ó Cinnéide, Raidió na Gaeltachta
 Pól Ó Gallachóir, TG4
 Breandán Delap, TG4
 Pat Butler, RTÉ
 Éamon Ó Hargáí, Foras na Gaeilge
 Gearóid Trimble, Foras na Gaeilge
 Julian de Spáinn, Conradh na Gaeilge
 Liam Carson, IMRAM
 Éamonn Ó Dónaill, Gaelchultúr
 Gabriel Rosenstock, Scríbhneoir, Iriseoir
 Pól Ó Muirí, *Irish Times*
 Liam Ó Muirthile, Iar-cholúnaí ar an *Irish Times*, File agus scríbhneoir
 Liam Mac Amhlaigh, Coláiste Oideachais Froebel, *Comhar*
 Rachel Ní Fhionnáin, *Comhar*
 Muireann Ní Mhóráin, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus
 Gaelscolaíochta
 Mícheál Ó Conghaile, Cló Iar-Chonnachta
 Mícheál Moroney, Foras na Gaeilge, *Comhar*
 Eoghan Ó hAnluain, Criticeoir, Iar-léachtóir, COBÁC
 Bríde de Róiste, Glór Cheatharlach, colúnaí don *Carlow Nationalist*
 Marius Ó hEarcáin, Éigse Cholm Cille

Aodh Ó Canainn, Éigse Cholm Cille
Cearbhall Ó Siocháin, Raidió na Gaeltachta
Rónán Mac Aodha Bhuí, Raidió na Gaeltachta
Sinéad Ní Uallacháin, Raidió na Gaeltachta
Ray Burke, RTÉ
Oifigeach Gaeilge, RTÉ
Siobhán Ní Mhaolagáin, COBÁC, Fulbright.

*Toscairí ón Seimineár Lae

Noel Ó Murchadha, OL
Emmet Ó Fatharta, OCBÁC
Oisín Mac Eoin, COBÁC
Seán Mac Leannáin, COBÁC
Tiernan de Hál
Aoife Ní Dhonnchadha, COBÁC
Seán Ó Baoill, COBÁC
Ciarán Ó Braonáin, COBÁC
Sinéad Ní Dhomhnaill, COBÁC
Marcas Mac Ruairí, Glór na nGael
Pádraic Déiseach, COBÁC
Antaine Ó Coileáin, Gael Linn
Meabh Ní Choileáin, COBÁC
Colm Ó Ciardubháin, OCBÁC

*D'fhreastail i bhfad níos mó daoine ón bpobal agus ó institiúidí éagsúla ar an seimineár lae ach is iad seo na daoine ar theastaigh uathu go dtabharfaí a n-ainmneacha mar thoscairí de réir chláru an tseimineáir

Eagraíochtaí agus suímh ar iarraidh eolas uathu agus ar cuireadh suirbhéanna chucu

Ard-Oifigeach Gaeilge, Páirc an Chrócaigh, moira.graham@gaa.ie
Oifigeach Gaeilge CLG i ngach cúige
Cultúrlann na hÉireann, enquiries@comhaltas.com, eolas@comhaltas.ie
Craobh Chualann Nuachtlitir Dhátheangach, cualann@hotmail.com
Coláiste na nGardaí, college_dv@garda.ie; College_admin@garda.ie
An Coláiste Míleata, recruitment@defenceforces.ie
Institiúid Thiobraid Árann, info@tippinst.ie
Coláiste Cheatharlach, info@carlowcollege.ie
An Institiúid um Riarchán Poiblí information@ipa.ie
Conradh na Gaeilge eolas@cnag.ie
Gaelport eolas@gaelport.com
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge
Gael Linn eolas@gael-linn.ie
Foras na Gaeilge eolas@forasnagaeilge.ie
Gaelchultúr eolas@gaelchultur.com
Beo.ie oifig@beo.ie
Foinse_nuacht@foinse.ie
nos*eolas@nosmag.com

Raidió na Gaeltachta osiohc@rte.ie
TG4 nuacht@tg4.ie
Oideas Gael eolas@oideas-gael.com
Glór na nGael (Comórtas domhanda) eolas@glornangael.ie
Ireland Canada University Foundation info@icuf.ie
Raidió na Life muiris@raidionalife.ie
An Coimisinéir Teanga, An Spidéal, eolas@coimisineir.ie
An Chomhairle Ealaíon (Nuachtlitir Dhátheangach), editor@artscouncil.ie
Aontas Náisiúnta Iriseoirí, Baile Átha Cliath, info@nuj.ie
Nuachtáin Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath,
amlenihan@cullencommunications.ie
Cumann na Nuachtán Réigiúnach agus Clódóirí, An Cabhán,
johanlon@regionalnewspapers.ie
Newspaper and Periodical History Forum of Ireland info@newspapersperiodicals.org
Magazines Ireland 5 Denzille Lane, Baile Átha Cliath 2 grace@magazinesireland.ie

Eagraíochtaí sna Gaeltachtaí

Feidhmeannaigh Teanga agus Cultúir, Údarás na Gaeltachta:

Peadar Ó Maoláin Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha
Co. na Gaillimhe, p.omaolain@udas.ie
Rachel Ní Riada Údarás na Gaeltachta Baile Mhic Íre, Maigh Chromtha Co. Chorcaí,
r.niriada@udas.ie
Séamus Ó Gallachóir, Údarás na Gaeltachta, Doirí Beaga, Leitir Ceanainn Co. Dhún
na nGall, s.ogall@udas.ie

[Tá Oifigí Ealaíne san Údarás freisin]

Bainisteoir Forbartha Pobail:

Tadhg Ó Conghaile Bainisteoir Forbartha Pobail, Údarás na Gaeltachta Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe, t.oconghaile@udas.ie

Óige na Gaeltachta Teo:

Barry Ó Coisdealbha, Óige na Gaeltachta (Bainisteoir), Casla Conamara, Co na
Gaillimhe, barry@onag.ie / eolas@onag.ie

An Ardoifig:

Údarás na Gaeltachta Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, eolas@udas.ie
Údarás na Gaeltachta, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall,
dnag@udas.ie
Údarás na Gaeltachta An Áislann, Bóthar an tSéipéil, Béal an Mhuirthead, Co.
Mhaigh Eo, maigheo@udas.ie
Údarás na Gaeltachta Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, gaillimh@udas.ie
Údarás na Gaeltachta Páirc Ghnó an Daingin, An Daingean,
Co. Chiarraí, ciarrai@udas.ie
Údarás na Gaeltachta Baile Mhic Íre, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí,
corcaigh@udas.ie
Ionad an Bhlascaoid Mhóir, Dún Chaoin, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí Co. Chiarraí,
micheal.demordha@opw.ie

Cultúrlann McAdamÓFiaich, 216 Bóthar na bhFál, Ó Fiaich An Cheathrú Ghaeltachta
Béal Feirste, BT12 6AH, eolas@culturlann.ie
Cultúrlann Uí Chanáin 37 Mórshráid Shéamais, Doire BT48 7DF, eolas@culturlann-doire.ie

Ranna Stáit agus Comhairlí ar iarraidh eolas uathu agus ar cuireadh suirbhéanna chucu

Comhairlí Contae na hÉireann
Comhairlí Cathrach na hÉireann

Iris Oifigiúil, irisoifigiuil@opw.ie
(Iris choicisiúil Iris Oifigiúil an Rialtais) Oifig an tSoláthair, Aonad 20, Páirc
Miondíola Cois Locha, Clár Chlainne Mhuiris, Contae Mhaigh Eo

An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
An Stiúrthóir, gaeltachtnadoiribeaga@pobail.ie
An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta,
An tEastát Tionscail,
Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall.

An Stiúrthóir, gaeltachtnaforbacha@pobail.ie
An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta,
Na Forbacha,
Gaillimh.

An Stiúrthóir, gaeltachtrali@pobail.ie
An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta,
Tithe an Rialtais,
Trá Lí,
Co. Chiarraí.

Oifigigh Ghaeilge sna ranna stáit
Roinn Airgeadais, webmaster@finance.irlgov.ie
Roinn Coimirce Sóisialaí, qcs@welfare.ie
Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Aitiúil, press-office@environ.ie
Roinn Cosanta, eolas@defence.irlgov.ie
Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha,
customer.Service@dcenr.gov.ie
Roinn Dli agus Cirt agus Athchuirthe Dli, info@justice.ie
Roinn Fiontar, Trádalaí agus Nuálaíochta, info@deti.ie
Roinn Gnothaí Eachtracha, breandan.oaollai@dfa.ie
Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, eolas@pobail.ie
Roinn Iompair, gaeilge@transport.ie
Roinn Oideachais agus Scileanna, info@education.gov.ie
Roinn Sláinte agus Leanai, press_office@health.gov.ie
Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, info@agriculture.gov.ie

Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, customerservice@tcs.gov.ie
Roinn an Taoisigh, webmaster@taoiseach.gov.ie

*Institiúidí Tríú Leibhéal ar iarraidh eolas uathu agus ar cuireadh suirbhéanna chucu

**Cumann Gaelach agus Oifigigh Ghaeilge amháin*

Ollscoileanna

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil na hÉireann, Corcaigh
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
University College Cork, Cork
Ollscoil Luimnigh
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Coláiste na Tríonóide
Ollscoil Uladh
Ollscoil na Banríona

Institiúidí Teicneolaíochta

Institiúid Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath, info@dit.ie
Institiúid Teicneolaíochta, Baile Átha Luain, info@ait.ie
Institiúid Teicneolaíochta, Corcaigh, info@cit.ie
Institiúid Teicneolaíochta, Dún Dealgan, info@dkit.ie
Institiúid Ealaíne, Deartha, agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire info@iadt.ie
Institiúid Teicneolaíochta, Gaillimh – Maigh Eo, info@gmit.ie
Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir, info@itb.ie
Institiúid Teicneolaíochta, Ceatharlach, info@itcarlow.ie
Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, info@itsligo.ie
Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht, info@ittdublin.ie
Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, info@staff.ittralee.ie
Institiúid Teicneolaíochta, Leitir Ceanainn, gaeilge@lyit.ie
Institiúid Teicneolaíochta, Luimneach, information@lit.ie
Institiúid Teicneolaíochta, Port Láirge, jennis@wit.ie

Coláistí Oideachais

Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, dnichonghaile@cice.ie
Coláiste Oideachais Froebel, info@froebel.ie
Coláiste Mhuire, Marino, info@mie.ie
Coláiste Naomh Aingel, Gaillimh, admin@stangelas.nuigalway.ie
Coláiste Phádraig, Droim Conrach, info@spd.dcu.ie
Coláiste Mhuire, Luimneach, info@mic.ul.ie
Institiúid Mater Dei, info@materdei.dcu.ie

Institiúidí eile

Cumann Uasal Óstaí an Rí, info@kingsinns.ie

Cumann Dlí na hÉireann, general@lawsociety.ie

Insititiúidí Traenála Eile

Coláiste Ealaíne an Bhoirne, anna@burrencollege.ie

Coláiste Gnó agus Teanga Bhaile Átha Cliath, info@dblcollege.com

Coláiste Gnó Bhaile Átha Cliath, careersservice@dbs.ie

Failte Éireann, corina.butler@failteireland.ie

Coláiste Griffith, Baile Átha Cliath, media@gcd.ie

Coláiste Hibernia, info@hiberniacollege.net

Acadamh Caidrimh Phoiblí na hÉireann, Irish Academy of Public Relations,
info@irishacademy.com

Acadamh Laighean, Rugbaí Laighean, IRFU, information@leinsterrugby.ie

Acadamh na Mumhan, Rugbaí na Mumhan, IRFU iansherwin@munsterrugby.ie

Coláiste Teicneolaíochta na Meán Nua, info@nmtc.ie

Coláiste Portobello, Baile Átha Cliath, info@portobelloinstitute.ie

Pobal Idirnáisiúnta ar iarraidh eolas uathu agus ar cuireadh suirbhéanna chucu

Bearnaí Ó Doibhlín, Colúnaí Astrálach do *Beo.ie*, bearnai@hotmail.com.au

Bruce Kenna, Múinteoir Gaeilge ón Astráil, 3gaeilge@hotmail.com.au

Cumann Gaeilge na hAstráile, An Fhuinneog Ghaelach Nuachtlitir,
feedback@gaeilgesanastrail.com

Irish Australian Association Inc., irishclubsa@bigpond.com

Cath Wallace, Ranganna Gaeilge (Adelaide) wallacec1@virginbroadband.com.au

Ranganna Gaeilge (Dapto), macanri@bigpond.net.au

Scoil na Gaeilge, Sydney, eilis@internode.on.net

Australian Institute of Celtic Studies, celtic@hunterlink.net.au

Ollscoil Sydney, enrol@cce.usyd.edu.au

Irish Club of Western Australia, sbhiggs1@iinet.com.au

Nuachtáin áitiúla

An Phoblacht editor@anphoblacht.com

Anglo Celt brian@anglocelt.ie

Avondhu Press info@avondhupress.ie

Blanchardstown Gazette info@gazettegroup.com

Bray People front.office@peoplenews.ie

Carlow Nationalist news@carlownationalist.ie

Carlow People front.office@peoplenews.ie

Castleknock Gazette info@gazettegroup.com

Clare Champion editor@clarechampion.ie

Clondalkin Gazette info@gazettegroup.com

Connacht Sentinel news@ctribune.ie

Connacht Tribune news@ctribune.ie

Connaught Telegraph info@con-telegraph.ie

Derry Journal sean.mclaughlin@derryjournal.com

Derry People editor@donegalnews.com

Donegal Democrat editorial@donegaldemocrat.com

Donegal News editor@donegalnews.com

Donegal People's Press editorial@donegaldemocrat.com
 Drogheda Independent editorial@drogheda-independent.ie
 Drogheda People Dundrum Gazette info@gazettegroup.com
 Dundalk Democrat editor@dundalkdemocrat.ie
 Dun Laoghaire Gazette info@gazettegroup.com
 Enniscorthy Echo editor@theecho.ie
 Enniscorthy Guardian front.office@peoplenews.ie
 Evening Echo maurice.gubbins@eecho.ie
 Fingal Independent editorial@fingal-independent.ie
 Gorey Echo editor@theecho.ie
 Gorey Guardian front.office@peoplenews.ie
 Kildare Nationalist info@kildare-nationalist.ie
 Kilkenny People editor@kilkennypeople.ie
 Laois Express pat@leinsterexpress.ie
 Laois Nationalist j.barrett@laois-nationalist.ie
 Leinster Leader laura.coates@leinsterleader.ie
 Leitrim Observer
 Limerick Chronicle
 Limerick Leader
 Longford Leader sheila.reilly@longford-leader.ie
 Lucan Gazette info@gazettegroup.com
 Malahide Gazette info@gazettegroup.com
 Mayo News info@mayonews.ie
 Meath Chronicle john.donohoe@meathchronicle.ie
 Metro Herald info@metroherald.ie
 Monaghan Standard politics@northern-standard.ie
 Munster Express news@munster-express.ie
 Nationalist/Clonmel
 Nenagh Guardian editorial@nenaghguardian.ie
 New Ross Echo editor@theecho.ie
 New Ross Standard front.office@peoplenews.ie
 Offaly Express alan@offalyexpress.ie
 Offaly Independent editor@offalyindependent.ie
 Roscommon Herald news@roscommonherald.com
 Sligo Champion editor@sligochampion.ie
 Sligo Weekender editor@sligoweekender.ie
 Southern Star info@southernstar.ie
 Swords Gazette info@gazettegroup.com
 The Argus editorial@argus.ie
 The Corkman newsdesk@corkman.ie
 The Kerryman dmalone@kerryman.ie
 The Kingdom news@thekingdom.ie
 Tipperary Star md@tipperarystar.ie
 Tuam Herald Editor@tuamherald.ie
 Waterford News & Star editor@waterford-news.com
 Western People james.laffey@westernpeople.ie
 Westmeath Examiner editor@westmeathexaminer.ie
 Westmeath Independent tadhg.carey@westmeathindependent.ie
 Wexford Echo editor@theecho.ie
 Wexford People front.office@peoplenews.ie

Wicklow People front.office@peoplenews.ie

Nuachtáin Náisiúnta

Evening Herald
Irish Daily Mail
Irish Daily Mirror
Irish Daily Star
Irish Daily Star Sunday
Irish Examiner
Irish Farmers Journal
Irish Independent
Irish Mail on Sunday
Irish News of the World
Irish Sun
Irish Sunday Mirror
Irish Times
Sunday Business Post
Sunday Independent
Sunday Times
Sunday Tribune
Sunday World

Irisí

The Irish Catholic, editor@irishcatholic.ie
Irish University Review UCD john.brannigan@ucd.ie
Trinity News TCD, public@trinitynews.ie
Tairseach ITBÁC, ite.nichionnaith@dit.ie
University Observer UCD, features@universityobserver.ie,
info@universityobserver.ie

Aguisín 2: Rogha shamplach de na meáin chlóite / ar líne in Éirinn a bhfuil Gaeilge iontu (Aoife Uí Fhaoláin)

Nuachtáin Ghaeilge

Nuachtáin	Eagraíocht / Comhlacht	Seoladh/Suíomh idirlín	Go hiomlán as Gaeilge	Le fáil ar líne (gan síntiús)
<i>Gaelscéal</i>	Eo Teilifís, The Connacht Tribune	www.gaelscéal.ie	✓	✓
<i>Foinse</i>	<i>Irish Independent</i>	www.foinse.ie	✓	✗
<i>Goitse</i>	Neamhspleách	nuachtgoitse@gmail.com	✓	✗

Irisí an phobail

Irisí	Eagraíocht	Seoladh	Go hiomlán as Gaeilge	Le fáil ar líne
<i>nós*</i>		www.nosmag.com	✓	✓
<i>Beo!</i>	Oideas Gael	www.beo.ie	✓	✓
<i>Nuacht24</i>	An Ciste Craoltóireachta Gaeilge	www.nuacht24.com	✓	✓
<i>Feasta</i>	Conradh na Gaeilge	feasta@eircom.net	✓	✗
<i>Comhar</i>	Comhar Teoranta	www.iriscomhar.com	✓	✗
<i>An tUltach</i>	Comhaltas Uladh	co.ul@btinternet.com	?	✗
<i>Saol</i>	Foras na Gaeilge	www.gaeilge.ie/saol	✓	✓ (Bealtaine 2011)
<i>An Timire</i>	Cumann na nÍosánach	http://www.messenger.ie/timire-magazine---winter-2009-edition/2166_p.aspx	✓	✗
<i>An Sagart</i>	An Sagart	www.ansagart.ie	✓	✗
InsideIreland.ie (Nuacht ghnó na tíre)	Adman Teo	http://www.insideireland.ie/index.cfm	✗	✓
An Gael: Irisleabhar Idirnáisiúnta na Gaeilge	Cumann Carad na Gaeilge	http://www.angaelmagazine.com/	✓	✓

Nuachtlitreacha

Nuacht litreacha	Eagraíocht/Institiúid	Seoladh	Go hiomlán as Gaeilge	Le fáil ar líne (gan síntiús)
ScéalEILE	Údarás na Gaeltachta	http://www.udaras.ie/index.php/1128	✗	✓
E-leathanach	Coláiste Oideachais Froebel / Coláiste Alexandra	www.froebel.ie	✓	✓
Nuachtlitir dhátheangach	An Chomhairle Ealaíon	http://www.artscouncil.ie/en/newsletter_archive.aspx	✗	✓
Nuachtlitir dhátheangach	Craobh Chualann	http://www.craobhchualann.net/newsletter.htm	✗	✓
An Fhuinneog Ghaelach Nuachtlitir	Cumann Gaeilge na hAstráile	http://www.gaeilgesanastrail.com/fhuinneog-en.php	✓	✓
Iris na Gaeilge	Coláiste na nGael (sa Bhreatain)	www.colaistenangael.com	✗	✓
An Gaeilgeoir	Gaeltacht Minnesota	http://www.gaelminn.org/gaeilgeoir.htm	✗	✓
Cogar: An tseirbhís eolais do chraoltóirí raidió	Coimisiún Craolacháin na hÉireann	http://www.cogar.ie/cartlan	✗	✓

Nuachtáin náisiúnta Bhéarla

Nuachtán	Colúnaí/Colúnaithe	Le fáil ar líne
<i>Irish Independent (Foinse)</i>	Emer Ní Bhrádaigh (Eagarthóir)	✗
<i>Irish Times</i>	Pól Ó Muirí, PJ Mac Gabhann, Máiréad Ní Chinnéide	✓
<i>Irish News</i>	Robert McMillen	✗
<i>Evening Echo</i>	Bhíodh ‘Scéalta ó Mhuscraí’ ann uair sa tseachtain ach ní cheapaim go bhfuil sé ann fós.	✓
<i>Metro Éireann</i>	Siún Ní Dhuinn	✓
<i>Irish Echo</i>	Elaine Ní Bhraonáin	✓
<i>An Phoblacht</i>	Cúlchaint; Ailt ócáidiúla eile	✓

Aguisín 3: Rogha shamplach na nuachtán clóite náisiúnta agus cúigeach in Éirinn a raibh Gaeilge iontu (Gearóid Trimble 2007).

Ainm an Nuachtáin	Seoladh	Litreacha i nGaeilge	Ailt i nGaeilge
<i>Daily Ireland</i>	Teach Basil, 2 Hannahstown Hill, Belfast BT17OLT	Tá	Tá
<i>Evening Echo</i>	P.O Box No 21, Academy Street, Cork	Tá	Tá
<i>Irish Examiner</i>	P.O Box No 21, Academy Street, Cork 80 Harcourt Street, Dublin2	Tá	Tá
<i>Irish News</i>	Belfast BT1 2GE	Tá	Tá
<i>The Irish Times</i>	10-16 D'Olier Street, Dublin 2	Tá	Tá
<i>The Irish Daily Star</i>	Star House, Terenure, Dublin 6W	Níl	Tá
<i>The Sunday Business Post</i>	80 Harcourt Street, Dublin2	Tá	Tá
<i>The Sunday Times</i>	Bishop's Square, (4th floor) Richmond's Hill, Dublin 2	Tá	Níl
<i>The Sunday Tribune</i>	15 Lower Baggot Street, Dublin 2	Tá	Tá
CONNACHT			
<i>Connacht Sentinel</i>	15 Market Street, Galway	Tá	Tá
<i>City Tribune</i>	15 Market Street, Galway	Tá	Tá
<i>Connacht Tribune</i>	15 Market Street, Galway	Tá	Tá
<i>Connaught Telegraph</i>	Cavendish Lane, Ellison Street, Castlebar, Co. Mayo	Tá	Tá
<i>Galway Advertiser</i>	41-42 Eyre Square, Galway	Níl	Tá
<i>Galway Independent</i>	Prospect House, Prospect Hill	Tá	Tá
<i>Leitrim Observer</i>	Hartley Business Park, Leitrim Road, Carrick on Shannon, Co. Leitrim	Níl	Tá
<i>Mayo News</i>	The Fairgreen, Westport, Co. Mayo	Tá	Níl
<i>Roscommon Champion</i>	Abbey Street, Roscommon	Tá	Níl
<i>Sligo Champion</i>	Finisklin Road, Sligo	Tá	Tá

<i>Sligo Weekender</i>	Waterford House, Bridge Street, Sligo	Tá	Tá
CEANTAR ÁTHA CLIATH			
<i>The Echo</i>	Village Green, Tallaght, Dublin 24	Tá	Tá
<i>Fingal Independent</i>	4 Main Street, Swords, Co. Dublin	Tá	Tá
<i>North County Leader</i>	Leader House, North Street, Swords, Co. Dublin	Níl	Tá
<i>Metro Éireann</i>	213 North Circular Road, Dublin 7	Tá	Tá
<i>South City Express</i>	P.O Box 3430, Tallaght, Dublin 24	Níl	Tá
LAIGHEAN			
<i>Argus</i>	Park Street, Dundalk, Co. Louth	Tá	Níl
<i>Athlone Voice</i>	14 Séan costello Street, Athlone, Co. Westmeath	Tá	Tá
<i>Carlow Advertiser</i>	Strawhall Ind Estate, Carlow	Níl	Tá
<i>Kilkenny People</i>	34 High Street, Kilkenny	Tá	Tá
<i>Kilkenny Voice</i>	4 St John's Gate, Kilkenny	Tá	Níl
<i>Laois Nationalist</i>	Coliseum Lane, Portlaoise, Co. Laois	Tá	Tá
<i>Leinster Leader</i>	19 South Main Street, Naas, Co. Kildare	Tá	Níl
<i>Longford News</i>	Leader House, Dublin Road, Longford	Tá	Tá
<i>Meath Chronicle</i>	Market Square, Navan, Co. Meath	Tá	Níl
<i>Offaly Independent</i>	The Mall, Tullamore, Co. Offaly	Tá	Tá
<i>Topic Newspapers</i>	Westmeath/Offaly/Meath Topic Newspapers, 6 Dominic Street, Mullingar, Co. Westmeath	Tá	Níl
<i>Tullamore Tribune</i>	Church Street, Tullamore, Co.Offaly	Tá	Níl
<i>Weekender Newspaper</i>	6 Charter Buildings, Kennedy Road, Navan, Co. Meath	Níl	Tá
<i>Wicklow Times</i>	Bradán Media Sales, 5 Eglington Road, Bray, Co. Wicklw	Tá	Tá

MUMHAN			
<i>The Avondhu</i>	18 Lower Cork Street, Mitchelstown, Co. Cork	Níl	Tá
<i>The Clare People</i>	Carmody Street, Ennis, Co. Clare	Tá	Níl
<i>The Corkman</i>	The Spa, Mallow, Co.Cork	Tá	Níl
<i>Dungarvan Leader</i>	78 O'Connell Street, Dungarvan, Co. Waterford	Tá	Tá
<i>Dungarvan Observer</i>	Shandon, Dungarvan, Co. Waterford	Tá	Tá
<i>The Kingdom</i>	65 New Street, Kilarney, Co. Kerry	Tá	Níl

MUMHAN		Tá	Tá
<i>Limerick Chronicle</i>	54 O'Connell Street, Limerick	Tá	Tá
<i>Limerick Leader</i>	54 O'Connell Street, Limerick	Tá	Tá
<i>Munster Express</i>	37 The Quay, Waterford	Tá	Tá
<i>Nationalist&Munster Advertiser</i>	Queen Street, Clonmel, Co. Tipperary	Tá	Tá
<i>Southern Star</i>	Llen Street, Skibbereen, Co. Cork	Níl	Tá
<i>Tralee Advertiser</i>	Upper Rock Street, Tralee, Co. Kerry	Níl	Tá
<i>Vale/Mallow Star</i>	19 Bridge Street, Mallow, Co. Cork	Tá	Tá
<i>Waterford News&Star</i>	25 Michael Street, Waterford	Tá	Tá
<i>Weekly Observer</i>	19 Bridge Street, Mallow, Co. Cork	Tá	Tá
<i>West Cork People</i>	7 Wolfe Tone Street, Clonakilty, Co. Cork	Tá	Tá
ULADH			
<i>Anglo Celt</i>	Irish Independent,Independent House,27-32 Talbot Street Dublin 1	Tá	Tá
<i>City News</i>	22 Buncrana Roadm Derry, BT48 8AA		
<i>Derry Journal</i>	22 Buncrana Roadm Derry, BT48 8AA	Tá	Tá
<i>Derry News</i>		Tá	Tá
<i>Derry ón Monday</i>	22 Buncrana Roadm Derry, BT48 8AA	Tá	Tá

<i>Donegal Democrat</i>	Quay Street, Donegal Town, Co. Donegal	Tá	Tá
<i>Donegal News</i>	St Annes Court, Highroad, Letterkenny, Co. Donegal	Tá	Tá
<i>Donegal's People's Press</i>	St Annes Court, Highroad, Letterkenny, Co. Donegal	Tá	Tá
<i>Foyle News</i>	22 Buncrana Roadm Derry, BT48 8AA	Tá	Tá
<i>The Inish Times</i>	St. Marys Road, Buncrana, Co. Donegal	Tá	Tá
<i>Letterkenny Listener</i>	St Annes Court, Highroad, Letterkenny, Co. Donegal	Tá	Tá
<i>Sunday Journal</i>	22 Buncrana Roadm Derry, BT48 8AA	Tá	Tá
<i>Tirconaill Tribune</i>	Main Streer Milford, Letterkenny, Co. Donegal	Tá	Tá
TUAISCEART ÉIREANN			
<i>Andersontown News</i>	301 Glen Road, Belfast, BT11, 8ER	Tá	Tá
<i>Ballyclare Gazette</i>	36 The Square, Ballyclare	Tá	Níl
<i>Ballymoney Times</i>	Ballymoney Square,6 Church Street, Co. Antrim BT53 6DL	Tá	Tá
<i>Bangor Spectatorgroup</i>	Bangor Spectatorgroup, Down, BT20 4AF	Tá	Níl
<i>Carrickfergus Advertiser</i>	6 market Place, Carrickfergus, BT38 7 AW	Tá	Níl
<i>City News</i>	22 Buncrana Roadm Derry, BT48 8AA	Tá	Tá
<i>Coleraine Times</i>	71 Upper New Row Coleraine, Co. Londonderry BT521EJ	Tá	Tá
<i>Craigavon Echo</i>	Portadown Craigavon, Northern Ireland BT623LQ	Tá	Tá
<i>Democrat</i>	Crowe Street, Dundalk, Co.Louth.	Tá	Tá
<i>Dungannon</i>	58 Scotch Street,	Níl	Tá

<i>News&Tyrone Courier</i>	Dungannon, 8870 1BD		
<i>The Examiner</i>	1 Blaney Rd, Crossmaglen, Newry, Co. Down	Níl	Tá
<i>Fermanagh Herald</i>	48 - 50 York Street, Belfast, BT15 1AS, Northern Ireland	Tá	Tá
<i>Fermanagh News</i>	48 - 50 York Street, Belfast, BT15 1AS, Northern Ireland	Níl	Tá
<i>Lurgan&Portadown Examiner</i>	Observer Newspapers, Ann Street, Dungannon, BT 701ET	Níl	Tá
<i>Mid-Ulster Observer</i>	Observer Newspapers, Ann Street, Dungannon, BT 701ET	Níl	Tá
<i>Mourne Observer&County Down Observer</i>		Tá	Níl
<i>Newry Democrat</i>	45 Hill Street, Newry, Co Down, BT34 1AF	Tá	Tá
<i>Newry Reporter</i>	4 Margaret Street, Newry, BT 341DF	Níl	Tá
<i>Newtownards Chronicle& Co.Down Observer</i>	34 Frances Street, Newtownards, BT23 7DT	Níl	Tá
<i>North Belfast News</i>	253-255 Antrim Road, BT15 26Y	Níl	Tá
<i>Roe Valley Sentinel</i>	42A Market Street, Limavady, BT 49OAA	Tá	Níl
<i>South Belfast News</i>	2 Hannistown Hill, Belfast, BT17 OLT	Níl	Tá
<i>Ulster Gazette&Armagh Standard</i>	56 Scotch Street, Armagh, BT61 7DQ	Tá	Tá

Aguisín 4: Clár an tSeimineáir Lae

Ó Bolg an tSolair go Gaelscéal – Breis agus 200 bliain d'iriseoireacht chlóite na Gaeilge

Seimineár Lae: Todhchaí na meán Gaeilge clóite agus ar líne
Dé Sathairn, 13 Samhain 2010
Institiúid na hÉireann don Léann Daonna (HII), UCD

Ó Bolg an tSolair go Gaelscéal – Breis agus 200 bliain d'iriseoireacht chlóite na Gaeilge

**Seimineár Lae: Todhchaí na meán Gaeilge clóite agus ar líne
Dé Sathairn, 13 Samhain 2010
Institiúid na hÉireann don Léann Daonna (HII), UCD**

Clár an tSeimineáir

- 9.30 Clárú**
Tae agus caife
- 10.00 Fáiltiú oifigiúil:** Regina Uí Chollatáin, COBÁC (Stiúrthóir an Togra Taighde)
- 10.10-10.45 Aoi-léacht:** Páidí Ó Lionáird (TG4, RnaG, Iriseoireacht chlóite)
- 10.45-12.00 Painéal 1: Nuachtáin na Gaeilge – An Earnáil Ghairmiúil**
Ciarán Dunbar (*Gaelscéal*)
Robert McMillen (*Irish News*)
Máiréad Ní Chinnéide (*Saoririseoir*)
Siún Ní Dhuinn (*Metro Éireann*)
Orla Bradshaw (*Foinse*)
- 12.00-12.15 Sos caife**
- 12.15-1.20 Painéal 2: Irisí na Gaeilge – Iriseoireacht agus Litríocht: Riachtanais Phobal na Gaeilge**
Seosamh Mac Muirí (*Beo*)
Pádraig Mac Fhearghusa (*Feasta*)
Danny Brown (*Goitse*)
Ríona Nic Congáil (*Scribhneoirí Úra*)
Tomaí Ó Conghaile (*Nós**)
- 1.20-2.00 Lón**
- 2.00-3.30 Painéal 3: Oiliúint agus Forbairtí Iriseoireachta – Riachtanais Chomhaimseartha**
Íte Ní Chionnaith (ITÁC)
Róisín Ní Ghairbhí (Coláiste Phádraig, Droim Conrach)
Uinsionn Mac Dubhghaill (OÉG)
Fionntán de Brún (Ollscoil Uladh)
Mairéad Nic Giolla Mhichíl (Fiontar, OCBÁC)
Máire Ní Neachtain (Coláiste Mhuire gan Smál)
- 3.30-3.45 Sos caife**
- 3.45-4.00 Plé oscailte agus clabhsúr**

Aguisín 5: Suirbhé a cuireadh amach (Leagan Gaeilge agus Béarla)



Todhchaí agus riachtanais na meán Gaeilge clóite agus ar líne

Suirbhé

Bheimis buíoch díot as an bhfoirm seo a líonadh le do thoil. Léigh na treoracha thíos faoi seo go cúramach ar dtús. Glacfar leis má líonann tú an fhoirm isteach go bhfuil na treoracha seo léite agat agus go nglacann tú leis na coinníollacha seo.

Eolas ginearálta faoin suirbhé

1. Ní gá do shonraí pearsanta a líonadh isteach má theastaíonn uait go gcoinneofar do thuairimí gan ainm.
2. Coinneofar an t-eolas a bhaileofar faoi rún agus bainfear úsáid as don taighde ar thodhchaí agus riachtanais na meán Gaeilge clóite agus ar líne.
4. Coinneofar an t-eolas a bhaileofar anseo slán agus faoi rún in oifig i Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéalóideas Éireann agus na Teangeolaíochta, COBÁC.
5. Scriosfar an t-eolas atá bailithe tar éis cúig bliana.

Treoracha do líonadh isteach an tsuirbhé

1. Tá an suirbhé roinnte in dhá chuid:

Cuid a hAon: 5 ceist. Cuir tic sna boscaí cuí.

Cuid a Dó: 5 ceist ghearra bunaithe ar do thuairimí agus ar do mholtaí féin.

2. Ba chóir go nglacfadh sé timpeall **5-10 bomaite** an fhoirm a líonadh isteach.
3. Is féidir an fhoirm seo a líonadh isteach ar líne agus í a sheoladh ar ais chuig regina.uichollatain@ucd.ie nó chuig aoife.whelan@ucdconnect.ie nó is féidir cóip chrua a chur chuig:
Dr Regina Uí Chollatáin
Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéalóideas Éireann agus na Teangeolaíochta
Foirgneamh Newman
Belfield
UCD
Baile Átha Cliath 4
Éire
4. Bheimis buíoch díot as an fhoirm líonta a sheoladh ar ais roimh an **Mháirt 21 Nollaig 2010** le do thoil.

Eolas / sonraí pearsanta

Ainm: _____

Institiúid/ eagraíocht/
comhlacht/ eile (má oireann): _____

Seoladh ríomhphoist: _____

Sonraí teagmhála eile: _____

Cuid a hAon: 5 ceist.

Léigh na treoracha do gach ceist agus cuir tic sa bhosca cuí

Aoisréim

Cuir tic in aice leis an aoisréim lena mbaineann tú

18-25
25-40
40-55
55-65
65-75
75+

1. Cúlra agus cumas Gaeilge

a. Cén cúlra/bhaint atá agat leis na meáin Ghaeilge?

Cuir tic sa bhosca /sna boscaí cuí

Ball den phobal ar tuarastal oibre	
Ball den phobal gan tuarastal oibre	
Oibrí gairmiúil	
Oibrí neamhghairmiúil	
Scribhneoir	
Iriseoir gairmiúil	
Soláthraí oideachais	
Mac / iníon léinn	
Eile	

Aon eolas eile a bheadh úsáideach:

b. Cad é do mheas faoi do chumas féin sa Ghaeilge?

Is féidir níos mó ná bosca amháin a líonadh isteach más gá

Is í an Ghaeilge mo chéad teanga (T1)	
Is í an Ghaeilge mo dhara teanga (T2)	
Cainteoir dúchais Ghaeltachta	
Cainteoir dúchais uirbeach / cathrach	
Cainteoir líofa a d'fhoghlaim Gaeilge	
Foghlaiméoir le cumas maith sa teanga	
Foghlaiméoir tosaigh	
Ardchaighdeán Gaeilge i labhairt, i scríobh agus i léamh na Gaeilge	
Caighdeán maith i léamh agus i scríobh na Gaeilge ach gan a bheith ábalta í a labhairt go maith	
Duine a labhraíonn an Ghaeilge go maith ach nach bhfuil léamh nó scríobh na Gaeilge go maith agat	

Duine a thuigeann an teanga ach nach bhfuil labhairt, scríobh nó léamh na teanga ar do thoil agat	
Eile	

2. Ábhar

Cad iad na hábhair / réimsí iriseoireachta is mó a bhíonn á n-éileamh agatsa trí mheán na Gaeilge?

Cuir tic sa bhosca do gach réimse 1-5 (1=ní bhíonn an réimse sin á éileamh agat rómhinic; 5 = an réimse is mó a bhfuil éileamh agat air)

	1	2	3	4	5
Nuacht the an lae					
Nuacht na seachtaine					
Cúrsaí reatha					
Cúrsaí litríochta					
Cúrsaí cultúrtha					
Cúrsaí siamsaíochta					
Cúrsaí idirnáisiúnta					
Comhfhreagras					
Eolas faoi imeachtaí Gaeilge					
Eile					

3. Múnla/ Fóram

a. I gcás na meán **Gaeilge** clóite agus ar líne, cén múnla / fóram iriseoireachta is mó a úsáideann tú agus cén ceann is fearr a fhreastalaíonn ar do riachtanais / ar riachtanais d'eagraíochta (má bhaineann le hábhar)?

Cuir tic sa bhosca do gach fóram 1-5 (1=ní úsáideann tú é agus ní fhreastalaíonn sé ar do riachtanais / 5 = úsáideann tú é go rialta agus freastalaíonn sé go maith ar do riachtanais)

	1	2	3	4	5
Na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, Linked in, My Space srl)					
Irisí Gaeilge ar líne					
Nuachtáin Ghaeilge ar líne					
Blagasféar					
Nuachtán clóite Gaeilge					
Colún /alt Gaeilge i nuachtán náisiúnta Béarla					
Colún /alt Gaeilge i nuachtán áitiúil Béarla					
Iris chlóite Ghaeilge					
Iris chultúrtha Ghaeilge					
Iris Ghaeilge ar ghnáthchúrsaí laethúla/ seachtainiúla/ míosúla					
Nuachtlitir Ghaeilge					
Nuachtáin/ nuachtlitreacha/ irisí pobail / áitiúla atá saor in aisce					
Nuachtáin/ nuachtlitreacha/ irisí náisiúnta atá saor in aisce					
Nuachtáin/ nuachtlitreacha /irisí áitiúla nó náisiúnta a cheannaíonn tú					
Eile					

b. I gcás na meán **Béarla** clóite agus ar líne, cén múnla /fóram iriseoireachta is mó a úsáideann tú agus cén ceann is fearr a fhreastalaíonn ar do riachtanais / ar riachtanais d'eagraíochta (má bhaineann le hábhar)?

Cuir tic sa bhosca do gach fóram 1-5 (1=ní úsáideann tú é agus ní fhreastalaíonn sé ar do riachtanais / 5 = úsáideann tú é agus freastalaíonn sé go maith ar do riachtanais)

	1	2	3	4	5
Na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, Linked in, My Space srl)					
Irisí Béarla ar líne					
Nuachtáin Bhéarla ar líne					
Blagasféar					
Nuachtán clóite Béarla					
Iris chlóite Bhéarla					
Iris ar ghnáthchúrsaí laethúla / seachtainiúla / míosúla					
Nuachtlitir					
Nuachtán clóite pobail / áitiúil saor in aisce					
Nuachtáin/ nuachtlitreacha / irisí náisiúnta saor in aisce					
Nuachtáin / irisí náisiúnta agus áitiúla a cheannaíonn tú					
Eile					

4. Rochtain an phobail / dáileadh irisí agus nuachtán

a. Cad iad na slí is fearr a fheileann duitse chun eolas a fháil ar sheirbhísí iriseoireachta, (seirbhísí ar líne, seirbhísí clóite atá saor in aisce, seirbhísí clóite le ceannach)?

Cuir tic sa bhosca do gach slí 1-5 (1=ní fheileann an tslí seo duit ; 5 = feileann an tslí go maith duit)

	1	2	3	4	5
Suíomh Idirlín					
Na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, Linked in, My Space srl)					
Ríomhphost					
Na meáin chraolta					
Eagraíochtaí Gaeilge					
Fógraí áitiúla					
Blagasféar					
Fógraí i nuachtáin agus in irisí clóite					
Nuachtlitir					
Téacsanna gutháin					
Eile					

b. Cad iad na slite is fearr a mholfá féin chun na meáin Ghaeilge a cheannach / a fháil le cinntiú go bhfuil an rochtain is fearr orthu don phobal i gcoitinne?

Cuir tic sa bhosca do gach slí 1-5 (1=ní mholfaí an modh seo ; 5 = mholfaí an modh seo go mór)

	1	2	3	4	5
Ar díol i siopaí áitiúla					
Ar díol i siopaí leabhar náisiúnta (Easons cuir i gcás)					
Síntiús a ghlacadh (ar bhonn míosúil nó bliantúil)					
Ceannach ar líne					
Ar fáil ó eagraíochtaí / ó chomhlachtaí Gaeilge					
Ar fáil le meáin chlóite Bhéarla					
Ar fáil ó institiúidí oideachais / eagraíochtaí stáit					
Eile					

5. Infheistíocht

I do thuairim cad iad na gnéithe ar chóir infheistíocht a dhéanamh iontu a chuirfeadh leis an tseirbhís atá á soláthar faoi láthair ag na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne?

Cuir tic sa bhosca do gach gné 1-5 (1=níor chóir infheistíocht a dhéanamh sa ghné sin; 5 = ba chóir an infheistíocht is mó a dhéanamh sa ghné sin)

	1	2	3	4	5
Dáileadh na meán clóite (irisí agus nuachtáin)					
Seirbhísí ar líne					
Seirbhísí clóite áitiúla saor in aisce (nuachtlitreacha / nuachtáin / irisí)					
Seirbhísí clóite áitiúla le ceannach (nuachtlitreacha / nuachtáin/ irisí)					
Nuachtán náisiúnta clóite Gaeilge					
Nuachtán náisiúnta Gaeilge ar líne					
Seirbhísí clóite náisiúnta (nuachtlitreacha, nuachtáin atá saor in aisce/ le ceannach, irisí)					
Gréasán cumarsáide lárnach le sonraí teagmhála a chruthú do phobal na Gaeilge agus é roinnte suas de réir riachtanais an phobail: léitheoirí, scríbhneoirí, ábhar ar fáil trí Ghaeilge, cuir i gcás					
Oiliúint ar chúrsaí cumarsáide sna scoileanna nó sna hinstitiúidí tríú leibhéal					
Oiliúint ar chúrsaí cumarsáide sa phobal					
Oiliúint ar scileanna scríbhneoireachta sna scoileanna nó sna hinstitiúidí tríú leibhéal					
Oiliúint ar scileanna scríbhneoireachta sa phobal					
Oiliúint ar chúrsaí teanga sna scoileanna nó sna hinstitiúidí tríú leibhéal					
Oiliúint ar chúrsaí teanga sa phobal					
Naisc a neartú idir pobal gairmiúil na meán Gaeilge, na hinstitiúidí oideachais agus na heagraíochtaí stáit					
Feachtas poiblíochta chun pobal na hÉireann a chur ar an eolas ar a bhfuil ar fáil sna meáin Ghaeilge					

Traenáil a sholáthar d'eagraíochtaí stáit, cultúrtha, deonacha agus a leithéid ar úsáid na Gaeilge i bhfóirne éagsúla na meán Gaeilge clóite agus ar líne (CLG, Comhairlí Contae, cuir i gcás)					
Eile					

Cuid a Dó: 5 ceist.

Léigh gach ceist go cúramach agus líon isteach do thuairimí féin i ngach cás.

1. I gcás na meán Gaeilge clóite agus ar líne, cad iad na bearnaí is mó atá le feiceáil i seirbhís iriseoireacht na Gaeilge faoi láthair dar leat?

2. Cén iris, nuachtán, suíomh idirlín nó meán clóite / ar líne eile is mó a mbaineann tú úsáid as? (i nGaeilge nó i mBéarla nó i dteanga ar bith eile)

3. a. An bhfuil aon eolas agat ar na meáin chlóite agus ar líne i dteangacha neamhfhorleathana?
b. An léann tú ábhar iriseoireachta sna teangacha seo go rialta?
c. An bhfuil aon ghné ar leith de na meáin chlóite / ar líne seo a oibríonn go maith sna teangacha seo ar fiú taighde a dhéanamh uirthi i gcomhthéacs thodhchaí agus riachtanais na meán Gaeilge clóite agus ar líne?

a.

b.

c.

4. An bhfuil na meáin Ghaeilge chlóite agus ar líne tábhachtach duit féin nó do d'eagraíocht/ do chomhlacht? Cén fáth?

5. An bhfuil aon mholtaí agat chun an freastal is fearr a sholáthar do phobal idirnáisiúnta na Gaeilge?

Críoch

An bhfuil aon rud eile le rá agat nach bhfuil clúdaithe sa suirbhé seo?

Go raibh míle maith agat as am a ghlacadh chun an fhoirm seo a líonadh agus as do thuairimí a roinnt linn. Is mór againn do chuid tacaíochta agus d'inchur don togra taighde seo.

Má tá aon tuairimí eile agat i dtaobh na meán Gaeilge clóite nó ar líne, ná bíodh leisce agat dul i dteagmháil linn ag regina.uchollatain@ucd.ie nó aoife.whelan@ucdconnect.ie



The future needs of Irish language print and online media

Survey

We would appreciate if you could fill in this form. Please read the guidelines below carefully before you fill it in. On completion of the survey it will be understood that you have read the guidelines and information, and that you accept the conditions for same.

General information regarding the survey

1. It is not necessary to fill in your personal details if you wish to keep the information you provide anonymous.
2. The information collected in this survey will be confidential and it will be used for the research project on the future needs of Irish language print and online media.
4. The information collected in this survey will be kept safe and secure in the UCD School of Irish, Celtic Studies, Irish Folklore and Linguistics.
5. The information collected in this survey will be destroyed after five years.

Guidelines for filling in the survey

1. The survey is divided into two sections

Section 1: 5 questions. Tick the relevant box.

Section 2: 5 short questions on your own opinions and recommendations.

2. It should take about **5-10 minutes** to complete the form.

3. The form can be completed online and sent to regina.uichollatain@ucd.ie or aoife.whelan@ucdconnect.ie. It can also be filled in on a hard copy and returned to:

Dr Regina Uí Chollatáin

Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta

Foirgneamh Newman

Belfield

UCD

Baile Átha Cliath 4

Éire

4. We would appreciate if the completed form could be returned by **Tuesday 21 December 2010.**

Personal Details

Name: _____

Institution/ organization/
company/ other (if relevant): _____

E-mail address: _____

Other contact details: _____

Section 1: 5 questions.

Read the instructions for every question and tick the appropriate box

Age-range

Tick the appropriate age-range to which you belong

18-25
25-40
40-55
55-65
65-75
75+

1. Irish language background and competence

a. What is your background or what is your interest in Irish language media?

Tick the relevant box /boxes

Salaried member of the public	
Non-salaried member of the public	
Professional worker	
Non-professional worker	
Writer	
Professional journalist	
Educational provider	
Student	
Other	

Any other useful information:

b. How do you rate your competence in Irish language?

Tick more than one box if necessary

Irish is my first language (L1)	
Irish is my second language (L2)	
Native Gaeltacht speaker	
Native urban / city speaker	
Fluent speaker who learned Irish	
Learner with good standard of language competence	
Beginner	
High standard in reading, spoken and written Irish	
Good standard of read and written Irish but not of spoken Irish	
Good standard of spoken Irish but not a high standard of read and written Irish	
Good understanding of Irish but not a high standard of read, spoken or written Irish	
Other	

2. Content

What topics / areas of Irish journalism do you use or need most?

Tick the box for each area 1-5 (1=I don't need this very often; 5 = the area I need the most)

	1	2	3	4	5
Daily news					
Weekly news					
Current affairs					
Literature					
Culture					
Entertainment					
International affairs					
Correspondence					
Information on Irish language events					
Other					

3. Format / forum

a. With regard to **Irish language** print and online media, which journalistic format / forum do you use the most and which one best serves your needs or the needs of your organization (if relevant)?

Tick the box for each forum. 1-5 (1= I don't use it and it does not serve my needs / 5= I use it regularly and it serves my needs well)

	1	2	3	4	5
Social media (Facebook, Twitter, Linked in, My Space etc.)					
Online Irish language journals/ periodicals					
Online Irish language newspapers					
Blogs					
Printed Irish language newspaper					
Irish column / article in national newspapers in English					
Irish column / article in local newspaper in English					
Printed Irish journal / periodical					
Irish journal on culture					
Irish journal on daily / weekly / monthly current affairs					
Irish newsletter					
Free local or community Irish language newspapers/newsletters/journals					
Free national Irish language newspapers/newsletters/ journals					
Bought national or local Irish language newspapers or journals					
Other					

b. With regard to **English language** print and online media, which journalistic format / forum do you use the most and which one best serves your needs or the needs of your organization (if relevant)?

Tick the box for each forum. 1-5 (1= I don't use it and it does not serve my needs / 5= I use it regularly and it serves my needs well)

	1	2	3	4	5
Social media (Facebook, Twitter, Linked in, My Space srl)					
Online English language journals / periodicals					
Online English language newspapers					
Blogs					
Printed English newspaper					
Printed English journals/ periodicals					
English journal on daily / weekly / monthly current affairs					
Newsletter					
Free local or community English language newspapers/newsletters/journals					
Free national English language newspapers/newsletters/ journals					
Bought national or local English language newspapers or journals					
Other					

4. Reaching the public / distribution of journals and newspapers

a. What are the best ways for you to receive information about the provision of journalistic services? (online services, free print services, bought print services)

Tick the box for each method 1-5 (1=this method is not suitable; 5 = this method is very suitable)

	1	2	3	4	5
Websites					
Social media (Facebook, Twitter, Linked in, My Space srl)					
E-mail					
Broadcast media					
Irish language organizations					
Local advertisements					
Blogs					
Advertisements in local newspapers					
Newsletter					
Phone texts					
Other					

b. Have you any recommendations to improve the purchase of Irish language media to ensure that they receive maximum circulation in the public domain?

Tick the box for each method 1-5 (1=I would not recommend this method; 5= I would recommend this method highly)

	1	2	3	4	5
On sale in local shops					
On sale in national bookshops (Easons, for example)					
Subscription (annual/ monthly)					
Buy on line					
Available from Irish language companies or organizations					
Available with English language print media					
Available from educational institutions or state organization					
Other					

5. Investment

In your opinion in what aspects / areas should investment be made which would improve the the service being provided at present by print and online media?

Tick the box for each aspect 1-5 (1=no investment should be made in this area; 5 =strongly agree that investment should e made in this area)

	1	2	3	4	5
Distribution of print media (journals and newspapers)					
On line services					
Bought local print services (newsletters/ newspapers/ journals)					
Free local free newspapers / journals / newsletters					
National Irish language printed newspaper					
National on line Irish language newspaper					
National print services - newspapers, journals (bought or free)					
Central communication hub / web created with the contact details of the Irish language public and divide up according to the needs of the community- readers, writers, material available through Irish, for example					
Training in communication in schools or in third level institutions					
Training in communication at a community level					
Training in writing in schools or in third level institutions					
Training in writing skills at a community level					
Training in language in schools or in third level institutions					
Training in language at a community level					
Strengthen links between the professional community involved in Irish language media and educational institutions					
Publicity campaign to inform the Irish public of what is available in Irish language media					
Training for cultural, voluntary, and state organizations in the use of Irish language in the many platforms for print and on line media (workshops with GAA, County councils, for example)					

Other					
-------	--	--	--	--	--

Section 2: 5 questions

Read each question carefully and fill in your own opinions in each case

1. What do you perceive to be the greatest gaps in the service provided by Irish language print and on line media at present?

2. What journal, newspaper, website or other on line or print media do you use most? (in Irish, English or any other language)

3. a. What do you know about print and on line media in minority languages?
 b. Do you read journalistic material in these languages regularly?
 c. Is there any particular aspect of print / online media which works well in these languages which would be worth researching in the context of the needs and future of Irish language media?

a.

b.

c.

4. Are Irish language on line and print media important to you or to your organization? Why?

5. Have you any suggestions as to how to provide the best service to the international Irish language public?

Finally

Have you anything else to add that is not covered in this survey?

*Thank you for taking the time to fill in this form and for sharing your thoughts with us.
Your support and input for this research project is very much appreciated.*

If you have any other thoughts on Irish language print or online media, do not hesitate to contact us at regina.uichollatain@ucd.ie or aoife.whelan@ucdconnect.ie

Aguisín 6: Sampla den suíomh scríbhneoireachta Words Without Borders




At the Movies

[read the issue »](#)

Image: [Michael Shankman](#), Senza Titolo (Detail), Oil on Canvas

Book Reviews



[Andrzej Sosnowski's "Lodgings"](#)

Reviewed by E.C. Belli

When asked how he responds to the weight of certain preconceptions about Polish poetry, Sosnowski's answer is simple: "I'm not sure that I do."



The Selected Stories of Mercè Rodoreda

Reviewed by Anderson Tepper

Rodoreda's characters struggle with the crushing realities of life—airless marriages, the shrinking of dreams and horizons brought on by war and poverty, illness and grief, separations and departures.



Dezső Kosztolányi's "Kornel Esti: A Novel"

Reviewed by Jean Harris

Esti is not a classic, Gothic doppelganger, not Jekyll to the narrator's Hyde, but more of a magician who can seem to lift a house by playing a magic flute.

March 2011

Fiction by Domenico Starnone

Making a Scene

This tiny, tiny kid shot down the right aisle, then under the screen, then popped up the left aisle, to the back of the theater, and started all over again—propeller going all the while.

Translated by Elizabeth Harris

Nonfiction by Saadat Hasan Manto

Noor Jehan

The barber pulled out a sharpened razor, placed it in his friend's hand, and said, "Cut out any piece of my flesh that you like."

Translated by Richard McGill Murphy

Nonfiction by Flavio Niccolini

Diary

Today the six characters will take off their shoes, one by one, and will take their spots on the bed.

Translated by Maggie Fritz-Morkin

Interviews by Jonathan Blitzer

The Delayed Arrival of the Writer: An Interview with Jorge Eduardo Benavides

I have realized that when a writer emigrates, it takes much longer for him to arrive as a writer than as a person.

Translated by Jonathan Blitzer

Fiction by Jorge Eduardo Benavides

The Reckoning

That Presence—long feared—was once again in our midst.

Translated by Jonathan Blitzer

Poetry by Habib Tengour

Crossing

Noon is an extravagant abyss.

Translated by Marilyn Hacker

[Read More of this Issue](#)



Dispatches

from *Words Without Borders*

The City and the Writer: In Queens with Irina Reyn

by Nathalie Handal

Jonathan Blitzer's Film Picks

by Jonathan Blitzer

Recent Issues

February 2011

International Graphic Novels: Volume V

January 2011

The Work Force

December 2010

Horrors

November 2010

Tablet and Pen: Writing from the Modern Middle East

About Words Without Borders

Words Without Borders opens doors to international exchange through translation, publication, and promotion of the best international literature. Every month we publish select prose and poetry on our site. In addition we develop print anthologies, work with educators to bring literature in translation into classrooms, host events with foreign authors, and maintain an extensive archive of global writing.
[read more »](#)

- [Magazine](#)
- [Fiction](#)
- [Poetry](#)
- [Nonfiction](#)
- [Graphic Lit](#)
- [Book Reviews](#)
- [Our Books](#)

- [Back Issues](#)
- [Authors](#)

- [Translators](#)
- [Interviews](#)
- [Drama](#)
- [Podcasts](#)
- [For Educators](#)

- [About Us](#)
- [Masthead](#)
- [Board](#)
- [Supporters](#)
- [Privacy Policy](#)
- [Sitemap](#)
- [Dispatches](#)

- [Get Involved](#)
- [Donate](#)
- [Advertise](#)
- [Contact](#)
- [Jobs](#)
- [Subscribe](#)
- [My Page](#)

© 2003 - 2011 [Words Without Borders](#) | Site by [Sonnet Media](#)

- 
- 
- 

4.3 Liosta Foinsí

Foinsí

Leabhair

ap Dyfrig et al, 2006, *The Welsh Language in the Media*, Mercator Media Monographs 1.

Arana et al, 2006, *The Basque Language in the Media*, Mercator Media Monographs 2.

Aitchison, J. 2007. *The Word Weavers. Newshounds and Wordsmiths*. (Cambridge: Cambridge University Press).

Berresford Ellis, P., 1985. *A history of the Irish working class*. 2^ú eagrán. (Londain: Pluto Press).

Davies, J., 1999. *The Welsh language: a pocket guide*. (Caerdydd: University of Wales Press; Western Mail).

Delap. B. 2007. *Ar an Taifead. Fís, Fuaime, Focal*. (Baile Átha Cliath: Cois Life).

Fishman, J. 1991. *Reversing Language Shift*. (Clevedon, UK, Multilingual Matters).

Grin, F., agus Vaillancourt, F., 1999. *The cost-effectiveness evaluation of minority language policies: Case studies on Wales, Ireland, and the Basque Country*, (Flensburg: European Centre for Minority Issues ECMI).

Horgan, J. 2001. *Irish Media. A Critical History since 1922*. (London and New York: Routledge).

McNair, B., 2006. *Cultural Chaos: Journalism, News and Power in a Globalised World*. (London: Routledge).

Morgan, K. O., 1981. *Rebirth of a Nation: Wales (1880-1980)*. (Oxford: Clarendon Press).

Ó Murchú, H. 2008. *More Facts about Irish*. (Baile Átha Cliath: Coiste na hÉireann den Bhiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana Teoranta).

Salaverría, R., 2005. Cibermedios: el impacto de Internet en los medios de comunicación en España, *Comunicacion Social*.

Stephens, M., 1986. *The Oxford Companion to the Literature of Wales*. (Oxford; Nua Eabhra: Oxford University Press).

Stephens, M., 1998. *The New Companion to the Literature of Wales*. (Caerdydd: University of Wales Press).

Uí Chollatáin, R. 2008. *Iriseoirí Pinn na Gaeilge. An Cholúnaíocht Liteartha: Critic Iriseoireachta*. (Baile Átha Cliath: Cois Life).

Ailt

Broudic, F., 2010, Quels medias pour la langue bretonne, [ag teacht - páipéar a léadh ag comhdháil UNESCO 'Les médias de la diversité culturelle dans les pays latins d'Europe, Pratiques journalistiques et mediathtiques entre mondialisation et diversité culturelle' <http://www.unesco.org/education/unescobordeaux.pdf>]

Clotet, J., 2003, Only Basque language newspaper closed by Spanish judge due to alleged ETA link, Eurolang, the European news agency for minority languages

Cormack, M., 1998. Minority Language Media in Western Europe: Preliminary Considerations. *European Journal of Communication*. Márta. 13(1). pp 33-52.

Cummings, P., 2004. *Ár nuachtán laethúil: Fiche bliain de Lá*. Binn Éadair, Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Davies, J., 1993. Cymraeg (Welsh). In: Davies, J. (eag.), *Mercator Media Guide Volume 1*. (Caerdydd: University of Wales Press), pp. 63-88.

Drame, A. 2008. 'Terminology Policies and Minority Language Planning' in Ní Ghallchobhair, F. and Nájera, B. *Special EAFT Seminar. Minority Languages and Terminology Policies*. (Vienna: Termnet Publisher), pp. 151-159.

Hourigan, N., (2004), 'Minority Language Media. Globalisation and Protest', *Mercator Media Forum*, 7 (1) (Wales), pp. 54-65.

Jones, P. H., 1998. 'Two Welsh Publishers of the Golden Age: Gee a'i Fab and Hughes a'i Fab', In: Jones, P. H. & Rees, E. (eag.), *A Nation and its books; a history of the book in Wales*. Aberystwyth: National Library of Wales.

Llyod, D. T., 1979. 'The Welsh Language in Journalism', In: Stephens, M., (eag.), *The Welsh language today*. 2 eagrán. Llandysul : Gomerian Press. pp. 152-181.

Luna, D., agus Peracchio, L. 2005. 'Sociolinguistic effects on code-switched ads targeting bilingual consumers', *Journal of Advertising*, (American Academy of Advertising), pp. 43-56.

Mac Gabhann, S., 1980. 'Na hirisí Gaeilge – Scoileanna Scairte na hAoise Seo? *Comhar*. Aibreán. 39(4). lgh. 45-47.

Mac Mathúna, L. 2008. 'Linguistic Change and Standardization' in Nic Pháidín, C. and Ó Cearnaigh, S. *A New View of the Irish Language*. (Dublin, Cois Life), pp. 76-92;

- 1988. 'Can the Gap between "Lesser-used" and "Less Widely Taught" Languages be bridged? A Status Challenge for Irish' in Liam Mac Mathúna et al., *The Less Widely Taught Languages of Europe. Proceedings of the UNESCO/AILA/IRAAL Symposium 1987*, pp. 39-63.

Ní Chinnéide, M., 1998. 'Comhar 1942-92: Taifead ar éireann ár linne', In: Ó hUiginn, R. (eag.), *Léachtaí Chom Cille XXVIII: Iriseoireacht na Gaeilge*. (Má Nuad: An Sagart). lgh. 74-92.

Ní Ghadhra, M. 2008. 'Terminology and the Media' in Ní Ghallchobhair, F. and Nájera, B. *Special EAFT Seminar. Minority Languages and Terminology Policies*. (Vienna: Termnet Publisher), pp. 57-63.

Ó Ciosáin, E., 1998. Scéalta i mBarr Bata and pictiúir as an spéir. In: Ó hUiginn, R., (eag.), *Léachtaí Chom Cille XXVIII: Iriseoireacht na Gaeilge*. (Má Nuad: An Sagart). lgh. 7-24.

Ó Coileáin, A. 2009. 'Pleanáil Teanga in Éirinn', *Feasta*. Meitheamh 2009, lgh. 12-14.

Ó Cuirreáin, S. 2008. 'Presentation from the Irish Language Commissioner' in Ní Ghallchobhair, F. and Nájera, B. *Special EAFT Seminar. Minority Languages and Terminology Policies*. (Vienna: Termnet Publisher), pp. 19-26.

Ó Dochartaigh, L. 2006. 'The Possibilities for Networking and Information-Sharing' in Ó Riagáin, D., *Voices Diversae: Lesser-Used Language Education in Europe*. (Belfast: Cló Ollscoil na Banríona), pp. 182-193.

Ó Giollagáin, C. and Mac Donnacha, S. 2008. 'The Gaeltacht Today' in Nic Pháidín, C. and Ó Cearnaigh, S. *A New View of the Irish Language*. (Dublin, Cois Life), pp. 108-120.

Ó hIfearnáin, T., 2000. 'Irish Language Broadcast media: The Interaction of State Language Policy, Broadcasters and their Audiences', *Current Issues in Language and Society*, p. 98-99

Ó Murchú, S. 2008. 'Terminology work in the Irish Language' in Ní Ghallchobhair, F. and Nájera, B. *Special EAFT Seminar. Minority Languages and Terminology Policies*. (Vienna: Termnet Publisher), lgh. 31-43.

Ó Riagáin, P. 'Irish Language Policy 1922-2007' in Nic Pháidín, C. and Ó Cearnaigh, S. *A New View of the Irish Language*. (Dublin, Cois Life), pp. 55-65.

Philpott, A., 2004. Towards a Daily Newspaper in Welsh. *Mercator Media Forum*. Márta, 7(1). pp. 112-115.

Regàs, A. N., 2008, 'The Agència Catalana de Notícies (ACN): Tenth Anniversary of an Innovative Model in News Agencies in the Turbulent Era of the Internet', lgh. 46-64.

Romaine, S. 2008. 'Irish in the Global Context' in Nic Pháidín, C. and Ó Cearnaigh, S. *A New View of the Irish Language* (Dublin, Cois Life), lgh. 11-25.

Smith, R., 2000. Journalism and the Welsh Language. In: Jenkins, G. H. & Williams, M. A., (eag.), *"Let's do our best for the ancient tongue" : the Welsh language in the twentieth century*. ((Caerdydd: University of Wales Press), lgh. 277-310.

Talfan Davies, G., & Morris, N., 2008. Wales in Print. In: Talfan Davies, G., & Morris, N. (eag.), *Media in Wales: Serving Public Values*. (Caerdydd: Institute of Welsh Affairs), lgh. 33-46.

Uí Chollatáin, R., 2009. 'From Tracts to Twitter', *Proceedings of International Conference of Education, Research and Innovation* (Madrid IATED), pp. 001109-001120;

Walsh, J. and McLeod, W. 2008. 'An Overcoat wrapped around an invisible man. Language legislation and language revitalization in Ireland and Scotland.' *Language Policy*.

Wirén, M., 2004. Regional and Minority Language Media in Europe: a Developing Field. In: Moring, T. & Malmgren, U. (eag.), *Minority Languages, Media and Journalism: European Journalism Conference*. Helsinki, Sweden, 8-11 Bealtaine 2003, (Helsinki: University Press). lgh 19-22.

Zabaleta, I. et al., 2008. 'Language development, knowledge and use among journalists of European minority language media', *Journalism Studies* 9:2 (England and Wales: Routledge), pp. 195-211.

Zabaleta, I. et al., 2009. 'Between language support and activism', *Journalism Studies* 11:2 (England and Wales: Routledge), pp.190-208.

Tuarascálacha

ABC (Audit Bureau of Circulations Ltd.), 2009a. *The Island of Ireland Report*. Hertfordshire: ABC Ltd.

ABC (Audit Bureau of Circulations Ltd.), 2009b. *National Newspapers* [ar líne]. Ar fáil ag: http://www.dailymailconnected.co.uk/pdf/latest_circulation.pdf.

Winter 2010. *State of the net. Essential digital intelligence for Irish managers.*, (Ireland), AMAS www.amas.ie.

Laher, T. et al., 2006. *Irish Language Newspaper - Report on Additional Research*. (Ireland), Mori Ireland.

Mac Gréil, M. 2009. *The Irish Language and the Irish People*. Maynooth: Survey and Research Unit, Department of Sociology, National University of Ireland, Maynooth.

McGonagle, T., et al., 2003. 'Minority-language related broadcasting and legislation in the OSCE, study commissioned by the OSCE High Commissioner on National Minorities, April 2003.

Cáipéisí Rialtais náisiúnta agus idirnáisiúnta

2010. Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Rialtas na hÉireann. (Éire).

2009. National Broadcasting Act 2009. Chapter 2. Article 114 (2). Dublin: The Stationery Office.

2008. Bianchi, T., *A Review of the Welsh Language Print Media*

2006. *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge*. Rialtas na hÉireann. (Éire).

1994. Jones, B., *Report of the Newsplan project in Wales*. Bury St. Edmunds: Edmundsbury Press.

1992. *European Charter for Regional or Minority Languages*, (Strasbourg).

Ailt i nuachtáin (cóipeanna crua)

Hegarty, S., 2011. 'The clock is ticking. Is time running out for Irish newspapers?', 'Weekend Review', *The Irish Times*, 5 Feabhra, p. 2.

Mc Redmond, D., 2011. 'Stop anti-competitive practices', 'Media and Marketing', *The Sunday Business Post*, 2 Eanáir, lch. 18.

2008. 'Gradam Iriseoir na Bliana bronnta ar Eagarthóir *Foinse*, Seán Tadhg Ó Gairbhí', *Foinse*. 30 Márta, lch. 1.

Foinsí ar líne

Ap Dyfrig, R., Jones, E. H. G., & Jones, G., 2006. *Mercator Media Monographs. 1. The Welsh Language in the Media* [ar líne]. Mercator Media. Ar fáil ag: <http://www.aber.ac.uk/~merwww/images/MonograffCymraeg231006.pdf>

Bascais <http://hitza.info/>

BBC, 2009. *News website in Welsh is launched* [ar líne]. Ar fáil ag: http://news.bbc.co.uk/2/hi/uk_news/wales/8050973.stm

Bhreathnach, B., 2009. Deireadh le foilsiú *Foinse*. *Foinse* [ar líne]. 28 Meitheamh. Ar fáil ag: http://www.foinse.ie/nuacht_det.php?nid=319.

Bianchi, T., 2008. *A Review of the Welsh Language Print Media* [ar líne]. Welsh Language Board. Ar fáil ag: www.welsh-languageboard.org.uk

Breatnais www.dailypostcymraeg.co.uk

Breatnais <http://www.blogiadur.com/hafan/>

Breatnais <http://morfablog.com/>

Breatnais <http://www.urdd.org/iaw/index.php>

Breatnais <http://www.urdd.org/cip/index.php?lng=en>

Breatnais <http://www.urdd.org/boreda/index.php?lng=en>

Breatnais <http://www.dinesydd.com/index.php>

Breatnais <http://taliesin.academi.org/>

Breatnais <http://www.fanernewydd.net/>

Briotainis www.breman.org

Briotainis <http://bremaik.free.fr>

Briotainis www.emgleobreiz.com/fr/blog.html

Briotainis www.langue-bretonne.com

Briotainis www.emgleobreiz.com

Briotainis <http://studi.canalblog.com>

British Library, gan dáta. *Concise History of the British Newspaper in the Twentieth Century* [ar líne]. Ar fáil ag:

<http://www.bl.uk/reshelp/findhelprestype/news/concisehistbritnews/britnews20th/index.html>.

British Newspapers Online, 2009. *Y Cymro* [ar líne]. Ar fáil ag:

<http://www.britishpapers.co.uk/wales/y-cymro/>

Carswell, S., 2003. Rollercoaster ride for Aer Arann boss. *The Sunday Business Post* [ar líne]. Ar fáil ag:

<http://archives.tcm.ie/businesspost/2003/01/26/story578461528.asp>

Cataloinis <http://www.vilaweb.cat/>

ClubSult, 2009. *Na Meáin Chumarsáide* [ar líne]. Ar fáil ag:

<http://www.clubsult.com/cumarsaide.html>

Comhairle Ealaíon na Breataine Bige, 2009. *General Guide to Arts Council of Wales Funding for Organisations* [ar líne]. Ar fáil ag:

<http://www.artswales.org.uk/publications/General%20Guide%20to%20ACW%20Funding%20for%20Organisations.pdf>

Cormack, M., 'Developing Minority Language Media Studies' lgh. 1-10 ar fáil ag

<http://www.aber.ac.uk/mercator/images/CormackText.pdf>: 2.

CSO (Príomh Oifig Staidrimh na hÉireann), 2007. *Daonáireamh 2006 – An Ghaeilge* [ar líne]. Ar fáil ag: http://www.cso.ie/census/census2006results/volume_9/tables_18-36.pdf.

Davies, J., 2000. Welsh [ar líne]. In: Price, G. (eag.), *Languages in Britain & Ireland*. Oxford: Wiley-Blackwell.pp. 78-108. Ar fáil ag: http://books.google.ie/books?id=2PiAUygVGTcC&pg=PA85&dq=%22thomas+gee%22+baner&as_brr=3&ei=I5A3SqkL5XaywT3-d3kBQ

Davies, T. E., 1959. Rees, William (Gwilym Hiraethog; 1802-1883). *Welsh Biography Online* [ar líne]. Ar fáil ag: <http://yba.llgc.org.uk/en/s-REES-WIL-1802.html>.

Dua, A., agus Hilton Segel, L., August 2007. 'What consumers want from online news', *The McKinsey Quarterly*. <http://www.2evolv.co.uk/golwg/>.

Ebner, T., & Rautz, G., 2005. *Minority Dailies Association: European Association of Daily Newspapers in Minority and Regional Languages 2001-2005* [ar líne]. An Tioróil Theas, An Iodáil: Verlagsanstalt Athesia AG. Ar fáil ag: <http://www.midas-press.org/NR/rdonlyres/1B3D6591-AE08-43BB-A145-18D326ECFFF9/0/MIDASmembers1.pdf>.

Eurolang, 2001. *Language data – Welsh* [ar líne]. Ar fáil ag: http://www.eurolang.net/index.php?option=com_content&task=view&id=86&Itemid=52&lang=en

Foras na Gaeilge, 2005. *Conradh Nua €1.28m do Foinse* [ar líne]. Ar fáil ag: <http://gaeilge.ie/ForasNaGaeilge/newsarticle.asp?id=134>

Foras na Gaeilge, 2008. *Comórtas Poiblí don chonradh le nuachtán seachtainiúil Gaeilge le fógairt ag Foras na Gaeilge*. [ar líne]. Ar fáil ag: <http://gaeilge.ie/ForasNaGaeilge/newsarticle.asp?id=213>

Gaeilge <http://www.feasta.ie/bunus/eolas.html>

Gaeilge www.nosmag.com

Dátheangach Gaeilge agus Bearla <http://www.metroeireann.com/>

Gaeilge thar lear <http://www.gaeilgesanastrail.com/>

Gaeilge thar lear

www.irishclub.be/content_uploads/news/docs/1216110508_Anam_Beo_Deireanach-Standard.pdf

Gaidhlig na hAlban agus Bearla <http://www.mygaelic.com/>

Gaidhlig na hAlban agus Bearla

<http://www.thescottishsun.co.uk/scotsol/homepage/adfeatures/mygaelic/article2323758.ece>

Gale Cengage Learning. *Baner Cymru*. [ar líne]. Ar fáil ag:

<http://find.galegroup.com/bncn/publicationSearch.do?serQuery=Locale%28en%2C%2C%29%3AFQE%3D%28jx%2Cnone%2Cnone%2C13%29%22Baner+Cymru%22%24&inPS=true&type=getIssies&searchTerm=baner+ac+amserau&prodId=BNCN7currentPosition=0&userGroupName=nli>

Galisís <http://www.anosaterra.org/>

Griffiths, G., 2008. *Welsh Daily* [ar líne]. Ar fáil ag:

<http://www.agencebretagnepresse.com/fetch.php?id=9443>

Hillery, P., 1964. *Subsidies to Irish Language Publications*. Dáil Éireann. Iml. 209. 20

Bealtaine 1964. Ar fáil ag: [http://historical-](http://historical-debates.oireachtas.ie/D/0209/D.0209.196405200066.html)

[debates.oireachtas.ie/D/0209/D.0209.196405200066.html](http://historical-debates.oireachtas.ie/D/0209/D.0209.196405200066.html)

Ipsos MORI, 2008. http://www.ipsos-mori.com/_assets/pdfs/welshassembly.pdf.

James, M. A., 1997. Thomas, Rowland (c. 1887-1959). *Welsh Biography Online* [ar líne]. Ar fáil ag: <http://yba.llgc.org.uk/en/s2-THOM-ROW-1887.html>

Natterman, P.M., April 2010. 'A glimmer of hope for newspapers', *The McKinsey Quarterly*.

Jones, R., 2003. National Library of Wales: Davies, Aneurin Talfan, papurau (papers) [ar líne]. Ar fáil ag: http://www.archivesnetworkwales.info/cgi-bin/anw/search2?coll_id=104&inst_id=1&term=hedd.

Jones, A., 2002. Print, language and identity: newspapers in Wales since 1804. In: (IFLA) International Federation of Library Associations and Institutions. 68th IFLA Council and General Conference. 18-24 Lúnasa, 2002. Ar fáil ag: <http://www.ifla.org.sg/IV/ifla68/papers/048-127e.pdf>.

Kelly-Holmes, H. & Atkinson, D., 2007. Minority Language Advertising: A Profile of Two Irish-Language Newspapers. *Journal of Multilingual & Multicultural Development* [ar líne]. 28(1), lth 34-50. Ar fáil ag: <http://search.ebscohost.com.remote.library.dcu.ie/login.aspx?direct=true&db=aph&AN=23608241&site=ehost-live>.

Lawlor, Connla (c.lawlor@belfastmediagroup.com) 16 Meitheamh 2009. Ábhar: Eolas ar Lá Nua. Ríomhphost chuig Clár Ní Chochláin (clare.coughlan4@gmail.com).

Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige, 2008. *The Printed Material Collection*. [ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.llgc.org.uk/index.php?id=collections03>.

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 2006. *Innéacs Nuachtán* [ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.nli.ie/ga/newspapers-catalogues-and-databases.aspx>

Ó Broin, C. 'Irish is a dead language', www.OutsideIreland.ie, 28.6.2010.

Lewis, S, 2006, 'Delivering the news in two languages', Niemen Reports, Spring 2006, <http://www.nieman.harvard.edu/reports/article/100525/Delivering-the-News-in-Two-Languages.aspx>

Llewelyn Davies, W., 1959. Evans, Evan William (1860-1925). *Welsh Biography Online* [ar líne]. Ar fáil ag: <http://yba.llgc.org.uk/en/s-EVAN-WIL-1860.html>.

McCabe, A., 2002. Laying down a new Lá – popular Irish language weekly turns tabloid. *The Sunday Business Post* [ar líne]. 3 Samhain. Ar fáil ag: <http://archives.tcm.ie/businesspost/2002/11/03/story218345528.asp>.

McCabe, A., 2008. Irish paper Lá to shut without backer. *The Sunday Business Post* [ar líne]. 10 Feabhra. Ar fáil ag: <http://archives.tcm.ie/businesspost/2008/02/10/story30299.asp>.

Mac Ruairí, M., 2007. *An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh: Feidhmiú na Cairte i leith na Gaeilge Iúil 2002-2005* [ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.pobal.org/uploads/documents/charter/Chairt2.pdf>.

Morgan, D. L., 2004. Davies, Aneirin Talfan (1909-1980)'. *Oxford Dictionary of MIDAS* www.midas-press.org/welcome

National Biography [ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.oxforddnb.com.remote.library.dcu.ie/view/article/61274>. (Léite 6 Iúil 2009).

Murphy, J., 1998. Gaeltacht base for publishing national newspaper. *Irish Times*, [ar líne] 11 Bealtaine. Ar fáil ag: <http://proquest.umi.com.remote.library.dcu.ie/pqdweb?did=29368498&sid=3&Fmt=3&clientId=22330&RQT=309&VName=PQD>.

Ó Cuív, É., 2004. *Nuachtáin Gaeilge*. Dáil Éireann. Iml. 584. 27 Aibreán, 2004. Ar fáil ag: [http://www.oireachtas-debates.gov.ie/plweb-cgi/fastweb?state_id=1242312267&view=ofo-view&docrank=2&numhitsfound=4&query=%27nuacht%E1in%20gaeilge%27&query_rule=%28%28\\$query1%29%3C%3DDATE%3C%3D%28\\$query2%29%29%20AND%20%28%28\\$query4%29%29%3ASPEAKER%20AND%20%28%28\\$query5%2](http://www.oireachtas-debates.gov.ie/plweb-cgi/fastweb?state_id=1242312267&view=ofo-view&docrank=2&numhitsfound=4&query=%27nuacht%E1in%20gaeilge%27&query_rule=%28%28$query1%29%3C%3DDATE%3C%3D%28$query2%29%29%20AND%20%28%28$query4%29%29%3ASPEAKER%20AND%20%28%28$query5%2)

9%29%3Aheading%20AND%20%28%28\$query6%29%29%3ACATEGORY%20AND%20%28%28\$query3%29%29%3Ahouse%20AND%20%28%28\$query7%29%29%3Avolume%20AND%20%28%28\$query8%29%29%3Acolnumber%20AND%20%28%28\$query%29%29&docid=458592&docdb=Debates&dbname=Debates&sorting=none&operator=and&TemplateName=predoc.tmpl&setCookie=1.

Ó Dónaill, É., 2002. Pádraig Ó Céidigh. *Beo* [ar líne]. Ar fáil ag: http://beo.ie/index.php?page=archive_content&archive_id=742.

Ó Muirí, P., 2000. 'Foinse' going strong after 200th issue. *Irish Times*, [ar líne] 11 Méan Fómhair. Ar fáil ag: <http://proquest.umi.com.remote.library.dcu.ie/pqdweb?did=59781975&sid=3&Fmt=3&clientId=22330&RQT=309&VName=PQD>.

Ó Muirí, P., 2001. Things going 'go maith' for Irish Language Weekly. *Irish Times* [ar líne]. 5 Samhain. Ar fáil ag: <http://proquest.umi.com.remote.library.dcu.ie/pqdweb?did=88113680&sid=3&Fmt=3&clientId=22330&RQT=309&VName=PQD>.

Ó Muirí, P., 2009. Ciorrú pá 10 faoin gcéad d'fhoireann Foinse. *Irish Times* [ar líne]. 1 Aibreán. Ar fáil ag: <http://www.irishtimes.com/newspaper/anteangabheo/2009/0401/1224243788048.html>.

O Toole, P., 1986. *Irish-language newspaper*. Dáil Éireann. Iml. 368. 2 Iúil, 1986. Ar fáil ag: <http://historical-debates.oireachtas.ie/D/0368/D.0368.198607020055.html>.

Palmer, Lucy (marketing@abc.org.uk) 29 Bealtaine 2009. Ábhar: Can you help? Ríomhphost chuig Clár Ní Chochláin, iníon léinn MASCG do thaighde ar nuachtáin mhionteanga.

Raidió Fáilte, gan dáta. *Craoltóirí* [ar líne]. Ar fáil ag: http://www.raidiofailte.com/broadcaster_profile.php?ID=319.

Rhys, Robert G. (R.G.Rhys@swansea.ac.uk) 8 Iúil 2009. Ábhar: Barn. Ríomphost chuig Clár Ní Chochláin (clare.coughlan4@gmail.com).

Thomas, R. G., 2008. *A Review of the Welsh Language Print Media* [ar líne]. Ar fáil ag: <http://wales.gov.uk/topics/welshlanguage/publications/welshprintstatement/?lang=en>.

WAN (World Association of Newspapers), 2004. *Newspapers: A Brief History* [ar líne]. Ar fáil ag: http://www.wan-press.org/article.php3?id_article=2821.

Williams, T., 2003. It's all in a name. *Daily Post* [ar líne]. 2 Aibreán. Ar fáil ag: <http://www.lexisnexis.com.remote.library.dcu.ie/uk/nexis/auth/checkbrowser.do?ipcounter=1&cookieState=0&rand=0.7344604053997627&bhcp=1>.

Tráchtas

Ní Chochláin, C.M., 2009. 'Staidéar comparáideach ar ghnéithe d'éabhlóid na hearnála clóite mionteangaí le céad bliain anuas in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag', Tráchtas neamhfhoilsithe MA: Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.